

OIDEACHAS

# Idirchultúrtha SA BHUNSCOIL

Ag cur ar chumas páistí an éagsúlacht a urramú agus a cheiliúradh, an chothromaíocht a chur chun cinn agus an leithcheal míchothrom a chomhrac

TREOIRLÍNTE DO SCOILEANNA

OIDEACHAS

# Idirchultúrtha SA BHUNSCOIL

Ag cur ar chumas páistí an éagsúlacht a urramú agus a cheiliúradh, an chothromaíocht a chur chun cinn agus an leithcheal míchothrom a chomhrac

Is mian leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta aitheantas a thabhairt d’obair an Dr. Roland Tormey agus an Ionaid um Thaighde ar Oideachas faoi Mhíbhuntáiste, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach i bhforbairt na dTreoirlínte seo.

Is féidir le scoileanna agus le hinstitiúidí eile oideachais an t-ábhar atá sna Treoirlínte seo a chóipeáil don úsáid oideachasúil.


doirteal

## CLÁR


| | | |
|---|---|---|
| | Innéacs Eiseamláirí | 2 |
| | Réamhrá | 3 |
| Caibidil 01 | An Comhthéacs le haghaidh Oideachais Idirchultúrtha | 9 |
| Caibidil 02 | Oideachas Idirchultúrtha i gCuraclam na Bunscoile | 19 |
| Caibidil 03 | Pleanáil Scoile | 25 |
| Caibidil 04 | Pleanáil Sheomra Ranga | 37 |
| | **4.1** Athbhreithniú ar thimpeallacht agus ar chleachtas an tseomra ranga | 38 |
| | **4.2** Ag roghnú acmhainní don seomra ranga | 46 |
| | **4.3** Pleanáil théamúil chomhtháite ar ábhar ceachta | 53 |
| | **4.4** Oideachas idirchultúrtha trasna réimsí curaclaim | 80 |
| | **4.5** Deiseanna le haghaidh oideachais idirchultúrtha trasna an churaclaim | 87 |
| Caibidil 05 | Cur Chuige agus Modhanna Múinte | 133 |
| Caibidil 06 | Measúnú agus Éagsúlacht Chultúrtha | 151 |
| Caibidil 07 | Teanga agus Idirchultúrachas | 161 |
| | Gluais Téarmaí | 168 |
| | Leabharliosta | 171 |
| | Acmhainní an tSeomra Ranga | 173 |

## Innéacs Eiseamláirí


| | | |
|---|---|---|
| Eiseamláir 1: | Cé hí an fhíor-Phocahontas? | 48 |
| Eiseamláir 2: | An Fhrainc | 50 |
| Eiseamláir 3: | Ag meascadh péinte–Tá mé go hálainn | 56 |
| Eiseamláir 4: | Gan dídean–malartú cultúrtha sa cheol | 57 |
| Eiseamláir 5: | Frère Jacques | 61 |
| Eiseamláir 6: | Teisiliú san Ealaín Ioslamach | 63 |
| Eiseamláir 7: | Cairt de Chearta a fhorbairt | 66 |
| Eiseamláir 8: | Nkosi Sikelel' san Afraic | 68 |
| Eiseamláir 9: | Na chéad imprisin | 71 |
| Eiseamláir 10: | Bí ar an eolas faoi d'áit | 72 |
| Eiseamláir 11: | Suíomhanna buaite-buaite a fhorbairt | 76 |
| Eiseamláir 12: | Plé le coimhlint a fhoghlaim | 78 |
| Eiseamláir 13: | An cultúr sa bhaile | 135 |
| Eiseamláir 14: | Claonadh a iniúchadh | 136 |
| Eiseamláir 15: | Ag obair le chéile le haghaidh athraithe | 137 |
| Eiseamláir 16: | Obair chiorcail | 140 |
| Eiseamláir 17: | Ag foghlaim scileanna grúpoibre | 143 |
| Eiseamláir 18: | Dán–'All the Ones They do Call Lowly' | 145 |
| Eiseamláir 19: | Scéal an Troill | 147 |

## Réamhrá

**Ba cheart daoine óga a chumasú chun meas a bheith acu ar shaibhreas d'éagsúlacht cultúr agus go dtacófar leo i mbealaí praiticiúla chun réamhchlaonadh agus leithcheal a aithint agus a cheistiú nuair a thagann siad orthu. (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta Treoirlínte ar Oideachas an Lucht Siúil sna Bunscoileanna, 2002, lch 34)**

**Cad é oideachas idirchultúrtha?**

Ag a chroí, tá dhá phointe cruinn ag an oideachas idirchultúrtha:

- Is oideachas é a mheasann, a cheiliúrann agus a aithníonn gnáthstaid na héagsúlachta i réimsí uile shaol an duine dhaonna. Íograíonn sé an foghlaimeoir don smaoineamh gur fhorbraigh daoine, go nádúrtha, raon bealaí éagsúla de bheatha, de nósanna agus de dhearcaidh ar an domhan, agus go saibhríonn raon leathan na beatha daonna sin sinn go léir.

- Is oideachas é, a chuireann chun tosaigh comhionannas agus cearta daonna, agus a cheistíonn leithcheal míchothrom, agus a chuireann chun cinn na luachanna ar a dtógtar comhionannas.

Is é atá i gceist le hoideachas idirchultúrtha ná comhtháthú na foghlama ó chur chuige oideachais idirchultúrtha agus ó chur chuige oideachais frithchiníochais a bhí i bhfeidhm go forleathan go hidirnáisiúnta ó na seascaidí go dtí na nóchaidí. Tá taithí fhada ag Éirinn ar éagsúlacht eitneach, chultúrtha, theangeolaíoch agus chreidimh. Is féidir é sin a fheiceáil, mar shampla, sa chaoi ina bhfuil dátheangachas i mBéarla agus i nGaeilge mar chuid lárnach de shaol na hÉireann chomh maith leis an stádas fadtéarmach atá ag an Lucht Siúil agus ag grúpaí mionlaigh chreidimh in Éirinn. Le blianta beaga anuas, mhéadaigh an éagsúlacht seo tríd an inimirce. Baineadh feidhm as focail éagsúla cosúil le 'ilchultúrtha' agus 'idirchultúrtha' chun cur síos ar na hathruithe a bhí ag tarlú i sochaí na hÉireann. Cuireann an dá théarma seo síos ar staid ina bhfuil níos mó ná cultúr amháin i dtír. Cé go mbaintear feidhm as 'ilchultúrachas' uaireanta chun cur síos ar shochaí ina bhfuil cultúir éagsúla ag maireachtáil taobh le taobh gan morán idirghníomhaíochta eatarthu, cuireann an téarma, 'idirchultúrachas' in iúl go mbímid go léir níos saibhre as teagmháil le cultúir eile agus as dul i dtaithí ar chultúir eile, agus gur féidir, agus ba cheart, go mbeidís in ann gabháil le chéile agus foghlaim óna chéile. In Éirinn, is é an cur chuige maidir le héagsúlacht ná an t-idirchultúrachas.

Ní hamháin go macashamhlaíonn oideachas sochaí ach bíonn tionchar aige ar a forbairt chomh maith. Mar sin, tá páirt le glacadh ag scoileanna i bhforbairt na sochaí idirchultúrtha. Cé nach féidir le hoideachas a bheith freagrach go hiomlán as an gciníochas a cheistiú agus as inniúlacht idirchultúrtha a chur chun cinn, tá rannpháirtíocht thábhachtach aige a dhéanann forbairt scileanna idirchultúrtha, tuairimí, luachanna agus eolas an pháiste a éascú. Tá an t-oideachas idirchultúrtha luachmhar do pháistí go léir chun cur ar a gcumas páirt a ghlacadh i sochaí ina bhfuil an éagsúlacht ag síormhéadú. I dteannta leis sin, tá cuma ar an scéal nach mbeidh oideachas atá bunaithe ar aon chultúr amháin ag forbairt na gcumas sin i bpáistí.

*I dTreoirlínte ar Oideachis an Lucht Siúil i mBunscoileanna (2002),* shainmhínigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, go raibh sé de chuspóir ag an oideachas idirchultúrtha

- coinníollacha a chothú mar chuidiú le hiolrachas i sochaí

- feasacht páistí a ardú faoina gcultúr féin agus iad a chur ar an eolas go bhfuil modhanna iompair eile agus córais luachanna eile ann

- meas a fhorbairt ar stíleanna-beatha atá éagsúil óna gcinn féin chun go mbeadh páistí in ann dea-mheas agus tuiscint a bheith acu ar a chéile

- tiomantas do chomhionannas a chothú

- páistí a chumasú chun roghanna eolacha a dhéanamh faoi, agus gníomh a dhéanamh ar, shaincheisteanna an réamhchlaonaidh agus leithcheala

- dea-mheas agus luach a chur ar chosúlachtaí agus ar éagsúlachtaí

- páistí uile a chumasú chun labhairt ar a son féin agus a gcultúr agus a stair féin a chur in iúl.

Tá na haidhmeanna seo mar bhonn forbartha ar aidhmeanna agus ar phrionsabail an oideachais idirchultúrtha mar a leagtar amach sa doiciméad seo é.

### Oideachas idirchultúrtha–taithí duine amháin

Ardaíonn an cuntas seo a leanas taithí duine amháin i dtaobh na héagsúlachta, mar a cuireadh in iúl ag múinteoir bunscoile le linn ceardlainne ar oideachas idirchultúrtha é, roinnt de na saincheisteanna a bhaineann le hoideachas idirchultúrtha.

*Fuair mé glaoch gutháin ón naíonra ar a bhfreastalaíonn mo mhac ar cheithre bliana d'aois toisc go raibh deacracht ann: bhí páiste nua sa rang agus níor thaitin sí leis toisc go raibh dath gorm uirthi. Bhí náire agus imní orm. Bhí mé cinnte nach raibh ciníochas i gceist i mo chlann agus gan amhras ní dúirt éinne aon rud dó a chuirfidh ina luí air nach ceart dó a bheith cairdiúil le duine toisc go raibh dath craicinn faoi leith aici. Chun a fháil amach cad a bhí ar siúl, bhí a fhios agam go mbeadh orm a bheith neamhbhreithiúnach, agus dá bhrí sin, níor thug mé léasadh teanga dó, chuireas an cheist air faoin gcúis nár thaitin an páiste nua leis. "Toisc nach níonn sí í féin: tá sí go léir salach", a dúirt sé liom. Mhínigh mé dó nach raibh ann ach dath a craicinn agus gur nigh sí í féin agus go raibh sí glan, ach níor éirigh liom difríocht dá laghad a dhéanamh dá thuairim.*

*Smaoinigh mé air ar feadh tamaillín. Ag féachaint tríd na leabhar a d'úsáideamar sa bhaile nuair a bhí mé ag léamh dó, thug mé faoi deara go raibh pictiúir de dhaoine le craiceann bán ann amháin. D'fhéach mé ar na leabhair a d'úsáid siad sa naíonra, agus pictiúir de dhaoine le craiceann bán amháin a bhí ann chomh maith. Rith sé liom gur fhás sé aníos leis an smaoineamh go raibh craiceann bán ag daoine 'de ghnáth' agus, dá bhrí sin, nárbh gnáthdhaoine iad daoine le dathanna craicinn eile acu. Bhí orm a thaispeáint dó go raibh dathanna éagsúla craicinn ag daoine de ghnáth agus nach raibh aon rud míthaitneamhach nó eaglach i gceist; agus mar sin, fuair mé roinnt leabhar nua le pictiúir iontu de pháistí le dathanna éagsúla craicinn acu. Nuair a bhí mé ag léamh, léirigh mé go raibh dathanna éagsúla craicinn ag páistí éagsúla agus gur gnáthrud é sin. I gceann tamaillín, bhí mé in ann a fheiceáil go raibh athrú ag teacht ar a dhearcadh.*

Ardaíonn an sampla thuasluaite, de thaithí an-phearsanta duine amháin ar an éagsúlacht, roinnt príomh-shaincheisteanna a bhféadaimid teacht orthu le linn ár ngnó laethúil.

- Tá an t-oideachas idirchultúrtha oiriúnach do pháistí go léir, gan toradh ar a n-eitneachas. Toisc go bhfuil ár bpáistí ina gcónaí i dtír agus i ndomhan ina bhfuil an éagsúlacht ag síormhéadú, tá orainn iad a ullmhú don domhan sin. Tá an t-oideachas idirchultúrtha mar chuid thábhachtach de thaithí oideachais gach páiste, má tá an páiste i scoil ina bhfuil an éagsúlacht eitneach mar bhuntréith ann, i scoil atá aon-eitneach don chuid is mó, nó má tá an páiste ón gcultúr ceannasach nó ó chultúr an mhionlaigh.

- Tá an t-oideachas idirchultúrtha oiriúnach do pháistí goléir, gan toradh ar a n-aois. Tá sé oiriúnach do na haoiseanna go léir aitheantas a thabhairt ar an éagsúlacht mar ghnáthstaid do dhaoine daonna. Ag aois óg, tosófar ar fhorbairt an-chuid de na scileanna, na tuairimí agus na cumais a bheidh ríthábhachtach don pháiste níos déanaí ina s(h)aol.

- Aithnítear go bhfuil teanga agus labhairt mar chuid bhunúsach den oideachas idirchultúrtha. Cé go bhfuil sé tábhachtach eolas cruinn a thabhairt don pháiste agus buanchruthanna agus míthuiscintí a cheistiú, tá sé níos éifeachtaí cumas idirchultúrtha an pháiste a fhorbairt, má dhéantar é tríd a bheith ag caint leis an bpáiste faoina smaointe in ionad a rá leis/léi go simplí faoi 'cheart agus mhícheart' an scéil.

- Tarlaíonn oideachas idirchultúrtha go nádúrtha trí 'churaclam folaigh' an domhain shóisialta agus radharcaigh ina gcónaíonn an páiste. Cé gur féidir, agus cé go bhfuil sé riachtanach, smaointe idirchultúrtha a áireamh sa 'churaclam foirmeáilte' múinte (Curaclam na Bunscoile, 1999), tá na híomhánna agus na hacmhainní timpeall ar an bpáiste ríthábhachtach chomh maith. Tríd an gcuraclam folaigh a iniúchadh, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le pé rud atá in easnamh a bheith chomh tábhachtach le pé rud atá i láthair.

- Baineann an t-oideachas idirchultúrtha le heitneachas agus le cultúr agus ní bhaineann sé go simplí le dath craicinn. Cé go ndéanann an sampla thuasluaite tagairt do dhath craicinn mar bhonn leithcheala, ba cheart go mbeadh oideachas idirchultúrtha i gcás le leithcheal in aghaidh grúpaí mionlaigh eitnigh bháin cosúil le daoine ó oirthear na hEorpa nó leis an Lucht Siúil, nó in aghaidh aon ghrúpa mionlaigh chultúrtha eile cosúil leo siúd go bhfuil an Ghaeilge mar chéadtheanga acu.



## Aidhmeanna na dtreoirlínte

Tacaíonn na treoirlínte seo le Curaclam na Bunscoile (1999) agus aithníonn siad na bealaí ina sníonn oideachas idirchultúrtha tríd an gcuraclam sin. Is í aidhm na dtreoirlínte seo ná cuidiú le hÉirinn a fhorbairt mar shochaí idirchultúrtha, bunaithe ar an tuiscint chomhroinnte go bhfuil éagsúlacht teanga, chultúir agus eitneach luachmhar. Is aidhm dóibh cur le forbairt a dhéanamh ar chumas comhroinnte agus ar thuiscint freagrachta i dtaobh an chirt a bheith éagsúil agus maireachtáil saor ó leithcheal a chosaint dá chéile.

Is iad aidhmeanna sonracha na dtreoirlínte ná

- aidhmeanna Churaclam na Bunscoile a thacú sa chomhthéacs go bhfuil éagsúlacht chultúrtha agus eitneach ag fás i mbealach a uasmhéadóidh agus a shaibhreoidh foghlaim do pháistí go léir, agus a chinnteoidh go bhfuil páistí ó ghrúpaí mionlacha eitneacha in ann teacht ar an gcuraclam chomh maith agus is féidir leo

- aghaidh a thabhairt ar riachtanais churaclam na bpáistí go léir, má tá siad ó mhionlach nó ó ghrúpa den tromlach eitneach, a thagann ó chomhthéacs ina bhfuil an éagsúlacht chultúrtha agus eitneach ag síormhéadú

- scoileanna agus múinteoirí a éascú i gcultúr cuimsitheach agus timpeallachta chuimsitheach a chruthú

- feasacht a ardú sa phobal oideachais ar shaincheisteanna i dtaobh na héagsúlachta eitní, teanga agus cultúrtha, atá ag méadú, in Éirinn

- radharc iomlán ar an measúnú sa chomhthéacs idirchultúrtha a sholáthar.

Is í aidhm na dtreoirlínte seo ná cur le forbairt na hÉireann mar phobal idirchultúrtha atá bunaithe ar an gcomhthuiscint go bhfuil an teanga, an cultúr, agus an eágsúlacht eitneach luachmhar.

## Ag úsáid na dtreoirlínte

Áiríonn lucht éisteachta na dtreoirlínte, iad go léir atá freagrach as agus ag a bhfuil suim in, oideachas bunscoile. Tá ábharthacht faoi leith aige do mhúinteoirí, do bhainisteoirí scoile, d'fhoireann tacaíochta scoile agus do dhaoine a dhéanann beartais. Tá súil go dtacóidh na treoirlínte seo le múinteoirí, mar mhúinteoirí aonair maraon le foirne múinteoirí, i bhforbairt timpeallachta níos cuimsithí sa seomra ranga. Chomh maith leis sin, beidh siad mar thaca le pleanáil scoile iomláine agus le forbairt beartais laistigh de scoileanna agus mar sin, cuirfidh siad le forbairt cultúir scoile a bheidh fáilteach, meastúil agus íogarach do riachtanais pháistí go léir.

Dearadh na treoirlínte le húsáid i roinnt bealaí éagsúla. Léifidh daoine áirithe na treoirlínte ó thús agus oibreoidh siad tríothu go dtí an deireadh. Beidh sé áisiúil do dhaoine eile díriú isteach i dtosach ar chaibidil faoi leith a thugann aghaidh ar riachtanas atá acu ag an bpointe sin, agus a gcuid léitheoireachta a leathnú amach ansin chun caibidlí eile a chur san áireamh. Chun raon sin bealaí úsáide a éascú, déantar athrá uaireanta ar na príomhsmaointe le linn na dtreoirlínte.




Soláthraíonn **Caibidil 01** cúlfhaisnéis a chuireann an chuid eile de na treoirlínte i gcomhthéacs. Leagann sé amach an méid agus an cineál éagsúlachta cultúrtha, teanga agus eitní in Éirinn chomhaimseartha, agus chomh maith leis sin, sainmhíníonn sé téarmaí cosúil le 'ciníochas' agus 'ciníochas institiúideach'.

Cuireann **Caibidil 02** príomheilimintí an chur chuige idirchultúrtha d'oideachas in iúl, agus lonnaíonn sé an t-oideachas idirchultúrtha laistigh de Churaclam na Bunscoile.

Cuireann **Caibidil 03** béim ar na bealaí go mba cheart oideachas idirchultúrtha a chur san áireamh i bpleanáil scoile, i bhforbairt bheartais, agus i dtimpeallacht na scoile iomláine a mhúnlú. Tá sé sin bunaithe ar an tuiscint go bhfuil páirt thábhachtach ag baill an chomhphobail scoile go léir in eitic idirchultúrtha a chinntiú sa scoil.

Tugann **Caibidil 04** aghaidh ar thimpeallacht an tseomra ranga agus ar phleanáil an tseomra ranga. Iniúchann sé na bealaí gur féidir le timpeallacht shóisialta agus radharcach an tseomra ranga taithí idirchultúrtha na bpáistí go léir sa scoil a uasmhéadú. Iniúchann sé chomh maith comhtháthú na dtéamaí idirchultúrtha-féiniúlacht agus muintearas, cosúlacht agus difríocht, cearta agus freagrachtaí daonna, leithcheal agus comhionannas, síocháin agus coimhlint-isteach i bpleanáil agus i soláthar ceachtanna.

Aithníonn agus cuireann **Caibidil 05** síos ar chur chuige agus ar mhodheolaíochtaí atá oiriúnach don oideachas idirchultúrtha ach go háirithe.

Tugann **Caibidil 06** aghaidh ar mheasúnacht agus ar éagsúlacht chultúrtha. Cuireann sé béim ar na bealaí go bhféadann cineálacha éagsúla measúnaithe a bheith claonta nó neamhmhuiníneach sa chomhthéacs ilchultúrtha, agus soláthraíonn sé treoir faoi conas is féidir le múinteoirí ciall a bhaint as na sonraí a bailíodh trí mhodhanna éagsúla measúnaithe.

Iniúchann **Caibidil 07** bealaí go bhféadann an múinteoir timpeallacht thacaíochta theanga a chruthú d'fhoghlaimeoirí Gaeilge agus Béarla, le tagairt faoi leith do pháistí atá ag foghlaim na teanga teagaisc mar dharatheanga.

Dearadh na treoirlínte seo chun tacaíocht a sholáthar do bhaill uile an chomhphobail scoile, múinteoirí, bainisteoirí scoile, foireann tacaíochta agus tuismitheoirí san áireamh. Ar an gcuma seo, pléann siad le raon leathan saincheisteanna ina n-áirítear pleanáil scoile, pleanáil sheomra ranga, measúnú agus timpeallacht theanga. Dearadh iad chun go mbeadh daoine ó raon peirspictíochtaí éagsúla in ann teacht go héasca ar an gcuraclam.

Soláthraíodh scafaill laistigh den doiciméad mar thaca le tuiscint an léitheora ar an oideachas idirchultúrtha agus ar chumas na dtreoirlínte seo dul i bhfeidhm ar chleachtas sna scoileanna maidir le pleanáil scoile agus seomra ranga, le timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta na scoile, le múinteoireacht agus foghlaim agus measúnú.

Áiríonn na scafaill seo

- tagairtí do Churaclam na Bunscoile agus d'fhoilseacháin ábhartha eile
- seicliostaí chun measúnú a dhéanamh ar bhealaí go bhféadfadh réimsí cleachtais a fheabhsú
- achoimrí ar thorthaí foghlama na cúig théama i gCaibidil 04
- iniúchadh ar Churaclam na Bunscoile chun deiseanna le haghaidh an oideachais idirchultúrtha trasna an churaclaim a aithint
- eiseamláirí do ghníomhaíochtaí sheomra ranga mar thaca le forbairt na feasachta agus na hinniúlachta idirchultúrtha
- éarmaí sainmhínithe sa ghluais.

Tá na hábhair mhúinteoireachta agus na suímh ghréasáin a liostáladh sna treoirlínte seo curtha le chéile go bunúsach mar acmhainn do mhúinteoirí. Ag baint feidhme as an idirlíon sa seomra ranga, tá sé tábhachtach go dtugann an múinteoir cuairteanna ar na suímh ghréasáin roimhré le cinntiú go bhfuil an t-ábhar ann oiriúnach do pháistí, don a leibhéal ranga agus don ábhar faoi chaibidil. Do thuilleadh eolais ar úsáid agus ar mheasúnú an idirlín, más é do thoil é, déan tagairt do *Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Mhúinteoirí. (CNCM, 2004)*

Cé go bhfuil na treoirlínte ag díriú isteach ar leithcheal i gcomhthéacs an eitneachais, is féidir le cuid de na smaointe bunúsacha a chur i bhfeidhm ar chineálacha leithcheala eile cosúil le gnéasachas, aoiseachas, nó le leithcheal i gcoinne daoine le míchumas.

Beidh Treoirlínte ar Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil i dteannta le Treoirlínte ar Oideachas san Iarbhunscoil. Beidh na treoirlínte iarbhunscoile bunaithe ar na príomhphrionsabail chéanna agus ar ábhar céanna na dtreoirlínte bunscoile. Le chéile, cinnteoidh siad go bhfuil leanúnachas agus dul chun cinn san Oideachas Idirchultúrtha ó bhunscoileanna go hiarbhunscoileanna.

Dearadh na treoirlínte seo chun tacaíocht |a sholáthar do bhaill uile an chomhphobail scoile, múinteoirí, bainisteoirí scoile, foireann tacaíochta agus tuismitheoirí san áireamh.


CEILIÚIR

CAIBIDIL

01

# An Comhthéacs le haghaidh an Oideachais Idirchultúrtha

The more people… are on the margins the weaker is the centre… we all have a stake in building a future which respects and celebrates diversity –a generous sharing Ireland that encompasses many traditions and cultures and creates space for all its people.

An tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa, 24 Feabhra 2000

Chonaic sochaí na hÉireann athruithe móra le blianta beaga anuas. Chuir na hathruithe sin an tsaincheist faoi héagsúlacht eitneach agus chultúrtha chun tosaigh i mbeartas náisiúnta agus spreag siad díospóireacht i dtaobh na héagsúlachta. Ní bheadh sé cruinn, áfach, a chur in iúl nach raibh taithí ag Éirinn ar an éagsúlacht ach le déanaí. Tá grúpaí mionlacha eitneacha, teanga agus reiligiúnacha mar chuid thábhachtach de shochaí na hÉireann le fada. Tá stair fhada éagsúlachta chultúrtha ag Éirinn a mhúnlaigh an tír mar atá sí inniu. I gciall níos leithne, chuaigh ballraíocht an chomhphobail Eorpaigh agus dhomhanda i gcion go mór ar thaithí an Éireannaigh.

I gcomhthéacs na héagsúlachta atá ag fás, agus feasacht ar an éagsúlacht atá ag méadú, thosaigh saincheisteanna leithcheala, an leithcheal ciníoch, ach go háirithe, ag sainmhíniú beartais náisiúnta. Scríobhadh frith-leithcheal isteach i ndlí na hÉireann agus i mbeartas an oideachais. Tagann na tosca sin go léir le chéile chun cúlra a sholáthar ina scríobhtar na treoirlínte seo.



## Éagsúlacht eitneach agus chultúrtha in Éirinn

Tháinig fás ar an éagsúlacht eitneach agus chultúrtha in Éirinn i bhfoirm gluaiseachta méadaithe ó thíortha eile an Aontais Eorpaigh (Tábla 2), chomh maith le méaduithe in iarrthóirí tearmainn (Tábla 4) agus in eisiúint ceadúnaisí oibre (Tábla 3).

**Tábla 1: Áit bhreithe de dhaoine a chónaíonn in Éirinn de ghnáth: Figiúirí daonáirimh, 1991 agus 2002**

| Áit bhreithe | 1991 | 2002 |
|---|---|---|
| Éire | 93.8 % | 89.6 % |
| Tuaisceart na hÉireann | 1.0 % | 1.3 % |
| An Bhreatain Mhór | 3.8 % | 5.1 % |
| Tíortha eile an AE | 0.4 % | 0.9 % |
| SAM | 0.4 % | 0.6 % |
| Tíortha eile | 0.6 % | 2.5 % |
| Iomlán | 100.0 % | 100.0 % |

Mar shaoránaigh an AE, tá an ceart ag Éireannaigh gluaiseacht go stáit eile an AE. Tá an ceart céanna ag saoránaigh eile an AE, agus roghnaigh a lán díobh maireachtáil in Éirinn. Chuir an ghluaiseacht daoine thar theorainneacha Eorpacha le malartú cultúrtha idir thíortha na hEorpa agus thug sé deis do dhaoine eolas a chur ar na cosúlachtaí atá mar bhunús d'ár bhféiniúlacht Eorpach.

**Tábla 2: Inimirce mheasta go hÉirinn de dhaoine le náisiúnacht AE**

| | 1996 | 1997 | 1998 | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Bhreatain mhór** | 8,300 | 8,200 | 8,300 | 7,900 | 7,100 | 7,000 | 5,100 |
| **Cuid eile den AE** | 5,000 | 5,500 | 5,800 | 6,800 | 7,100 | 5,800 | 6,100 |

Le linn na mblianta den rathúnas eacnamaíoch sna 1990í déanacha agus sna 2000í luatha, forbraíodh ganntanas mór oibrithe agus chuaigh sé sin i bhfeidhm go diúltach ar an bhforbairt eacnamaíoch. Ní raibh méid na n-oibrithe ó thíortha AE dóthanach chun riachtanais oibrithe an gheilleagair a chomhlíonadh. Mar thoradh de sin, eisíodh ceadúnais oibre do shaoránaigh neamh-AE chun postanna sonracha a líonadh. Lasmuigh de shaoránaigh an AE ag maireachtáil in Éirinn, tháinig uimhreacha móra d'oibrithe imirceacha go hÉirinn ó thíortha cosúil leis an Rúis, an Rómáin, na hOileáin Filipíneacha, an Afraic Theas, agus Poblacht na Seice.

**Tábla 3: Fostaíocht imirceach go hÉirinn ó lasmuigh den AE**

| | | |
|---|---|---|
| 2000 | - | 18,000 ceadúnas oibre eisithe. |
| 2001 | - | 36,000 ceadúnas oibre eisithe. |
| 2002 | - | 40,000 ceadúnas oibre eisithe. |
| 2003 | - | 47,500 ceadúnas oibre eisithe. |
| 2004 | - | 34,054 ceadúnas oibre eisithe. |

Grúpa inimirceach eile a tháinig go hÉirinn le déanaí ná daoine atá ag lorg tearmainn. Dearadh an próiseas tearmainn chun daoine a bhfuil eagla dea-bhunaithe orthu roimh ghéarleanúint ina dtír dhúchasach a chosaint. Chun daoine mar sin a chosaint, scríobhadh an ceart chun iarraidh ar thearmann isteach sa Ráiteas Uilíoch de Chearta Daonna. Tugtar dídeanaithe ar dhaoine ar bronnadh tearmann orthu. Mhéadaigh uimhreacha na n-iarrthóirí tearmainn agus na ndídeanaithe go hidirnáisiúnta le linn na 1980í agus na 1990í luatha. Sa Ríocht Aontaithe (RA), mar shampla, mhéadaigh ar uimhir na n-iarrthóirí tearmainn ó 2,905 i 1984 go 22,005 i 1990 agus go 44,845 i 1991. In Éirinn, ag an am céanna, b'annamh go ndeachaigh méid na ndaoine ag lorg tearmainn thar 50. I 1991, sheas sé ag 31.

Le linn na 1990í, thosaigh Éire ag glacadh le níos mó iarrthóirí tearmainn (Tábla 4). Tháinig na hiarrthóirí tearmainn sin ón a lán tíortha, an Nigéir, an Rómáin, Poblacht na Moldáive, an tSomáil, an tSúdáin, an Pholainn, Poblacht Dhaonlathach na Congó, Cónascadh na Rúise, an Algéir, agus an Úcráin san áireamh. I dteannta leo siúd a lorg tearmann in Éirinn, thug rialtas na hÉireann, ag uaireanta éagsúla, fáilte roimh ghrúpaí daoine a bhí ag éalú ón ngéarleanúint, mar shampla iad siúd ó stáit iar-Iúgaslaive cosúil le Bosnia-Herzegovina nuair a bhí tréimhse cinedhíothaithe ar siúl sa tír sin, nó ar dháta níos déanaí, daoine a bhí ag éalú ó ghéarleanúint i gKosovo. Tugadh Dídeanaithe Cláir orthu siúd agus ní raibh orthu dul tríd an bpróiseas tearmainn.



Ní chuireann liostáil shimplí ar an gcaoi seo ar uimhreacha na ndaoine agus ar na tíortha as a dtagann siad síos go hiomlán ar an éagsúlacht chultúrtha a chuireann na hinimircigh seo i láthair. Tír cosúil leis an Nigéir, mar shampla, tá trí phríomhghrúpa eitneacha ann, agus b'fhéidir go bhfuil níos mó ann ná 240 teanga mionlacha agus grúpaí eitneacha. Is féidir go mbeadh tíortha dúchasacha eile chomh héagsúil leis sin freisin.

**Tábla 4: Iarratais ar Thearmann in Éirinn**

| **Bliain** | 1991 | 1992 | 1993 | 1994 | 1995 | 1996 | 1997 | 1998 | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarratais** | 31 | 40 | 90 | 360 | 420 | 1,180 | 3,880 | 4,630 | 7,720 | 10,938 | 10,325 | 11,634 | 7,900 | 4,766 |

Cé gur mhéadaigh ar an bhfeasacht ar éagsúlacht chultúrtha in Éirinn mar thoradh ar fhás na hinimirce le déanaí, is féidir an argóint a dhéanamh gur tír ilchultúrtha í Éire le fada. Is é ceann de na grúpaí mionlacha eitneacha is mó in Éirinn ná an Lucht Siúil. Meastar go bhfuil timpeall ar 25,000 den Lucht Siúil in Éirinn, go bhfuil 15,000 eile de Lucht Siúil na hÉireann ina gcónaí sa RA agus go bhfuil 10,000 ina gcónaí sna Stáit Aontaithe. Tugann Tuarascáil an Tascfhórsa ar an Lucht Siúil de chuid Rialtas na hÉireann i 1995 aitheantas ar an Lucht Siúil mar ghrúpa éagsúil eitneach in Éirinn, ach tugann sé faoi deara freisin nach i gcónaí a tugadh an t-aitheantas sin orthu go hiomlán.

*Tá sé soiléir go bhfuil cultúr an Lucht Siúil éagsúil agus difriúil. De ghnáth aithníonn daoine 'lonnaithe' an difríocht ach teipeann orthu í a thuiscint mar dhifríocht chultúrtha. Is feiniméan é sin, atá sainiúil in a lán tíortha, nuair a fheiceann cultúr an tromlaigh air féin mar chultúr le bailíocht uilíoch nó le normáltacht i dtaobh luachanna, míniúchán agus ionannais.*

Is sochaí atá éagsúil le fada i dtaobh teangacha í Éire agus tá dhá theanga oifigiúil aici, an Ghaeilge agus an Béarla. Tá oileán na hÉireann mar bhaile do roinnt teangacha dúchasacha eile, Gaeilge na hAlban, Comharthaí na mBodhrán Éireannach, agus Gammon nó Cant (teanga Lucht Siúil na hÉireann). Go deimhin, cosúil lena lán sochaithe timpeall na cruinne, sainítear Éire mar thír le méid áirithe dátheangachais. Chomh maith leis sin, léirigh an Daonáireamh 1996, i dteannta le cainteoirí Béarla, go raibh 43 faoin gcéad de dhaonra na hÉireann ina gcainteoirí Gaeilge. I gceantair Ghaeltachta, ardaíonn sé sin go 76 faoin gcéad. Ar bhonn náisiúnta, as na daoine a labhrann Gaeilge, baineann ceathrú díobh siúd feidhm as an nGaeilge go laethúil. Méadaíonn sé sin go 60 faoin gcéad i gceantair Ghaeltachta. Le roinnt daoine, tá Gaeilge mar chéadtheanga acu (de ghnáth le Béarla mar dharatheanga acu). Do dhaoine áirithe eile, is daratheanga dóibh í, foghlamtha i dteannta na teanga a labhraítear sa bhaile. Cuireann sé sin béim ar chastacht agus ar éagsúlacht na timpeallachta teangeolaí in Éirinn, agus go deimhin in oideachas na hÉireann. Tá páirt thábhachtach ag an nGaeilge agus ag an mBéarla i sochaí agus i bhféiniúlacht na hÉireann, agus tugann Curaclam na Bunscoile faoi deara go bhfuil taithí sa dhá theanga mar cheart ag gach páiste Éireannach.

Tá an éagsúlacht reiligiúnach mar thréith i sochaí na hÉireann chomh maith. Léiríonn an Daonáireamh 2002 go mbaineann níos mó ná 11% den daonra le grúpaí mionlacha reiligiúnacha. Taobh leis an 3.4 milliún Caitliceach Rómhánach sa stát, cuirtear síos ar 200,000 duine mar dhaoine gan reiligiún nó nár luaigh reiligiún, agus dúirt níos mó ná 115, 600 duine ó thaobh reiligiúin de gur bhain siad le hEaglais na hÉireann nó gur Phrostastúnaigh iad. Áirítear timpeall ar 20,000 mar Phreispitéirigh agus mar Mhoslamaigh agus bhí níos mó ná 10,000 duine san Eaglais Cheartcreidmheach. I measc grúpaí reiligiúnacha móra eile in Éirinn, áirítear na Giúdaigh agus na Finnéithe Iáivé. Cé gur tháinig athrú ar phróifíl reiligiúnach na hÉireann leis na blianta, tá éagsúlacht mhór reiligiúnach ag Éirinn le fada an lá. Go deimhin, bhí daonraí Protastúnaigh agus Giúdaigh i bhfad níos airde in Éirinn san am atá thart ná mar atá siad anois.

Fiú, laistigh de ghrúpa an tromlaigh eitnigh (cé go dtugtar an téarma 'eitneach' ar ghrúpaí mionlacha go minic, tá eitneachas ag gach duine) tá éagsúlacht mhór i gceist i stíl mhaireachtála, i luachanna agus i gcreidimh. Léiríonn roinnt staidéar ar dhearcaidh agus ar luachanna Éireannacha go bhfuil difríochtaí móra idir daoine uirbeacha agus daoine faoin tuath, chomh maith le difríochtaí thar aois, leibhéal oideachais, agus aicme shóisialta. Maíonn sé sin, fiú gan féachaint ar ghrúpaí mionlacha eitneacha, go gcuireann 'cultúr Éireannach' éagsúlacht mhór i slite beatha i bhfolach. Tá éagsúlacht i mbia, i gceol, i dteanga, i stíl mhaireachtála, i gcreidimh reiligiúnacha, i luachanna, in eithneachas, agus i ndathanna craicinn, mar chuid lárnach de shaol na hÉireann. Tá páirt faoi leith ag gach ceann díobh ag cur leis an meascán saibhir ar a dtugtar Éireannachas.

Ar an gcuma sin, léiriu í Éire an lae inniu ar Éirinn in aimsirí éagsúla in a stair. Cuireadh Éire le chéile ón éagsúlacht, ó thonnta leanúnacha inimirce ina n-áirítear lucht na gCeilteach, Lochlannach, Normannach, Sasanach, n-Albanach agus n-Úgóineach (agus is féidir cuid den tionchar sin a fheiceáil san éagsúlacht bhunaidh sloinnte atá coitianta in Éirinn). Chuir an drámadóir Éireannach, George Bernard Shaw, a bhuaigh an Duais Nobel é sin in iúl nuair a scríobh sé, "Is fíor-Éireannach cruthanta mé de bhunadh na n-ionraí Lochlannach, Normannach, Chromaill agus (gan amhras) Albanach".

Chuir an éagsúlacht staire seo le saibhreas oidhreacht na hÉireann. Cuireann an éagsúlacht atá le fáil in Éirinn chomhaimseartha le saibhreas ár gcultúir inniu agus sa todhchaí.

## Ciníochas in Éirinn

Thug roinnt taighdeoirí faoi deara go gcuireann dearcadh traidisiúnta ar Éireannachas-ceann nach n-aithníonn an éagsúlacht chultúrtha agus eitneach atá in Éirinn le fada—ina luí ar dhaoine Éireannacha ó ghrúpaí mionlacha go bhfuil siad eisiata. Sa chaoi chéanna, ciallaíonn an smaoineamh gurb ionann 'Éireannach' agus 'ionnaithe' nach raibh mórán spáis i sochaí na hÉireann don rud is difriúla i gcultúr an Lucht Siúil. Is féidir na dearcaidh sin a fheiceáil i roinnt de na soiléirithe ciníochais i sochaí na hÉireann.

**Ráiteas UNESCO ar Chine agus ar Réamhchlaonadh Ciníoch**

Airteagal 2:2 Áiríonn ciníochas idé-éolaíochtaí ciníocha, dearcaidh réamhchlaonta, iompraíocht leithcheala, socruithe struchtúrtha agus cleachtais institiúideacha a thugann an neamhionannas ciníoch chun cinn, chomh maith leis an smaoineamh bréagach go bhfuil caidrimh leithcheala idir grúpaí dlisteanach go morálta; tá sé le feiceáil i bhforálacha leithcheala sa reachtaíocht nó i rialacháin agus i gcleachtais leithcheala, i dtuairimí agus i ngníomhartha frith-shóisialta chomh maith.

**Coinbhinsiún Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe (NA) ar Dhíbirt na bhFoirmeacha Uile den Leithcheal Ciníoch**

Airteagal 1 Ciallóidh 'leithcheal ciníoch' aon difríocht, eisiamh, srianadh nó aon chlaonadh bunaithe ar chine, ar dhath, ar mhuintir, ar bhunadh náisiúnta nó eitneach a bhfuil mar chuspóir aige iad seo a leansa a scrios nó a íslíú - aithint, rochtain nó cleachtadh, ar bhonn comhionannach, de chearta daonna agus de shaoirse bunúsacha i réimsí polaitíochta, eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha nó in aon ghort eile den saol poiblí.

Taispeántar an téarma 'cine' in uaschamóga gach uair a úsáidtear anseo é (ach amháin i ráitis) toisc go bhfuil taighde eolaíochta tar éis a shoiléiriú, cé go n-úsáidtear an téarma go forleathan chun cur síos a dhéanamh ar ghrúpaí daoine a mheastar fúthu go bhfuil siad scartha óna chéile go bitheolaíoch, nach bhfuil aon bhonn geiniteach nó bhonn eolaíochta eile mar bhunús don téarma sin.

Tá ciníochas mar cheann de na foirmeacha leithcheala atá ann i sochaithe comhaimseartha. Áiríonn cinn eile an gnéasachas, an aoiseachas, agus an leithcheal ar bhonn míchumais. Baineann siad go léir le rialacha, cleachtais, dearcaidh agus tuairimí a dhiúltaíonn nó a íslíonn rochtain duine eile ar na cearta bunúsacha céanna agus ar an saoirse chéanna atá ag gach duine eile. In ainneoin a gcosúlachtaí mar fhoirmeacha leithcheala, meastar go mícheart uaireanta go bhfuil ciníochas níos measa ná foirmeacha leithcheala eile, b'fhéidir toisc go mbaineann sé le foiréigean, le cinedhíothú nó le 'coir fhuatha' i meoin daoine. Tá impleachtaí i bhfad níos leithne ag an téarma ciníochas nuair a bhaintear feidhm as i gceart, ná mar a chuirtear in iúl leis an bhfócas cúng ar fhuath nó ar fhoiréigean ciníoch. Clúdaíonn sé raon **dearcadh nó tuairimí** ar lámh amháin agus **cleachtas nó rialacha** ar an lámh eile. Ciallaíonn sé sin go gclúdaíonn an téarma 'ciníochas', i ndáiríre, roinnt rudaí nach ndealraítear do dhaoine ar an gcéad sracfhéachaint.

- Tá **dearcadh nó tuairim** ciníoch má chuireann sé in iúl go bhfuil roinnt grúpaí níos fearr nó níos measa ná cinn eile, bunaithe ar a 'gcine', a ndath, a síolrachas, nó ar a mbunadh náisíunta nó eitneach. Is féidir go n-áireofaí é sin an creideamh go bhfuil grúpaí áirithe (mar shampla, an Lucht Siúil, cultúir Áiseacha nó Lár-Oirthearacha) níos bunúsaí nó ar bhun-luach níos lú ná cultúir eile.

- Is éard is **riail nó cleachtas ciníoch** ann ná ceann a idirdhealaíonn, a eisiann, a shrianann nó a chuireann le tosaíocht bunaithe ar 'chine', ar dhath, ar shíolrú, nó ar bhunadh náisiúnta nó eitneach. Tá sé níos deacra do bhaill grúpaí áirithe cearta daonna a fháil, cé go bhfuil siad i dteideal na gceart sin, de dheasca cleachtas ciníoch agus rialacha ciníocha. Is féidir le cleachtais chiníocha nó rialacha ciníocha a bheith -á gcleachtadh ag an **duine aonair** (mar shampla trí ainmneacha a ghlaoch, scríbhneoireacht chiníoch ar bhallaí, trí dhaoine a eisiamh nó trí fhoiréigean a úsáid ina gcoinne), nó ag **institiúidí** (mar shampla, trí fheidhmiú rialacha nó rialachán nach gcuireann difríocht chultúrtha san áireamh).

Léirítear gnéithe idirshnaidhmthe an chiníochais seo go graificiúil i Léaráid 1 ar lch 15.

## Dearcaidh nó creidimh chiníocha

Thaispeáin staidéir go comhsheasmhach in Éirinn ó na 1980í ar aghaidh go bhfuil dearcaidh naimhdeacha ag mionlach mór. Ina staidéar ar an Réamhchlaonadh agus ar an gCaoinfhulaingt in Éirinn, fuair Micheál Mac Gréil amach go raibh mionlach mór Éireannach sna 1980í déanacha a chuir dearcaidh chiníocha in iúl.

- Dúirt 16.7 faoin gcéad dá shampla náisiúnta nach mbeadh daoine gorma in ann go deo a bheith ar chomh-mhaith le daoine eile mar Éireannaigh de dheasca a mbunúis.
- Chreid 10.8 faoin gcéad go raibh daoine gorma níos íochtaraí ná daoine bána.
- Ní dúirt ach 13.5 faoin gcéad go gcuirfidís fáilte roimh dhuine den Lucht Siúil trí phósadh agus ag an am céanna dúirt 59 faoin gcéad nach bhfáilteoidís roimh an Lucht Siúil mar chomharsana béil dorais.
- Nuair a cuireadh an cheist an mbeadh fáilte isteach sa chlann roimh Mheirceánach, dúirt 78.6 faoin gcéad go gcuirfidís fáilte roimh Mheiriceánach bán, agus ní dúirt ach 26.2 faoin gcéad go gcuirfidís fáilte roimh Mheiriceánach gorm.
- Dúirt 95.6 faoin gcéad go mbeadh Meiriceánaigh bhána acu mar chomharsa béil dorais, ach ní dúirt ach 59 faoin gcéad go gcuirfidís an fháilte chéanna roimh Mheirceánaigh ghorma.

Fuair staidéar Eurobairiméadair 2000 amach in Éirinn

- go raibh dearcaidh an-diúltacha faoi mhionlaigh ag 13 faoin gcéad den sampla ionadaíoch náisiúnta
- gur thacaigh 24 faoin gcéad le leithcheal i gcoinne mionlach a chur in aghaidh an dlí (an figiúr is ísle san Aontas Eorpach)
- gur thacaigh 31 faoin gcéad le comhionannas a chur chun cinn ag gach leibhéal den saol sóisialta (an méid is ísle san Aontas Eorpach freisin)
- go raibh daoine Éireannacha níos ullmhaithe ná saoránaigh eile an AE chun Moslamaigh agus daoine ón Eoraip oirthearach agus lárnach a fháiltiú, ach bhí fáilte níos lú acu roimh dhaoine ag éalú ó sháraithe ar chearta daonna nó ó shuímh choimhlinte
- nár bhraith ach 32 faoin gcéad de mhuintir na hÉireann gur shaibhrigh mionlaigh ár saol cultúrtha i gcomparáid le 50 faoin gcéad de na saoránaigh AE go léir ar a ndearnadh an suirbhé.

Fuair staidéir amach le déanaí go gceapann roinnt páistí scoile go bhfuil baint idir daoine gorma agus íomhánna bhochtanais, chogaidh agus anbhainne, ar a raibh taithí acu ó phictiúir agus ó scéalta na hAfraice, as a mbaintear feidhm go coitianta in Éirinn. Cé go bhféadann dearcaidh mar sin a bheith curtha in iúl trí smaointe carthannachta agus cúnaimh, is féidir iad a thuiscint mar dhearcaidh chiníocha má tá siad bunaithe ar an dtuiscint go bhfuil cultúir na hAfraice níos íochtaraí ná cultúir an Iarthair.



**Léaráid 1: Cad a chiallaímid le ciníochas?**

**An creideamh**

- go bhfuil cultúr amháin níos íochtaraí nó níos uachtaraí ná ceann eile
- go bhfuil cultúr amháin bunaíoch nó nach bhfuil luach air.

**Áiríonn cleachtais**

- daoine a sheachaint
- ainmneacha a ghlaoch
- graffiti
- foiréigean.




**Féadtar go n-áiríonn leithcheal indíreach**

- critéir iontrála nach gcuireann stíl bheatha fhánach san áireamh
- feidhm neamhbhailí a bhaint as tástálacha caighdeánaithe le mionlaigh eitneacha atá bunaithe ar normáltacht an tromlaigh eitnigh agus nach bhfuil curtha in oiriúint don mhionlach eitneach sin
- forbairt ar sholáthar seirbhíse i mbealach a mhacasamhlaíonn cultúr agus féiniúlacht an phobail tromlaigh amháin
- easpa gnímh dhearfaigh chun comhionannas a chur chun cinn
- easpa saineolais phroifisiúnta nó easpa oiliúna i ndéileáil le héagsúlacht san eagraíocht
- easpa bailiúcháin chórasach de shonraí ar iarmhairt na mbeartas ar ghrúpaí mionlacha
- easpa áiseanna inshaothraithe le haghaidh comhairliúcháin agus éisteachta le grúpaí mionlacha.

## Cleachtais chiníocha ag daoine aonair

Is féidir fianaise ar chleachtais chiníocha ag daoine aonair a fháil i staidéir ar thaithí na mionlach eitneach in Éirinn. I suirbhé le Amnesty Idirnáisiúnta i 2001 ar mhionlacha eitneacha in Éirinn, dúirt 78 faoin gcéad de níos mó ná 600 freagróirí ó mhionlaigh eitneacha éagsúla ag maireachtáil ar fud na hÉireann gur deineadh éagóir ar bhonn cine orthu, de ghnáth in áiteanna poiblí cosúil leis an tsráid, nó i siopaí nó i dtithe tábhairne. Bhí níos mó ná 80 faoin gcéad den sampla toilteanach a aontú go raibh ciníochas mar fhadhb dháiríre in Éirinn chomhaimseartha.

I 1995, thug Tascfhórsa an Rialtais ar Phobal an Lucht Siúil faoi deara:

> go ndéantar leithcheal is minicí ag leibhéal indibhidiúil nuair a lorgaíonn duine den Lucht Siúil rochtain ar raon earraí, seirbhísí agus áiseanna, ar a ndiúltaítear rochtain ar bhonn a aitheantais mar dhuine den Lucht Siúil amháin. Tá samplaí le fáil go forleathan faoi thithe tábhairne ag diúltú don Lucht Siúil mar chustaiméirí, tithe ósta ag diúltú pósaí an Lucht Siúil a chur in áirithe, hallaí biongó ag cur bac ar mhná an Lucht Siúil, áiseanna fóillíochta ag cur bac ar rochtain an Lucht Siúil, agus comhlachtaí árachais ag diúltú árachais mhótair. Féadann an taithí seo ionsaí fisiciúla agus labhartha agus imeaglú a áireamh freisin. (lgh 79-80)

## Cleachtais chiníocha ag institiúidí

Cé gurb iad na cleachtais agus dearcaidh chiníocha indibhidiúla na cineálacha ciníochais is soiléire, ní hiad na cineálacha amháin atá ann. Baintear feidhm as an téarma ciníochas institiúideach chun cur síos ar chiníochas i bhfoirm fhorálacha leithcheala sa reachtaíocht, i rialacháin, nó i gcleachtais fhoirmeálta eile. Féadann ciníochas institiúideach a áireamh

- leithcheal indíreach
- easpa gnímh dhearfaigh chun comhionannas a chur chun cinn
- easpa saineolais phroifisiúnta nó oiliúna sa phlé ar an éagsúlacht san eagraíocht
- easpa bhailiúchán córastúil sonraí ar iarmhairtí na mbeartas ar ghrúpaí mionlacha
- easpa áiseanna insaothraithe i dtaobh chomhairliúcháin agus éisteachta le grúpaí mionlacha.

Tarlaíonn ciníochas indíreach agus cineálacha eile leithcheala indírigh nuair a bhíonn iarmhairt leithchealach ag éirí as cleachtais agus ag beartais, cé nach bhfuil an chuma orthu go n-idirdhealaíonn siad i gcoinne aon ghrúpa faoi leith. Féadtar é a tharlú freisin sa chás ina bhfuil riail, atá ar an gcéad amharc, neamhleithchealach ag dul i gcion go diúltach ar ghrúpa nó ar aicme dhaoine faoi leith. Mar shampla, tá dealramh air go gcuirfeadh scoil a thairgíonn áiteanna ar dtús do pháistí le deartháir nó deirfiúr sa scoil cheana féin, toisc go bhfuil an iomad iarratas ar áiteanna ann, teaghlaigh fhánacha a bhogann isteach agus amach as ceantar faoi leith faoi mhíbhuntáiste. Cé nár thosaigh an cleachtas ó chur chuige réamhchlaonta chun uimhreacha na bpáistí ón Lucht Siúil a laghdú, beidh an éifeacht sin i gceist leis. Beidh an éifeacht ag an gcleachtas seo freisin go laghdódh sé uimhreacha na bpáistí de theaghlaigh inimirceacha le déanaí sa scoil. Sainmhínítear cleachtais mar seo mar chiníochas indíreach.

Tagtar ar chiníochas indíreach i bhfeidhmiú critéar atá mí-oiriúnach go cultúrtha i rialacha nó i rialacháin. Mar shampla, má iarrann critéir iontrála do chumann, do chlub nó do scoil ar dhaoine a bheith ina gcónaí sa cheantar, d'fhéadfaí go n-idirdhealódh sé sin i gcoinne theaghlach fánach. Is féidir teacht ar chiníochas indíreach i soláthar faisnéise nó i seirbhísí a mhacasamhlaíonn cultúr an tromlaigh amháin nó a mheasann gan cheist go mbaineann gach duine leis an gcultúr sin. Mar shampla, má chuirtear faisnéis nó seirbhísí ar fáil i mbealach a mheasann gan cheist go mbeidh inniúlacht mhaith ag gach duine i dteanga an tromlaigh, is féidir go ndéantar leithcheal i gcoinne daoine ag a bhfuil deacrachtaí sa teanga sin. Má dhéantar scrúdú cliniciúil nó agallaimh i dteanga an tromlaigh amháin nó i mbealach a mhacasamhlaíonn cultúr an tromlaigh, nó má bhaintear feidhm as critéir a chuirtear in oiriúint do dhaonra an tromlaigh, is féidir go dtiocfaí ar bhreithiúnais mhíchearta i dtaobh bhaill ghrúpaí mhionlacha.

## Leithcheal agus idirchultúrachas i ndlí agus i mbeartas

Le blianta beaga anuas, d'oibrigh Rialtas na hÉireann chun ciníochas a cheistiú agus chun cleachtais idirchultúrtha a chur chun cinn in Éirinn. Thug sé isteach reachtaíocht maraon le tionscnaimh a chur ar bun. Chuir siad

- creat ar fáil do dhaoine chun ciníochas agus leithcheal a cheistiú in Éirinn ar bhoinn éagsúla

- comhionannas agus idirchultúrachas chun cinn trí oideachas agus trí fheasacht an phobail.

Tá Plean Gnímh Náisiúnta in Aghaidh Ciníochais in Éirinn foilsithe ag an Rialtas. Ba thiomantas lárnach é seo a tháinig as Comhdháil Dhomhanda in Aghaidh an Chiníochais, a tionóladh i nDurban, san Afraic Theas i 2001. Áiríonn sé seo plean gnímh oideachais in aghaidh ciníochais.

Áiríonn reachtaíocht, a sholáthraíonn creat do dhaoine chun leithcheal a cheistiú, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta (1998) agus an tAcht um Stádas Comhionann (2000). De réir na n-achtanna siúd, tá sé mídhleathach leithcheal a dhéanamh in aghaidh duine i bhfostaíocht, in oiliúint ghairmiúil, i bhfógraíocht, i gcomhshocruithe, i soláthar earraí agus seirbhísí, agus i ndeiseanna eile ar a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne, má tharlaíonn an leithcheal sna naoi mbealach–gnéas, stádas pósta, stádas clainne (páistí a bheith ag duine nó a bheith mar chúramóir), aois (idir na haoiseanna 18 go 65), míchumas, cine, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, ballraíocht den Lucht Siúil.

Rinne an-chuid de bheartais san oideachas iarracht chun comhionannas agus idirchultúrachas a chur chun cinn tríd an oideachas. Cuireann–Cairt don Oideachas sna Blianta Romhainn—Páipéar Bán ar Oideachas (1995) béim ar chomhionannas agus ar iolrachas mar dhá cheann de na príomhcheisteanna atá mar bhonn bheartais an oideachais. Tugann sé faoi deara chomh maith "go bhfuil sé riachtanach go nglacfadh oideachas le traidisiúin, le creidimh agus le luachanna éagsúla a ndaoine mar thoradh de thréith dhaonlathach na sochaí seo".

Tá na prionsabail seo mar bhonn do Churaclam na Bunscoile chomh maith. Aithníonn an curaclam éagsúlacht na dtuairimí, na luachanna agus na ndóchas ag na grúpaí reiligiúnacha agus cultúrtha go léir i sochaí na hÉireann agus admhaíonn sé go bhfuil "freagracht aige as tuiscint agus meas ar an éagsúlacht a chur chun cinn ar scoil agus sa phobal".

Cuireann na Treoirlínte ar Oideachas an Lucht Siúil i mBunscoileanna, a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) i 2002, béim ar thábhacht an idirchultúrachais laistigh den scoil. Cuireann na treoirlínte béim ar dhá eilimint den oideachas idirchultúrtha: dea-mheas ar an éagsúlacht agus neamhionannas a cheistiú.

> Tá cur chuige idirchultúrtha tábhachtach laistigh den churaclam chun cabhair a thabhairt do pháistí forbairt a dhéanamh ar an gcumas chun neamhionannas, éagóir, ciníochas, réamhchlaonadh agus claonadh a aithint agus a cheistiú, agus iarracht a dhéanamh na soiléirithe sin a athrú nuair a thagann siad orthu. Ba cheart daoine óga a chumasú chun saibhreas éagsúlachta de chultúir a dhea-mheas agus iad a thacú i mbealaí praiticiúla chun réamhchlaonadh agus leithcheal a aithint agus a cheistiú nuair atá siad ann. (lch 34)

Tá páistí go léir, gan toradh ar a dtír bhunaidh ná ar a gcúiseanna chun bheith in Éirinn, i dteideal oideachais bhunscoile agus iarbhunscoile saor in aisce. Tá sé de dhualgas ar pháistí go léir freastal ar scoil ón aois a 6 go haois a 16, nó go dtí go bhfuil trí bliana d'oideachas iarbhunscoile críochnaithe acu, pé ceann atá níos déanaí. Ní idirdhealaíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta idir páistí náisiúnta agus neamh-náisiúnta.

Tá an t-oideachas idirchultúrtha mar cheann de na príomhfhreagraí ar chruth athraithe na sochaí Éireannaí agus ar an gciníochas agus ar na dearcaidh leithcheala atá in Éirinn. Mar chur chuige, fásann sé go nádúrtha ón mbeartas oideachasúil atá ann faoi láthair agus tá sé i gcomhaontú le reachtaíocht agus le tionscnaimh eile chomhionannais. Tá sé ag teacht le haidhmeanna agus le cur chuige Churaclam na Bunscoile, mar a chuirtear síos orthu i gCaibidil 02.


COTHAIGH

CAIBIDIL

# 02

# Oideachas Idirchultúrtha i gCuraclam na Bunscoile

…education is therefore an education in freedom–freedom **from** inherited biases and narrow feelings and sentiments, as well as freedom **to** explore other cultures and perspectives and make one's own choices in full awareness of available and practicable alternatives.

(Bhikhu Parekh i 'The concept of multicultural education').

Leagann an chaibidil seo amach cuid de na saintréithe a bhaineann leis an dea-chleachtas comhaimseartha san oideachas idirchultúrtha. Níl an t-oideachas idirchultúrtha mar chuid bhreise de Churaclam na Bunscoile, toisc gur curaclam idirchultúrtha é an curaclam cheana féin. Tagann príomhthréithe an oideachais idirchultúrtha ó Churaclam na Bunscoile.

Léiríonn an curaclam fís don oideachas bunscoile

- a cheiliúrann uathúlacht an pháiste agus a lorgaíonn an páiste a chothú sna heilimintí go léir dá saol–spioradálta, morálta, cognaíoch, mothúchánach, samhlaíoch, aestéitiúil, sóisialta agus fisiciúil
- a aithníonn go maireann páistí sa sochaí, agus go bhfuil siad mar chuid den tsochaí agus go bhfuil tionchar doimhin ag a gcaidrimh sa bhaile agus le daoine eile ar a bhforbairt phearsanta
- a aithníonn nach macasamhlaíonn oideachas sochaí amháin ach gur tionchar lárnach é i múnlú a forbartha
- a chuireann ar acmhainn daoine sochar na sochaí a roinnt eatarthu agus a chuireann ar a gcumas a bheith rannpháirteach go héifeachtach sa tsochaí agus a bheith in ann plé le, agus dul in oiriúint le nádúr an eolais agus na sochaí atá ag athrú.



Bunaithe ar an bhfís seo, is iad na haidhmeanna ginearálta den oideachas bunscoile a aithnítear sa churaclam ná

- a chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh agus a (h)acmhainn mar dhuine uathúil a thabhairt chun críche
- a chur ar chumas an pháiste forbairt mar neach sóisialta trí mhaireachtáil agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin cuidiú le tairbhe na sochaí
- an páiste a ullmhú le haghaidh breisoideachais agus foghlama feadh saoil.

Tá na haidhmeanna ginearálta seo mar bhonn d'aidhmeanna níos sainiúla don oideachas bunscoile a áiríonn

- a chur ar chumas páistí teacht ar thuiscint ar an saol trí eolas, coincheapa, scileanna agus dearcadh a shealbhú agus tríd an gcumas ar smaoineamh criticiúil a dhéanamh
- a chur ar chumas páistí luachanna spioradálta, morálta agus reiligiúnacha a fhorbairt
- a chur ar chumas páistí meas ar dhifríochtaí cultúrtha a fhorbairt chomh maith le léirthuiscint ar fhreagracht na saoránachta, agus tuiscint ar dhiminsiún sóisialta na beatha san am atá thart agus faoi láthair
- a chur ar chumas páistí scileanna agus tuiscint a fhorbairt d'fhonn staidéar a dhéanamh ar a ndomhan agus ar a áitritheoirí agus an chomhghaolmhaireacht atá eatarthu a léirthuiscint
- a chur ar chumas páistí forás pearsanta agus sóisialta a dhéanamh agus caidreamh tuisceanach, urramach a dhéanamh le daoine eile.

Tá saintréithe an oideachais idirchultúrtha bunaithe ar na haidhmeanna seo den churaclam.

### Saintréithe an oideachais idirchultúrtha

Pléitear seacht saintréith an oideachais idirchultúrtha sa chaibidil seo a leanas:

- Do gach páiste an t-oideachas idirchultúrtha.
- Tá an t-oideachas idirchultúrtha leabaithe in eolas agus i dtuiscint, i scileanna agus i gcumais, agus i ndearcaidh agus i luachanna.
- Tá an t-oideachas idirchultúrtha comhtháite leis na hábhair go léir agus le saol ginearálta na scoile.
- Tá fócas domhain-réadúil riachtanach don oideachas idirchultúrtha.
- Tá teanga lárnach i bhforbairt na n-inniúlachtaí idirchultúrtha.
- Tógann an t-oideachas idirchultúrtha am.
- Tá comhthéacs na scoile tábhachtach in éascaíocht na foghlama.

## Do gach páiste an t-oideachas idirchultúrtha

Tá an t-oideachas idirchultúrtha bunaithe ar an aidhm ghinearálta go gcuirfí ar chumas an pháiste forbairt mar dhuine sóisialta trí mhaireachtáil agus trí chomhoibriú le daoine eile, ag cur le maitheas sochaí ar an gcuma sin. Tá an t-oideachas idirchultúrtha leasmhar do na páistí go léir atá inár scoileanna gan toradh ar a bhféiniúlacht, toisc go bhfuil ar pháistí go léir a fhoghlaim conas maireachtáil laistigh dár sochaí agus a bheith rannpháirteach in éabhlóid ár sochaí atá ag méadú ó thaobh an idirchultúrachais dhe.

Mar a dúirt Tuarascáil Rampton sa RA:

> A ‘good’ education cannot be based on one culture only, and … where ethnic minorities form a permanent and integral part of the population, we do not believe that education should seek to iron out the differences between cultures, nor attempt to draw everyone into the dominant culture.

Tá cultúr agus eitneachas ag gach uile páiste. Tá foghlaim chun luach a chur ar a gcultúr agus ar a n-eitneachas féin lárnach dá bhféinmheas agus dá dtuiscint féiniúlachta. Éascaíonn an t-oideachas idirchultúrtha do gach uile páiste luach a chur ar a n-oidhreacht fhéin agus ar oidhreacht dhaoine eile.

Áiríonn sochair an oideachais idirchultúrtha do pháistí go léir iad siúd a leanas:

- Spreagann sé fiosracht an pháiste faoi héagsúlacht chultúrtha agus shóisialta.
- Cuidíonn sé le samhlaíocht an pháiste a fhorbairt agus a thacú trí bhéim a chur ar normáltacht na difríochta.
- Cuidíonn sé le forbairt a dhéanamh ar smaoineamh breithiúnach an pháiste tríd an bpáiste a chumasú chun peirspictíochtaí a fháil, agus chun ceisteanna a chur faoina gcleachtais chultúrtha féin.
- Cuidíonn sé le híogaireacht a fhorbairt sa pháiste.
- Cuidíonn sé le cosc a chur ar an gciníochas.

## Tá an t-oideachas idirchultúrtha leabaithe in eolas agus i dtuiscint, i scileanna agus i gcumais, i ndearcaidh agus i luachanna

Is í fís an churaclaim ná an páiste a chothú sna heilimintí go léir dá s(h)aol—spioradálta, morálta, cognaíoch, mothúchánach, samhlaíoch, aestéiteach, sóisialta, agus fisiciúil. Tógtar an t-oideachas idirchultúrtha ar an samhail seo, agus leagtar amach é sna treoirlínte seo faoi na cinnteidil, eolas agus tuiscint, scileanna agus cumais, agus dearcaidh agus luachanna. Tá sé sin ag teacht le haidhmeanna sonracha an churaclaim, a áirítear an páiste a chumasú

- chun an domhain a thuiscint trí sheilbh a fháil ar eolas, coincheapanna, scileanna agus dearcaidh agus ar an gcumas chun smaoinimh go breithiúnach
- chun luachanna spioradálta, morálta agus reiligiúnacha a fhorbairt
- chun forbairt go pearsanta agus go sóisialta agus chun caidreamh a dhéanamh le daoine eile le tuiscint agus le meas.

Níl an ciníochas ná an t-idirchultúrachas bunaithe ar an eolas amháin. Tá freagairtí mothúchánacha, mothúcháin agus dearcaidh mar bhonn eolais do, agus mar thionchar ar, an dá cheann, maraon le heolas amháin. Ní féidir le soláthar simplí fíricí agus faisnéise do dhaoine nó fócasú ar an bhforbairt chognaíoch amháin, ciníochas a chealú, toisc go bhféadtar go bhfuil bac mothúchánach in aghaidh athraithe meoin sa duine, fiú nuair atá fianaise, fíricí, nó bealaí smaointe nua ar fáil. Tá forbairt ar fhreagairtí dearfacha mothúchánacha don éagsúlacht agus forbairt ar chomhbhá leo siúd ar a ndéantar leithcheal mar phríomhpháirt oideachais idirchultúrtha, ach go háirithe.

Is féidir go dtiocfaidh coimhlint agus raon mothúchán láidir as an oideachas idirchultúrtha. Nuair a iniúchann daoine (páistí, múinteoirí, tuismitheoirí, agus daoine eile i bpobal na scoile) a ndearcaidh agus a luachanna féin, agus nuair a fhéachann siad siar ar a gcuid freagairtí féin i suímh áirithe, tá seans ann go n-éireoidís cosantach, feargach, nó buartha. Tá foghlaim ar conas is féidir déileáil le do chuid mothúchán féin agus le mothúcháin daoine eile mar chuid lárnach d’fhorbairt scileanna inphearsanta (féin-thuiscint) agus idirphearsanta (tuiscint ar chaidrimh le daoine eile), agus aithníonn an curaclam go bhfuil sé bunriachtanach do chríochnú pearsanta, sóisialta, agus oideachasúil an pháiste. Déantar é seo níos fearr i scoil agus in ethos an tseomra ranga ina bhfuil caidreamh cúraim idir foireann na scoile agus páistí mar shaintréith ann, agus trí thaithí scoile atá rathúil agus sultmhar a sholáthar do pháistí.

## Tá an t-oideachas idirchultúrtha comhtháite leis na hábhair go léir agus le saol ginearálta na scoile

Tá an fhoghlaim comhtháite mar cheann de na cúig phrionsabal déag den bhfoghlaim i gCuraclam na Bunscoile. Soláthraíonn comhtháthú eolais agus tuisceana, scileanna agus cumas, agus dearcadh agus luachanna trasna an churaclaim, taithí fhoghlama atá níos cuimsithí agus níos saibhre don fhoghlaimeoir. Tá cuma níos fearr ar an scéal go bhforbróidh páistí dearcaidh agus luachanna oiriúnacha má tá siad comhtháite leis na hábhair go léir agus le saol iomlán na scoile, in ionad aghaidh a thabhairt orthu ina bpíosaí nó aon uair amháin. Ba cheart é a mhacasamhlú i gcuraclam folaigh na scoile, agus i mbeartais agus i gcleachtais na scoile agus i múinteoireacht ábhar an churaclaim freisin.

## Tá fócas domhain réadúil riachtanach don oideachas idirchultúrtha

Is prionsabal bunúsach foghlama é sa churaclam go mba cheart eolas agus taithí reatha an pháiste a bheith mar phointe imeachta do thuiscint nua a fháil, agus go mba cheart páistí a chumasú chun gluaiseacht ó eolas reatha go heolas nua, ó rudaí simplí go dtí rudaí atá níos casta, agus ón rud coincréideach go dtí an rud teibí.

Soláthróidh saolta na bpáistí a lán deiseanna don mhúinteoir téamaí idirchultúrtha a iniúchadh agus inniúlacht idirchultúrtha a fhorbairt. Tá seans ann go bhfuil taithí ag páistí ar shamplaí éagothroime, leithcheala, nó coimhlinte ina saolta féin a chuirfidh ar a gcumas gabháil le cúraimí an oideachais idirchultúrtha i mbealach coincréideach. Ar an dtaobh eile, muna spreagtar agus muna n-éascaítear páistí chun idirchultúrachas a chur i bhfeidhm ar a saolta féin, tá seans ann go mbéarfaidís greim ar smaointe idirchultúrtha go teibí ach nach mbainfidh siad feidhm astu i gcleachtais idirchultúrtha.

Nuair a fheictear ar shuímh a bhaineann le coimhlint nó le heasaontas idir ghrúpaí eitneacha, ba cheart go mbeadh múinteoirí feasach go bhfuil seans ann go spreagfadh sé mothúcháin láidre, go háirithe má iarrtar ar pháistí a mheas an cuid den ghrúpa ceannasach nó leithchealach iad. Ar aon nós, tá iniúchadh ar shuímh mar sin ríthábhachtach dóibh chun forbairt a dhéanamh ar an gcumas chun smaointe idirchultúrtha a chur i bhfeidhm ar a saolta féin.



Chomh maith leis sin, féadann imscrúdú a dhéanamh ar shuímh bheatha-réadúla cur le tuiscint a fhorbairt sa pháiste ar chomhbhá leo siúd ar a ndéantar leithcheal. Mothóidh a lán páistí gur caitheadh go héagothrom leo ag uair éigin, má chiallaíonn sé sin gur tugadh tosaíocht do dhuine eile tharstu, nó go ndearnadh buannúlachtaí fúthu mar gheall ar an gcuma atá orthu nó ar an áit ina gcónaíonn siad, nó gur tháinig siad ar dhuine le húdarás a dhiúltaigh dóibh éisteacht leo. Féadann taithí cosúil leis seo cuidiú le páistí a bheith báúil le daoine eile atá ina n-íobairtí leithcheala.

## Tá teanga lárnach i bhforbairt na n-inniúlachtaí idirchultúrtha

Tugann an curaclam faoi deara go bhfuil páirt ríthábhachtach ag teanga i bhforbairt páistí. Pé céadtheanga atá ag an bpáiste agus pé teanga teagaisc atá sa scoil, soiléiríonn páistí smaointe agus sealbhaíonn siad coincheapa nua trí idirghníomhaíocht teanga agus taithí. Tríd sin a dhéanamh, foghlaimíonn siad conas ciall a bhaint as a ndomhan. Má fheictear ar an éagsúlacht mar rud normálta nó mínórmálta, nó má fheictear ar an gcomhionannas mar dhea-rud nó mar fhadhb, beidh sé sin ag brath, don chuid is mó, ar an teanga a fhoghlaimíonn páistí le feidhmiú i suímh.

Toisc go bhfeictear ar theanga mar chuid ríthábhachtach den phróiseas foghlamtha, is príomhstraitéis foghlama i ngach réimse curaclaim í an chaint agus an díospóireacht. Éascaíonn sé sin iniúchadh an pháiste ar smaointe, ar mhothúcháin, agus ar fhreagairtí, trí fheidhm a bhaint as teanga a théann i gcastacht.

Ba cheart páistí a ghríosú chun a dtaithí agus a dtuairimí a chur in iúl le caint. Nuair a bhaineann páistí feidhm as teanga mhí-oiriúnach maidir le baill de ghrúpaí mionlacha, ba cheart deiseanna a thabhairt dóibh chun na bealaí ina bhféadann focail nó téarmaí a bheith claonta nó goilliúnach a phlé. Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh a dheimhniú go bhfuil siad in ann labhairt i mbealach macánta, agus a chinntiú go bhfuil siad ag gabháil níos fearr leis an ndíospóireacht agus ag cur ar a gcumas teanga nua a fhoghlaim nó a meoin a athrú, más cuí.

Tá páirt thábhachtach ag Gaeilge maraon le Béarla i sochaí agus i bhféiniúlacht na hÉireann. Tugann Curaclam na Bunscoile faoi deara go bhfuil taithí sa dá theanga mar cheart ag gach páiste Éireannach ó thaobh síceolaíochta, staire agus teangeolaíochta de. Ceaptar go dtugann taithí ar dharatheanga roinnt buntáistí breise do pháistí, forbairt chognaíoch a fheabhsú agus foghlaim teangacha eile a éascú san áireamh.

## Tógann an t-oideachas idirchultúrtha am

Beidh páistí i ndiaidh roinnt smaointe a fhorbairt ar an éagsúlacht roimh fhreastal ar an mbunscoil. Forbraítear na smaointe agus na dearcaidh sin le linn luathbhlianta an pháiste. Ní bhaintear amach an inniúlacht idirchultúrtha agus an cumas chun tuairimí, dearcaidh, agus gníomhartha claonta a cheistiú, i dtréimhse ghearr ama. Tógann sé níos mó ama chun comhthéacs a chruthú ina bhféadtar rud éigin a phlé agus a iniúchadh, ná mar a thógann sé chun léacht a thabhairt go simplí do pháistí ar cheart agus ar mhícheart. Tá a leithéid sin de chomhthéacs riachtanach, áfach.

Ní fhorbraítear inniúlacht idirchultúrtha thar oíche. Tógann sé a lán ama tuiscint a fhorbairt ar nádúr an domhain shóisialta agus an teanga, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhorbairt le gníomhú sa domhan sin. Soláthraíonn an curaclam deiseanna don pháiste filleadh ar an eolas, ar na smaointe agus ar na scileanna céanna le himeacht aimsire chun a t(h)uiscint a dhoimhniú. Ar an gcuma chéanna, ní bhaintear amach an obair éascaíochta i dtaobh na forbartha don inniúlacht idirchultúrtha i gceacht amháin nó i dtéarma amháin. Is próiseas leanúnach é. Ní thógtar tuiscint, scileanna, agus luachanna ach i gcéimeanna amháin.

## Tá comhthéacs na scoile tábhachtach leis an bhfoghlaim a éascú

Aithníonn an curaclam go bhfuil an comhthéacs sóisialta ina dtarlaíonn an fhoghlaim mar phríomhthionchar ar nádúr agus ar éifeacht an phróisis fhoghlama. Féadann an córas oideachais a bheith mar eiseamláir dea-chleachtais do pháistí trí eolas, scileanna agus dearcaidh inniúlachta idirchultúrtha a mhúineadh do na páistí. Foghlaimeoidh páistí dearcaidh, luachanna, agus scileanna uathu siúd sa scoil, agus i gcomhphobal na scoile, a chuireann i láthair go heiseamláireach iad. I múineadh na bpáistí a bheith ag smaoineamh go breithiúnach faoin domhan ina gcónaíonn siad, tá sé oiriúnach dúinn é sin a eiseamláiriú trí smaoineamh go breithiúnach faoin ár ngníomhaíochtaí féin agus faoi na hinstitiúidí ina bhfuilimid ag obair, agus más gá, beartais scoile a iniúchadh go breithiúnach i gcomhthéacs leithcheala. Go deimhin, ar an gcuma sin, leasaíonn an t-oideachas idirchultúrtha an scoil agus an córas oideachais i gcoitinne chomh maith le páistí aonair.

Cabhraíonn na coincheapa ar ‘chiníochas indíreach’ agus ar ‘chiníochas institiúideach’ linn chun tuiscint a fháil ar conas a fhéadann le hinsitiúidí cosúil le scoileanna a bheith ciníoch ina bhfeidhmeanna cé nach ndéantar d’aonghnó é. Nuair a chuireann scoil cultúr aon ghrúpa eitnigh amháin sa tús áite ar ghrúpaí eile, tá seans ann go bhfuil sí ciontach as ciníochas institiúideach. Ba cheart go mbeadh siad siúd atá freagrach as beartais, cleachtais, agus as ethos na scoile a chothú, a bheith ag faire amach i gcónaí le cinntiú go dtugtar meas ar chultúr, ar thuairimí agus ar shlí bheatha na bpáistí go léir sa scoil.

Dearadh an curaclam le bheith leathan agus cothromach, ag tabhairt solúbthachta don mhúinteoir agus don scoil chun cúlraí, spéiseanna, inniúlachtaí, agus cultúir éagsúla na scoile a chur san áireamh. Cinntíonn an discréid a thugtar don mhúinteoir i roghnú agus i gcomhleanúint an ábhair, agus i raon na modhanna measúnaithe atá ar fáil, gur féidir an curaclam a chur in oiriúint d’éagsúlacht thosca agus eispéiris na bpáistí.

# CUMARSÁID



CAIBIDIL

# 03 Pleanáil Scoile

Tá éagsúlacht agus difríocht mar thréithe ag an bpobal ina maireann páistí. Mar sin féin, bíonn claonbhá agus leithcheal mar ghnéithe den chaidreamh daonna go ró-mhinic. Is feidir agus is cóir meas agus léirthuiscint ar éagsúlacht dhaonna agus chultúrtha a chur chun cinn ag gach leibhéil sa bhunscoil.

(Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte, Curaclam na Bunscoile)

Téann beartais fhoirmeálta agus neamhfhoirmeáilte, a bhaineann le codanna difriúla uile s(h)aol na scoile, i bhfeidhm go mór ar eispéireas na bpáistí agus na mball eile de phobal na scoile. Forbraíonn an comhphobal scoile eispéireas agus gabháil dhearfach le héagsúlacht chultúrtha trí chleachtais a mhúnlaíonn agus a chuireann le heispéireas iomlán an pháiste ina shaol scoile. Dá bhrí sin, leathnaíonn an t-oideachas idirchultúrtha amach níos faide ná fócas cúng ar ábhar na múinteoireachta ranga. Tá sé ríthábhachtach go n-úsáidtear peirspictíocht idirchultúrtha nuair a thugtar aghaidh ar phlean na scoile chun scoil chuimsitheach, idirchultúrtha a fhorbairt go héifeachtach.

## An ról atá ag baill uile an phobail scoile

Tá sé tábhachtach go n-áirítear baill uile an phobail scoile; páistí, tuismitheoirí, múinteoirí, foireann thacaíochta, agus an bhainistíocht, sa phróiseas ina gcruthaítear scoil a luachálann an éagsúlacht chultúrtha, agus go bhfuil siad páirteach i gcomhfhreagracht a fhorbairt agus i scoil idirchultúrtha agus chuimsitheach a chothú. Cé go gcuirfidh cuid de na gnímh a thagann ón bpróiseas pleanála athruithe i bhfeidhm ar an mbeartas scoile, mar shampla athruithe ar chód iompraíochta na scoile nó ar chuntais a choimeád ar eachtraí ciníocha, beidh formhór an fhíor-athraithe ag brath ar ghnímh dheonacha agus ar dhea-thoil na mball uile de phobal na scoile. Tá sé tábhachtach, mar sin, go bhfuil deis ag gach duine atá bainteach leis, a t(h)uairimí a chur in iúl, agus go mothaíonn gach duine go bhfuil siad páirteach i bpróiseas an athraithe.

Tá seans ann go nglacfaidh daoine páirt sa phróiseas seo le leibhéil éagsúla díograis, agus go mb'fhéidir go mbeidh beagáinín frithsheasaimh ar roinnt daoine dul i mbun tionscamh áirithe. Níl sé neamhghnáthach go mbeadh ionadh ar dhaoine faoi chuid dá ndearcadh agus dá dtuairimí féin le linn saincheisteanna éagsúla a phlé. Má láimhseáiltear an frithsheasamh sin go híogarach, féadann sé deis luachmhar a sholáthar chun feasacht daoine a ardú agus chun a n-eolas agus a n-inniúlachtaí idirchultúrtha a fhorbairt. D'fhéadfadh sé an fhoireann a spreagadh chun iniúchadh breise a dhéanamh ar na saincheisteanna sin, trí oiliúint a fhorbróidh níos mó tuisceana ar luach agus ar normáltacht na héagsúlachta, agus a chuirfidh ar a gcumas ciníochas agus leithcheal éagothrom a aithint agus a cheistiú.

**An bhaint atá ag tuismitheoirí agus ag an bpobal**

Tá an bhaint a bhíonn ag tuismitheoirí ríthábhachtach do rathúnas an pháiste ar scoil. Comhlánaíonn agus aithníonn an bhaint a bhíonn ag tuismitheoirí le hoideachas foirmeálta a bpáistí a bpríomhpháirt i bhforbairt an pháiste. Tá seans ann go mbeadh leisce ar thuismitheoirí dul chuig scoil a bpáiste. Go háirithe, tá seans ann go mbeadh sé sin deacair do thuismitheoirí ó ghrúpaí mionlacha eitneacha, nó do thuismitheoirí nach bhfuil teanga na scoile mar chéadtheanga acu. Chun teagmháil scoile leis na tuismitheoirí go léir, agus leis an gcomhphobal níos leithne, a fheabhsú, b'fhéidir go gcuirfeadh scoileanna san áireamh

- tacaíocht a thabhairt d'obair an chumainn tuismitheoirí agus an cumann a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhforbairt bheartas agus phleananna scoile
- eolas a sholáthar do thuismitheoirí i mbealach a chuireann san áireamh go bhfuil leibhéil éagsúla litearthachta chomh maith le héagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch ann, mar shampla i gcruinnithe múinteora-tuismitheora, i lámhleabhar scoile, i gcuireadh a thabhairt do thuismitheoirí teacht chuig an scoil le haghaidh imeachtaí speisialta, srl.
- deiseanna a sholáthar le haghaidh chruinnithe neamhfhoirmeálta idir an bhfoireann agus tuismitheoirí agus teagmháil thuismitheora-mhúinteora a bhunú a thairgíonn deiseanna chun tuairimí a chéile a phlé agus a thuiscint
- iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar fhaitís agus ar chúraimí na dtuismitheoirí
- cuireadh a thabhairt do na tuismitheoirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí bhreis-churaclaim nó in imeachtaí idirchultúrtha
- deiseanna a aithint nuair a fhéadann le tuismitheoirí agus baill eile an chomhphobail tacaíocht a thabhairt don scoil, mar shampla tacaíocht teanga, aistriúchán, obair bhaile, clubanna, srl.
- straitéisí a fhorbairt chun páirt i gcur chuige idirchultúrtha a sholáthar don phobal níos leithne, mar shampla trí chuireadh a thabhairt do dhaoine aonair nó do ghrúpaí comhphobail ag a bhfuil réimse áirithe saineolais.

## Pleanáil scoile don scoil idirchultúrtha

Féadtar pleanáil scoile don scoil idirchultúrtha a chomhshnaidhmeadh in obair phleanála d'fhorbairt scoile, atá faoi lán seoil cheana féin i scoileanna. Beidh gach comhphobal scoile ag céim dhifriúil sa phróiseas pleanála d'fhorbairt scoile agus chomh maith leis sin, beidh coincheapa difriúla acu faoin mbealach is oiriúnaí chun scoil chuimsitheach agus idirchultúrtha a fhorbairt. Rachaidh na difríochtaí seo i bhfeidhm ar na bealaí a théann gach comhphobal scoile i mbun an phróisis phleanála.

I *bPleanáil Scoile: Plean Scoile a Fhorbairt–Treoirlínte do Bhunscoileanna* (1999) leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, moltar go bhfuil ceithre phríomhchéim go bhféadfann scoileanna a chur san áireamh; athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas agus ar sholáthar reatha, plean a dhearadh, clár forfheidhmithe, agus an mheasúnú. Is féidir rochtain a fháil ar shonraí breise faoi athbhreithniú, dhearadh, fhorfheidhmiú, agus faoi phróiseas an mheasúnaithe i *bPleanáil Scoile: Plean Scoile a Fhorbairt–Treoirlínte do Bhunscoileanna* agus sna hábhair tacaíochta a sholáthraíonn an tSeirbhís Tacaíochta do Phleanáil um Fhorbairt Scoile, (www.sdps.ie).

Tá bealaí éagsúla chun forbairt scoile a phleanáil, agus tá sé tábhachtach go mbaineann an comhphobal scoile feidhm as an gcur chuige a oireann dá shuíomh áirithe féin. Tá sé deacair, uaireanta, pointe imeachta a fháil amach, áfach. B'fhéidir go dtabharfaidh na treoirlínte seo roinnt smaointe faoi conas a fhéadann le scoil aghaidh a thabhairt ar phleanáil scoile ón bpeirspictíocht idirchultúrtha.

Ba cheart go gcabhródh an próiseas pleanála leis na baill go léir de phobal na scoile chun scoil chuimsitheach agus idirchultúrtha a fhorbairt, a thugann aghaidh ar riachtanais a páistí go léir. Ba cheart go gcuirfeadh an próiseas pleanála iad seo a leanas san áireamh:

- Athbhreithniú scoile a chur ar siúl, ag baint feidhme as an bpeirspictíocht idirchultúrtha
- Misean, beartas agus plean gníomhaíochta scoile a fhorbairt
- Plean scoile a chur i bhfeidhm
- Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar an bplean gnímh.

**An t-athbhreithniú scoile**
Mar chéim thosaigh sa phróiseas pleanála scoile, tá sé áisiúil athbhreithniú a dhéanamh ar an áit ina bhfuil an scoil faoi láthair maidir le cuimsitheacht agus le hidirchultúrachas. Chun é sin a bhaint amach, is féidir leis an gcomhphobal scoile athbhreithniú scoile idirchultúrtha a dhéanamh. D'fhéadfaí feidhm a bhaint as an Seicliosta um Athbhreithniú Scoile (Léaráid 2) mar shamhail do phleánáil an athbhreithnithe seo.





**Léaráid 2: Seicliosta um Athbhreithniú Scoile**

Cuir tic sa bhosca oiriúnach do gach ceist. Is ionann freagraí níos dearfa agus comhthéacs scoile níos idirchultúrtha. Aithníonn freagraí diúltacha deiseanna le haghaidh forbartha breise. Bain feidhm astu chun liosta a chur le chéile de na rudaí atá le déanamh agat, agus déan iarracht spriocdataí insaothraithe a shocrú chun réiteach a fháil ar na saincheisteanna sin.

| | | Tá | Tá ar bhealach | Níl fós |
|---|---|---|---|---|
| **Misean nó fís scoile** | An bhfuil misean nó samhail na scoile ag áireamh fócais ar chúnamh a thabhairt do gach páiste chun a nó a (h)acmhainn a chur i gcrích go hiomlán? | | | |
| | An bhfuil prionsabail an chomhionannais agus na héagsúlachta á macasamhlú aige? | | | |
| | An bhfuil féin-choincheap dearfach gach páiste á chur chun cinn aige? | | | |
| **Cleachtas reatha** | An bhfuil peirspictíocht idirchultúrtha ag gnéithe uile an phlean scoile? | | | |
| | An bhfuil nósanna imeachta eagrúcháin agus riaracháin cóir agus cothrom? | | | |
| | An bhfuil teanga na scoile ag cuimsiú na gcultúr go léir? | | | |
| | An bhfuil an timpeallacht scoile, fisiciúil maron le sóisialta, ag cuimsiú na gcultúr go léir? | | | |
| | An bhfuil an scoil ag feidhmiú de réir na reachtaíochta ábhartha sa réimse seo? | | | |
| **Saincheisteanna eile le cur san áireamh** | Conas a d'athraigh ár gcleachtais i dtaobh na héagsúlachta cultúrtha le blianta beaga anuas? | | | |
| | Cad iad na saincheisteanna idirchultúrtha atá i gcás is mó le foirne faoi láthair? | | | |
| | Cé ba cheart a bheith páirteach i bplean a chur le chéile do scoil idirchultúrtha? | | | |
| | Cad iad na gnéithe den bheartas agus den chleachtas scoile atá fós le réiteach? | | | |

**Misean, beartas agus plean scoile a fhorbairt**

Chomh luath agus a chuirtear an t-athbhreithniú i gcrích, féadtar cinntí a dhéanamh faoi na rudaí atá le déanamh sa chéad chéim eile. Tá sé tábhachtach na saincheisteanna is ábhartha don scoil a aithint ag an bpointe seo, agus roinnt saincheisteanna a chur san áireamh go bhféadtar a réiteach go tapaidh chun a léiriú do phobal na scoile go bhfuil rud éigin ag tárlú sa ghearrthéarma. Níl sé sin chun an tábhacht a mhaolú i dtaobh réiteach a fháil ar na saincheisteanna móra, a thógfaidh níos mó ama chun déileáil leo, agus a dhealraíonn sé futhu go rachaidh siad sin i bfheidhm níos fadtréimhsí agus níos éifeachtaí ar chultúr na scoile.

## Misean na scoile

Is é bunchuspóir an phlean um fhorbairt scoile ná caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a fheabhsú do na páistí go léir sa scoil. Macasamhlóidh misean na scoile ethos an chomhphobail scoile agus achoimríonn se dóchais, ionchais agus traidisiúin na scoile. Mar a chuirtear an misean le chéile agus machnamh a dhéanamh ar a ethos féin, tógfaidh an comhphobal scoile comhshamhail ar conas a fhéadann sé cuidiú le gach páiste chun a (h)acmhainne iomláine a chur i gcrích go hiomlán. Dealraítear go gcinnteoidh fealsúnacht scoile a chuireann prionsabail comhionannais, éagsúlachta, agus féin-choincheap dearfach gach duine chun cinn, timpeallacht tacaíochta ina gcomhlíontar riachtanais áirithe oideachais na bpáistí go léir.

Tá tuiscint misin nó físe ag scoileanna go léir. I roinnt scoileanna, measadh é sin mar chuid de phróiseas um fhorbairt scoile agus cuirfear in iúl go glinn é. B'fhéidir nach bhfuil scoileanna eile chomh fada leis an gcéim ina ndéantar an ráiteas misin go foirmeálta ach in ainneoin sin, b'fhéidir go bhfuil tuiscint shoiléir ag an scoil faoi cad atá á dhéanamh aici. Dá bhrí sin, b'fhéidir gur pointe imeachta maith é chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na scoile d'oideachas na bpáistí go léir i scoil chuimsitheach agus idirchultúrtha, ná an ráiteas misin agus spiorad sainiúil na scoile a mheasúnú.

## Eagraíocht agus bainistíocht na scoile

Éascaíonn an próiseas um phleanáil scoile beartais bhunúsacha a chur le chéile maidir le gnáthaimh agus le nósanna imeachta tábhachtacha d'eagraíocht agus de bhainistíocht laethúil na scoile. Cuidíonn comhsheasmhacht i bhforfheidhmiú na mbeartas comhaontaithe go mór le stiúradh éifeachtach na scoile. Comhshnaidhmeann an plean scoile raon réasúnach de bheartais ghinearálta a mhacasamhlaíonn an suíomh áirithe ina bhfeidhmíonn an scoil.

Féadtar go bhfuil beartais ag scoileanna ar

- chlárú agus iontrálacha scoile
- chód iompraíochta agus frithbhulaíochta scoile
- oideachas reiligiúnach
- pháirt tuismitheoirí sa scoil, agus tadhall baile-scoile-comhphobail
- dháileadh acmhainní speisialta
- mheasúnú
- fhreagrachtaí speisialta ag foireann na scoile
- chulaith scoile
- ithe sláintiúil
- thurais agus ar ghníomhaíochtaí breischuraclaim
- chomhpháirtíocht bhaile-scoile.

De réir an Achta Oideachais (1998), tá sé de dhualgas ar scoileanna uile a chinntiú go dtacaíonn an plean scoile le prionsabail comhionannais um rochtain agus um rannpháirtíocht. Ba cheart go macashamhlófaí na prionsabail sin i mbeartais ghinearálta eagrúcháin na scoile, agus ba cheart go leagfadh an plean scoile amach go foirmeálta na bearta a mholann an scoil trína ndéanfear na cuspóirí sin a chur i gcrích. Is é ceann de na bealaí le cinntiú go dtugtar aghaidh air sin ag céimeanna uile den phleanáil scoile agus den bheartais ná ceannteideal an Oideachais Idirchultúrtha a bheith ann do gach cuid de Phlean Scoile, agus do gach beartas a ardaítear ann. Mar chuid de phróisis phleanála, ba cheart tagairt a dhéanamh don

- Acht Oideachais (1998)
- Acht (Leasa) Oideachais (2000)
- Acht um Stádas Comhionann (2000).



## Curaclam agus measúnú

Tá an bealach ina mbainistíonn an scoil curaclam agus measúnú bunaithe ar phrionsabail agus ar ghnéithe lárnacha Churaclam na Bunscoile, a chuireann béim ar an tábhacht a bhaineann le hacmhainn gach páiste a fhorbairt go hiomlán agus le soláthar a dhéanamh i dtaobh difríochtaí indibhidiúla.

Ba cheart go mbeadh clár leathan churaclam na scoile cuimsitheach agus solúbtha go dóthanach le cinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais na bpáistí go léir. Is gné bhunriachtanach den phróiseas pleanála í pleanáil chomhoibríoch i dtaobh bhuntomhais idirchultúrtha sa churaclam agus méadaíonn sé ar eispéiris oideachasúla gach páiste. Soláthraíonn comhtháthú na dtéamaí idirchultúrtha i gclár churaclam na scoile deiseanna do pháistí saibhreas agus éagsúlacht shochaí a dhea-mheas agus réamhchlaonadh agus leithcheal a aithint agus a cheistiú.

Cuireann an t-oideachas idirchultúrtha gabháil le héagsúlacht cultúr chun cinn do pháistí as na grúpaí eitneacha agus reiligiúnacha go léir. Ba cheart go rachadh páistí ó ghrúpaí eitneacha mionlacha i bhfeasacht ar, agus dearcaidh idirchultúrtha a fhorbairt ar, éagsúlacht cultúr ag an am céanna agus sa chaoi chéanna agus a dhéanann páistí ón ngrúpa eitneach tromlach é sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara chomh maith nach bhfuil sé, de réir an Achta Oideachais (1998), “riachtanach d’aon dalta freastal ar cheacht in aon ábhar atá i gcoinne choinsias thuismitheora an pháiste nó sa chás go bhfuil an dalta ar ocht mbliana déag d’aois, atá i gcoinne choinsias an dalta”.
Féach Caibidil 04 d’eolas breise ar phleanáil ábhair cheachta agus Caibidil 06 do shonraí breise ar mheasúnú agus éagsúlacht chultúrtha.

## Oideachas idirchultúrtha san áireamh i réimsí uile de phleanáil scoile

Chomh maith le deimhin a dhéanamh de go bhfuil peirspictíocht idirchultúrtha i gceist agus eilimintí reatha an phlean scoile a athbhreithniú, caithfear aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna eile le cinntiú gur scoil chuimsitheach í an scoil. Áirítear iad siúd a leanas

- cur chuige idirchultúrtha agus frith-leithcheala a chomhshnaidhmeadh i bhforbairt foirne
- rochtain agus rannpháirtíocht chomhionann a chinntiú
- oideachas idirchultúrtha a chur chun cinn sa seomra ranga
- eachtraí ciníocha a thaifeadadh agus a thuairisciú
- timpeallacht shóisialta agus fhisiciúil chuimsitheach a chruthú sa scoil
- tacaíocht teanga a sholáthar
- láithriú aois-oiriúnach a sholáthar
- acmhainní oiriúnacha le haghaidh foghlama agus múinteoireachta a roghnú
- imeachtaí speisialta i bhféilirí na gcultúr éagsúil a cheiliúradh
- beartas cumarsáide a fhorbairt; laistigh den scoil, idir an scoil agus an baile, agus idir an baile agus an scoil
- cairt scoile a fhorbairt a cheiliúrann éagsúlacht agus a chuireann comhionannas chun cinn.

Cuirfidh próiseas athbhreithnithe, a fhéachann ar chleachtas na scoile mar fhreagra ar na saincheisteanna sin, ar chumas phobal na scoile tosaíochtaí soiléire forbartha a chur ar bun, agus gníomhaíochtaí sonracha de phleanáil ghnímh a dhéanamh chun soláthar oideachasúil a fheabhsú do na páistí go léir.

## Plean gnímh

Is féidir go roghnóidh an scoil freagra a thabhairt ar an riachtanas chun cultúr idirchultúrtha scoile a fhorbairt trí thosnú ar shamhail phlean gnímh mar a úsáidtear sna hábhair Tacaíochta um Fhorbairt Pleanála Scoile (sonraí le fáil ar www.sdps.ie). Is cáipéis oibre é an plean gnímh a chuireann síos ar, agus a dhéanann achoimre ar na rudaí riachtanacha atá le déanamh chun tosaíocht a fhorfheidhmiú agus a mheasúnú. Oibríonn sé mar threoir d'fhorfheidhmiú agus cabhraíonn sé le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar rathúnas. Is iad na buntáistí a bhaineann le plean gnímh a úsáid mar uirlis do chur chuige na scoile iomláine ná, go bhféadann ionadaithe ón gcomhphobal scoile iomláine páirt a ghlacadh in eilimintí difriúla an phróisis, go bhféadann an scoil obair a dhéanamh ar roinnt réimsí ag an am céanna le grúpaí difriúla ag obair ar éagsúlacht tascanna, agus go bhféadann an plean díriú isteach ar roinnt rudaí a chur i gcrích go tapaidh. B'fhéidir go bhfuil pleananna gnímh i bhfeidhm ag roinnt scoileanna cheana féin, agus féadtar, dá bhrí sin, go bhfuil siad réidh le cur chuige pleanála atá níos leithne.

Is iad roinnt de phríomhchodanna an phlean gnímh ná

- róil agus freagrachtaí na bpearsanra éagsúla maidir leis na gnímh a leagan amach
- acmhainní riachtanacha a aithint
- spriocanna agus critéir rathúnais a shocrú
- clár ama a shonrú
- nósanna imeachta le haghaidh fhaireacháin agus mheasúnuithe a chur i bhfeidhm.



**An plean gnímh a fhorfheidhmiú**

I ndiaidh phlean ghnímh a fhorbairt, beidh baill de phobal na scoile ag gabháil le próiseas an fhorfheidhmithe. Má bhaintear feidhm as samhail an phlean gnímh chun róil, spriocanna, critéir rathúnais, agus clár ama a aithint, éascóidh sé sin beartais na scoile a athrú go cleachtas. Ní tharlóidh na gníomhartha go léir ag an am céanna sa chéim fhorfheidhmithe. Pléitear le réimsí tosaíochta ar dtús, le cultúr na scoile ag éirí níos idirchultúrtha diaidh ar ndiaidh, le hobair ag dul chun cinn sna réimsí sin agus le díriú isteach ar réimsí eile oibre idirchultúrtha.

Tá seans go dtarlódh sé, le linn an fhorfheidhmithe, go n-ardaítear saincheisteanna nua ar a gcaithfear aird a thabhairt. Dá bhrí sin, caithfidh an forfheidhmiú a bheith solúbtha chun freagairt a thabhairt ar thosca atá ag athrú, agus ag an am céanna, cloí leis an misean agus na beartais a chomhshnaidhmeann peirspictíocht idirchultúrtha na scoile.

**Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar phlean gnímh na scoile**

Ba cheart go mbeadh nós imeachta le haghaidh faireacháin, athbhreithnithe, agus measúnaithe roimh dháta faoi leith a bheith mar chuid den phlean gnímh.

Ba cheart go gcuirfidh forfheidhmiú rathúil le

- níos mó feasachta ar shaincheisteanna idirchultúrtha a chur chun cinn
- páistí a chuidiú chun a n-acmhainn a chur i gcrích go hiomlán
- timpeallacht fhoghlama chuimsithí agus tacaíochta a chur chun cinn a chothóidh forbairt ar fhéinmheas na bpáistí go léir
- buanchruthanna a bhriseadh síos agus éagsúlacht a cheiliúradh.

Toisc go bhfuil an próiseas pleanála scoile ciorclach, beidh an measúnú seo mar bhonn eolais do chéim bhreise athbhreithnithe, phleanála, agus fhorfheidhmithe.

## Samhail phleanála um fhorbairt scoile a úsáid chun timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta scoile a fhorbairt a chuimsíonn na foghlaimeoirí go léir

Níl an t-oideachas idirchultúrtha teoranta d'ábhar amháin laistigh den churaclam, nó go deimhin don taithí foghlama laistigh den seomra ranga. Tá sé leabaithe i gcleachtais agus i dtograchtaí a dhéanann suas síonra an tseomra ranga agus na scoile, i ngnéithe uile shaol na scoile agus sa churaclam folaigh.

Cuirtear teachtaireachtaí tábhachtacha in iúl do chách a théann isteach sa scoil, más múinteoir, cuairteoir, tuismitheoir, nó páiste é nó í, trí thimpeallacht fhisiciúil agus shóisialta na scoile. Is scoileanna cuimsitheacha iad scoileanna le timpeallachtaí foghlama a mhacasamhlaíonn agus a léiríonn bród don teanga, don eitneachas, agus don éagsúlacht chultúrtha atá sainiúil in Éirinn. Mar sin, soláthraíonn siad tacaíocht d'fhéin-íomhá dhearfach na bpáistí go léir gan toradh ar a n-eitneachas, chomh maith le normáltacht na héagsúlachta a hathneartú do pháistí go léir. Áiríonn an timpeallacht seo taithí fhoghlama i seomraí ranga indibhidiúla, sa timpeallacht radharcach, sna hacmhainní foghlama atá le fáil i leabharlanna, sna gníomhaíochtaí breischuraclaim, sa timpeallacht teanga, i mbeartais scoile agus sa chaoi go bhforfheidhmítear iad, agus sa chaoi go gceiliúraítear imeachtaí speisialta. Féadtar na samplaí a luaitear i gCaibidil 04 ar phleanáil na timpeallachta fisiciúla sa seomra ranga a chur in oiriúint do phleanáil na timpeallachta scoile chomh maith.

Féadtar timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta na scoile cuimsithí a phleanáil tríd an bpróiseas pleanála um fhorbairt scoile. Sa sampla seo, cuirtear síos ar an gcéad dá chéim den tsamhail phleanála um fhorbairt scoile maidir leis an réimse seo. Éabhlóidh céimeanna a trí agus a ceathair (forfheidhmiú agus measúnú) nuair a dhruideann an próiseas i dtreo an chleachtais.

Is scoileanna cuimsitheacha iad scoileanna le timpeallachtaí foghlama a mhacasamhlaíonn agus a léiríonn bród don teanga, don eitneachas, agus don éagsúlacht chultúrtha atá sainiúil in Éirinn.



## Timpeallacht shóisialta agus fhisiciúil na scoile a athbhreithniú ón bpeirspictíocht idirchultúrtha

**Léaráid 3: Seicliosta an Athbhreithnithe ar Thimpeallacht na Scoile**
Cuir tic sa bhosca oiriúnach do gach ceist. Is ionann freagraí níos dearfa agus comhthéacs scoile níos idirchultúrtha. Aithníonn freagraí diúltacha deiseanna le haghaidh forbartha breise. Bain feidhm astu chun liosta a chur le chéile de na rudaí atá le déanamh agat, agus déan iarracht spriocdataí insaothraithe a shocrú chun réiteach a fháil ar na saincheisteanna sin.

| | | Tá | Tá ar bhealach | Níl fós |
|---|---|---|---|---|
| **Timpeallacht fhisiciúil** | An bhfuil cultúir éagsúla agus grúpaí eitneacha na hÉireann agus den scoil léirithe i bpictiúir, i gcomharthaí ilteangacha, agus in eilimintí eile de thimpeallacht fhisiciúil na scoile? | | | |
| **Timpeallacht shóisialta** | An bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun páistí nua a fháiltiú, chun cuidiú leo páirt a ghlacadh sa scoil, agus le cinntiú go ndearbhaítear a gcultúr sa timpeallacht? | | | |
| | An bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm le cinntiú go n-aithnítear inniúlachtaí agus riachtanais na bpáistí nua? | | | |
| | An bhfuil gnáthaimh agus ionchais na scoile curtha in iúl i slí go bhfuil na páistí go léir in ann iad a thuiscint? | | | |
| | An bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar eachtraí ciníocha? | | | |
| | An bhfuil éagsúlacht gníomhaíochtaí breischuraclaim le roghnú? | | | |
| | An bhfuil imeachtaí speisialta pleanáilte le bheith chomh cuimsitheach agus is féidir do na cultúir go léir sa scoil? | | | |
| | An bhfuil aitheantas tugtha do fhéilte tábhachtacha agus do laethanta speisialta na gcultúr go léir sa scoil? | | | |
| | An bhfuil féiniúlacht na ngrúpaí eitneacha mionlacha á dhearbhú i slí dhearfach? | | | |
| **Ag roghnú acmhainní** | An bhfuil modh ann chun imscrúdú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-íomhánna agus na dteachtaireachtaí i dtéascanna scoile agus in acmhainní eile? | | | |

## Timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta idirchultúrtha a phleanáil

Chomh luath agus atá athbhreithniú déanta ar thimpeallacht fhisiciúil agus shóisialta na scoile, is féidir samhail de phlean gnímh a úsáid chun timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta atá níos cuimsithí a phleanáil, a fhorfheidhmiú, agus a mheasúnú. Leagtar amach thíos roinnt de na príomhshaincheisteanna go bhféadann an grúpa taisc a chur san áireamh

**An timpeallacht fhisiciúil**
Áiríonn na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le pleanáil na timpeallachta fisiciúla

- éagsúlacht a léiriú mar chuid normálta de shaol na hÉireann agus den bheatha daonna
- cinntiú nach bhfuil léiriúcháin de ghrúpaí mionlacha ag díriú isteach ar imeachtaí suntasacha nó ildaite, mar is féidir go gcuirfeadh sé sin le buanchruthú agus go rachadh sé i gcoinne na haidhme chun normáltacht na héagsúlachta a léiriú
- cinntiú go mothaíonn na páistí go léir, gan toradh ar a ndath, ar a ngrúpa eitneach, ná ar a gcumas, go bhfuil siad sa bhaile agus go bhfuil siad léirithe sa scoil.

**An timpeallacht shóisialta a mheas**
Tá timpeallacht shóisialta an pháiste tábhachtach chomh maith le cinntiú go mothaíonn an páiste go bhfuil fáilte roimhe/roimpi agus go bhfuil sé/sí ar a s(h)uaimhneas sa scoil. Do pháistí uile, féadann teacht chuig scoil nua a bheith ina éispéireas strusúil agus spreagúil. Tá scoil mar eispéireas nua agus dúshlánach de bharr na ndifríochtaí idir an scoil agus an baile, cosúil le líon na bpáistí eile, cineál a gcaidrimh le daoine fásta, leis an timpeallacht fhisiciúil, agus le heagraíocht ama agus gníomhaíochta. I dtaobh páistí ó roinnt grúpaí eitneacha mionlacha (Síneach-Éireannach nó an Lucht Siúil mar shampla), féadann an t-easaontas idir thimpeallachtaí sóisialta, teangeolaíocha, agus cultúrtha an bhaile agus na scoile a bheith níos géire fós dóibh.

Do pháistí a tháinig go hÉirinn le déanaí, féadtar go gcuirtear le neamhchoitiantacht agus le strus an tsuímh. Fiú i gcásanna páistí níos sine, is féidir go gciallaíonn na difríochtaí idir eagraíocht oideachais in Éirinn agus ina dtír bhunaidh go bhfuil na chéad theagmhálacha le hoideachas Éireannach ina eispéireas mearbhaill. Faightear difríochtaí idir córais oideachais go minic

- in aois na bpáistí ag a dtosaíonn siad ar scoil
- sna hábhair agus sna topaicí a chlúdáitear
- in aois ag a gclúdáitear na hábhair
- sa chomhleanúint ina gclúdáitear iad
- sa chur chuige maidir le hobair bhaile
- i méid na fothraime nó gníomhaíochta atá inghlactha sa tseomra ranga
- sna stráitéisí múinteoireachta agus smachta a úsáidtear go coitianta
- i leagan amach fisiciúil agus i ndearadh na bhfoirgneamh scoile
- i bhfad an lae scoile.

Mar chuidiú le páistí, ba chuma faoi eitneachas a gcúlra, chun dul i dtaithí ar chóras nua oideachais agus ar scoil nua, ba cheart go mbeadh na cúraimí is mó i gceist ná

- timpeallacht a chruthú a thaithíonn an páiste mar thimpeallacht atá croíúil, fáilteach agus dearfach
- cur ar chumas an pháiste féachaint air nó uirthi féin agus a bheith feicthe ag daoine eile i mbealach dearfach sa seomra ranga
- cur ar chumas an pháiste bealaí na scoile agus an córas oideachais a fhoghlaim chomh luath agus is féidir.

**Nósanna imeachta scoile do pháistí nua**

Tá sé luachmhar am a chaitheamh ag míniú nósanna imeachta do pháistí nua agus dona dtuismitheoirí ag céim luath. Déan iarracht an méid is mó eolais a fháil amach ar na páistí nua atá ag teacht, faoi na hinniúlachtaí agus faoi na riachtanais faoi leith atá acu. Is féidir foirm chláraithe a fhorbairt a iarrann an fhaisnéis chéanna i dtaobh na bpáistí go léir gan toradh ar a n-eitneachas ná ar a gcúlra. B'fhéidir go dtagtar chun solais, i bplé le tuismitheoirí nó le caomhnóirí, roinnt saincheisteanna i dtaobh oideachais a bpáistí nach ceart a chur ar fhoirm mar seo (mar shampla, fuaimniú ainmneacha nó roinnt focal lárnach i gcéadtheanga an pháiste).

Áiríonn eolais tábhachtach

- fuaimniú ceart a ainm (nuair is féidir ainm an pháiste a fhuaimniú i gceart mar a úsáidtear é ag a gclann nó ag a gcoimeádaithe, gan é a ghiorrú nó gan leasainmneacha a úsáid, léiríonn sé sin dóibh agus do na páistí eile go bhfuil siad páirteach sa scoil, agus cé go bhfuil teanga dhifriúil acu, níl sí mí-normálta)
- cumais agus riachtanais theanga (ag cur san áireamh go bhfuil sé normálta go bhfuil dhá nó trí theanga ag daoine i dtíortha eile)
- roinnt focal lárnach ina gcéadtheanga, mar shampla, dia dhuit, fáilte romhat, maith thú / an-mhaith, más é do thoil é/go raibh maith agat, bain triail as, stop, srl.
- a reiligiún, agus tuiscint bhunúsach ar conas a chleachtaíonn siad é (ní chleachtóidh na baill uile d'aon reiligiún amháin a reiligiún sa chaoi chéanna), agus má tá impleachtaí aige sin do phleanáil an tseomra ranga (mar shampla, má tá teagmháil fhisiciúil idir pháistí mí-oiriúnach i nDrámaíocht nó i gCorpoideachas, má tá léiriúcháin ar an gcorp daonna nó ar shiombail reiligiúnacha mí-oiriúnach sna hAmharcealaíona, nó má tá popcheol mí-oiriúnach i gCeol)
- má tá aon ábhar nach mbeidh an páiste ag tógáil (de réir an Achta Oideachais, a deireann 'nach gá le haon dalta freastal ar theagasc in aon cheann de na hábhair atá i gcontrárthacht le coinsias thuismitheoir an dalta nó i gcás dalta atá thar 18 mbliana d'aois, le coinsias an dalta, nó nuair atá an páiste, faoi thosca áirithe, saor ó fhoghlaim na Gaeilge de réir Chiorcláin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta 12/96).

**Seicliosta: Cad í an fhaisnéis go mba cheart a bhailiú ar pháiste nua atá ag teacht isteach sa scoil?**

✓ Conas a fhuaimnítear i gceart ainmneacha an pháiste agus a dtuismitheoirí?

✓ Cad í an teanga /iad na teangacha atá ag an bpáiste, agus cad é a nó a leibhéal inniúlachta sa teanga/sna teangacha sin

✓ Conas a deireann tú roinnt nathanna cainte lárnacha i gcéadtheanga an pháiste, cosúil le beannacht, 'más é do thoil é/go raibh maith agat', 'bain triail as', 'maith thú/an-mhaith,' srl?

✓ An bhfuil ábhair nach mbeidh á dtógáil ag an bpáiste, agus cad a bheidh á dhéanamh aici nó aige le linn na dtréimhsí sin?

✓ Cad é reiligiún an pháiste, conas a chleachtaítear é, agus an bhfuil impleachtaí aige don scoil agus do phleanáil an tseomra ranga?

✓ An mbeidh saincheisteanna faoi leith i gceist do pháistí maidir le bia, seodra, nó le héadaí (mar shampla, raon na mblasanna ar a bhfreastlaítear ag bialann na scoile nó siombalachas an tsuaitheantais scoile ar an gculaith scoile)?

✓ An bhfuil aon chleachtas cultúrtha ann a rachaidh i bhfeidhm ar idirghníomhaíocht an tseomra ranga? An bhfuil gníomhartha a mheastar futhu go bhfuil siad mí-oiriúnach nó drochbhéasach i gcultúr bhaile an pháiste ach nach maslódh baill an ghrúpa eitnigh cheannasaigh, nó a mhalairt (tá lámh ar oscailt nó boinn na gcos a thaispeáint drochbhéasach i roinnt cultúr; féadtar páiste ag déanamh teagmhála súile le duine fásta a bheith drochbhéasach i roinnt cultúr san Afraic; i gcultúr an Lucht Siúil, is gnáthrud do pháistí labhairt amach go díreach agus go hoscailte le daoine fásta, rud a mheastar go minic mar dhrochbhéasanna i scoileanna; ceaptar go bhfuil duine ag seasamh an-ghar do dhuine eile drochbhéasach i gcultúir áirithe agus ceaptar go bhfuil sé normálta i gcinn eile, srl.)?


COMHIONANNAS

CAIBIDIL

# 04 Pleanáil Sheomra Ranga

B'é an príomhsmaoineamh ná... pé rud a bhí á dhéanamh againn cheana féin sa seomra ranga, a thógáil níos faide chuig an gcéad chéim eile trí eolas, scileanna agus dearcaidh oideachais idirchultúrtha a iniúchadh tríd na ceachtanna seo. Trí fhéachaint ar na deiseanna atá ann inár gceachtanna le haghaidh peirspictíochta idirchultúrtha, is féidir linn ár gceachtanna a dhéanamh idirchultúrtha go héasca... Tá na deiseanna le haghaidh peirspictíochta idirchultúrtha ann inár gceachtanna i gcónaí ach ní fheicimid go héasca iad muna lorgaímid iad.

Na múinteoirí atá bainteach leis an tionscamh, *Ag Ceiliúradh Difríochta: Comhionannas a Chur Chun Cinn*

Soláthraíonn an t-oideachas idirchultúrtha sochair do pháistí go léir, más baill de phobal an tromlaigh nó más baill de phobal an ghrúpa mhionlaigh eitnigh iad. Cé go bhféadtar go dtagann saincheisteanna chun solais sna seomraí ranga a bhaineann le páistí ó chúlraí mionlacha eitneacha, le riachtanais áirithe teanga nó le gá bac a chur ar leithcheal, mar shampla, beidh forbairt na timpeallachta idirchultúrtha sa seomra ranga luachmhar do pháistí go léir. Gan toradh ar phróifíl chultúrtha nó eitneach na timpeallachta scoile, cuideoidh sé lena dtuiscint ar normáltacht na héagsúlachta agus cuideoidh sé leo forbairt a dhéanamh ar a samhlaíocht, a scileanna smaoinimh bhreithiúnaigh, a gcumas chun réamhchlaonadh agus leithcheal a aithint agus a réiteach, agus ar a scileanna sóisialta.



## 4.1 Athbhreithniú ar thimpeallacht agus ar chleachtas an tseomra ranga

Féachann an chaibidil seo ar fhorbairt an tseomra ranga idirchultúrtha. Iniúchann sí an fhorbairt ar chomhthéacs idirchultúrtha i

- dtimpeallacht fhisiciúil an tseomra ranga a phleanáil
- dtimpeallacht shóisialta an tseomra ranga a phleanáil
- roghnú acmhainní
- bpleanáil chomhtháite théamúil den ábhar ceachta.

Mar a aithnítear i gCaibidil 02, níl oideachas idirchultúrtha teoranta d'aon réimse curaclaim amháin, ná go deimhin, do réimsí laistigh den 'churaclam foirmeálta'. Tá sé leabaithe i gcleachtais agus i dtograchtaí atá mar bhonn eolais do shíonra na scoile agus an tseomra ranga araon agus don 'churaclam folaigh'.

Féadtar an próiseas céanna a úsáidtear chun scoil idirchultúrtha agus chuimsitheach a phleanáil, ar a gcuirtear síos i gCaibidil 03 (próiseas an athbhreithnithe—an plean—an fhorfheidhmithe—an mheasúnaithe) a úsáid arís chun timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta an tseomra ranga a phleanáil agus chun ceachtanna a phleanáil chomh maith. Trí athbhreithniú a thosnú ar cad atá ann cheana féin, ba cheart go dtiocfadh deiseanna chun solais chun peirspictíocht idirchultúrtha a chomhtháthú agus a fhorbairt.

## Athbhreithniú an tseomra ranga

Bain feidhm as an gcleachtadh seo chun cleachtais reatha a athbhreithniú. Féadtar an t-athbhreithniú seo a bheith mar bhonn phlean gnímh sa seomra ranga.

| **Seicliosta athbhreithnithe ar an seomra ranga** | Cuir tic sa bhosca oiriúnach do gach ceist. Is ionann freagraí níos dearfa agus comhthéacs scoile níos idirchultúrtha. Aithníonn freagraí diúltacha deiseanna le haghaidh forbartha breise. Bain feidhm astu chun liosta a chur le chéile de na rudaí atá le déanamh agat, agus déan iarracht spriocdataí insaothraithe a shocrú chun réiteach a fháil ar na saincheisteanna sin. | **Tá** | **Tá ar bhealach éigin** | **Níl fós** |
|---|---|---|---|---|
| **Timpeallacht fhisiciúil** | An bhfuil na pictiúir, na fógraí, agus eilimintí eile de thimpeallacht fhisiciúil an tseomra ranga ag macasamhlú na gcultúr éagsúil agus na ngrúpaí eitneacha in Éirinn agus sa scoil, i mbealach reatha agus cruinn? | | | |
| **Timpeallacht shóisialta** | An bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun páistí nua a fháiltiú, mar chuidiú leo chun páirt a ghlacadh sa rang, le cinntiú go ndearbhaítear a gcultúr sa timpeallacht agus le cinntiú go n-aithnítear a gcumais agus a riachtanais? | | | |
| | An bhfuil gnáthaimh an tseomra ranga soiléir do na páistí go léir? | | | |
| | An bhfuil na páistí agus na múinteoirí in ann ainmneacha a chéile a fhuaimniú i gceart? | | | |
| | An bhfuil páistí ag glacadh páirteanna i ngníomhaíochtaí foghlama comhoibrí, a chuireann ar a gcumas láidreachtaí a chéile a aithint agus sochar a bhaint astu? | | | |
| | An bhfuil baill de ghrúpaí mionlacha eitneacha ag fáil dearbhaithe dhearfaigh i dtaobh a bhféiniúlachta? | | | |
| | An bhfuil straitéisí chun déileáil le hiompraíocht leithcheala measta agus curtha i bhfeidhm? | | | |
| | An bhfuil iompraíocht agus teanga oiriúnach a chinntiú sna hidirghníomhaíochtaí idir mhúinteoirí agus páistí curtha san áireamh? | | | |
| | An bhfuil timpeallacht tacaíochta cruthaithe d'fhoghlaimeoirí daratheanga? | | | |
| **Ag roghnú acmhainní** | An bhfuil modh ann chun imscrúdú a dhéanamh ar oiriúnacht íomhánna agus teachtaireachtaí atá mar chuid téascanna scoile agus acmhainní eile? | | | |

## Timpeallacht fhisiciúil an tseomra ranga a phleanáil

Tá na teachtaireachtaí a chuirtear in iúl trí thimpeallacht fhisiciúil na scoile tábhachtach. Is minic gurb iad na chéad theachtaireachtaí a fhaigheann na tuismitheoirí agus na páistí i scoil, agus leanann siad ar aghaidh mar shíorchuimhneachán ar áit an duine sa scoil. Tá seomraí ranga idirchultúrtha tréitheach mar thimpeallachtaí foghlama a mhacasamhlaíonn agus a léiríonn bród sa héagsúlacht teanga, eitneach agus chultúrtha atá mar shaintréith na Éireann. Is cleachtas é le fada in a lán bunscoileanna Éireannacha, Gaeilge agus Béarla araon a léiriú i dtimpeallacht fhisiciúil na scoile. Tá sé luachmhar an cleachtas seo a leathnú amach chun eilimintí eile d'éagsúlacht shaol na hÉireann a chur san áireamh. Soláthróidh sé tacaíocht do fhéin-íomhá dhearfach na bpáistí go léir gan toradh ar a n-eitneachas, chomh maith le normáltacht éagsúlachta a athneartú do na páistí go léir. Is iad cuid de na phríomhshaincheisteanna a bhaineann le pleanáil na timpeallachta fisiciúla sa seomra ranga ná

- éagsúlacht a léiriú mar ghnáthchuid de shaol na hÉireann agus den bheatha dhaonna
- cinntiú nach bhfuil léiriúcháin ar ghrúpaí mionlacha ag díriú isteach ar imeachtaí 'suntasacha' nó 'ildaite'
- Cinntiú go mothaíonn páistí go léir, gan toradh ar a ndath, ar a ngrúpa eitneach, ná ar a gcumas, go bhfuil siad sa bhaile agus go bhfuil siad léirithe sa scoil.

B'fhéidir go mba cheart aird a thabhairt ar na réimsí seo a leanas

- taispeántais sa seomra ranga
- bréagáin agus trealamh imeartha
- ábhair ealaíne
- leabhair.

Léiríonn taispeántas sa seomra ranga an éagsúlacht a bhain go stairiúil le saol mhuintir na hÉireann, agus is féidir leis an dea-thionchar a bhí ag daoine ó chúlraí difriúla do na healaíona, don eolaíocht agus don chultúír in éirinn a thaispeáint.

Ba cheart go léireodh **taispeántais sa seomra ranga** éagsúlacht in Éirinn i mbealach dearfach.

- Féadtar go n-áireoidh na híomhánna a thaispeántar léiriúcháin ar dhaoine ó chúlraí éagsúla eitneacha agus cultúrtha. Ba cheart dóthain íomhánna ó ghrúpaí mionlacha eitneacha a úsáid chun tiarnas an ghrúpa eitnigh tromlaigh in íomhánna na hÉireann sa saol laethúil a fhrithghníomhú. Ba cheart aire a thógáil le cinntiú go bhfuil léiriúcháin chothromaithe ann ar ghrúpaí aoise difriúla, gnéis dhifriúil, aicme sóisialta difriúla agus cumais dhifriúil.

- Ba cheart go roghnófaí na híomhánna chun saol reatha laethúil na ndaoine in Éirinn a mhacasamhlú go cruinn, in ionad a bheith ag díriú isteach ar imeachtaí ildaite amháin cosúil le féastaí nó féilte nó trí bhrath an iomad ar íomhánna ó thíortha eile. Cabhróidh sé sin le buanchruthanna a shárú.

- Féadtar go léireoidh taispeántais an tseomra ranga ról-chuspaí dearfacha ó na grúpaí éagsúla eitneacha, cultúrtha, gnéis, aicme sóisialta, agus cumais atá mar chuid na hÉireann.

- Ba cheart obair ealaíne agus taispeántais chultúrtha, obair fhéin na bpáistí san áireamh, a bheith tógtha ó raon traidisiún cultúrtha.

- Is cleachtas coitianta é le fada in a lán bunscoileanna Éireannacha comharthaí agus fógraí a scríobh i nGaeilge agus i mBéarla araon. Beidh sé luachmhar an cleachtas seo a leathnú amach chun aitheantas a thabhairt do theangacha eile na scoile. Ba cheart go macasamhlódh agus go n-athneartódh comharthaí, fógraí agus leabhair leabharlainne an éagsúlacht teanga atá sa seomra ranga agus go dtacódh siad le riachtanais na bhfoghalimeoirí daratheanga. Dá bhrí sin, féadtar comharthaí agus fógraí a bheith i raon teangacha (Gaeilge, Béarla agus, nuair is cuí, Cant/Gammon, Boisniach / Croáiteach / Seirbeach nó Yoruba).



Chomh maith leis sin, ba cheart go léireodh **bréagáin agus trealamh imeartha** éagsúlacht mar ghnáthstaid na beatha daonna.

- Is féidir éagsúlacht chultúrtha a léiriú i dtrealamh imeartha i réimsí cosúil le 'cearnóg bhaile' nó 'cistin shúgartha'. Ba cheart go mbeadh uirlisí difriúla cócaireachta agus ithe (cipíní itheacháin, sceana agus forcanna atá páiste-aireach, srl) bia, rudaí pearsanta (cosúil le cíora gruaige nó scaifeanna cinn ón Afraic, Eoraip agus ón Lár-Oirthear), nó rudaí a úsáidtear do cheiliúrthaí saoire mar ghnáthchuid na timpeallachta scoile.

- Ba cheart go léireodh bréagáin eile cosúil le bréagáin, bailte agus tomhais míreanna mearaí éagsúlacht na ngrúpaí eitneacha in Éirinn, a áiríonn bán, gorm, Meán-Mhuireach agus Áiseach. Mar shampla, ba cheart go macasamhlódh éadaí bréagán saol reatha laethúil na ndaoine in Éirinn in ionad a bheith ag díriú isteach ar 'fheisteas náisiúnta' na dtíortha eile. Ba cheart go soláthrófaí bréagáin fhirinscneacha agus bhaininscneacha araon. Tá leantóirí bréige agus suímh stadacha le fáil agus féadann siad eilimintí de chultúr an Lucht Siúil a mhacasamhlú.

Ba cheart go mbeadh **ábhair ealaíne** cosúil le péint, páipéar, taos, nó criáin le fáil i roinnt mhaith dathanna chun deis a thabhairt do pháistí raon dathanna craicinn a léiriú go réasúnta cruinn.

## Timpeallacht shóisialta an tseomra ranga a phleanáil

**Timpeallacht shóisialta chuimsitheach a thógáil ón gcéad theagmháil**

Aithnítear i gCaibidil 03 an gá le tacaíocht a thabhairt do pháistí ag iontráil scoile nua. Leathnóidh an tacaíocht seo go nádúrtha isteach sa seomra ranga. Ba cheart go gcinnteodh an múinteoir go bhfuil dóthain faisnéise aige / aici faoin bpáiste nua le cinntiú go bhfáiltítear an páiste go héifeachtach isteach sa seomra ranga. Féadtar an páiste a fháiltiú i mbealaí éagsúla:

- Páistí nua a chur in aithne i mbealach dearfach, ag díriú isteach ar a gcumais (‘labhrann Goran Croáiteach go líofa, agus labhrann sé roinnt Béarla chomh maith’) in ionad a bheith ag díriú isteach ar a riachtanais (‘ní labhrann Goran Béarla go maith’).

- Deiseanna struchtúrtha a sholáthar do pháistí nua chun obair a dhéanamh i gcomhoibriú le páistí eile. Nuair a cheadaíonn teanga, is féidir é sin a dhéanamh trí dhíriú isteach ar ghrúpghníomhaíochtaí sa chuid is mó de cheachtanna. Nuair nach bhfuil comhtheanga labhartha ann, tá gníomhaíochtaí ealaíne, ceoil nó drámaíochta ar fheabhas chun gabháil leis na cineálacha gníomhaíochtaí sin.

- Sna seachtainí tosaigh, más féidir, cuir iad siúd atá ag tosnú ar Bhéarla a fhoghlaim in aice le duine a labhrann a gcéadtheanga. Muna bhfuil éinne sa rang a labhrann a gcéadtheanga, féadtar go bhfuil sé oiriúnach ball eile de phobal na scoile a úsáid (páiste eile, mar shampla) a labhrann a gcéadtheanga mar chuid de ghrúpa le linn ranga an pháiste, ag am sosa nó ag uair éigin eile le linn an lae scoile. Féadtar deireadh a chur leis na socruithe sin tar éis roinnt seachtainí mar chúnamh don pháiste nua caidrimh a fhorbairt lena nó a c(h)omhdhaltaí ranga. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar thacaíocht teanga i gCaibidil 07.

- Gnáthaimh a chur ar bun sa rang atá soiléir agus sothuigthe agus gur féidir le páistí atá nua do chóras oideachas na hÉireann iad a fhoghlaim agus a thuiscint, nó atá ag foghlaim na teanga teagaisc mar dharatheanga. Soláthróidh sé sin bonn éigin muintearais, a cheadóidh do pháistí bealaí ina n-oibríonn an córas scoile a fhoghlaim. Is féidir gnáthaimh a dhéanamh amach d’acmhainní a dháileadh, d’obair bhaile a bhailiú, do bhogadh go codanna difriúla an tseomra ranga, do dhul lasmuigh nó go dtí an halla, agus d’obair bhaile a thabhairt.



- Tacaíocht a thabhairt do na páistí go léir sa seomra ranga i bhforbairt chomhphobail chuimsithigh sa seomra ranga (in ionad cinn ina gcoimeádann an múinteoir súil ar gach rud agus ina gcuireann an múinteoir bac ar leithcheal) trí aitheantas a thabhairt ar conas a chuireann páistí fáilte ar a chéile agus ar conas a chruthaíonn páistí muintearas. Féadtar go gciallódh sé sin go ndéanfadh na páistí amach straitéisí, a d’úsáidfeadh siad iad féin le cinntiú go gcuimsítear gach duine sa rang.

**Seicliosta: Cad é an fhaisnéis gur cheart a bhailiú faoi gach páiste nua ag teacht isteach sa rang?**

Tá seans ann gur bhailíodh roinnt mhaith den fhaisnéis seo ag iontráil an pháiste sa scoil. Ba cheart do mhúinteoirí rochtain ar an bhfaisnéis seo ón bPríomhoide nó ón oifig scoile agus ansin na ceisteanna a leanas a úsáid chun bearnaí san fhaisnéis a líonadh.

- ✓ Conas a fhuaimnítear ainmneacha na bpáistí agus a dtuismitheoirí i gceart?
- ✓ Cad iad na teangacha / cén teanga atá ag an bpáiste, agus cad é a / a leibhéal inniúlachta sa teanga sin / sna teangacha siúd.
- ✓ Conas a deireann tú roinnt príomhnathanna cainte i gcéadtheanga an pháiste, cosúil le beannacht, 'más é do thoil é / go raibh maith agat', 'bain triail as', 'maith thú / an-mhaith,' srl?
- ✓ An bhfuil ábhair nach mbeidh á dtógáil ag an bpáiste, agus cad a bheidh á dhéanamh aici nó aige le linn na dtréimhsí sin?
- ✓ Cad é reiligiún an pháiste, conas a chleachtaítear é, agus an bhfuil impleachtaí aige don scoil agus do phleanáil an tseomra ranga?
- ✓ An mbeidh saincheisteanna faoi leith i gceist do pháistí maidir le bia, seodra, nó le héadaí (mar shampla, raon na mblasanna ar a bhfreastalaítear ag bialann na scoile nó siombalachas an tsuaitheantais scoile ar an gculaith scoile)?
- ✓ An bhfuil aon chleachtas cultúrtha ann a rachaidh i bhfeidhm ar idirghníomhaíocht an tseomra ranga? An bhfuil gníomhartha a mheastar go bhfuil mí-oiriúnach nó drochbhéasach i gcultúr bhaile an pháiste ach nach maslódh baill an ghrúpa eitnigh cheannasaigh, nó a mhalairt. Tá lámh ar oscailt nó boinn na gcos a thaispeáint drochbhéasach i roinnt cultúr; féadtar páiste ag déanamh teagmhála súile le duine fásta a bheith drochbhéasach i roinnt cultúr san Afraic; i gcultúr an Lucht Siúil, is gnáthrud do pháistí labhairt amach go díreach agus go hoscailte le daoine fásta, rud a mheastar go minic mar dhrochbhéas i scoileanna; ceaptar go bhfuil duine ag seasamh an-ghar do dhuine eile drochbhéasach i gcultúir áirithe agus ceaptar go bhfuil sé normálta i gcinn eile, srl.

**Timpeallacht chuimsitheach an tseomra ranga a chothú**

Tarlaíonn oideachas idirchultúrtha go nádúrtha i saol laethúil an tseomra ranga. Tá sé níos dealraithí go bhforbraítear dearcaidh agus luachanna oiriúnacha ag páistí má tá na luachanna sin comhtháite ó lá go lá, ó nóiméad go nóiméad i saol an tseomra ranga, níos mó ná nuair a phléitear leo i gcomhthéacs ceachtanna. Go deimhin, tríd a gceisteanna, a ráitis agus tríd a n-iompraíocht, tabharfaidh na páistí deiseanna don mhúinteoir inniúlacht idirchultúrtha a iniúchadh agus a fhorbairt. Tá curaclam le foghlaimeoir-sa-lár bunaithe ar pháistí ag glacadh páirt i réimsí atá spéisiúil, ábhartha agus mar chúram dóibh féin. Féadtar é sin a dhéanamh trí fheidhm a bhaint as deiseanna a chuireann na páistí i láthair le linn an tsaoil laethúil sa rang.

> 'Is minic gurb iad na nóiméid idirchultúrtha is suimiúla ná na cinn neamhphleanáilte – nóiméid a thagann ó eachtraí sa scoil nó ó shaincheisteanna a d'ardaigh na páistí iad féin. Tairgíonn na heachtraí teagmhasacha nó na nóiméid neamhphleanáilte sin seans iontach le haghaidh comhrá agus is minic a sholáthraíonn siad na deiseanna is fearr le haghaidh oideachais idirchultúrtha.'
>
> Ráiteas ó mhúinteoir atá bainteach leis an tionscadal, *Ag Ceiliúradh Difríochta: Comhionannas a Chur Chun Cinn*

Beidh na hidirghníomhaíochtaí a tharlaíonn laistigh den seomra ranga deilbhithe ag sraith rialacha comhaontaithe i dtaobh iompraíochta sa seomra ranga, a threisíonn go mba cheart do bhaill an tseomra ranga gach duine a láimhseáil le meas. Treiseoidh an meas sin níos mó tríd é a athneartú i mionidirghníomhaíochtaí an tsaoil sa seomra ranga.

Is minic a thugann páistí freagairt ar éagsúlacht (mar shampla, i ndath craicinn, i ngnéithe fisiciúla, i dteanga, nó in ainmneacha) le míchompord, agus go n-aithníonn siad éagsúlacht mar rud mínormálta. Is féidir leo freagairt a thabhairt freisin as réamhchlaonadh. Féadtar go n-áireodh na freagairtí sin gáire, ainmneacha a ghlaoch, seachaint, nó ionsaí. Tairgíonn freagairtí mar sin deis chun obair idirchultúrtha a dhéanamh.

**Ag tabhairt aghaidh ar fhreagairtí mí-oiriúnacha don éagsúlacht sa rang, d'fhéadfadh an múinteoir**

- idirghabháil a dhéanamh ar an bpointe, in ionad neamhaird a thabhairt ar an eachtra nó fanacht le feiceáil an n-athróidh an t-iompraíocht ina haonar.

- soiléiriú go cineálta go bhfuil iompraíocht nó freagairtí faoi leith mí-oiriúnach trí thagairt a dhéanamh do rialacha comhaontaithe na hiompraíochta sa seomra ranga, agus é sin a dhéanamh i mbealach nach bhfágann páistí a bhí ag gabháil le leithcheal deis chun tarraingt siar ó chomhrá leis an múinteoir.

- tacaíocht a thabhairt don pháiste atá mar sprioc na hiompraíochta leithcheala, agus le meas oiriúnach ar íogair na bpáistí níos sine, athneartaigh iad le tagairt shonrach d'fhócas leithcheala na bpáistí eile. Mar shampla, má rinne páistí eile magadh dá / dá (h)ainm, athneartaigh iad go bhfuil a n-ainm go hálainn agus go dteastaíonn ó mhilliúin daoine ar fud an domhain an t-ainm céanna a bheith acu.

- cur ar chumas páistí a ghabhann le hiompraíocht leithchealach ionannú le conas a mhothóidís dá ndéanfaí leithcheal orthu sa chaoi chéanna.

- cabhrú le páistí aitheantas a thabhairt ar an gcúis go raibh siad míchompordach le difríocht. Mar shampla, aithnigh má tá míthuairim nó creideamh réamhclaonta taobh thiar dá ngnímh, agus tabhair aghaidh ar na cúiseanna ar an bpointe, agus más cuí, ar obair leanúnach.

(Tarraingíonn na moltaí seo ar an saothar le Derman-Sparks (1989), *Anti-bias Curriculum.*)

Féadann múinteoirí, tríd a n-idirghníomhaíocht le páistí, leideanna mí-oiriúnacha neamhbheartaithe a sholáthar do pháistí. Is féidir, mar shampla, go mbeadh deacracht acu ainmneacha páistí a fhuaimniú nó teanga oiriúnach a aithint chun tagairt a dhéanamh do ghrúpaí eitneacha cosúil le gan a bheith a fhios acu an ceart tagairt a dhéanamh ar dhuine mar dhuine gorm, mar dhuine bán nó mar dhuine den Lucht Siúil. Féadann múinteoirí smaointe neamhchomhfhiosacha a bheith acu faoi normáltacht lámhdhéantúsán cultúrtha (teaghlaigh 'normálta', bia 'normálta', stíleanna gruaige 'normálta', srl.). Chun cosc a chur ar theachtaireachtaí mí-oiriúnacha a sheachadadh go páistí go neamhaireach, tá sé luachmhar do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar a n-úsáid teanga féin agus ar a n-idirghníomhaíochtaí sa seomra ranga mar chuid den phróiseas athbhreithnithe ar thimpeallacht an tseomra ranga.

**Timpeallacht foghlama chomhoibrí a thógáil**

Tugann deiseanna foghlama comhoibrí deis do pháistí obair go dlúth le daoine ó ghrúpaí difriúla sóisialta, eitneacha, nó cumais. Ba cheart go dtiocfadh teagmháil rialta, eolach agus dhearfach as foghlaim chomhoibríoch, ina dtagann éagsúlacht scileanna agus inniúlachtaí de bhaill dhifriúla an ghrúpa chun tosaigh, agus ina dtugtar aitheantas orthu. Soláthraíonn teagmháil idirphearsanta mar sin príomhchomhthéacs foghlama do pháistí. Taispeántar go dtagann feabhas éifeachtach ar chaidrimh idir pháistí ó ghrúpaí difriúla má úsáidtear straitéisí foghlama chomhoibrí ghrúpa-measctha, gan toradh ar an ábhar a chlúdaítear. Trí fheidhm a bhaint as na straitéisí foghlama chomhoibrí ghrúpa-measctha, féadann gach ceacht deis a sholáthar do pháistí chun inniúlacht idirchultúrtha a fhorbairt, gan toradh ar a ábhar.

Ní dóthain é i gcónaí, daoine a chur i suíomh ina bhféadtar scil a chleachtadh, le cinntiú go bhfoghlaimítear é. Mar shampla, má chuirtear leabhair ar fáil, ní haon gealltanas é sin go léifidh duine iad. Tá sé sin fíor freisin maidir leis na scileanna sóisialta agus leis na cáilíochtaí a chuireann le hinniúlacht inphearsanta agus idirchultúrtha. Má eagraítear páistí go simplí i ngrúpaí, ní haon ghealltanas é sin go bhfoghlaimeoidh siad conas gabháil le foghlaim chomhoibríoch. Ba cheart go dtógtar aire le cinntiú go dtugtar deis do pháistí an tuiscint agus na cumais a aithint agus a fhorbairt, a chuirfidh ar a gcumas obair go cuiditheach mar chuid an ghrúpa (féach ar Eiseamláir 17). Áiríonn siad siúd:

- iompraíochtaí comhoibríocha sonracha cosúil le ceisteanna a chur, éisteacht, labhairt go soiléir agus go cruinn, cúiseanna a mhíniú

- gnáthmhodhanna sóisialta le haghaidh grúpoibre, cosúil le sealaíocht a dhéanamh ar rannpháirtíocht, gabháil le pleanáil, measúnú, agus le hoibriú i róil dhifriúla cosúil le mar chathaoirleach nó mar thaifeadóir

- an tuiscint agus na scileanna atá sonrach le coimhlint a réiteach, cosúil leis an luach atá ar thuairimí difriúla a aithint, coimhlintí tuairime a neamhphearsanú, spéiseanna coitianta a aithint agus deiseanna le haghaidh comhleasa a chruthú.

Nuair a eagraítear grúpai agus tascanna, tá sé tábhachtach le cinntiú go bhfuil deiseanna ann do dhaoine sna tascanna dáilte chun rannpháirtíocht dhearfach a dhéanamh don ghrúpa, agus nach bhfuil sé riachtanach go sainiúil ag éinne a bheith 'iompartha' ag an ngrúpa. Tá seans ann go mbeidh tacaíocht ón múinteoir ag teastáil nuair a oibrítear i ngrúpaí chun an chuimsitheacht seo a uasmhéadú.

**Timpeallacht thacúil teanga a chruthú**

Sainíonn teanga féiniúlacht an duine don chuid is mó. Sainítear Éire, agus sainíodh í go stairiúil, le héagsúlacht theangeolaíoch. Caitear raon teangacha na n-imiriceach le déanaí a chur leis sin. In Éirinn, tá dhátheangachas i nGaeilge agus i mBéarla mar chuspóir an bheartais náisiúnta agus oideachasúil le blianta fada. Athraíonn méid an dátheangachais seo, cé go sainítear é, i bhformhór na gcásanna, le cumas na gcainteoirí Béarla cumarsáid a dhéanamh as Gaeilge, go pointe áirithe. Tá an ceart do theanga féin a bheith agat tábhachtach chun cur ar chumas daoine féin-íomhá láidir dhearfach a fhorbairt. I gcoitinne, tá sé níos éasca do dhaoine smaoineamh casta a dhéanamh ina gcéadtheanga. Mar thoradh de chúiseanna eiticiúla agus oideachasúla, tá sé tábhachtach go luacháiltear agus go n-athneartaítear céadtheanga an pháiste i gcomhthéacs na scoile. Tá sé tábhachtach freisin timpeallacht a chruthú atá mar thaca le daratheanga a fhoghlaim.



Féadtar foghlaim i dtimpeallacht dhátheangach a bheith mar eispéireas dearfach do pháistí uile, agus tá sé mar phríomhghné d'oideachas bunscoile na hÉireann le fada an lae. Féadtar taithí ar éagsúlacht teangacha agus cultúr a bheith mar acmhainn thábhachtach chun inniúlacht idirchultúrtha a fhorbairt i bpáistí uile, gan toradh ar a n-eitneachas.

Féadtar aithint agus athneartú ar chéadtheanga an pháiste a bhaint amach trí

- roinnt focal nó nathanna cainte, cosúil le beannachtaí nó abairtí simplí teagasc a fhoghlaim i gcéadtheanga an pháiste
- dearcaidh dhearfacha a chur in iúl i dtaobh na héagsúlachta teangeolaí agus aitheantas a thabhairt ar chumais na bhfoghlaimeoirí daratheangacha, in ionad iad a aithint go bunúsach mar dhaoine le 'riachtanais teanga'
- acmhainní ilteangacha a sholáthar nuair is féidir.

Tá a lán taithí ag múinteoirí i scoileanna in Éirinn ag tabhairt tacaíochta do dharatheanga a fhoghlaim agus beidh taithí acu ar raon leideanna agus tacaíochtaí a úsáid a chuirfidh ar chumas páistí tuiscint a fháil ar an teanga atá á húsáid.  Féadtar feidhm a bhaint as gothaí, as modhanna neamh-labhartha eile cumarsáide agus as pictiúir mar thaca le foghlaimeoir daratheanga chun tuiscint a fháil ar an rud atá á rá. Is féidir le comhphobal an ranga a bheith mar acmhainn d'fhoghlaimeoirí daratheanga, agus d'fhorbairt inniúlachtaí tábhachtacha idirchultúrtha. Is iad roinnt de na stráitéisí chun é sin a dhéanamh ná

- cinntiú go dtuigeann na páistí go léir gur áit í an seomra ranga ina bhfoghlaimíonn siad teanga teagaisc i gcomhthéacs réimsí uile an churaclaim. Mínigh an tábhacht a bhaineann le timpeallacht thacúil ina bhfuil daoine in ann labhairt agus botúin a dhéanamh gan eagla orthu roimh mhagadh
- mol bealaí ina bhfuil páistí in ann a bheith mar thaca le nó mar chabhrú leis na comhghleacaithe ranga, cosúil le ráitis a athrá nó leagan cainte eile a úsáid, nó trí fheidhm a bhaint as gotha, pictiúir nó as focail scríofa
- bí i d'eiseamláir maidir le, agus déan ról-ghlacadh ar, straitéisí chun iarraidh ar shoiléireacht agus chun tuiscint a dheimhniú.

## 4.2 Ag roghnú acmhainní don seomra ranga

In a lán cásanna, ní gá do mhúinteoirí féachaint níos faide ná na cáipéisí curaclaim agus na téacsanna atá á n-úsáid acu chun na hacmhainní riachtanacha a fháil. Cuireann Curaclam na Bunscoile béim cheana féin ar pháistí a chuidiú chun forbairt a dhéanamh ar scileanna smaoinimh bhreithiúnaigh, ar an gcumas chun rudaí a fheiceáil ó raon peirspictíochtaí, ar an gcumas chun comhbhá a dhéanamh leo siúd le saolta atá difriúil óna gcinn féin, agus ar thoilteanas a bheith oscailte chun a ndearcaidh agus a dtuairimí a athrú.

Sa chás go dtairgíonn acmhainní reatha deiseanna teoranta chun difríocht a iniúchadh, chun comhionannas a chur chun cinn, nó chun scileanna smaoinimh bhreithiúnaigh a fhorbairt, féadtar é sin, mar atá sé, a mhúnlú mar acmhainn. Féadann múinteoirí ceisteanna a chur faoi pheirspictíochtaí atá in easnamh agus conas a fhéadtar na hábhair nó na himeachtaí céanna a léiriú nó a mheas i mbealaí difriúla, agus téacsanna a chur i gcomparáid le hábhair foinse eile, chun forbairt a dhéanamh ar chumas na bpáistí chun smaoineamh a dhéanamh ar an mbealach go gcuirtear faisnéis i láthair dóibh.

Tá raon acmhainní idirchultúrtha le fáil in Éirinn chomh maith le hacmhainní sna réimsí gaolmhara de chearta daonna, d'oideachas coimhlinte agus síochána agus forbartha. Táirgeann An tAonad Forbartha Oideachais de Chomhoibriú Forbartha na hÉireann (tugadh an Coiste Náisiúnta um Fhorbairt Oideachais, CNFC air roimhe seo) treoir ar na hacmhainní go bhféadtar a bheith áisiúil do mhúinteoirí. Táirgeann Pavee Point freisin liostaí d'acmhainní a chuireann comhionannas agus éagsúlacht chun cinn i scoileanna.

Is foinse áisiúil d'acmhainní oideachasúla é an Gréasán Domhanda. Is suíomh atá faoi stiúradh roinnt eagraíochtaí forbartha neamhrialtais Éireannacha agus an Aonaid Fhorbartha um Oideachas de Chomhoibriú Forbartha na hÉireann é http://www.developmenteducation.ie, ina bhfuil oideachas forbartha, agus acmhainní múinteoireachta a bhaineann le cearta daonna agus raon nascanna le suímh áisiúla eile. Tá liosta na suíomh sna treoirlínte seo mar acmhainn do mhúinteoirí go príomhá. Nuair a bhaintear feidhm as an idirlíon sa seomra ranga, tá sé tábhachtach go dtugann an múinteoir cuairt ar na suímh ghréasáin roimh ré le cinntiú go bhfuil an t-ábhar in oiriúint do pháistí, dá leibhéal ranga, agus don ábhar atá á iniúchadh. Do thuilleadh eolais ar úsáid agus ar mheasúnú an idirlín, más é do thoil é, déan tagairt do *Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Mhúinteoirí.*

### Ag roghnú agus ag úsáid téacsanna

Beidh an seicliosta a leanas áisiúil i roghnú agus i bhfeidhmiú téacsanna nó acmhainní le húsáid sa rang. Téann na saincheisteanna seo i bhfeidhm go cothrom ar acmhainní samhailteacha agus fíora. Mar shampla, ceisteanna maidir le léiriúchán éagsúlachta ar ghrúpaí eitneacha, baineann siad chomh mór le leabhar léitheoireachta as Béarla agus le téacsleabhar Tíreolaíochta.

**Ba cheart go ndéanfadh an acmhainn tuairimí réadúla faoi chúleolas na bhfoghlaimeoirí.**

✓ An áiríonn sé samplaí, scéalta nó léaráidí, atá tógtha ar a bhformhór ó chultúr amháin, nó an gcuirtear i láthair scéalta, samplaí agus léaráidí ar a bhfuil taithí ag grúpaí difriúla páistí óna saol sa bhaile?

✓ Má tá an t-ábhar claonta, conas is féidir leis an múinteoir idirghabháil a dhéanamh chun an bearna a líonadh idir phointe imeachta na bpáistí agus na hacmhainne?

**Ba cheart go ndéanfadh an acmhainn léiriú réadúil agus dearfach ar éagsúlacht ghrúpaí eitneacha ina téacs, léaráidí agus ina ceachtanna.**

✓ An bhfuil dóthain íomhánna ó ghrúpaí mionlacha eitneacha á úsáid chun tiarnas an ghrúpa eitnigh tromlaigh in íomhánna na hÉireann sa saol laethúil a fhrithghníomhú?

✓ An macasamhlaíonn na híomhánna roghnaithe saolta laethúla reatha daoine go cruinn? An bhfuil grúpaí mionlacha eitneacha nó daoine ó thíortha eile léirithe i mbealaí buanchruthacha? Mar shampla, an gcuirtear síos ar mhuintir na hAfraice mar dhaoine a mhaireann i mbochtanas agus a theastaíonn cúnamh, an gcuirtear síos ar Mheiriceánaigh Dhúchasacha don chuid is mó i dtéarmaí cogaí teorainneacha agus achrann, an gcuirtear síos ar ghrúpaí mionlacha don chuid is mó i dtéarmaí a bhféastaí nó a bhféilte?

✓ An léirítear grúpaí áirithe i dtéarmaí a mballraíochta den ghrúpa sin, amháin. Mar shampla, an léirítear an Lucht Siúil i gceisteanna matamaitice nó i scéalta, nó an dtagann siad isteach sa churaclam amháin nuair a bhíonn saincheisteanna mionlaigh á bplé?

✓ An mbaintear feidhm as téarmaí maslacha nó measúnaithe cosúil le barbartha/bunúsach/neamhghnáthach/glic/sleamhain/somhúinte chun cur síos ar dhaoine ó thíortha eile nó ar bhaill de ghrúpaí mionlacha eitneacha?

- ✓ An léirítear baill de ghrúpaí difriúla eitneacha, fir agus mná araon, ag gabháil le héagsúlacht ghníomhaíochtaí difriúla, cosúil le postanna difriúla, ag obair sa bhaile, ag déanamh gníomhaíochtaí fóillíochta, srl.?
- ✓ Má tá an t-ábhar atá le fáil claonta, conas is féidir leis an múinteoir feidhm a bhaint as ábhair cosúil leo siúd chun páistí a íogrú i dtaobh claonta in íomhánna agus i dtéacsanna?

**Ba cheart go mbeadh an claonadh san acmhainn inaitheanta agus soiléir.**

- ✓ An léiríonn an acmhainn cultúr daoine bána nó cultúr an mheánaicme nó stíleanna beatha faoi leith mar normálta? Mar shampla, i dtaobh théacs tíreolaíochta ag plé le tíortha Eorpacha, b'fhéidir go/nach nglacann sé leis nó go/nach n-aithníonn sé go bhfuil uimhreacha móra d'Eorpaigh ag teacht ó héagsúlacht cúlraí reiligiúnacha nó go bhhuil siad ina mbaill de mhionlaigh eitneacha, agus ag an céanna níl morán carachtair, má tá siad ann in aon chor, ó mhionlaigh eitneacha i scéalta leabhair ghrinn.
- ✓ An mbaintear feidhm as téarmaí maslacha nó measúnaithe go neamhchomhfhiosach mar chur síos neamhchlaonta? Mar shampla, féadtar cur síos a dhéanamh ar George Washington agus ar Mhícheál Ó Coileáin araon mar 'thírghrathóirí' nó mar 'sceimhlitheoirí', ag brath ar pheirspictíocht an duine. Ar an gcuma céanna, braitheann sé ar pheirspictíocht an scríbhneora cathain a chuirtear téarmaí cosúil le 'dul chun cinn' nó 'forbartha' i bhfeidhm ar chultúir dhifriúla.
- ✓ Má tá réamhthuairimí folaigh agus dearcaidh fholaigh in ábhair agus acmhainní, conas is féidir leis an múinteoir iad a úsáid chun páistí a spreagadh anailís bhreithiúnach a dhéanamh ar íomhánna agus ar théacsanna difriúla?

**Ba cheart go bhféadfadh an acmhainn saincheisteanna a ardú agus a phlé ar an gcomhionannas, ar an neamhionannas, ar chearta daonna, ar an leithcheal, ar shíocháin agus ar choimhlint, agus ar luach na héagsúlachta.**

- ✓ An bhfuil faisnéis nó scéalta san acmhainn a chuireann béim ar shaincheisteanna idirchultúrtha?
- ✓ An bhfuil ról-chuspaí dearfacha ann de dhaoine a ghlac páirt in achrainn ar son an cheartais, cosúil le ceannairí polaitiúla ar nós Gandhi nó Nelson Mandela, chomh maith le gnáthmhná, gnáthfhir agus gnáthpháistí?

**Lasmuigh d'achrainn ar son an cheartais, ba cheart go ndéanfadh an acmhainn tagairt do, agus cur síos ar, shaineolaithe agus dhaoine le húdarás a thagann as raon grúpaí eitneacha agus tíortha bunaidh, nuair is cuí.**

- ✓ An bhfuil na heolaithe, staraithe, polaiteoirí, nó na daoine eile a aithnítear mar dhaoine a chuir lenár ndomhan ag teacht ó héagsúlacht grúpaí eitneacha?
- ✓ An léirítear grúpaí mionlacha eitneacha amháin i dtéarmaí a mballraíochta den ghrúpa sin. Mar shampla, an léirítear daoine ón Ind nó Afra-Mheiriceánaigh ag cur le sochaí i raon leathan bealaí, nó an léirítear iad amháin mar dhaoine a throid ar son chearta an India nó na nAfra-Mheiriceánach?

Ba cheart go mbeadh léiriúchán cothromaithe dóthanach san acmhainn ar fhir agus ar mhná, ar dhaoine le haoiseanna difriúla agus ar dhaoine le míchumas.

## Feidhm a bhaint as scéalta chun páistí a spreagadh chun claonadh agus buanchruthú a aithint

Tá aitheantas ar chlaonadh agus ar bhuanchruthú mar phríomh-aidhm an oideachais idirchultúrtha. Léirítear é i mbealaí éagsúla trí réimsí curaclaim cosúil le Béarla, OSPS agus Stair. I gCuraclam na Bunscoile mar shampla, feictear ar stair, mar iniúchadh ar pheirspictíochtaí difriúla ar an am atá thart in ionad mar aithris ar fhíricí stairiúla. Sé atá i gceist leis an gcur chuige staire ná

- aitheantas ar pheirspictíochtaí difriúla ar imeachtaí stairiúla agus comhbhá stairiúil a fhorbairt (tuiscint ar phointe tuairime agus ar spreagthacht na bpearsana difriúla i gceist)
- tuiscint ar phróiseas na roghnaithe a chríochnaíonn le scéalta áirithe a insint faoin am a chuaigh thart agus neamhaird a dhéanamh ar chinn eile (mar shampla, uaireanta ag díriú isteach ar phearsana firinscneacha gan aird a thabhairt ar phearsana baininscneacha nó óga, nó trí dhíriú isteach ar dhaoine cáiliúla san am atá thart, gan aird a thabhairt ar shaolta na 'ngnáth'dhaoine).

Is é cúram lárnach an oideachais idirchultúrtha ná feasacht a ardú ar conas a mhúnlaíonn leasanna agus peirspictíochtaí difriúla an chaoi go n-insítear scéalta. Forbraíonn sé an cumas chun buanchruthú agus claonadh a aithint, agus féadann sé páistí a chumasú chun tosnú ar chiall a bhaint as an gcaoi gur thug ár stair, san am atá thart, neamhaird ar rannpháirtíochtaí dearfacha na gcultúr éagsúil agus na ngrúpaí éagúla do mhúnlú shochaithe na hÉireann nua-aimseartha agus an Iarthair chomhaimseartha agus na hEorpa comhaimseartha.

Féadann an eiseamláir thíos ag plé leis an bpearsa stairiúil, Pocahontas, a bheith mar bhonn oibre suimiúla ranga i roinnt réimsí curaclaim trí théamaí an chlaonta agus an bhuanchruthaithe a iniúchadh.

| **Eiseamláir 1** | **Cé hí an fíor-Phocahontas?** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| English | Developing cognitive abilities though language | Reading: Developing interests, attitudes, information retrieval skills and the ability to think<br><br>Oral language: developing cognitive abilities through oral language |
| OSPS | Mise agus an domhan mór | Oideachas na meán cumarsáide |
| Stair | Scéalaíocht | Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí go dtí a sé |
| **Aidhm** | páistí a chumasú chun gabháil le agus feidhm a bhaint as raon fianaise stairiúla go córastúil agus go breithiúnach |
| **Cur chuige agus modhanna múinte** | Léitheoireacht, comparáid, díospóireacht, comhrá, smaoineamh breithiúnach |
| **Cúlra** | Tá an phearsa stairiúil, Pocahontas, mar cheann de na gnáthphearsana i gcultúr coitianta Mheiriceá Thuaidh. Sna SAM, tá baint aici leis an bhféile Altaithe, a cheiliúrann conas a choimeád na Meiriceánaigh Thuaidh dhúchasacha na lonnaitheoirí coilíneacha beo le linn gheimhridh chrua trí bhia a thabhairt dóibh. Mar sin, is pearsa thábhachtach í agus tá grá uirthi i seanchas na SAM. Insíonn ceann de na scéalta is coitianta faoina saol, faoi conas a chuidigh sí le mairnéalach Sasanach, John Smith, a shábháil ó bhás ag lámha a hathar. Déantar aithris ar an leagan sin dá scéal sa scannán le Disney, Pocahontas.<br><br>Is ábhar a lán díospóireachta é an phearsa stairiúil, Pocahontas. Tá sé cuíosach deimhnitheach go bhfuadaíodh í ag lonnaitheoirí Sasanacha, gur phós sí lonnaitheoir níos déanaí, lonnaitheoir ar a dtugtar John Rolfe, agus thóg sé í leis go Sasana mar chuidiú lena ghnó tabac a chur chun cinn, gurbh ábhar mór fiosrachta ab ea í i Sasana, agus cosúil le Meiriceánaigh Dúchasacha eile, go bhfuair sí bás nuair a bhí sí cuíosach óg de dheascaibh galair a fuair sí ó Shasanaigh. Bhí sí 21 nó 22 bliain d'aois nuair a fuair sí bás. Níorbh fhada i ndiaidh a báis, go ndearnadh cinedhíothú ar fhormhór a náisiúin, náisiún Phowhatan, i gcogadh le lonnaitheoirí na cóilíneachta 'Jamestown'.<br><br>Níl sé cinnte gur shábháil sí John Smith óna hathair; níor inis sé an scéal go dtí go raibh cáil uirthi i Sasana, agus dealraíonn sé go raibh sé de nós aige a rá gur shábháil mná cáiliúla é. Ceistítear a lán gnéithe eile dá scéal, a mhoráltacht bhunúsach san áireamh. An bhfuil a scéal faoi chroí cineálta a thrasnaíonn teorainneacha ciníocha: an 'dea-Indiach' a ghníomhann do léitheoirí Bána mar chontrárthacht do na 'droch-Indiaigh' san 'iarthar fiáin', nó faoi chailín a fuadaíodh, agus cosúil le hIndiaigh eile, a fuair bás go hóg de dheasca na cóilíneachta Iartharaí? |

| | |
|---|---|
| **Acmhainní** | Raon cuntas ar shaol Phocahontas, curtha in oiriúint le bheith aois-oiriúnach. Féadtar teacht ar éagsúlacht cuntas ag<br>• An Cumann d'Ársaíochtaí Virginia a Chothú http://www.apva.org/history/pocahont.html<br>• Oifig an Bhainisteora Chontaetha, Contae Henrico, Virginia http://www.co.henrico.va.us/manager/pokeypix.html<br>• 'The Real Pocahontas' le David Morenus http://www.geocities.com/Broadway/1001/poca.html<br>• 'Pocahontas Myth' le Chief Roy Crazy Horse http://www.powhatan.org/pocc.html |
| **Modh múinte** | **1.** Déan nasc do cheacht ceoil nó do cheacht teanga labhartha ag úsáid an amhráin, *Colours of the Wind*, le Alan Menken agus Stephen Schwartz, ón scannán le Disney *Pocahontas*, a iniúchann buanchruthanna agus claonaigeantas, nó bain feidhm as comhrá an scannáin idir Pocahontas agus John Smith díreach roimh an amhrán, a iniúchann téama cosúil leis sin, agus a fhéachann ar chlaonadh i dtéarmaí 'duine bharbartha' agus 'duine shibhialta'. |
| | **2.** Tabhair, do gach páiste, dhá nó trí leagan difriúil ar shaol Pocahontas i dteannta le cárta-oibre le ceisteanna, a lorgaíonn ceisteanna fíora agus tuisceana níos airde i dtaobh an téacs. |
| | **3.** Iarr ar pháistí obair i mbeirteanna agus tabhair cárta oibre eile dóibh, a chuideoidh leo in iniúchadh a dhéanamh ar na difríochtaí idir na peirspictíochtaí atá mar bhunús gach leagain, tríd na ceisteanna seo a leanas a chur:<br>• Cad iad eachtraí an scéil lena nglactar go bhfuil fíor i ngach leagan?<br>• Cad iad na heachtraí a fhágtar ar lár i ngach leagan?<br>• An dtaispeánann na leaganacha difriúla claonadh an údair?<br>• Má thaispeánann, conas, agus muna dtaispeántar, conas a chuirtear an claonadh sin i bhfolach?<br>Tabhair tacaíocht do na páistí le linn a gcuid díospóireachtaí lena chéile trí cheisteanna a chur orthu. Tabhair cuireadh do na páistí a bhfreagraí a chosaint don rang iomlán, agus pléigh pointí aontais agus easaontais leo. |
| **Gníomhaíochtaí forleathnaithe** | **Stair**<br>Féadtar próiseas cosúil leis seo a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar chuntais iomaíocha ar phearsana stairiúla na Éireann. Mar shampla, féadtar comparáid a dhéanamh idir chuntas neamhphlámásach Shéamais Uí Chonghaile ar Dhónal Ó Chonaill *(ó Labour in Irish History)* le cuntais eile níos plámásaí.<br><br>**Ealaín**<br>Chomh maith léi a bheith léirithe in a lán bealaí i dtéacs, léirítear Pocahontas in a lán bealaí difriúla i bpéintéireacht agus in íomhánna. Féadtar roinnt íomhánna difriúla de Phocahontas a chur ós comhar na bpáistí agus is féidir iad a chur i gcomparáid le chéile i dtéarmaí a ndathanna, léiriúchán dá feistis/dá haghaidh agus an chomhthéacs ina léirítear í. |

| Eiseamláir 2 | An Fhrainc | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| Tíreolaíocht | Imshaoil dhaonna | Daoine agus críocha eile |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí go dtí a sé |
| **Aidhmeanna** | cuidiú le páistí iniúchadh a dhéanamh ar théama an chlaonta agus an bhuanchruthaithe trí mheasúnú a dhéanamh ar a gcuid réamhsmaointe féin faoi dhaoine agus faoi thíortha<br><br>foghlaim faoi agus teacht chuig luach a chur ar éagsúlacht daoine agus cultúr ar fud an domhain |
| | Do pháistí sa tríú, cheathrú, chúigiú nó sa séú rang, áiríonn curaclam na tíreolaíochta fócas ar thimpeallacht in Éirinn atá i gcodarsnacht le timpeallacht a mbaile féin, le tír na hEorpa agus le tír lasmuigh den Eoraip. Tugann an curaclam faoi deara gur ceann de na dúshláin is mó do mhúinteoirí ina gcuid oibre ná tuairim réamhsmaointe ar dhaoine agus áiteanna eile. Tá sé sin fíor ach go háirithe maidir le daoine neamh-Eorpacha, ach téann na buanchruthanna i bhfeidhm níos gaire do bhaile chomh maith.<br><br>Nuair a chuirtear ar bun go bhfuil an éagsúlacht mar ghnáthstaid sa domhan, féadtar scrúdú a dhéanamh ar an méid go bhfuil éagsúlacht mar ghné de thíortha Eorpacha, agus féadtar iniúchadh a dhéanamh ar an méid go raibh tionchar ag tíortha Eorpacha ar a chéile le himeacht na mblianta. |
| **Modh múinte** | **1.** Scríobh na focail, An Fhrainc ar an gclárdubh agus iarr ar pháistí gach atá ar eolas acu faoin bhFrainc a aithint. Féadfaidh an múinteoir na páistí a stiúradh le ceisteanna sonracha cosúil le: Cén cuma atá ar Fhrancach? Cá bhfuil an Fhrainc? Taifeadann sí/sé a bhfreagraí ar an gclárdubh ansin.<br><br>**2.** Cuir na páistí i ngrúpaí agus abair leo arís faoi na bunrialacha do ghrúpobair. Tabhair amach cártaí oibre ar an bhFrainc. Áirítear cártaí samplacha oibre thíos. Tabhair amach bileog ceisteanna le meascán oiriúnach de cheisteanna fíora agus díospóireachta. Téann an múinteoir timpeall an ranga, ag tabhairt tacaíochta do dhíospóireachtaí gach grúpa.<br><br>**3.** Leis an rang iomlán, tabhair athchuairt ar an dearcadh ar an bhFrainc a bhí acu i dtosach. Ar tháinig athrú ar a ndearcadh, agus má tháinig, pléigh leo conas a tháinig an t-athrú sin air. Má tháinig athrú air, pléigh leo cad as a dtáinig na smaointe a bhí acu roimhe seo. |

## Téacsanna samplacha do chártaí oibre ar an bhFrainc

### An Fhrainc–An domhan i dtír amháin

**Daonra**
59,766,000

**Grúpaí Eitneacha**
Tromlach Bán Francach, Bascacha Francacha, Vítneamaigh Francacha, Afraicigh Thuaidh Francacha

**Reiligiúin**
Caitliceach Rómhánach 85%, Protastúnach 2%, Giúdach 1%, Moslamach 8%, gan baint ar bith le reiligiún 4%

**Teangacha**
Cé go labhrann gach duine Fraincís, tá daratheanga ag roinnt daoine, go minic cánúint réigiúnach cosúil le Provencal, Briotáinis, Alsásach, Corsaiceach, Catalan, nó Bascais. Féadtar go labhraíonn muintir Fhrancach san Afraic Thuaidh Araibis chomh maith.

**Cá bhfaighfeá an Fhrainc?**
Don chuid is mó in Iarthar na hEorpa, ach tá roinnt talún ag an bhFrainc sa Mheiriceá Theas, san Afraic agus san Áis atá mar chuid den Fhrainc agus tá na rialacha céanna i bhfeidhm ann agus bíonn daoine ag vótáil sna toghcháin chéanna le muintir na Fraince ar mhíntír na Fraince. Áiríonn sé sin (i dteannta ceann eile) **Guáin na Fraince** (sa Mheiriceá Theas, ó thuaidh den Bhrasaíl), **Reunion** (san Aigéan Indiach, soir ó Madagascar, ar chósta na hAfraice), **Guadaloupe** agus **Martinique** (sa Mhuir Chairib) agus **Polainéise na Fraince** (san Aigéan Ciúin Theas).

### Zizou

Ba as an Algéir iad tuismitheoirí Zinedine Zidane. Rugadh é i gceantar bocht i Marseille. I Marseille, is minic a dhéantar leithcheal ar dhaoine ó áiteanna cosúil leis an Algéir san Afraic Thuaidh agus is minic nach maith le Francacha eile iad. D'éirigh le Zinedine (tugann muintir na Fraince an leasainm 'Zizou' air) an drochmheas sin a shárú agus tá an-ghnaoi ag muintir na Fraince air anois.

Thuill sé cáil air féin mar pheileadóir agus d'imir sé do dhá cheann de na clubanna is cáiliúla sa domhan, Juventus agus Real Madrid. Is é a ghradam is mó, áfach, ná a bheith mar chaptaen ar fhoireann na Fraince a bhuaigh an cluiche ceannais 3-0 i gcoinne na Brasaíle, sa Chorann Domhanda 1998. Fuair Zizou dhá cheann de na cúil agus ainmníodh é mar fhear an chluiche. I ndiaidh an chluiche, tháinig níos mó ná milliún duine amach i bPáras chun an bua a cheiliúradh. Cuireadh teilgean d'aghaidh Zizou ar leachtaí cáiliúla na Fraince, agus chan an slua, 'Merci Zizou' (Go raibh maith agat, Zizou).

Mhacasamhlaigh an fhoireann Fhrancach ar a raibh sé i gceannas an éagsúlacht mhór atá ann san Fhrainc. Ba as an Algéir iad tuismitheoirí Zizou, tháinig muintir Youri Djorkaeff ón Airméin, tá bunaidh Afraiceacha ag Patrick Vieira, Marcel Desailly, Lilian Thuram agus Thierry Henry go léir, agus tagann Biexente Lizarazu ón gceantar Bascach. Nuair a chuireann an Fhrainc gáir mhór mholta aisti do *'Les Bleu'* (Na Gormacha) cuireann sí gáir mhór mholta do Ghormacha de dhathanna agus de bhunaidh éagsúla.

**An labhrann tú Fraincís, Laidin, Gaeilge, Angla-Sacsanach, nó Danmhairgis?**

D'fhás an teanga Béarla as na teangacha difriúla a bhí ann sa Bhreatain mheánaoiseach. D'áirigh siad teangacha na n-Anglach, na Sacsanach agus nDanmhargach (as a bhfuil an Ghearmáin agus an Danmhairg anois) agus na bhFrancach, chomh maith le teangacha Ceilteacha na nÉireannach, na mBreatnach agus na nAlbanach. Go deimhin, le céadta, bhí an Fhraincís mar theanga oifigiúil ag Sasana. D'fhorbraigh an Fhraincis féin, cosúil le Spáinnis agus le hIodáilis ó bhunadh Laidine a labhraíodh ar fud na hImpireachta Rómhánaí.

Nuair a labhraimid Béarla, is minic a bhainimid feidhm as focail de bhunadh na Fraincise, uaireanta i ngan fhios dúinn.

Muna raibh na Francaigh ann, ní bheimís in ann dul go dtí dance, agus dá mbeimís ann ní bheadh aon toilet ann. Dá mbeadh bearradh gruaige uait roimh an damhsa, ní bheadh aon barber chuige.

**Cad a thug na Francaigh dúinn riamh?**

Lasmuigh den teanga, is iad cuid de na rudaí eile a tógadh ó na Francaigh ná:

**Bia:** Tá an-chuid de na stíleanna cócaireachta atá de nós againn de bhunadh Fraince. Tá sé sin fíor ach go háirithe i mbialanna (focal eile Fraincíse, *restaurant*), ina mbíonn a lán bealaí cócaireachta tógtha de bhunadh na Fraince.

**Scéalta:** Ar smaoinigh tú riamh cad as a tháinig scéalta cosúil *Little Red Riding Hood, Puss in Boots*, *Cinderella* agus *Sleeping Beauty* ar dtús? Scríobh na deartháireacha Grimm sa Ghearmáin síos in 1812 na leaganacha de na scéalta sin ar a bhfuil aithne agus grá inniu. Fuair siad iad ó scríbhneoir Francach darbh ainm Charles Perrault a scríobh síos iad sna 1690í.

**Córas Rialtais:** Tagann coincheap na Poblachta, mar a thugtar air anois, ón Fhrainc. Chuir réabhlóid na Fraince i 1789 tús le Poblacht na Fraince bunaithe ar smaointe na saoirse, an chomhionannais agus an chomhaltais. Tugadh an barrshamhail Phoblachta sin go hÉirinn agus bhí sí taobh thiar d'Éirí Amach Wolfe Tone in Éirinn i 1798. Fógraíodh Éire mar phoblacht ar 18ú lá d'Aibreán, 1949.






## 4.3 Pleanáil théamúil chomhtháite ar ábhar ceachta

Tá ábhar an oideachais idirchultúrtha leabaithe i gCuraclam na Bunscoile. Féadtar déileáil le hoideachas idirchultúrtha i modh tras-churaclaim a chuimsíonn na réimsí ábhair go léir. Soláthraíonn comhtháthú faisnéise trasna an churaclaim taithí fhoghlama níos cuimsithí agus níos saibhre don fhoghlaimeoir. Tá sé níos dealraithí go bhforbróidh páistí dearcaidh agus luachanna oiriúnacha má tá siad comhtháite leis na hábhair go léir agus le saol iomlán na scoile, in ionad aghaidh a thabhairt orthu ina phíosaí nó i bhfaisean ‘aon uaire’ amháin.

Cé go bhféadtar comhtháthú a phleanáil i roinnt bealaí, ceapann a lán múinteoirí go bhfuil cur chuige téamúil ar phleanáil áisiúil. Soláthraíonn sé seo modhanna dóibh le cinntiú go bhfuil eolas, tuiscint, scileanna, cumais, luachanna agus dearcaidh oiriúnach(a) á sealbhú le linn an ama dhiscréidigh a thugadh do réimsí curaclaim cheana féin.

Cuirtear síos ar chur chuige do phleanáil chomhtháite ábhar an churaclaim go sonrúil sna *Treoirlínte ar Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte* (lch 40). Éascóidh cur chuige mar sin cuimsitheacht an ábhair idirchultúrtha mar chuid normálta agus laethúil d’fhoghlaim an pháiste in ionad am discréideach a chaitheamh ar oideachas idirchultúrtha ar an gclár ama.

Cuirfidh pleanáil mar sin san áireamh (a) síonra an tseomra ranga (b) cur chuige múinteoireachta (c) cuir chuige measúnaithe agus (d) ábhar ceachta. Tríd na codanna sin go léir a chur san áireamh sa phróiseas pleanála, féadann gach ceann páirt a ghlacadh le cinntiú go gcuirtear na haidhmeanna foghlama i gcrích go hiomlán.

Mar thaca le comhtháthú, agus le heolas, tuiscint, scileanna, cumais, luachanna agus dearcaidh idirchultúrtha a mhúineadh, cuirtear ábhar an oideachais idirchultúrtha i láthair i gcomhthéacs cúig théama. Téann na téamaí seo thar a chéile agus tá siad comhghlasálta: ní codanna deighilte eolais iad. Le chéile, aithníonn siad cad ba cheart a bheith mar aidhmeanna an oideachais idirchultúrtha mar a mhúintear é tríd an gcuraclam.

**Soláthraíonn comhtháthú faisnéise trasna an churaclaim taithí fhoghlama níos cuimsithí agus níos saibhre don fhoghlaimeoir.**

Is iad na téamaí ná:

- Féiniúlacht agus Muintearas
- Cosúlacht agus Difríocht
- Cearta agus Freagrachtaí Daonna
- Leithcheal agus Comhionannas
- Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint.

Tá an t-ábhar seo ábhartha do pháistí uile gan toradh ar a n-eitneachas ná ar a gcúlra cultúrtha. Athróidh na bealaí ina gcuirtear i láthair é ó sheomra ranga go seomra ranga, mar is cuí.

Mar thoradh ar chineál bíseach, forbarthach agus comhtháite an churaclaim, tugtar aghaidh ar roinnt snáitheanna agus snáithaonad ag leibhéil na ranganna go léir ó naíonáin go rang a sé. Beidh sé riachtanach do mhúinteoirí obair a dhéanamh i modh atá aois-oiriúnach, chun aidhmeanna foghlama an churaclaim ag gach leibhéal a chur san áireamh. Cé go bhfuil na heiseamláir sna treoirlínte seo dírithe ar leibhéil shonracha aoise, féadtar an-chuid díobh a chur in oiriúint le húsáid le leibhéil ranga eile.





## Féiniúlacht agus muintearas

Aithníonn an curaclam go bhfuil tuiscint ar an bhféiniúlacht Éireannach mar phríomhshaincheist in oideachas na bunscoile agus go bhfuil, dá bhrí sin, ceart ag páistí tuiscint a fháil ar, agus a bheith rannpháirteach, i léirithe cultúrtha, teangeolaíocha, sóisialta agus ealaíne éagsúla ar an Éireannachas. Aithnítear an t-aitheantas ar an rannpháirtíocht atá déanta ag na comhphobail dhifriúla do shaibhreas na héagsúlachta in Éirinn chomhaimseartha mar phríomhaidhm fhoghlama an churaclaim. Aithníonn sé sin go bhfuil an éagsúlacht tréitheach i ngrúpaí a ghlactar futhu go bhfuil siad ‘muinteartha le’ hÉirinn.  Mar a dúradh i gCaibidil 01, tá sé sin fíor maidir le hÉirinn chomhaimseartha agus stairiúil araon. Féadtar go gciallaíonn an t-aitheantas seo, i gcleachtas, go ndéantar iniúchadh ar raon leathan chultúr na hÉireann i dteangacha na Gaeilge agus an Bhéarla, agus níos mó i dteangacha eile freisin. Beidh sé thar a bheith tábhachtach do pháistí ag leibhéil shinsearacha sa bhunscoil, go rachaidh siad i bhfeasacht ar na coincheapa ar a bhfuil ár gcultúr náisúnta polaitiúil bunaithe (ceart, daonlathas, comhionannas, cearta, srl.), chun cur ar a gcumas ciall a bhaint as a bhféiniúlacht, go stairiúil agus sa lá atá inniú ann.

Cosúil leis sin, aithnítear na nascanna le cultúr na hEorpa agus le feasacht chothromaithe agus eolach ar éagsúlacht na daoine agus na dtimpeallachtaí sa domhan mar phríomhshaincheist freisin in oideachas na bunscoile. Cuireann feasacht mar sin le forbairt phearsanta agus shóisialta na bpáistí mar shaoránaigh na hÉireann, na hEorpa agus an chomhphobail dhomhanda idirchultúrtha. Cuirfidh aitheantas ar na nascanna idir chultúir agus teangacha na hÉireann agus cultúir agus teangacha na dtíortha Eorpacha eile (mar shampla, na nascanna idir Gaeilge, Breatnais, Briotáinis agus Gaelige na hAlban), ar chumas an pháiste tuiscint dhearfach láidir ar fhéiniúlacht náisiúnta a fhorbairt, gan féachaint air mar rud atá naimhdeach d’ionannais eile.

Tá forbairt ar fhéin-thuiscint dhearfach lárnach don oideachas idirchultúrtha, agus go deimhin don oideachas i gcoitinne. Tá seans ann go mbeidh baill de ghrúpaí mionlacha eitneacha ar a ndéantar leithcheal, nó ag a bhfuil cultúr agus slí bheatha nach léirítear mar normálta ná mar an ghnáthstaid ina dtimpeallacht, i mbaol féin-mheas íseal a fhorbairt nó go mbeidís ag iarraidh a n-oidhreachta fisiciúla nó cultúrtha a dhiúltiú. Mar shampla, b’fhéidir nár mhian le roinnt páistí den Lucht Siúil a bheith aitheanta mar Lucht Siúil de dheasca na n-íomhánna diúltacha den Lucht Siúil atá feicthe acu, agus b’fhéidir go bhforbródh roinnt páistí gorma dearcaidh dhiúltacha i dtaobh dhath a gcraicinn mar thoradh de thiarnas daoine bána i léiriúcháin ár gcultúir ar an áilleacht. Tá baol ann chomh maith go ndéantar nasc idir féin-mheas na mball den ghrúpa eitneach tromlach agus tuiscint i dtaobh normáltacht nó thiarnas a gcultúir. Forbrófar an tuiscint ar fhéin-mheas do pháistí óga nuair a théann siad i bhfeasacht ar a dtréithe fisiciúla agus cultúrtha (a gcultúr baile, a ndath craicinn, srl.) agus ar an tuiscint go bhfuil a dtréithe féin agus tréithe daoine eile ar chomhluach. Is í an fhéin-thuiscint dhearfach seo mar dhuine aonair, mar bhall de ghrúpa cultúrtha nó eitneach, agus mar bhall de shochaí idirchultúrtha, a fhorbrófar níos mó sna páistí go léir le linn a gcuid scolaíochta.

**Féiniúlacht agus muintearas**

### Scileanna agus cumais

- Scileanna inphearsanta
- Scileanna idirphearsanta
- Cumas chun gabháil leis an bpróiseas daonlathach

### Luachanna agus dearcaidh

- Meas ort féin: luach a chur ar do ghrúpa féin agus ar féiniúlacht aonair
- Meas ar dhaoine eile: luach a chur ar éagsúlacht chultúr agus léiriúchán
- Tiomantas do phrionsabail dhaonlathacha: ag aithint go bhfuil an ceart ag cách éisteacht a fháil agus go bhfuil gach duine freagrach as bheith ag éisteacht le daoine eile
- Creideamh i gcumas an duine aonair difríocht a dhéanamh

### Eolas agus tuiscint

- Tuiscint ar éagsúlacht oidhreachta na hÉireann agus ar na rannpháirtíochtaí a rinne grúpaí difriúla do shochaí nua-aimseartha na hÉireann
- Eolas faoi chultúir Eorpacha agus eile
- Tuiscint ar na rannpháirtíochtaí a rinne glúine na hÉireann do shochaithe timpeall an domhain

| Eiseamláir 3 | Ag meascadh péint—Tá mé go hÁlainn | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| Na hAmharcealaíona | Péint agus dath | Péinteáil |
| OSPS | Mise | Féinaithne |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a haon agus a dó |
| **Aidhm** | féin-mheas dearfach a fhorbairt trí áilleacht gach páiste a athneartú<br><br>is tasc tábhachtach é do pháistí foghlaim gur maith leo iad féin mar dhaoine. Is gníomhaíocht luachmhar idirchultúrtha í cur ar chumas páistí éagsúlacht dathanna chraicinn a aithint agus a fhoghlaim go bhfuil siad go léir ar chomh-áilleacht |
| **Modh múinte** | 1. Spreagadh: Ag baint feidhme as scáthán, nó as páirtnéir, iarr ar na páistí féachaint ar aghaidheanna a chéile go mion. Dírigh isteach ar dhathanna an chraicinn, na súile agus na gruaige, ach go háirithe. Déan cur síos ar, agus ainmnigh, na dathanna. Aithnigh má tá níos mó ná dath amháin i gceist (i súile nó i ngruaig duine, mar shampla).<br><br>2. Gníomhaíocht: Ag baint feidhme as dathanna oiriúnacha gur féidir a mheascadh i mbealach eilimintiúil, iarr ar na páistí dathanna a mheascadh atá mar an gcéanna le dathanna a gcraicinn / gcraiceann. Ag baint feidhme as an dath measctha, péinteálann na páistí aghaidh. Má tá an t-am ann, iarr orthu péint a mheascadh chun cur síos ar dhathanna súile agus gruaige.<br><br>3. Measúnú: Bí ag caint faoi gach pictiúr. Dírigh isteach ar agus déan cur síos ar éagsúlacht na ndathanna craicinn (gan dearmad a dhéanamh ar an bhfíric go bhfuil éagsúlacht mhór sna dathanna ar a dtugtar 'bán'), na ndathanna súile agus na ndathanna gruaige. Pléigh leis na páistí an chaoi ina bhfuil a ndathúlacht féin go huathúil agus go hálainn.<br><br>4. Bailchríoch: Cuir obair na bpáistí ar an mballa, le teideal cosúil le 'Is mé mé. Tá mé go hálainn'. |

| **Eiseamláir 4** | **Gan dídean–malartú cultúrtha i gCeol** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| Ceol | Éisteacht agus freagairt | Éisteacht le ceol agus freagairt dó |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a cúig agus a sé |
| **Aidhm** | iniúchadh a dhéanamh ar conas a fhaigheann ceol na hÉireann agus ceol ó chultúir eile iasachtaí óna chéile, trí chosúlachtaí agus difríochtaí a chur i gcomparáid le chéile<br><br>Tugann curaclam an cheoil faoi deara go mba cheart go gcuirfidh an clár éisteachta do pháistí samplaí de cheol ó thíortha eile san áireamh. Ba cheart go léirítear an ceol mar cheol ag a bhfuil brí áirithe nó tábhacht do dhaoine eile, agus ba cheart go ndéanfadh an múinteoir iarracht mothú údarachta a chruthú. |
| **Modh múinte** | Cé go gceapann daoine uaireanta go bhfuil a 'dtraidisiúin' uathúil dóibh, i ndáiríre, fuair cultúir iasachtaí, agus d'fhoghlaim siad, óna chéile le tréimhse fhada ama. Mar shampla, uirlisí ar a seinntear ceol traidisiúnta na hÉireann, faightear iad i dtraidisiúin cheolmhara Eorpacha eile chomh maith (an fhidil, an fheadóg mhór, an chláirseach, na píopaí, srl.) Cuireann feasacht ar chosúlachtaí cultúrtha mar sin béim ar an luach atá in éagsúlacht chultúrtha agus cuireann sé béim ar an gcumas chun foghlaim ó ghabháil le cultúir eile.<br><br>Chun a thaispeáint do pháistí conas a fhaigheann traidisiúin cheolmhara dhifriúla iasachtaí, agus conas a fhoghlaimíonn siad óna chéile le himeacht aimsire, féadtar cuid de na samplaí a leanas a iniúchadh.<br><br>Bhí tionchar mór ag na hamhráin, poirt agus uirlisí traidisiúnta a chuaigh ó Éirinn agus ó hAlban go dtí na SAM sna 1800í ar fhorbairt cheoil thraidisiúnta Mheiriceánaigh. Mar shampla, cuid de na poirt a d'úsáid Bob Dylan sna 1960í, b'iasachtaí iad ó amhráin thraidisiúnta Éireannaigh: *'Restless Farewell'*, ón albam, *The Times they are a Changin'*, cantar é le ceol an phoirt *'The Parting Glass'*, port traidisiúnta atá coitianta in Éirinn. An-chuid de na hamhráin, a forbraíodh mar chuid den cheol traidisiúnta Meiriceánach, aisthugtar go hÉirinn arís iad ag amhránaithe cosúil le Christy Moore nó Mary Black. Iniúchtar an téama seo sa Leabhar, sa tsraith Teilifíse agus sa Dlúthdhíosca *Bringing it all Back Home*. Leanann iasachtaí agus comhoibriú trasna stíleanna ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann.<br><br>• Ba shingeal rathúil é an t-amhrán traidisiúnta tíre, *'Whiskey in the Jar'* don rocghrúpa Éireannach 'Thin Lizzy' sna 1970í.<br><br>• Mheasc bannaí ceoil cosúil le 'The Corrs' agus 'Horslips' eilimintí traidisiúnta agus roc nó pop-eilimintí le chéile.<br><br>• Rinne an pop-amhránaí Sinéad O'Connor taifeadadh ar a lán amhrán traidisiúnta, mar shampla, *'She moves through the Fair'*.<br><br>• Tá 'Riverdance' bunaithe ar eilimintí de cheol traidisiúnta na hÉireann agus meascann sé é le huirlisíocht an cheoil chlaisicigh agus le tionchair eile. |

Níl na hiasachtaí agus an fhorbairt sin srianta don cheol Éireannach:

- Meascann *El Condor* Passa le Paul Simon focail as Béarla le fonn ó Pheiriú ón ochtú haois déag, agus meascann na hamhráin ar a albam, *Graceland*, popcheol an Iarthair, giotár na hAfraice Theas agus stíleanna guthacha agus bosca ceoil Louisiana.

- Meascann pop-amhránaithe cosúil le Gloria Estevan agus Ricky Martin popcheol agus stíleanna Laidine Meiriceánaí.

Cantar an t-amhrán *Homeless*, ón albam, *Graceland*, le Paul Simon, a cappella agus áiríonn sé roinnt rithimí difriúla sna véarsaí, go bhféadann na páistí a bhualadh amach lena lámha nó lena cosa. Meascann sé focail Bhéarla agus focail Shúlú (tá roinnt de liricí an amhráin léirithe anseo). Glaotar *cothoza mfana* (ar bharraicíní) ar an stíl Afraiceach seo. Le linn an naoú haois déag, d'fhorbraigh Afraicigh Theas Ghorma, a bhí orthu obair i mianaigh diamant na tíre, stíl de rince éadrom ar na barraicíní le ceadú dóibh ceiliúradh gan aird naimhdeach na ngardaí a tharraingt orthu féin. Níl aistriú díreach Gaeilge ná Béarla ar fhocail na hAfraice Theas chun tagairt ar an stíl sin de rince.

'Homeless' – Focail agus ceol le Paul Simon agus Joseph Shabalala

Emaweni webaba
Silale maweni
Webaba silale maweni
Webaba silale maweni
Webaba silale maweni
Webaba silale maweni

Homeless, homeless
Moonlight sleeping on a midnight lake
Homeless, homeless
Moonlight sleeping on a midnight lake
We are homeless, we are homeless
The moonlight sleeping on a midnight lake
And we are homeless, we are homeless
The moonlight sleeping on a midnight lake

Somebody say ih hih ih hih ih
Somebody sing hello hello hello
Somebody say ih hih ih hih ih
Somebody cry why why why?
Somebody say ih hih ih hih ih
Somebody sing hello hello hello
Somebody say ih hih ih hih ih
Somebody cry why why why?

Kuluman
Kulumani, Kulumani sizwe
Singenze njani
Bayo jabula abasi thanda yo
Ho.

**Gníomhaíochtaí forleathnaithe**

I Stair ('Polaitíocht, coimhlint agus an tsochaí: Éire, an Eoraip agus an Domhan ó 1960 i leith') féadtar iniúchadh a dhéanamh ar stair chinedheighilte san Afraic Theas agus ar an gcomhthéacs ina ndearnadh an t-albam, *Graceland* le Paul Simon.

I dTíreolaíocht ('Imshaoil dhaonna: Daoine agus críocha eile') féadtar iniúchadh níos mine a dhéanamh ar shaolta na ndaoine san Afraic Theas.

**Acmhainní**

Nuala O'Connor, *Bringing it all Back Home, The Influence of Irish Music.* (Dara Eagrán, 2001)

## Cosúlacht agus difríocht

Aithníonn an curaclam uathúlacht na ndaoine aonair go léir, i dtéarmaí a staire, n-eispéireas, mianta agus riachtanas pearsanta. Is í cuid dár n-uathúlachta ná go bhfuilimid go léir mar bhaill de ghrúpaí sóisialta áirithe, a chiallaíonn go roinnimid cuid dár n-eispéiris, mianta agus dár riachtanais le baill eile de na grúpaí sin. Is minic a bhíonn eispéiris agus riachtanais éagsúla ag grúpaí difriúla cultúrtha, teanga nó eitneacha. Is sochaí ionraic í ceann a fhreastalaíonn ar indibhidiúlacht daoine agus ar a gcomhfhéiniúlacht araon. Mar a thug an Coimisiún ar Thodhchaí na Breataine Il-Eitní (Tuarascáil Parekh) faoi deara:

> Since citizens have different needs, equal treatment requires full account to be taken of their differences. When equality ignores relevant differences and insists on uniformity of treatment, it leads to injustice and inequality; when differences ignore the demands of equality that results in discrimination. Equality must be defined in a culturally sensitive way and applied in a discriminating but not discriminatory manner.

Ní shainmhíníonn ná ní chinneann cultúr sinn. Laistigh de dhaonra bán lonnaithe na hÉireann, tá éagsúlacht mhór luachanna, creideamh agus slite bheatha. Féadann grúpaí eitneacha agus náisiúnta eile a lán éagsúlachta a thaispeáint freisin. Tá sé tábhachtach é sin a aithint chun buanchruthanna a shárú.

Ní shainmhínítear duine go simplí de réir ghné amháin dá/dá s(h)aoil. Tá ionannais chasta agus tá a lán sraitheanna ann. Féadann duine a bheith ag an am céanna, ina máthair, ina duine den Lucht Siúil, ina hoibrí aire-leanaí, ina healaíontóir, ina deirfiúr, ina hÉireannach, agus ina duine den lucht leanúna 'éinne seachas 'Manchester United''. De ghnáth, bíonn rud éigin i gcoitinne againn le baill de ghrúpaí eile agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeimís in ann ionannú agus comhbhá a dhéanamh leo. Tá gá le hiniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna mar sin, chun teorannú agus buanchruthú a fhéadtar a tharlú, a bhriseadh síos.

Do pháistí óga, forbrófar an fheasacht go bhfuil éagsúlacht mhór ann sa daonnacht agus nach bhfuil slí bheatha amháin atá 'normálta', tríd an domhan timpeall orthu a iniúchadh, agus trí theacht ar mheascán saibhir agus éagsúil d'íomhánna agus de lámhdhéantúsáin chultúrtha. Mar a ghabhann páistí tríd an mbunscoil, beidh siad ag dul i bhfeasacht ar mheascán saibhir na gcultúr a chuir le hÉireannachas tríd a dtionchar ar ár n-ealaíona sna teangacha Gaeilge agus Béarla araon (agus sa chomhéadan eatarthu), ar ár luachanna, ar ár Matamaitic, ar ár dteicneolaíocht agus ar na bealaí ina mbainimid tairbhe as idir-pholladh na gcultúr.

Sna céimeanna luatha sa bhunscoil, féadann páistí dul i bhfeasacht ar na bealaí ina bhfuil íomhánna agus cuntais deilbhithe. Le linn a ndul chun cinn tríd an scoil, féadtar an fheasacht seo a fhorbairt tríd iad a chumasú chun tuiscint a fháil ar na bealaí ina roghnaítear íomhánna agus tríd iad a chabhrú chun claonadh agus buanchruthú a aithint agus ciall a bhaint astu siúd i dtéacs agus in íomhánna.



**Cosúlacht agus difríocht**

### Scileanna agus cumais

- Cumas cosúlachtaí i ndaoine a aithint cé go meastar futhu go bhfuil siad difriúil agus a mhalairt
- Cumas gabháil le comhrá agus freagairt a thabhairt ar fhrith-thuairimí
- Teanga agus muinín a fhorbairt chun tuairimí, mínithe, curaimí agus creidimh a chur in iúl
- Cumas do mheon a athrú
- Cumas caidrimh a fhorbairt le daoine ó chúlraí éagsúla
- Cumas oibriú go comhoibríoch le daoine eile

### Luachanna agus dearcaidh

- Meas ar an éagsúlacht: an luach gur féidir a bhaint as tuairimí agus léirithe cultúrtha difriúla a athneartú
- Amhras sláintiúil faoi léiriúcháin bhuanchruthaithe ar ghrúpaí

### Eolas agus tuiscint

- Tuiscint go bhfuil an éagsúlacht mar ghnáthstaid na beatha daonna
- Tuiscint ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le cinneadh-déanamh i sochaithe éagsúla
- Tuiscint nach gcinneann cultúr sinn
- Tuiscint ar an gciníochas mar chiall thiarnais agus mar dhímheas ar an éagsúlacht

| **Eiseamláir 5** | **Frère Jacques** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| Ceol | Léiriú | Amhránaíocht |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Na ranganna go léir ó rang a haon go rang a sé |
| **Aidhm** | deis a thabhairt do pháistí taithí a fháil ar amhráin i dteangacha eile seachas teanga an mhodh theagaisc chomh maith le haistriúcháin ar amhráin |
| | Tá Frère Jacques le fáil sa Ghaeilge, i bhFraincís agus as Béarla agus cantar é chomh maith i raon teangacha Afraiceacha agus ar fud an domhain. Tá sé áisiúil chun raon choincheap difriúil ceolmhar a thaispeáint. Do pháistí níos óige, aithníonn sé rithim rialta, agus do pháistí níos sine féadtar feidhm a bhaint as chun chiorcail amhránaíochta a chleachtadh. Ó pheirspictíocht idirchultúrtha, féadann amhráin mar seo cabhrú le páistí chun tuiscint a fhorbairt ar normáltacht na héagsúlachta. Is féidir leis freisin, teagmháil mhothúchánach a chur ar bun idir daoine ó chúlraí éagsúla. |
| **Modh múinte** | **1.** Ullmhaíonn an múinteoir cairt leis na focail de Frère Jacques. Ag tosnú leis na leaganacha as Béarla agus as Fraincís (tá seans níos mó go mbeadh taithí acu ar na leaganacha seo), canann an múinteoir *Frère Jacques* do na páistí. Pléann siad an t-amhrán. Cuireann an múinteoir an chairt leis na focail suas. Pléann siad brí na bhfocal sa leagan as Béarla nach bhfuil cur amach acu orthu, agus aithnítear go bhfuil an leagan Bhéarla ina aistriúchán ar an bhFraincís. B'fhéidir go mbeidh páistí níos sine in ann na haistriúcháin ar fhocail áirithe a aithint.<br><br>**2.** Canann an múinteoir an t-amhrán arís, agus éistíonn na páistí leis chun a fháil amach an féidir leo an rithim a aithint.<br><br>**3.** Canann na páistí an t-amhrán, le haird a thabhairt ar chuma, ar fhoirm a bhéil agus ar smacht anála. Coiméadann an múinteoir cumarsáid leis na páistí an t-am go léir. Níos déanaí, féadtar leaganacha eile an amhráin, cosúil leis na leaganacha Xhosa nó Súlú, a mhúineadh. Cé go gceapann na páistí go bhfuil sé sin neamhghnáthach, cabhróidh réamh-eolas ar an bhfonn leo.<br><br>**4.** Do pháistí níos sine, féadtar *Frère Jacques* a úsáid do chiorcail amhránaíochta (féach ar *Threoirlínte Ceoil do Mhúinteoirí*, lch 85). Féadtar suas go ceithre chiorcal a chanadh, gach ceann i dteanga dhifriúil. |

### Fraincís

Frère Jacques, Frère Jacques,

Dormez vous? Dormez vous?

Sonnez les matines, Sonnez les matines

Ding Dang Dong, Ding Dang Dong

### Xhosa

Utata uJacob, Utata uJacob

Usalele, Usalele

Mamela intsimbi iyakhala, Mamela intsimbi iyakhala

Dieng dong del, Dieng dong del

### Béarla

Are you sleeping? Are you sleeping?

Brother John, Brother John ?

Morning bells are ringing, Morning bells are ringing

Ding Ding Dong, Ding Ding Dong

### Súlú

Baba Jacob, Baba Jacob

Usalela, Usalela

Amasilongo esonto ayakhala, Amasilongo esonto ayakhala

Ding dong del, Ding dong del

### Gaeilge

Aindí Leisciúil, Aindí Leisciúil

I do luí, I do luí

Tá sé in am bricfeasta, Tá sé in am bricfeasta

Bí i do shuí, Bí i do shuí

| **Eiseamláir 6** | **Teisiliú san ealaín Ioslamach** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| Matamaitic | Cruth agus spás | Cruthanna déthoiseacha (2-T) : Patrúin theisilithe |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí agus a ceathair |
| **Aidhmeanna** | cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt<br>cruthanna 2-T a chur le chéile, a theisiliú agus patrúin a dhéanamh díobh |
| | Baintear feidhm as teisiliú (patrúin ina bhfuil athrá agus a líonann spás gan dul thar a chéile) mar mhaisiú in éagsúlacht leathan cultúr. Beidh cur amach ag páistí ar na patrúin sin ar leacáin úrláir, bhallaí agus tsíleála i dtíortha an Iarthair. Ceann de na samplaí teisilithe is mó a cheiliúrtar ná an ealaín a bhaineann le hIoslam. Is minic nach mbíonn léiriúcháin ar phearsana daonna ceadaithe in Ioslam. Ina n-ionad, baintear feidhm as dearaidh bhláthúla, agus patrúin mhósáice gheoiméadracha go coitianta. Féadtar teacht go héasca ar shamplaí de phatrúin mhósáice mar sin ar an idirlíon.<br><br>Tá an ceacht seo cosúil le cinn atá le fáil in Claudia Zaslavsky (1996) *The Multicultural Maths Classroom*. New Hampshire: Foilsitheoirí Heinemann. |
| **Modh múinte** | **1.** Ag cur le hobair déanta cheana féin ar chruthanna 2-T, iarr ar na páistí feidhm a bhaint as raon blocanna prionta chun a fháil amach na cinn a theisilíonn (mar shampla, cearnóg, rombas agus triantáin agus heicseagán).<br><br>**2.** Iarr ar na páistí patrún mósáice a dhéanamh ina bhfuil níos mó ná cruth amháin i gceist. Cad iad na cruthanna a theisilíonn?<br><br>**3.** Tomhas na huilleannacha ag an bpointe ag a theisilíonn na cruthanna le chéile? Cad í suim na n-uillinneacha ag gach pointe? (360 céimeanna)<br><br>**4.** Taispeáin samplaí de phatrúin a theisilíonn in ealaín Ioslamach, ag cur béime ar eilimintí difriúla dearaidh (dath, dearaidh laistigh de dhearaidh, srl.) agus tabhair seans do na páistí a dteisiliú féin a chruthú. |

## Cearta agus freagrachtaí daonna

Is baill sinn go léir den ghrúpa daonna. Mar thoradh dár mballraíochta den ghrúpa sin, roinnimid go léir cearta áirithe chomh maith leis an bhfreagracht chun na cearta sin a chosaint dá chéile. Tá sé tábhachtach, agus sinn ag féachaint ar na rudaí a roinnimid le daoine eile, oibriú i dtreo tuisceana níos fearr ar chearta daonna, cad iad, agus conas gur féidir linn iad a chleachtadh go praiticiúil.

Cé go bhfuil an Ráiteas Uilíoch um Chearta Daonna ar an gcur síos is leithne ar chearta daoine, is príomhráiteas ar chearta atá ábhartha do pháistí uile í an Coinbhinsiún ar Chearta an Pháiste (1989).

Táimid go léir, go hindibhidiúil, freagrach as forfheidhmiú na gceart sin. Deireann Réamhrá de Ráiteas Uilíoch um Chearta Daonna:

> ...déanfaidh gach duine indibhidiúil iarracht.....Ag coimeád an Ráitis seo i gcónaí ós a chomhair, meas ar na cearta agus ar na saoirsí seo a chur chun cinn trí mhúinteoireacht agus oideachas agus trí bhearta forásacha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun aitheantas agus comhlíonadh uilíoch agus éifeachtach orthu a dhaingniú.

- Tá cearta *uilíoch*. Tá siad i bhfeidhm i ngach tír. Ní féidir rud ar a dtugtar ceart daonna a dhiúltú do dhaoine toisc go bhfuil siad ina gcónaí in áit faoi leith.
- Tá cearta neamh-inroinnte. Ba cheart aitheantas comhionann a thabhairt ar chearta uile. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil níos mó ná níos lú tábhachta ag baint le cearta uilíocha sóisialta agus eacnamaíocha, cosúil leis an gceart maidir le haire leighis, le rogha poist, le ham fóillíochta, nó le seirbhísí sóisialta riachtanacha ná mar atá ag baint le cearta uilíocha polaitiúla cosúil le ceart ar éisteacht ionraic.
- Tá cearta *neamh-inaistrithe*. Ní féidir iad a dhiúltú nó iad a thógáil ó dhaoine.

Tá faitíos dea-bhunaithe go bhféadtar go dtiocfaidh tuiscint ar thiarnas an chultúir cheannasaigh thar cultúr na ngrúpaí eile as feasacht a fhorbairt ar riachtanais na mball de ghrúpaí áirithe sa sochaí. Tá, mar shampla, roinnt fianaise go raibh na híomhánna ar an Afraic a d'úsáideadh chun maoiniú a bhailiú in Éirinn d'obair chúnaimh rannpháirteach i dtuiscint thiarnais a fhorbairt i bpáistí Éireannacha i dtaobh na n-Afraiceach. Iarrann an coincheap de chearta bac a chur le forbairt na tuisceana tiarnais sin, ag díriú isteach mar a dhéanann sé, ar na cearta agus na freagrachtaí atá againn go léir dá chéile. Ar an gcuma sin, níl cearta mar shaincheist do dhaoine le riachtanais nó do dhaoine ar a ndéantar leithcheal amháin, tá cearta againn go léir, agus toisc go bhfuil na cearta sin againn, tá sé de fhreagracht orainn iad a chosaint dá chéile.

Tá an t-aitheantas go dtéann freagrachtaí le cearta bunriachtanach. Má iarrann aon ghrúpa, ó thromlach nóó mhionlach eitneach, ar dhaoine eile meas a thabhairt ar a gcearta, tá sé de fhreagracht ar bhaill an ghrúpa sin, ag an am céanna, cearta grúpaí eile a chosaint agus a chur chun cinn. Uaireanta tagann coimhlint chun cinn mar thoradh de choimhlint na gceart, de réir dealraimh. Baineann an cumas chun coimhlinte mar sin a úsáid i slí dhearfach chun réitigh a fháil, go dlúth leis an gcumas chun coincheap na gceart agus na bhfreagrachtaí a chur i bhfeidhm go comhionann ar gach éinne.

D'aithin na daoine a dheilbhigh an Ráiteas Uilíoch um Chearta Daonna nach mbeadh gach tír toilteanach na cearta seo a chosaint. Toisc gur aithin siad nach raibh teorainneacha ag an bhfreagracht chun cearta a chosaint, d'aithin siad go raibh an ceart ag daoine tearmann a lorg sa chás gur dhiúltaigh a dtíortha dúchais a gcearta a chosaint.

Ceanglaíonn cearta daonna sinn go léir le chéile. Mar sin, soláthraíon siad bunús chun comhbhá a fhorbairt idir dhaoine. Cruthaíonn siad comhthéacs freisin ina bhféadtar inimirce agus foirmeacha éagsúla leithcheala a thuiscint, gan smaointe i dtaobh tiarnais chultúrtha a chur chun cinn.

Tosnóidh páistí níos óige ag forbairt tuisceana ar chothroime agus ar éagothroime agus cuirfidh siad na smaointe sin i bhfeidhm ar raon suíomh praiticiúil (rud a rá, ag páirt a ghlacadh i gcinntí, cuid chothrom a fháil, srl.). Forbróidh siad freisin tuiscint ar fheidhmiú na rialacha agus ar an gcaoi go gcuireann cloí leis na rialacha le saol atá níos fearr do chách. Féadtar an tuiscint sin a fhorbairt tríd a dtréimhse sa bhunscoil, agus dá bhrí sin, beidh tuiscint acu ar choincheap na gceart agus ar fheidhmiú chreat ceart ar ghnáth-shuímh laethúla, faoin am go sroicheann siad ranganna a cúig agus a sé.

## Cearta agus freagrachtaí daonna

### Scileanna agus cumais

- Cumas coincheapa na gceart daonna a chur i bhfeidhm ar ghnáth-shuímh laethúla
- Cumas breithiúnais chothromaithe a dhéanamh
- Cumas diúltú na gceart daonna a cheistiú

### Luachanna agus dearcaidh

- Tuiscint ar chomhbhá a fhorbairt leo siúd ar a ndiúltaíodh cearta
- Tiomantas do phrionsabail na gceart daonna a chur i bhfeidhm
- Creideamh i gcumas daoine indibhidiúla difríocht a dhéanamh

### Eolas agus tuiscint

- Eolas faoi Ráiteas Uilíoch um Chearta Daonna (1948) agus faoi na príomh-ionstraimí eile cosúil le Coinbhinsiún na NA ar Chearta an Pháiste (1989)
- Tuiscint ar phríomhphrionsabail na gceart daonna
- Tuiscint ar idirspleáchas daoine i gcosaint na gceart
- Eolas ar shamplaí d'achrainn ar son na gceart daonna
- Tuiscint ar chiníochas mar shárú ceart daonna

| **Eiseamláir 7** | **Cairt na gCeart a Fhorbairt** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| OSPS | Mise agus an domhan mór | Ag forbairt saorántacht |
| Stair | Scéalaíocht | Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart |
| Drámaíocht | Dráma chun mothucáin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú. | Na snáithaonaid go léir |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí go dtí a sé |
| **Aidhmeanna** | dul i bhfeasacht ar shaol mná (Eleanor Roosevelt) san am a chuaigh thart a d'oibrigh ar mhaithe le forbairt shóisialta agus pholaitiúil<br><br>páistí a chur ar an eolas maidir le Ráiteas Uilíoch na NA um Chearta Daonna nó an Coinbhinsiún ar Chearta an Pháiste |
| **Cur chuige agus modhanna múinte** | Grúpobair, díospóireacht, taifeadadh |
| **Acmhainní** | Páipéar póstaeir agus pinn dathanna. Tacóid ghorm. Cóipeanna d'achoimre an Choinbhinsiún ar Chearta an Pháiste nó de Ráiteas Uilíoch na NA um Chearta Daonna. |
| | Is é an Ráiteas Uilíoch um Chearta Daonna, a fógraíodh ag na Náisiúin Aontaithe i Nollaig 1948, an cur síos bunúsach ar choincheap na gceart daonna. Baineann an ráiteas amach cothromaíocht idir cúraimí i dtaobh saoirse polaitiúla (an ceart ar vótáil, saoirse ó chéasadh, ceart ar éisteacht chothrom) a bhí i gcás le stáit an Iarthair, agus cearta sóisialta agus eacnamaíocha (an ceart ar rogha poist, an ceart ar aire oiriúnach sláinte, an ceart ar am fóillíochta), a bhí i gcás le stáit sa bhloc Sóibhéideach mar a thugtar air ag an am sin. Is toradh é de phróiseas ina raibh caibidlíochtaí leochaileacha agus dramatúla ag tarlú suas go dtí an pointe gur cuireadh an ráiteas i láthair Thionóil Ghinearálta na NA. |

Bhí Eleanor Roosevelt ina cathaoirleach ar an ngrúpa a dhréachtaigh an ráiteas, chomh maith le seisear clainne a thógáil, bhí sí ina Céad Bhean Uasal sna Stáit Aontaithe agus níos déanaí bhí sí mar thoscaire speisialta na Stát Aontaithe do na Náisiúin Aontaithe nua. Ag an am céanna, bhí a clár raidió agus a clár teilifíse féin aici, scríobh sí roinnt alt do nuachtáin agus d'irisí agus scríobh sí trí leabhar freisin. Go déanach ina saol, thug sí tacaíocht do ghluaiseacht na gceart sibhialta sna 1960í.

Tá a scéal faoi dhuine amháin a rinne difríocht, agus bheadh sé ábhartha do snáith an 'Scéalaíocht' i Stair. Bheadh an scéal faoi chaibidlíocht an ráitis ábhartha chomh maith.

Tá forbairt tuisceana ar choincheap na gceart, agus ar na freagrachtaí a bhaineann le cearta a chéile a chosaint atá intuigthe sa choincheap, mar chuspóir tábhachtach.

**Modh múinte**

1. Tosnaigh ag léamh nó ag insint beathäisnéise gaire d'Eleanor Roosevelt.

2. Roinn an rang i ngrúpaí le ceathrar nó cúigear an ghrúpa. Iarr orthu cathaoirleach agus tuairisceoir a ainmniú. Tabhair bileog pháipéir agus peann datha do gach grúpa. Iarr ar gach grúpa a shamhlú go bhfuil orthu cairt na gceart a chur le chéile. Iarr orthu na cearta a chuirfidís san áireamh a liostáil amach. Taispeáin gach cairt agus tabhair dóthain ama do na grúpaí chun dul timpeall agus na cairteacha uile eile a fheiceáil.

   Pléigh na cairteacha.
   Cad iad na difríochtaí a bhí iontu?
   Cad iad na cearta a bhí soiléir do chách nó don chuid is mó daoine?
   Cad iad na cinn faoina raibh argóintí?

3. Tabhair cóip d'achoimre an Choinbhinsiúin nó an Ráitis do gach grúpa agus iarr orthu na cearta a liostaigh siad amach a chur i gcomparáid leo siúd sa Choinbhinsiún nó sa Ráiteas.

   An raibh ionadh orthu faoi chearta faoi leith a chonaic siad sa Choinbhinsiún nó sa Ráiteas, nó ar bhraith siad go raibh cinn in easnamh iontu?
   Conas a bhí siad in ann na difríochtaí a mhíniú?

| Eiseamláir 8 | Nkosi Sikelel' iAfrica | |
|---|---|---|
| **Réimse curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| Ceol | Éisteacht agus freagairt<br><br>Léiriú | Éisteacht le ceol agus freagairt dó<br>Amhránaiocht |
| Tíreolaíocht | Imshaoil dhaonna | Daoine agus críocha eile<br>Ealaín agus cultúr |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí go dtí a sé |
| **Aidhm** | páistí a éascú in éisteacht le agus i bhfreagairt do raon stíleanna ceoil, ceol dúchais ó thíortha eile san áireamh |
| | Bhí Nkosi Sikelel' iAfrica mar amhrán náisiúnta de Chomhdháil Náisiúnta na hAfraice (CNA) san Afraic Theas le linn na coimhlinte in aghaidh cinedheighilte. Anois tá sé mar chuid d'amhrán náisiúnta na hAfraice Theas. Chomh maith leis sin, tá sé mar amhrán náisiúnta den tSaimbia agus den Tainsáin. Scríobh Enoch Sontonga é mar iomann sa teanga Xhosa i 1897. Cantar é go minic leis an chéad véarsa as Xhosa agus leis an dara véarsa i dteanga eile na hAfraice Theas cosúil le Sesotho.<br><br>Féadtar leaganacha den amhrán seo a íoslódáil go héasca ó shuímh idirlín, agus cantar é go corraitheach sa scannán *Cry Freedom* (1987), stiúrtha ag Richard Attenborough ina bhfuil Denzel Washington mar réalt, sa radharc ina gcuirtear síos ar shochraid an cheannaire ar chearta sibhialta do Dhaoine Gorma na hAfraice Theas, Steve Biko.<br><br>Féadtar an t-amhrán seo a iniúchadh i dtéarmaí na dtréithe ceolmhara agus tromchiallacha go ndéantar oiriúnach é mar amhrán náisiúnta don Afraic Theas (rithim, oiriúnacht do chanadh na sluaite, fad, tuiscint dhearfach ar an Afraic agus ar an gcoimhlint le haghaidh saoirse, léiriú ar theangacha éagsúla an náisiúin).<br><br>Tá an t-amhrán oiriúnach freisin do chanadh córúil agus cantar é go minic mar iomann.<br><br>Tá an ceacht seo idirchultúrtha sa mhéid go bhféadtar é<br><br>• a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar choimhlint na CNA agus na nAfraiceach Theas Gorm–daoine in aghaidh ciníochais<br><br>• a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar chomhbhá a dhéanamh leo siúd ar a ndiúltaíodh a gcearta<br><br>• cur leis an tuiscint ar chiníochas mar shárú ar chearta daonna<br><br>• béim a chur ar an bhfíric go ndearna daoine éagsúla rannpháirtíocht don cheol<br><br>• normáltacht na difríochta a iniúchadh trí aitheantas a thabhairt ar ilteangachas mar ghnáthstaid na beatha daonna. |
| **Gníomhaíochtaí forleathnaithe** | Féadtar an ceacht seo a fhorbairt níos mó i Stair (Scéalta: Scéalta ó shaolta daoine san am a chuaigh thart) trí chuntas ar shaol Enoch Sontonga, údar an amhráin. Tá faisnéis ar Sontonga le fáil go héasca ar an idirlíon. |

## Leithcheal agus comhionannas

De réir bun bhrí na tuisceana, ciallaíonn leithcheal go simplí difríocht a aithint nó breithiúnas a dhéanamh. Idirdhealaíonn daoine an t-am go léir agus iad ag beartú cén bia a íosfaidh siad, nó cé ba cheart a cheapadh i bpost. Éiríonn leithcheal ina fhadhb nuair a dhéantar an rogha nó an leithcheal go héagothromach.

In Éirinn, tá sé in aghaidh na dlí leithcheal i gcoinne duine ar na boin seo a leanas

- gnéas
- stádas pósta
- stádas clainne (páistí a bheith agat, nó bheith i do chúramóir)
- aois (idir na haoiseanna 18 go 65)
- míchumas
- cine
- claonadh gnéasach
- creideamh reiligiúnach
- ballraíocht den Lucht Siúil.

(An tAcht um Stádas Comhionann, 2000)



Aithnítear dhá chineál difriúla den leithcheal: leithcheal díreach agus leithcheal indíreach. Caitear an dá cheann a thuiscint chun aghaidh a thabhairt orthu. Is é leithcheal díreach an ceann is léire. Má chaitear le daoine i slí dhifriúil toisc go bhfuil siad mar bhaill den Lucht Siúil nó toisc gur daoine gorma iad (cead isteach i dteach tábhairne a dhiúltú, ainmneacha a ghlaoch ar dhaoine, caitheamh le daoine go hamhrasach, srl.) ansin, déantar leithcheal orthu. I suirbhé ar dhearcaidh mhionlaigh eitnigh in Éirinn (Loyal agus Mulcahy, 2001), dúirt 78 faoin gcéad de níos mó ná 600 freagróirí ó éagsúlacht de mhionlaigh eitneacha ag maireachtáil ar fud na hÉireann go raibh siad mar íobartaigh de chiníochas mar sin, don chuid is mó in áiteanna poiblí cosúil leis an tsráid nó sna siopaí nó sna tithe tábhairne.

Ciallaíonn leithcheal indíreach, cé go ndealraítear go bhfuil sé cothrom na beartais nó na deiseanna céanna a fheidhmiú ar dhaoine difriúla, tá seans ann nach bhfuil sé cothrom má tá torthaí difriúla acu ag an deireadh. Mar shampla, má mhúintear an t-ábhar céanna do bhuachaillí agus do chailíní araon, ach roghnaítear na samplaí de réir spéise na mbuachaillí amháin, féadtar go ndéantar leithcheal go hindíreach ar chailíní. Má tá iontráil ar scoil beartaithe i bpáirt go bhfuil deirfiúr nó deartháir ag an bpáiste sa scoil cheana féin, féadtar go ndéantar leithcheal go neamhaireach i gcoinne daoine fánacha. Ar an gcuma céanna, muna bhfreastalaíonn soláthar cóiríochta ar dhaoine a bhogann ó áit go háit, tá seans ann ansin go ndéanfadh sé sin leithcheal go hindíreach i gcoinne an Lucht Siúil. Féadtar nach ionann caitheamh le daoine sa chaoi chéanna agus caitheamh leo go comhionannach.

Mar atá sé le coincheap na gceart, tosnóidh páistí níos óige ag forbairt tuisceana ar chothroime agus ar éagothroime agus cuirfidh siad na smaointe sin i bhfeidhm ar raon suíomh praiticiúil (rud a rá, páirt a ghlacadh i gcinntí, cuid chothrom a fháil srl.) Forbróidh siad tuiscint níos doimhne ar leithcheal tríd a gcumas a fhorbairt chun leithcheal a fheiceáil agus a aithint i ngnáth-shuímh laethúla, tríd a dtuiscint a fhorbairt ar sheasamh dóibh siúd a dhéanann agus ar a ndéantar leithcheal, tríd a dtuiscint ar bhulaíocht, agus, ag léibhéil ranga a cúig agus a sé, tríd a dtuiscint ar neamhionannais ina gcomhphobal agus sa domhan níos leithne.

## Leithcheal agus comhionannas

### Scileanna agus cumais

- Cumas chun buanchruthú agus claonadh a aithint i gcló, in íomhánna, i ndíospóireacht idirphearsanta agus iontu féin
- Cumas chun breithiúnais chothromacha a dhéanamh
- Cumas chun leithcheal a cheistiú

### Eolas agus tuiscint

- Eolas agus tuiscint ar chomhionannas agus neamhionannas
- Eolas agus tuiscint ar leithcheal díreach agus indíreach
- Ciníochas a thuiscint mar fhoirm leithcheala
- Tuiscint ar chlaonadh agus ar bhuanchruthú mar fhoirm leithcheala

### Luachanna agus dearcaidh

- Comhbhá leo siúd ar a ndéantar leithcheal
- Tiomantas chun comhionannas a chur chun cinn
- Creideamh i gcumas an duine aonair difríocht a dhéanamh
- Amhras sláintiúil i dtaobh claonta agus buanchruthaithe

| **Eiseamláir 9** | **Na chéad imprisin** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| Na hAmharcealaíona | Líníocht | Breathnú agus freagairt |
| OSPS | Mise agus an domhan mór | Oideachas na meán cumarsáide |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí go dtí a sé |
| **Aidhm** | Oiriúnaíodh an ghníomhaíocht seo ó Phacáiste Acmhainne Anti-Racism and Multi-Cultural Campaign le hAontas Mhacléinn na hÉireann<br><br>Aidhm cabhrú le páistí anailís agus díospóireacht a dhéanamh ar conas a théann íomhánna amhairc i bhfeidhm ar an gcaoi go bhfeictear daoine agus an domhan |
| **Cur chuige agus modhanna múinte** | Ag féachaint, ag freagairt, ag plé |
| **Modh múinte** | **1.** Roghnaíonn páistí pictiúir de dhaoine ó irisí atá suimiúil/dathúil/difriúil. Déan iarracht gan daoine cáiliúla nó daoine dea-aitheanta a úsáid, agus spreag iad chun éagsúlacht aoiseanna, gníomhaíochtaí, grúpaí eitneacha, suíomh srl. a roghnú. Ansin, greamaíonn na páistí na pictiúir ar bharr phíosa páipéir, ag fágáil dóthain spáis ar bun. Bíodh an méid céanna pictiúir agus daoine rannpháirteacha agus peann/peann luaidhe do gach duine rannpháirteach.<br><br>**2.** Iarr ar na páistí suí i gciorcal ina bhfuil deichniúir ar a méid. Iarr ar gach páiste féachaint ar an bpictiúr ar a leathanach agus scríobh síos a c(h)éad imprisean ag bun an leathanaigh. (Taispeáin é sin, le cinntiú go bhfuil sé soiléir). Iarr orthu bun an leathanaigh a fhilleadh suas chun an rud atá scríofa acu a chur i bhfolach roimh an leathanach a thabhairt don chéad duine eile. Coimeád na pictiúir ag bogadh cuíosach tapaidh, gan morán ama a thabhairt dóibh le bheith ag smaoineamh orthu. Spreag iad a bheith macánta. Athdhéan é go dtí go bhfuil gach pictiúr feicthe ag gach páiste. Iompaigh an páipéar amach arís agus lig do gach éinne é a fheiceáil agus cuir na ‘chéad imprisin’ i gcomparáid lena chéile.<br><br>**3.** Pléigh na chéad imprisin.<br>An raibh na chéad imprisin cosúil lena chéile nó difriúil óna chéile?<br>Cén iontais a bhí ann, agus cad nach raibh mar iontas ann?<br>Cad ar a bhunaigh na daoine a gcéad imprisin?<br>An raibh an chéad imprisean mícheart ag éinne ar bhall an ghrúpa, nó ar éinne eile?<br>Conas a mhóthófaí sin? |

| Eiseamláir 10 | Bí ar an eolas faoi d'áit | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| OSPS | Mise agus daoine eile<br>Mise agus an domhan mór | Caidreamh le daoine eile<br>Ag forbairt saoránachta |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí go dtí a sé |
| **Aidhm** | cabhrú le páistí iniúchadh a dhéanamh ar mhothúcháin leithcheala agus ar phribhléid trí rólghlacadh |
| **Modh múinte** | Forbróidh feasacht na bpáistí ar rudaí a bheith 'cothrom' nó 'éagothrom' le linn a gcuid ama sa bhunscoil chun tuiscint ar leithcheal a áireamh. Aithneoidh siad go mbraitheann an chaoi ina gcaitear le daoine uaireanta ar chritéir nach bhfuil oiriúnach. Go deimhin, mar pháistí, féadtar go dtiocfaidís go rialta ar shuímh ina ndéantar leithcheal orthu ar bhonn a n-aoise. B'fhéidir go bhfreastalaítear ar dhaoine fásta rompu i siopaí, mar shampla.<br><br>Tá diminsin éagsúla ag leithcheal éagothrom:<br><br>• Baineann sé le cinntí a dhéanamh ar bhonn critéar éagothrom.<br>• B'fhéidir go mbainfeadh sé le daoine a láimhseáil i mbealaí difriúla, nó b'fhéidir go mbainfeadh sé le daoine a láimhseáil sa chaoi chéanna nuair atá tosca nó riachtanais dhifriúla acu.<br>• Baineann sé le duine ag a bhfuil an chumhacht chun na cinntí siúd a dhéanamh agus a fheidhmiú.<br>• Baineann sé le cumhacht phoiteinseál na hleithcheala chun an éagothroime a cheistiú.<br>• Is minic a ardaíonn sé mothúcháin láidre iontu siúd ar a ndéantar leithcheal, agus, go poitéinseál, iontu siúd ag déanamh an leithcheala.<br><br>Féadann rólghlacadh cur ar chumas páistí níos mó tuisceana a fháil ar leithcheal agus féadann sé iad a chumasú chun gabháil go corraitheach le suíomh na ndaoine ar a ndéantar leithcheal. |

1. Cuir cárta nó lipéad ar éadan nó ar chúl gach duine rannpháirteach gan ligint orthu an uimhir a fheiceáil. Mínigh go bhfuil siad i sochaí chliarlathach anois. Bíonn gach duine ag caitheamh le duine le cárta níos lú ná iad féin le drochmheas agus le duine le cárta níos mó ná iad féin le meas. Pé airde na huimhreach, caitear leis an duine le níos mó measa agus pé ísle na huimhreach caitear leis an duine le níos mó drochmheasa. Má bhaineann tú feidhm as cártaí, aontaigh go bhfuil aonta mar an gcéanna le huimhir a haon. Tá na páistí rannpháirteacha le hidirghníomhú lena chéile ar bhonn cad a cheapann siad faoin a n-áit féin i gcomparáid le daoine eile ach níl cead acu a bheith ag caint nó ag insint uimhreach duine eile dó/di trí bhealach neamh-ghuthach. Tá an idirghníomhaíocht go léir neamh-ghuthach. Is é cuspóir an chluiche ná d'áit i sochaí a fháil amach.

2. Tar éis dhá nóiméad nó mar sin, tóg daoine le cártaí le huimhreacha arda ar leataobh 'ar feadh nóiméid'. Abair leo go bhfuil siad ar fionraí ón gcluiche agus caithfidh siad suí síos go dtí go bhfuil sé críochnaithe. Ná tabhair cúis dóibh dá bhfionraí.

3. Tar éis deich nóiméad imeartais, iarr ar na páistí rannpháirteacha líne a dhéanamh san ord ina gceapann siad go bhfuil siad sa chliarlathas. Iarr orthu féachaint ar a gcuid cártaí. Tosnaigh ag plé na gníomhaíochta:

    - An ndearna na páistí líne chuíosach chruinn san ord ceart?
    - Conas a bhí a fhios ag gach páisté cá raibh a (h)áit sa chliarlathas?
    - Conas a mhothaigh iad siúd ag an mbun agus ag an mbarr faoi conas a chaitheadh leo?
    - Conas a mhothaigh siad faoi shuíomh nó láimhseáil bhaill eile an ghrúpa?
    - Conas a mhothaigh na daoine le haonta, toisc gur beartaíodh ar a stádas go saorthoilteanach?
    - Ar thug éinne faoi deara iad siúd a cuireadh ar fionraí ón gcluiche?
    - Conas a mhothaigh iad siúd ag an mbun faoi iad siúd a bhí níos eisiata fós ná iad féin?
    - Conas a mhothaigh na daoine a chuireadh ar fionraí faoin athrú ina stádas?
    - Ar imir gach duine de réir na rialacha?
    - Cén fáth go n-imríonn daoine de réir na rialacha cé go bhfuil siad éagothrom dóibh?

Pléigh cad a insíonn an cluiche seo dúinn faoin leithcheal.

**Acmhainní**

Pacáiste cártaí nó lipéad ar a bhfuil na huimhreacha a haon go dtí a deich scríofa. Teastaíonn ón gcluiche seo 20 duine ar a laghad le hoibriú go maith agus halla nó seomra eile le dóthain spáis.

## Coimhlint agus réiteach ar choimhlint

Uaireanta, bíonn na difríochtaí idir daoine mar fhoinse coimhlinte. Féadtar traidisiúin chultúrtha, mar shampla, daoine a chur i gcoimhlint le chéile. Féadann daoine a bheith i gcoimhlint le chéile toisc go ndealraítear go bhfuil achrann maidir le cearta agus le freagrachtaí i gceist. Is féidir le hoideachas idirchultúrtha scileanna a sholáthar do dhaoine chun oibriú trí choimhlintí agus chun teacht ar réiteach. Beidh na scileanna sin áisiúil agus riachtanach do pháistí go léir cé nach mbíonn siad i dteagmháil go rialta le baill de ghrúpaí difriúla eitneacha.

Do pháistí sna chéad bhlianta sa bhunscoil, tógtar scileanna síochána trí fhorbairt a dhéanamh ar chumas chun comhoibrithe, chun comhroinnt a dhéanamh, chun aitheantas a thabhairt ar iarmhairtí poitéinseála a gcuid gníomh, agus trí theanga a fhorbairt chun a mothúcháin a ainmniú agus a chur in iúl. Ag cur leis sin, forbróidh páistí i ranganna a dó, a trí agus a ceathair cumas níos leithne plé lena gcuid mothúchán, chomh maith le cumas teacht ar chomhréiteach agus glacadh le cinntí an ghrúpa. Faoin am go sroicheann siad na ranganna sinsearacha, beidh páistí in ann a gcuid mothúchán a phlé agus a láimhseáil níos fearr, caibidlíocht a dhéanamh lena chéile agus tosnú ar phróiseas éascaíochta.

Ba cheart féachaint ar choimhlint mar rud nádúrtha agus normálta agus féadtar í a fheiceáil mar dheis chun teacht ar réitigh agus chun athrú dearfach a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh prionsabail áirithe mar bhunús an chur chuige do choimhlint, pé gur coimhlint idirphearsanta, idir-chomhphobail, nó pholaitiúil atá ann. Áiríonn siad iad siúd a leanas:

- *Ní ceart coimhlint a sheachaint.* Toisc go bhfuil coimhlint normálta, soláthraíonn sí deis chun rud dearfach a thógáil. Ba cheart dúinn díriú isteach ar dhaoine a chumasú chun réiteach a fháil ar choimhlintí in ionad iad a sheachaint.

- *Scar daoine amach ón bhfadhb.* I suíomh coimhlinte féadtar mothúcháin láidre, briseadh síos cumarsáide agus peirspictíochtaí difriúla ar na firicí nó ar thábhacht na bhfíricí a bheith ann. Tá gá ann na saincheisteanna sin a phlé iontu féin, agus ní ceart iad a chur ar leataobh trí thaobh amháin nó tríd an dá thaobh ag fáil géillte. Níl sé riachtanach go dtaitníonn daoine linn chun go mbeimid in ann teacht ar shocrú leo, ach caithfimid a bheith in ann caint leo agus éisteacht leo, agus a bheith in ann rudaí a fheiceáil óna bpointe.

- *Dírigh isteach ar leasanna, in ionad ar dhearcaidh.* In ionad a bheith ag díriú isteach ar cad atá á lorg ag daoine, déan iniúchadh ar conas atá sé ag teastáil uathu. Lastiar de dhearcaidh atá in adharca a chéile, tá seans ann go bhfuil raon leasanna comhroinnte agus comhoiriúnacha ar a bhféadtar réiteach a thógáil.

- *Cruthaigh roghanna ar mhaithe le các.* Féach ar raon na réiteach atá le fáil, gan an brú faoi cad atá praiticiúil nó indéanta a chur san áireamh. Iarr ar éagsúlacht féidearthachtaí in ionad ar fhreagra aonair, agus ná bí ró-thapaidh ag déanamh breithiúnais.

Tá a lán samhlacha de réiteach coimhlinte bunaithe ar na prionsabail seo. Is léir, go n-oibreoidh cur chuige mar seo do réitigh faoi chaibidil ar choimhlint má tá na daoine bainteacha toilteanach agus in ann gabháil leis an bpróiseas. Nuair nach bhfuil na scileanna caibidlíochta ag daoine sa phróiseas coimhlinte, tá seans ann go dteastaíonn éascaitheoir uathu mar chúnamh don phróiseas réitigh. Ba cheart go ndíreofaí isteach, áfach, ar fhorbairt scileanna chun go mbeadh daoine in ann a gcoimhlintí féin a bhainistiú.



## Coimhlint agus réiteach ar choimhlint

### Scileanna agus cumais

- Cumas chun tarraingt ar raon ábhar foinsí roimh bhreithiúnais a dhéanamh
- Cumas chun gabháil go gníomhach le próiseas chun coimhlint a réiteach
- Cumas chun a t(h)uairim a athrú

### Eolas agus tuiscint

- Tuiscint ar na tosca a chuireann le forbairt choimhlinte ag leibhéal idirphearsanta, áitiúil agus idirnáisiúnta
- Tuiscint ar phrionsabail chun coimhlint a réiteach
- Tuiscint ar dhúshlán a bhaineann le cinneadh daonlathach a dhéanamh i sochaithe éagsúla
- Tuiscint ar iarmhairtí mothúchánacha agus fisiciúla na coimhlinte ag leibhéal idirphearsanta, áitiúil agus idirnáisiúnta
- uiscint ar an gcoimhlint mar chuid normálta den bheatha daonna

### Luachanna agus dearcaidh

- Tiomantas do phróisis shíochánta mar mhodhanna chun achrainn a réiteach
- Aigeantacht-oscailte do dhearcaidh daoine eile
- Tiomantas do fhoghlaim ó na dearcaidh atá ag daoine eile

| **Eiseamláir 11** | **Suímh buaite-buaite a fhorbairt** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| Drámaíocht | Dramaíocht chun mothucáin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú | Iniúchadh agus déanamh drámaíochta |
| OSPS | Mise agus daoine eile | Caidreamh le daoine eile |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna na naíonán |
| **Aidhm** | coimhlint i gcairdeas a iniúchadh |
| **Cur chuige agus modhanna múinte** | Ag déanamh dráma, díospóireacht |
| | Tá coimhlint mar chuid den ghnáth-shaol laethúil agus, go réadúil, ní féidir í a sheachaint. In a lán bealaí, féadann coimhlint a bheith mar dhea-rud, deis a cheadú le daoine chun iad féin a chur in iúl, agus chun athrú a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, féadann coimhlint mothúcháin láidre dhiúltacha a ardú agus daoine a ghortú. Is scil thábhachtach é an cumas chun coimhlint agus tú-féin i gcoimhlint a bhainistiú.<br><br>Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh páistí aghaidh ar choimhlint leis an dearcadh go bhfuil socruithe buaite-buaite le fáil, in ionad leis an dearcadh go dteastaíonn uathu an bua a fháil cé go n-íocann daoine eile as. Tá sé luachmhar freisin go dtosnaíonn siad ag aithint a bhfreagairtí mothúchánacha féin ar shuímh chun go mbeidís in ann foghlaim conas an lámh in uachtar a fháil orthu. Soláthraíonn dráma 'spás sábháilte' ina bhféadann páistí gabháil le suímh agus, ag an am céanna, achar sábháilte a choimeád uathu. Soláthraíonn sé modh iontach chun cead a thabhairt do pháistí a fhreagairt féin a iniúchadh ar chineálacha difriúla coimhlinte agus chun straitéisí oiriúnacha a aithint agus a chleachtadh chun coimhlint a láimhseáil go torthúil. |

**Modh múinte**

1. I halla na scoile, nó i seomra áirithe eile le dóthain spáis, faigheann na páistí go léir spás dóibh féin. Iarrtar orthu iad féin a shamhlú mar choiníní, agus bogadh timpeall. Spreagann an múinteoir iad le ceisteanna faoi conas a bhogann coinín, cén sórt freagartha a thugann sé nuair a éisteann sé le rud éigin, agus mar sin ar aghaidh.

2. Iarrtar ar na páistí iad féin a shamhlú mar asal. Arís, spreagann an múinteoir iad chun na fuaimeanna a dhéanann asail a aithint, chun a chur in iúl go bhfuil asail cairdiúil le hasail eile, agus go dtaitníonn leo a bheith ag rith agus ag súgradh le chéile uaireanta (ach gan dul thar fóir). Féadann siad a bheith an-cheanndána nuair a dhéanann siad a n-aigne suas go dteastaíonn uathu rud éigin a dhéanamh. Samhlaíonn na páistí go bhfuil duine ag breith ar a gcoiléar cinn agus ag iarraidh iad a thabhairt isteach i bpáirc eile ach ní theastaíonn uathu dul ann. Cuireann an múinteoir gach páiste le páiste eile agus ceanglaíonn sí an dá asal le chéile le téad láidir (téann siad i gcomhar le chéile), ag aithint go bhfuil gach asal chomh láidir leis an gceann eile agus nach bhfuil ceann in ann an ceann eile a tharraingt ná an 'téad a bhriseadh', in ainneoin a n-iarrachtaí. Leanann na hasail ar aghaidh ag súgradh ar feadh tamaillín. Má tá sé riachtanach, tugtar cúis do na hasail dul i dtreonna difriúla óna chéile, mar shampla, cuireann an múinteoir carn bia beagáinín thar fhad láimhe ar dhá thaobh na n-asal.

3. Tógann an múinteoir páirt choinín chairdiúil a ghlaonn ar na hasail teacht le chéile chun a suíomh a phlé. Conas a mhothaigh siad nuair a choimeádadh siar iad sa chaoi seo? An bhfuil moladh ag éinne chun an fhadhb a réiteach? Déan measúnú ar chuid de na socruithe a thairiscíodh. Mar shampla, is socrú buaite-buaite é ceann ina dtugtar seans dó/di dul ina t(h)reo féin agus faigheann an t-asal eile seans ansin. Baineann na hasail triail as na socruithe.

4. Tabhair deis dóibh ina dhiaidh le machnamh agus bí ag caint faoi conas a mhothaigh na hasail ag uaireanta difriúla, agus chun an socrú buaite-buaite a aithint. An n-oibreoidh sé má dhiúltaigh asal amháin an socrú a leanúint? An n-oibreoidh sé má bhris asal amháin an socrú? Cad a chuirtear in aghaidh na n-asal smaoineamh ar shocrú (ceanndánacht, ag dul i bhfrustachas nó i bhfearg, srl)?

| **Eiseamláir 12** | **Ag foghlaim conas déileáil le coimhlint** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| OSPS | Mise agus daoine eile | Caidreamh le daoine eile: Ag réiteach coimhlinte |
| English | Developing cognitive abilities through language | Oral language: Developing cognitive abilities through oral language |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí go dtí a sé |
| **Aidhm** | cabhrú le páistí bealaí difriúla a iniúchadh agus a fhorfheidhmiú chun réiteach a fháil ar choimhlint |
| **Cur chuige agus modhanna múinte** | Díospóireacht an ghrúpa, díospóireacht an ranga iomláin, ag cur le foclóir |

Beidh páistí maraon le daoine fásta bainteach go minic le suímh choimhlinte – suímh ina bhfuil mianta neamhoiriúnacha ag daoine difriúla. Is scil lárnach é a theastaíonn ó pháistí ná foghlaim conas ba cheart déileáil le coimhlintí mar sin go héifeachtach. Le cinntiú go gcuirtear na scileanna a fhoghlaimíonn páistí i bhfeidhm ar a saolta féin, is minic a bhíonn sé oiriúnach coimhlint a iniúchadh, ag baint feidhme as suímh nó as samplaí atá réadúil i saolta na bpáistí. Beidh múinteoirí ar an eolas faoi shaincheisteanna íogaireacha a bhaineann le páistí sa rang agus seachnóidh siad samplaí a úsáid a ghoillfeadh ar dhuine de na páistí go pearsanta. Le cinntiú go bhféadtar foghlaim ghníomhach a tharlú, tá sé tábhachtach go gcuirtear le timpeallacht foghlama atá sábháilte agus muiníneach le himeacht aimsire.

Is féidir le páistí forbairt a dhéanamh ar raon leathan scileanna a bhaineann le coimhlint agus síocháin, tuiscintí agus dearcaidh trí choimhlintí fíora ar a bhfuil cur amach acu a phlé agus a iniúchadh. Beidh cur amach ag na páistí ar chuid den fhoClóir agus de na scileanna óna ranganna OSPS. Áiríonn siad

- a mothúcháin féin a ainmniú agus a aithint
- foghlaim faoi conas a théann a ngnímh i gcion ar dhaoine eile
- stráitéisí a aithint chun a mothúcháin féin a bhainistiú i gcoimhlint
- foghlaim conas is féidir mothúcháin a scaradh ó ábhar na coimhlinte
- bealaí difriúla a aithint chun freagairt a thabhairt ar choimhlintí agus ar a laigí agus ar a láidreachtaí féin
- stráitéisí a fhoghlaim chun réitigh a fháil ar choimhlint.

Sa sampla seo, úsáideann páistí samplaí de choimhlint ar a bhfuil taithí acu chun tuiscint a fhorbairt ar a gcur chuige féin don choimhlint. Féadtar é sin a fhorbairt ansin chun cineálacha difriúla freagairtí ar choimhlint a iniúchadh.

I *Teaching Students to be Peacemakers* (1995) molann David agus Roger Johnson go mba cheart, i scoileanna, páistí a spreagadh gan neamhaird a thabhairt ar choimhlint ag súil go n-imeodh sí, ná gan suímh bhuaite-caillte a bhrú. Ina ionad, ba cheart go spreagtar iad a mianta féin a mhíniú go cruinn agus go baileach.

Ina dhiaidh sin, tá trí rogha oscailte:

- Géilleann duine slí má tá a c(h)uspóir ar bheagán tábhachta dó/di, ar an tuiscint go ngéillfidh an duine eile slí uair éigin sa todhchaí. Glaotar ‘séimhiú’ ar an gcur chuige seo.

- Lorgaíonn beirt comhghéilleadh má tá an t-am gearr nó má tá na cuspóirí ar mheán tábhachta dóibh.

- Gabhann beirt le cur chuige chun socrú réitithe a fháil má tá an cuspóir tábhachtach don bheirt acu.

Caithfidh páistí taithí a fháil, plé agus rólghlacadh a dhéanamh ar gach ceann de na roghanna seo le cinntiú go bhfaigheann siad scileanna i gcinntí oiriúnacha a dhéanamh.

**Modh múinte**

**1.** 1. Iarr ar na páistí iad féin a eagrú i mbeirteanna. Cuir i gcuimhne dóibh meas a bheith acu ar mhothúcháin an duine eile sa chomhrá. Má tá sé oiriúnach, is féidir le páistí a rá lena chéile 'Aontaím go mbeidh meas agam ar do mhothúcháin' agus lámha a chroitheadh ar an margadh.

Iarr ar gach páiste smaoineamh ar
- trí choimhlint idir dhaoine lena raibh siad bainteach
- conas a láimhseáil siad gach coimhlint (cad a rinne siad?)
- conas a mhothaigh siad le linn gach coimhlinte agus ina diaidh.

Cuir i gcuimhne dóibh nach bhfuil sé riachtanach go gciallaíonn coimhlint troid. Ciallaíonn sé go simplí go dteastaíonn rudaí neamhoiriúnacha le daoine difriúla. Más gá, spreag raon freagairtí gur féidir a bheith ann.
- An ndúirt siad faic?
- An ndearna siad iarracht a mhíniú cad a bhí ag teastáil uathu?
- Ar éirigh leo fanacht tamaillín roimh dhul i bhfeirg?
- Ar ghéill siad?
- Ar lean siad ar aghaidh ag troid?

Is féidir leis an múinteoir focail dhifriúla a fháil do mhothúcháin gur fhéad siad a mhothú. Féadtar iad a liostáil ar an mbord.

**2.** Tógann gach páiste seal chun a c(h)oimhlintí a insint don pháiste eile, agus faoi conas a d'fhreagair agus a mhothaigh sé/sí. Moltar do na páistí a bheith cruinn, éisteacht go gníomhach, gan cur isteach, agus macasamhlú ar ais cad atá á éisteacht acu.

**3.** Leis an rang iomlán, fiafraíonn an múinteoir de na páistí
- an raibh sé de nós acu coimhlintí a láimhseáil i mbealaí cosúla nó difriúla
- an ndearna sé difríocht cé hé an duine lena a raibh siad i gcoimhlint. Mar shampla, an bhfuil siad níos dealraithí go n-éireoidh siad feargach, nó go ngéillfidh siad le cara nó le ball clainne?
- cad iad na cineálacha coimhlintí a bhíonn fearg mar thoradh díobh go minic?

**4.** Pléigh leis na páistí an bhfuil stíl choimhlinte acu.
- An bhfuil cuma níos mó/lú orthu, ná mar atá ar dhaoine eile, go n-éireodh siad feargach nó buartha?
- An bhfuil cuma níos mó/níos lú orthu, ná mar atá ar dhaoine eile, go ngéillfidh siad slí?
- An bhfuil cuma níos mó/níos lú orthu, ná mar atá ar dhaoine eile go mbeidh siad ag troid?

Pléigh roghanna maithe leo chun déileáil le coimhlint i scoileanna.

# 4.4 Oideachas idirchultúrtha trasna réimsí curaclaim

Toisc go dtagann oideachas idirchultúrtha as fís, aidhmeanna agus as cuspóirí Churaclam na Bunscoile, tá a lán deiseanna ann chun peirspictíocht idirchultúrtha a fhorbairt laistigh den churaclam.

## Teanga

Aithníonn an curaclam go bhfuil ról bunriachtanach ag teanga i bhforbairt páistí. Tríd an idirghníomhaíocht de theanga agus de thaithí, foghlaimíonn páistí conas imeachtaí agus smaointe a ainmniú agus, tríd é sin a dhéanamh, foghlaimíonn siad conas gur féidir leo ciall a bhaint as a ndomhan. Féadtar go bhfuil féachaint ar dhifríocht mar rud normálta nó neamhnormálta, nó ar chomhionannas mar dhea-rud nó mar fhadhb, ag brath ar an teanga a fhoghlaimíonn páistí a fheidhmiú ar shuímh.

Aithníonn an curaclam go bhfuil teanga lárnach chun na cumais chognaíocha, agus na cumais mhothúchánacha agus samhlaíocha a fhorbairt. Tugann sé faoi deara go mbeidh caint agus díospóireacht mar chomhthéacs ríthábhachtach don iniúchadh ar mhothúcháin le linn shaol an pháiste ar scoil. Beidh an fhorbairt ar chomhbhá le daoine eile, leo siúd a mhaireann le hiarmhairtí an leithcheala nó an neamhionannais, agus an fhorbairt ar fhreagairt dhearfach ar an éagsúlacht, á n-éascú trí úsáid na teanga.

Tá forbairt ar thuiscint dhearfach ar a f(h)éiliúlacht chultúrtha mar dhlúthchuid den phróiseas chun cultúir eile a mheas agus chun gabháil go dearfach le cultúir eile agus tá ról lárnach aici san oideachas idirchultúrtha. Tá ról tábhachtach ag foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla araon sa bhunscoil i bhforbairt tuisceana ar an bhféiniúlacht Éireannach.

## Gaeilge

Soláthraíonn curaclam na Gaeilge deis chun béim a chur ar éagsúlacht na gcruthanna cultúrtha agus na modhanna léirithe in Éirinn. Féadtar é sin a dhéanamh trí fheidhm a bhaint as na hacmhainní ó éagsúlacht leathan de chomhthéacsanna cultúrtha labhartha na Gaeilge (filíocht uirbeach agus tuaithe, mar shampla), chomh maith leis an aitheantas agus athneartú ar éagsúlachtaí fuaimnithe agus struchtúr gramadaí laistigh den Ghaeilge.

Trí iniúchadh a dhéanamh ar churaclam na Gaeilge, go háirithe ag leibhéal na ranganna sinsearacha, féadtar páistí a chur ar an eolas faoi na gaolta atá idir an Ghaeilge agus teangacha Ceilteacha eile na hEorpa cosúil le Breatnais, Briotáinis agus Gaeilge na hAlban. Cuireann cur chuige mar sin béim ar nádúr stairiúil ilchultúrtha agus ilteangach na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na dtíortha Eorpacha eile.

Beidh an t-aitheantas ar normáltacht agus luach na héagsúlachta ag brath ar an teanga a fhoghlaimíonn an páiste le feidhmiú ar shuímh trí Ghaeilge a fhoghlaim. Bíonn sé sin tábhachtach i gcomhthéacs na scoileanna lán-Ghaeilge nó scoileanna na Gaeltachta, ach go háirithe. Forbróidh páistí, i scoileanna mar sin, peirspictíochtaí agus cumais idirchultúrtha tríd an teanga a fhoghlaim, agus trí ghnéithe eile an churaclaim a iniúchadh trí mheán na Gaeilge. Mar sin, féadtar aire a thógáil i roghnú na ndánta, na scéalta, an rólghlactha agus na dtopaicí comhrá chun téamaí agus cúraimí an oideachais idirchultúrtha a mhacasamhlú.

Soláthraíonn foghlaim na Gaeilge mar dharatheanga deis don pháiste aitheantas a thabhairt ar luach an ilteangachais, chomh maith le tuiscint a fháil agus dea-mheas a fhorbairt ar ilteangachas. Mar a oibríonn an páiste chun cumas teanga a fhorbairt sa Ghaeilge, tugtar deis dó/di freisin dul i dtuiscint ar, agus i gcomhbhá leis, na deacrachtaí agus na dúshláin atá ag daoine eile go mbíonn orthu oibriú trí theanga nach bhfuil mar chéadtheanga acu. Sa chaoi sin, soláthraíonn taithí an pháiste i bhfoghlaim na Gaeilge mar dharatheanga, bonn chun comhbhá a fhorbairt leis, agus meas a fháil ar na deacrachtaí atá ag daoine i sochaí na hÉireann atá de dhualgas orthu, de réir toisce, oibriú trí mheán dharatheanga de ghnáth.

## Béarla

Soláthraíonn Béarla deis chun béim a chur ar éagsúlacht chruthanna chultúrtha agus ar mhodhanna léirithe. Féadtar é sin a dhéanamh trí fheidhm a bhaint as acmhainní ó éagsúlacht leathan comhthéacsanna cultúrtha. Aithníonn an curaclam, mar shampla, go mba cheart go mbeadh raon leathan ag an bhfilíocht roghnaithe, i dtéarmaí bunaidh chultúrtha agus stairiúil, chomh maith le haitheantas agus le hathneartú ar éagsúlachtaí fuaimnithe agus struchtúr gramadaí laistigh den Bhéarla a úsáidtear ag páistí ó raon comhphobal in Éirinn.

Aithníonn an curaclam go bhfuil Béarla mar phríomhréimse ina bhféadtar béim a chur ar conas a chuireann cultúir agus teangacha eile le saibhreas ár dteanga agus ár gcultúir. Ag céimeanna deireanacha sa bhunscoil, tá sé tábhachtach go rachaidh páistí i bhfeasacht ar na nascanna idir Béarla agus teangacha eile cosúil le hAngla-Shacsanais, Gréigis, Laidin, Fraincis-Normanach, teangacha Lochlannacha, agus go deimhin, Gaeilge. Tugann an curaclam faoi deara freisin go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh taithí ag páistí ar fhilíocht agus ar phrós in aistriúchán ó theangacha eile. Cuireann cur chuige mar sin béim ar rannpháirtíochtaí cultúr eile d’Éirinn nua-aimseartha agus cuireann sé béim ar nádúr stairiúil ilchultúrtha na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na dtíortha Eorpacha eile.

Bhí Béarla, go stairiúil, mar dharatheanga i gcomhphobail Ghaeltachta in Éirinn. Múintear é anois mar dharatheanga do roinnt méadaithe páistí i mbunscoileanna na hÉireann. Do chuid mhaith scoileanna, caithfear aird a thabhairt ar dhifríochtaí i straitéisí múinteoireachta oiriúnacha d’fhoghlaimeoirí daratheanga.

## Matamaitic

Aithníonn an curaclam go bhfuil litearthacht mhatamaitice lár-thábhachtach chun scileanna riachtanacha a sholáthar don pháiste saol iomlán a mhaireachtáil sa sochaí. Tá litearthacht mhatamaitice, mar sin, riachtanach chun ciall a bhaint as sonraí ar a dtagann siad sa domhan. Tá coincheapa an chomhionannais agus an neamhionannais, atá lárnach don oideachas idirchultúrtha, lárnach don Mhatamaitic chomh maith. Trí shnáitheanna an churaclaim, go háirithe trí shnáithe na Sonraí, féadtar an cumas a thabhairt do pháistí litearthacht mhatamaitice a fhorbairt mar uirlis léirmheasa shóisialta, mar is cuí i sochaí dhaonlathach.

Tá an t-oideachas idirchultúrtha i gcás le cinntiú go bhfuil deis chomhionann ag páistí ó chúlraí difriúla eitneacha a bheith rathúil laistigh den chóras oideachais. Ar an gcuma sin, tá an cur chuige cuiditheachta atá lárnach do churaclam na matamaitice ríthábhachtach. Molann staidéir ar a dtugtar ‘matamaitic sráide’, sé sin le rá, straitéisí ionramhála i dtaobh an chomhairimh agus na huimhreach a úsáideann páistí lasmuigh de chomhthéacs an ranga, go bhfuil fianaise ann go bhféadann páistí ó chúlraí difriúla cultúrtha agus eitneacha rialacha agus straitéisí difriúla matamaitice a fhorbairt laistigh dá dteaghlach, dá gclann agus dá gcultúr féin chun ciall a bhaint as an domhan timpeall orthu. Tugann an curaclam faoi deara go mba cheart páistí a spreagadh chun triail a bhaint as na straitéisí sin agus chun iad a athscagadh trí dhíospóireacht. Sa chás go dteastaíonn ón scoil leagan amháin de straitéisí agus rialacha matamaitice a chur ar pháistí, féadtar matamaitic soch-chultúrtha ghrúpa amháin a athneartú agus ceann ghrúpa eile a lochtú, agus mar thoradh de sin, féadtar go mbeidh droch-shlánú ar mhatamaitic ag roinnt grúpaí eitneacha i gcomparáid le grúpaí eile.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn snáitheanna an churaclaim comhthéacs chun éagsúlacht thraidisiún cultúrtha agus a rannpháirtíocht dár sochaí a aithint agus a cheiliúradh. Trí fheidhm oiriúnach a bhaint as samplaí agus as íomhánna i snáitheanna cosúil le Cruth agus Spás, agus Tomhais agus Uimhreas, féadtar béim agus luach a chur ar normáltacht na héagsúlachta sa domhan i léiriúcháin gheoiméadracha, i bhfoirmeacha tomhais agus i gcórais uimhreach.

## Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta

Tá an t-oideachas idirchultúrtha mar dhlúthchuid den churaclaim um Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta, atá bunaithe ar staidéar ar raon iomlán na n-Imshaoil nádúrtha, daonna, sóisialta agus cultúrtha. Tá roinnt mhaith de thuiscint, eolas, dhearcaidh, luachanna, scileanna agus de chumais an oideachais idirchultúrtha curtha in iúl go soiléir trí churaclam an OSIE.

Áiríonn aidhmeanna an oideachais Shóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta:

- an páiste a chumasú chun eolas, scileanna agus dearcaidh a fháil chun tuiscint bhreithiúnach agus eolach a fhorbairt ar shaincheisteanna sóisialta, imshaoil agus eolaíochta.
- fiosracht faoi imshaolta áitiúla agus níos leithne a athneartú agus a spreagadh
- an páiste a chumasú chun róil fhreagracha a ghlacadh mar dhuine aonair, mar bhall teaghlaigh agus mar bhall an chomhphobail áitiúil, réigiúnaigh, náisiúnta, Eorpaigh agus domhanda.
- tuiscint agus cúram a chothú maidir le hidirspleáchas iomlán daoine daonna go léir, créatúir bheo go léir agus an domhan ar a maireann siad
- dearcaidh fhreagracha agus dhaonnachtúla agus dea-mheas ar an domhan i gcomhréir le creidimh agus le dearcaidh a chur chun cinn.

## Stair

Tá curaclam na staire tógtha ar an-chuid de na haidhmeanna agus cuspóirí céanna den oideachas idirchultúrtha. Tugann an curaclam faoi deara go bhfuil tuiscint leathan agus chothrom ar an stair bunriachtanach má tá an páiste le bheith ina b(h)all muiníneach, eolach, breithiúnach agus freagrach fásta den tsochaí. Aithníonn sé go soláthraíonn an stair deiseanna chun forbairt a dhéanamh ar chomhbhá le daoine eile agus ar thuiscint níos doimhne ar an am a chuaigh thart agus ar idirghníomhaíochtaí reatha sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíocha. Áiríonn na haidhmeanna staire:

- cur ar chumas an pháiste eolas, scileanna agus dearcaidh a fháil chun tuiscint eolach agus bhreithiúnach a fhorbairt ar shaincheisteanna sóisialta, timpeallachta agus eolaíochta
- fiosracht agus samhlaíocht faoi imshaolta áitiúla agus níos leithne a athneartú agus a spreagadh
- cur ar chumas an pháiste ról freagrach a ghlacadh mar bhall de chomhphobail áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda
- dearcaidh dhaonnachtúla agus fhreagracha agus dea-mheas ar an domhan i gcomhréir le creidimh agus le dearcaidh a chothú.

Soláthraíonn an t-aitheantas go bhfuil an Stair i gcás le bealaí difriúla ina bhféadtar imeachtaí san am a chuaigh thart a thuiscint, deis do pháistí iniúchadh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí difriúla agus ar an mbealach a théann na peirspictíochtaí sin i bhfeidhm ar leasanna eile. Forbróidh sé sin, i slí eile, a gcumas bheith breithiúnach go cuiditheach ina léitheoireacht ar pheirspictíochtaí éagsúla d’imeachtaí stairiúla agus comhaimseartha araon a chuirtear i láthair dóibh.

Is príomh-ábhar é an Stair ina bhféadann páistí, i gcomhthéacs idirchultúrtha, tuiscint dhearfach a fháil ar a bhfféiniúlacht mar Éireannaigh agus mar Eorpaigh. Is féidir leo aitheantas a thabhairt ar rannpháirtíocht daoine éagsúla do dhéanamh Éireann comhaimseartha. Sa chomhthéacs seo, tugann an curaclam faoi deara an tábhacht a bhaineann le deiseanna a thabhairt do pháistí chun dul i bhfeasacht ar shaolta daoine ó chúlraí difriúla, sóisialta, cultúrtha agus reiligiúnacha in Éirinn, chomh maith leis san Eoraip agus sa domhan níos leithne. Ba cheart dóibh dul i bhfeasacht ar dhaoine indibhidiúla, ar ghrúpaí, ar imeachtaí, ar chultúir, ar chreidimh agus ar luachanna a chuaigh i gcion ar shaolta daoine san am a chuaigh thart agus a mhúnlaigh sochaí chomhaimseartha.

## Tíreolaíocht

Tá forbairt shóisialta agus dhearcaidh trí staidéar a dhéanamh ar an Tíreolaíocht mar phríomh-eilimint an churaclaim. Trí iniúchadh a dhéanamh ar shaolta daoine sa cheantar agus i gcomhthéacsanna níos leithne, d'fhoghlaimeodh páistí go mba cheart luach a chur ar rannpháirtíochtaí daoine ó éagsúlacht chúlraí eitneacha, sóisialta agus reiligiúnacha. Ba cheart tuiscint agus dea-mheas na bpáistí ar a bhféiniúlacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a chothú agus ba cheart dóibh tuiscint a fhorbairt ar a saoránacht Eorpach agus dhomhanda. Is féidir leis an bpáiste dul i bhfeasacht ar an idirspleáchas daonna trí staidéar a dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha daoine. Tá forbairt ar chomhbhá le daoine ó imshaolta éagsúla agus forbairt ar thuiscint agus ar dhea-mheas ar éagsúlacht na staideanna daonna ar an domhan aitheanta mar phríomh-aidhmeanna an churaclaim thíreolaíochta. Áiríonn aidhmeanna na Tíreolaíochta:

- tuiscint agus dea-mheas a spreagadh ar éagsúlacht staideanna nádúrtha agus daonna ar an Domhan
- comhbhá le daoine ó imshaolta éagsúla agus tuiscint ar idirspleáchas daonna a fhorbairt.

Soláthraíonn an snáithe An t-Imshaol Daonna de churaclam na tíreolaíochta pointe imeachta nádúrtha chun déileáil le normáltacht agus le luach na héagsúlachta daoine agus cultúr laistigh den phobal áitiúil maraon le níos leithne. Is pointe imeachta nádúrtha é chomh maith chun tuiscint ar chomhbhá le daoine éagsúla a fhorbairt. Ag an am céanna, tá na deiseanna ann chun scileanna iniúchta agus anailíse a fhorbairt, atá lárnach d'inniúlacht idirchultúrtha, ar fud na snáithaonad sa Tíreolaíocht.

## Eolaíocht

Tá curaclam na heolaíochta, cosúil leis an oideachas idirchultúrtha, i gcás le fiosracht nádúrtha an pháiste a chothú, agus sa chaoi sin spreagann sé fiosrú neamhspleách agus gníomh cruthaitheach. Tá na scileanna anailíseacha agus smaoinimh, a fhoghlaimítear trí ghabháil le próiseas fiosraithe eolaíochta, inaistrithe d'anailís a dhéanamh ar an domhan sóisialta, agus féadann siad cur go díreach le hinniúlacht idirchultúrtha.

Chomh maith leis na páistí a chabhrú chun a bheith ina mbaill litearthacha eolaíocha den tsochaí, aithníonn an curaclam go bhfuil sé mar aidhm aige páistí a spreagadh chun dea-mheas a fhorbairt ar rannpháirtíocht na heolaíochta agus na teicneolaíochta don tsochaí. Léiríonn forbairt na heolaíochta, agus na próisis iniúchta inti, obair charnach a lán cultúr agus grúpaí eitneacha thar na céadta. Dá bhrí sin, tá sé oiriúnach le cinntiú nuair a roghnaítear staidéir eolaíocha, go dtugtar aire go macasamhlaítear rannpháirtíochtaí daoine éagsúla do chleachtais eolaíocha chomhaimseartha agus d'eolas eolaíoch comhaimseartha.

## Oideachas Ealaíon

Baineann an t-oideachas idirchultúrtha le forbairt mhothúchánach, chognaíoch agus mhorálta an duine óig a éascú. Cuireann sé béim faoi leith ar a gcumas chun comhbhá a dhéanamh le daoine difriúla agus chun tuairimí daoine eile a thuiscint. Tá páirt thábhachtach ag oideachas na n-ealaíon i bhforbairt shamhlaíoch agus mhothúchánach cosúil leis sin. Chomh maith leis sin, lorgaíonn oideachas idirchultúrtha aitheantas a thabhairt ar normáltacht na héagsúlachta – ag taispeáint, ag iniúchadh agus ag luacháil difríochtaí cultúrtha, cosúil le difríochtaí i modhanna léiriúcháin agus i gcruth agus i bhfeidhm na n-ealaíon. Lorgaíonn oideachas idirchultúrtha forbairt a éascú ar thuiscint láidir dhearfach ar fhéiniúlacht agus ar fhéin-mheas.

Macasamhlaítear é sin in aidhmeanna oideachas na n-ealaíon ina n-áirítear:

- cur ar chumas an pháiste smaointe, mothúcháin agus taithí a iniúchadh, a shoiléiriú agus a chur in iúl, trí raon gníomhaíochtaí ealaíon
- cur ar chumas an pháiste fadhbanna a fheicéail agus a réiteach go cruthaitheach trí smaoineamh samhlaíoch agus sa chaoi sin, indibhidiúlacht agus fiontar a spreagadh
- luach a chur ar mhuinín agus ar fhéin-mheas an pháiste trí luach a chur ar fhéin-léiriú
- tuiscint agus dea-mheas a chothú ar fheabhas na healaíona i gcomhthéacsanna áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus domhanda, san am a chuaigh thart maraon leis an lá atá inniu ann.

## Na hAmharcealaíona

Baineann oideachas idirchultúrtha sna hamharcealaíona le léiriúchán agus dea-mheas ar raon cruthanna cultúrtha. Tugann an curaclam faoi deara, mar shampla, go mba cheart páistí a spreagadh chun teacht ar agus caint faoi éagsúlacht i léiriú amhairc ó aimsirí agus ó chultúir dhifriúla agus ról na héagsúlachta sna cultúir siúd. Ba cheart aire a thógáil chun raon cineálacha difriúla de chultúr amhairc, de chruthanna agus d'fheidhmeanna difriúla de na hamharcealaíona agus de mhodhanna difriúla anailíse agus dea-mheasa a aithint.

Soláthraíonn imshaol amhairc an pháiste príomh-leideanna agus príomh-íomhánna a chabhraíonn leis/léi ciall a bhaint as a d(h)omhan. Tá páirt lárnach ag na híomhánna agus na teachtaireachtaí ó ghrúpaí difriúla eitneacha, a theilgtear trí thaispeántais amhairc phoiblí, i múnlú dearcaidh agus i ndul i bhfeidhm ar dhearcaidh maidir le normáltacht éagsúlachta, le daoine eile agus le saincheisteanna neamhionannais. Tugann an curaclam faoi deara go mba cheart do pháistí, agus iad ag dul chun cinn, deiseanna a bheith acu chun anailís agus plé a dhéanamh ar na híomhánna amhairc ag a bhfuil tionchar láidir ar bhealaí chun féachaint ar an domhan, mar shampla, íomhánna a theilgtear ag an teilifís, ag póstaeir agus ag fógraíocht, ag irisí agus ag faisean na sráide. Féadtar páirt thábhachtach a bheith aige sin i bhforbairt tuisceana ar bhuanchruthú mionlach nó ar dhaoine ó thíortha nó ó mhór-ranna eile.

Tá príomhpháirt ag Amharcealaíona i bhforbairt a dhéanamh ar chumas samhlaíoch an pháiste agus, dá bhrí sin, tá sé lárnach dá gcumas ciall a bhaint as an domhan agus as na roghanna atá le fáil sa domhan.

## Ceol

Baineann an t-oideachas idirchultúrtha le léiriúchán agus le dea-mheas ar raon cruthanna cultúrtha, cruthanna ceolmhara san áireamh. Lorgaíonn sé freagairtí dearfacha cognaíocha agus mothúchánacha a fhorbairt d'éagsúlacht na gcineálacha ceolmhara atá le fáil, agus d'fhorbairt na n-aicmí ceolmhara trí iasachtaí tras-aicmí agus tríd an idirpholladh. Díríonn sé freisin ar fhéin-mheas agus ar thuiscint dhearfach féin-ionannais a fhorbairt. Tá curaclam an Cheoil oiriúnach chun na haidhmeanna sin a bhaint amach. Áiríonn aidhmeanna an churaclaim an Ceol chun:

- forbairt a dhéanamh ar oscailteacht an pháiste do, chomh maith le feasacht agus freagairt ar, raon leathan aicmí ceolmhara, ceol na hÉireann san áireamh
- forbairt a dhéanamh ar chumas an pháiste chun smaointe, mothúcháin agus eispéiris a chur in iúl trí mheán an cheoil, mar dhuine aonair agus i gcomhoibriú le daoine eile
- féin-mheas agus féin-mhuinín an pháiste a chothú trí rannpháirtíocht i léiriú ceolmhar.

Soláthraíonn snáitheanna an churaclaim roinnt deiseanna chun peirspictíocht idirchultúrtha cheoil a fhorbairt. Tugann an curaclam faoi deara, sa snáithe Éisteacht agus Freagairt, go spreagtar an páiste chun iniúchta agus chun éisteachta le ceol ó stíleanna agus ó thraidisiúin d(h)ifriúla. Go príomha iontu siúd, tá ceol na hÉireann agus ceol tíre ó chultúir eile, chomh maith le ceol claisiceach agus popcheol. Leathnóidh an úsáid seo de raon stíleanna ceolmhara go nádúrtha isteach sna snáitheanna Léiriú agus Cumadóireacht.



## Drámaíocht

Tá oideachas Drámaíochta oiriúnach ach go háirithe chun peirspictíochtaí idirchultúrtha a fhorbairt. Tugann an curaclam faoi deara go mbaineann cumhacht fhorbarthach agus fhoghlama na drámaíochta le nádúr áirithe na taithí drámatúla chun an páiste a chumasú chun

- géilleadh don tsamhailteacht
- é/í féin a theilgean isteach i suíomh
- tosca, achrainn, roghanna agus gnímh phearsa bhréagaí 'a aithint agus a mhaireachtáil', agus na hiarmhairtí a bhaineann leo
- an rud go léir a athraonadh tríd a p(h)earsantacht
- teacht ar aireachtálacha nua.

Soláthraíonn an lionsa samhailteach, a chuireann dráma i bhfeidhm, spás sábháilte ina bhféadann páiste gabháil mhothúchánach dhearfach a fhorbairt le, agus tuiscint dhearfach a fhorbairt ar, d(h)aoine agus a bpeirspictíochtaí. Anuas air sin, féadann an páiste iniúchadh a dhéanamh ar iarmhairt mhothúchánach an leithcheala agus an chomhionannais.

Ar an gcuma seo, tugann an curaclam faoi deara go bhfuil páirt uathúil ag drámaíocht i bhforbairt an pháiste. Féadann Drámaíocht

- deis a thabhairt do gach páiste teacht ar eolas nua trí bhuntomhas na gníomhaíochta agus an eispéiris shamhlaigh
- an rud atá gar don pháiste a chur níos faide uaidh/uaithi agus an rud atá i bhfad uaidh/uaithi a chur níos gaire dó/di ag leibhéal cognaíoch agus mothúchánach araon, chun go mbeadh gnéithe saoil gar go leor chun iniúchadh éifeachtach a cheadú, agus fada go leor uaidh/uaithi chun sábháilteacht a chinntiú don pháiste
- cabhrú leis an bpáiste eispéiris na gcultúr eile a chomhshamhlú agus a chóiriú
- cead a thabhairt don pháiste taithí, tuiscint agus cleachtas a fháil ar scileanna beatha atá riachtanach sa réaltacht trí shamhailteacht dhrámatúil.
- comhbhá le smaointe, dearcaidh agus mothúcháin daoine eile a chur chun cinn.

Cosúil leis an oideachas idirchultúrtha, díríonn an curaclam isteach ar úsáid na drámaíochta chun iniúchadh a dhéanamh ar mhothúcháin, eolas agus smaointe, ag dul i dtreo na tuisceana.

## Corpoideachas

Soláthraíonn Corpoideachas deiseanna chun forbairt a dhéanamh ar na tréithe inmhianaithe pearsanta agus sóisialta atá lárnach don oideachas idirchultúrtha: an coincheap ar imirt ionraic, an cumas chun comhoibriú i ngrúpshuímh agus an cumas chun glacadh le bua agus le teip. Soláthraíonn Corpoideachas spás ina bhféadann páistí foghlaim conas caidreamh agus cumarsáid a dhéanamh lena chéile, agus chun féin-mheas agus féin-mhuinín a fhorbairt. Mar chuid dhílis den churaclam, soláthraíonn sé deiseanna d'fhorbairt fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach, agus intleachtúil an pháiste.

Soláthraíonn snáitheanna an churaclaim a lán deiseanna chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint agus ar cheiliúradh na héagsúlachta agus ar fhoghlaim thras-chultúrtha agus ar idirpholladh tras-chultúrtha. Sa snáithe Damhsa, mar shampla, féadann páistí damhsaí Éireannacha maraon le damhsaí tíre eile a fhoghlaim. I dteannta leis sin, tugann an curaclam faoi deara go gcruthaíonn sé sin deiseanna chun cúlra sóisialta agus cultúrtha damhsaí mar sin a iniúchadh. Ceadaíonn an snáithe Cluichí d'iniúchadh a dhéanamh ar raon cluichí de bhunaidh dhifriúla, chomh maith le forbairt tuisceana agus dea-mheasa ar chluichí cosúil leis sin agus ar a gcomhthéacs sóisialta.

## Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Soláthraíonn Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte deiseanna chun forbairt phearsanta an duine indibhidiúil a chothú, chun cabhrú leis/léi dea-chaidrimh a chruthú agus a choinneáil agus chun luachanna, dearcaidh agus scileanna a fhorbairt a bheidh mar bhonn eolais dá c(h)inntí agus dá g(h)nímh agus a chuirfidh leis/léi mar shaoránach gníomhach agus freagrach sa tsochaí. Tá páirt thábhachtach aige i bhforbairt tuisceana ar shlí dhaonlathach bheatha, agus ar chearta agus ar fhreagrachtaí an ghrúpa agus an duine aonair. Féadann sé freisin cabhrú le páistí luach a chur ar, agus a bheith bródúil as, a n-ionannais náisiúnta, Eorpaigh agus dhomhanda, agus teacht ar thuiscint faoi cad a chiallaíonn sé bheith i do shaoránach sa chiall is leithne.

Tugann an curaclam faoi deara go bhfuil éagsúlacht agus difríocht go tréitheach sa tsochaí ina gcónaíonn na páistí. Áfach, is ró-mhinic a bhíonn réamhchlaontacht agus leithcheal mar ghnéithe na gcaidreamh daonna. Féadtar agus ba cheart meas agus dea-mheas ar éagsúlacht dhaonna agus chultúrtha a chur chun cinn ag gach leibhéal den bhunscoil. Trí OSPS féadann páistí dul i bhfeasacht ar chuid de na reamhchlaontachtaí agus de na dearcaidh a chuireann isteach ar mhórgacht daoine eile. Tugtar deiseanna dóibh tuiscint a fhorbairt ar a gcultúr agus ar a dtraidisiúin féin, agus go comhionann, dea-mheas a mhéadú ar na rannpháirtíochtaí dearfacha atá déanta ag grúpaí difriúla sa tsochaí. Mar a fhoghlaimíonn páistí comhionannas, ceartas agus cothroime a thuiscint agus a chleachtadh i suímh scoile, cuirtear ar a gcumas réamhchlaontacht agus leithcheal a cheistiú mar a thagann siad orthu ina saolta féin, anois agus sa todhchaí.

Macasamhlaítear na rannpháirtíochtaí sin in aidhmeanna an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte, ina n-áirítear:

- leas agus forbairt phearsanta an pháiste a chur chun cinn
- tuiscint aire agus measa, dó/di féin agus do dhaoine eile, chomh maith le dea-mheas ar mhórgacht gach duine dhaonna, a chothú sa pháiste
- tuiscint ar fhreagracht shóisialta, tiomantas do shaoránacht ghníomhach agus rannpháirteach, agus dea-mheas ar shlí dhaonlathach bheatha a fhorbairt sa pháiste
- cur ar chumas an pháiste meas a bheith aige/aici ar éagsúlacht dhaonna agus chultúrtha agus dea-mheas agus tuiscint a bheith aige/aici ar nádúr idirspleách an domhain.

Tá tuiscint, eolas, dearcaidh, luachanna, scileanna agus cumais an oideachais idirchultúrtha comhtháite trasna raon snáithaonad laistigh de churaclam OSPS, ina n-áirítear féinaithne, mo chairde agus daoine eile, oideachas na meán cumarsáide, ag forbairt saoránachta agus caidreamh le daoine eile.

## Oideachas Reiligiúnach

Tugann an curaclam faoi deara go n-aithníonn sochaí na hÉireann an ceart atá ag an duine aonair an cineál áirithe de léiriú reiligiúnach a roghnú a mhacasamhlaíonn na mianta agus an t-eispéireas spioradálta a lorgaíonn sé nó sí. Aithníonn sé freisin, an tábhacht a bhaineann le tuiscint i dtaobh cleachtais, cultúir agus stíl bheatha de raon creideamh reiligiúnach agus léirithe reiligiúnacha, agus déanann sé iarracht tuiscint ar chreidimh daoine eile a fhorbairt i bpáistí.

I gcoitinne, lorgaíonn oideachas macasamhlú agus freastal ar éagsúlacht na gcreideamh reiligiúnach agus aithníonn sé an ceart atá ag tuismitheoirí oideachas a bpáistí a eagrú i scoil ina bhfuil ethos reiligiúnach ag comhaontú lena gcreideamh reiligiúnach féin. Tá sé de fhreagracht ar an scoil oideachas reiligiúnach a sholáthar atá i gcomhaontú lena hethos agus ag an am céanna a bheith solúbtha i socruithe eile a dhéanamh dóibh siúd nach dteastaíonn uathu an t-oideachas áirithe reiligiúnach atá á thairiscint acu. Tá sé tábhachtach chomh maith céanna go dtugtar meas ar chreidimh agus ar mhothúcháin gach páiste. Go deimhin, soláthraíonn rang an oideachais reiligiúnaigh deis thábhachtach chun tuiscint a chothú idir chreidimh agus iad siúd nach bhfuil córas reiligiúnach acu.

Toisc go n-aithníonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, i gcomhthéacs an Achta Oideachais (1998), na cearta atá ag údaráis dhifriúla eaglasta chun curaclaim in oideachas reiligiúnach a dhearadh ag leibhéal bunscoile agus chun feitheoireacht a dhéanamh ar a múinteoireacht agus ar a bhforfheidhmiú, ní áirítear iniúchtaí de churaclaim oideachais reiligiúnaigh sna treoirlínte seo.

# 4.5 Deiseanna le haghaidh oideachais idirchultúrtha trasna an churaclaim

Mar chúnamh do phleanáil an tseomra ranga, leagtar amach sa chuid seo roinnt de na deiseanna d'obair an oideachais idirchultúrtha mar a thagann siad suas trasna na réimsí curaclaim. Aithníonn sé, do gach leibhéal ranga agus do gach réimse ábhair agus snáithe, deiseanna chun plé le hféiniúlacht agus muintearas, cosúlacht agus difríocht, cearta agus freagrachtaí daonna, le leithcheal agus comhionannas agus le coimhlint agus síocháin. Ní liosta críochnúil é seo de dheiseanna mar seo; beidh múinteoirí in ann, ina gcuid pleanála, a lán deiseanna eile a aithint. Tá sé de chuspóir againn go mbeidh sé mar phointe imeachta do phleanáil mar seo.

Tá an t-iniúchadh curaclaim seo eagraithe de réir leibhéil ranga (ranganna naíonán, ranganna a haon agus a dó, ranganna a trí agus a ceathair, agus ranganna a cúig agus a sé). I ngach cás, aithnítear an snáithe agus an snáithaonad ina ndéantar an obair.

Déanann an t-iniúchadh tagairt do Churaclam na Bunscoile, agus d'eiseamláirí freisin atá sna Treoirlínte um Oideachas Idirchultúrtha seo. Tuigtear níos éasca an-chuid de na deiseanna d'obair idirchultúrtha a aithníodh anseo trí thagairt a dhéanamh do na foinsí seo. Cé go bhfuil na heiseamláirí istigh ann scríofa go minic i mbealach atá oiriúnach do leibhéal ranga faoi leith, aithníonn siad smaointe agus bealaí oibre a fhéadann múinteoirí a chur i bhfeidhm ar a leibhéal ranga féin.



Oideachas Idirchultúrtha : **Ranganna Naíonán: Matamaitic**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| | **Na snáitheanna go léir**<br>Samplaí de théacs, léirithe, ceisteanna, srl. chun éagsúlacht cultúr in Éirinn a mhacasamhlú (comhphobal bán lonnaithe, an Lucht Siúil, daoine ó chúlraí Eorpacha, Áiseacha agus Afraiceacha).<br><br>**Luathghníomhaíochta í matamaitice**<br>*Rangú, ionannú, comparáid, ordú:*<br>Aithnigh go bhféadann rudaí atá difriúil i gcritéar amháin a bheith mar an gcéanna i gceann eile. (Féadtar gruaig fhionn a bheith ag buachaillí agus ag cailíní araon, féadann daoine le súile donna a bheith ina gcónaí i dtithe nó i gcarbháin, srl.) | **Uimhreas**<br>*Anailís ar Uimhreas:*<br>Iniúch an smaoineamh ar dháileadh cothrom rudaí i measc páistí. | **Tomhais**<br>*Am:*<br>Iniúch an coincheap ar úsáid chomhionann acmhainní, mar shampla an méid ama a chaitheann páistí difriúla ag súgradh le liathróid, conas a úsáideann páistí difriúla uisce, gaineamh nó réimsí sugartha. | |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Labhairt**<br>*Ag cothú spéise:*<br>An Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha.<br><br>*Ag úsáid teanga:*<br>Nuacht shimplí phearsanta a thabhairt faoin am atá thart. | **Éisteacht**<br>*Ag tusicint teanga:*<br>Éisteacht leis an nGaeilge i gcomh-théacsanna cultúrtha (T1). | **Éisteacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar éisteachta (T1). | **Scríbhneoireachta**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Ag scríobh faoi phictiúir. | **Labhairt**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Caint faoi mhothúcháin agus faoi mhianta (T1). |
| **Léitheoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Teanga leitheoireacht a chleachtadh trí ‘leabhair mhóra‘ a léamh in éineacht leis an múinteoir (í gcomhthéacsanna cultúrtha) (T1). | **Labhairt**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Usáid a bhaint as geáitsí agus tuin na cainte chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach (T1). | **Léitheoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Léamh i gcomhpháirt le duine eile (T1).<br>Léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha (T1). | **Labhairt**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Rólghlacadh a chleachtadh ag leibhéil shimplí i suíomh shamhlaíocha (T1). | **Scríbhneoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Pictiúr a tharraingt a léiríonn mothúcháin agus na céadfaí agus lipéid a chur orthu (T1).<br>Ag scríobh do léitheoirí nó d‘éisteoirí éagsúla (T1). |

Oideachas Idirchultúrtha : **Ranganna Naíonán: Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Mise**<br>*Féinaithne:*<br>Labhair faoi agus forbraigh dea-mheas ar ghnéithe uathúla an duine.<br>Forbraigh féin-mhuinín agus an cumas chun mé féin a chur in iúl/a chumarsáid.<br>(Curaclam na Bunscoile, OSPS, lch 16) | **Mise agus daoine eile**<br>*Mise agus mo mhuintir:*<br>Aithnigh róil agus rannpháirtíochtaí na ndaoine difriúla sa chlann agus tabhair faoi deara nach bhfuil clanna go léir mar an gcéanna (Eiseamláir 13). | **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Déan grúpghníomhaíochtaí agus foghlaim conas comhroinnt, comhoibriú, éisteacht agus obair a dhéanamh le chéile. Tabhair faoi deara agus tuig an gá atá le cloí le rialacha sa rang. | **Mise agus daoine eile**<br>*Mo chairde agus daoine eile:*<br>Bí ar an eolas faoi conas daoine a láimhseáil le meas agus cleachtaigh cúram agus meas. Aithnigh bulaíocht agus déan iniúchadh ar a hiarmhairtí. | **Mise**<br>*Ag fás agus ag athrú:*<br>Forbraigh an cumas chun mothúcháin a aithint agus a ainmniú agus conas déileáil leo. Aithnigh go dtéann gnímh i gcion ar mhothúcháin dhaoine eile agus bí íogair dá mothúcháin.<br><br>**Mise**<br>*Sábháilteacht agus cosaint:*<br>Tabhair aitheantas ar agus déan iniúchadh ar shuímh ina mothaíonn páistí go bhfuil siad sábháilte. |
| **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Na saincheisteanna go léir faoin aonad seo. | **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Aithnigh go bhfuil gach duine uathúil agus go ndéanann gach duine rannpháirtíocht. Déan iniúchadh ar agus cuir meas ar éagsúlacht na bpáistí sa rang agus sa scoil. | | **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Déan grúpghníomhaíochtaí agus foghlaim conas comhroinnt, comhoibriú, éisteacht agus obair a dhéanamh le chéile (Eiseamláir 17).<br>Déan iniúchadh ar shaincheisteanna comhionannais a thiocfadh suas idir cairde agus le daoine eile (mar shampla, comhionannas i dtaobh rochtana ar bhréagáin, ar an réimse súgartha srl.). | **Mise agus daoine eile**<br>*Caidreamh le daoine eile:*<br>Déan iniúchadh agus cleachtadh ar choimhlint a láimhseáil gan a bheith ionsaitheach (Eiseamláir 11). |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Confidence and competence in using language**<br>*Oral language:*<br>Affirm the normality of a diversity of pronunciations of words in English.<br>Talk about past and present experiences in the child's life and plan, predict and speculate about future and imaginary experiences. | **Receptiveness to language**<br>*Reading:*<br>*Develop concepts of language and print:*<br>Play with language to develop an awareness of sound, including sounds in different languages. | **Receptiveness to language**<br>*Oral language:*<br>Listen to a story concerning fairness and respond to it. | | **Receptiveness to language**<br>*Oral language:*<br>Learn to adopt appropriate verbal and non-verbal behaviour to secure and maintain the attention of a partner (establishing eye contact, etc.). |
| | **All strands**<br>Use stories and rhymes from a diversity of cultural contexts. | **Developing cognitive abilities through language**<br>*Oral language:*<br>Discuss fairness issues that directly affect the child's life in school or outside school. | | **Confidence and competence in using language**<br>*Oral Language:*<br>Give and take turns speaking in a context in which tolerance for the views of others is fostered (Exemplar 16). |
| | **Developing cognitive abilities through language**<br>*Reading:*<br>Contribute to an understanding of stereotyping through the use of the story as being created by someone who chooses what to put in and leave out, when re-telling or acting out familiar stories. | | | **All strands**<br>Use stories and rhymes that deal with themes of interpersonal conflict and its consequences. |

Oideachas Idirchultúrtha : **Ranganna Naíonán: Drámaíocht**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Iniúchadh agus déanamh drámaíochta; léirsmaoineamh ar dhrámaíocht; Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta:*<br>Tuiscint dhearfach ar fhéinaithne a fhorbairt trí obair dhramatúil.<br><br>Gabháil le próiseas daonlathach de chinneadh a chomhdhéanamh. Mar shampla, cén scéal a chuirfimid i láthair inniu? | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Iniúchadh agus déanamh drámaíochta; léirsmaoineamh ar dhrámaíocht; Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta:*<br>Tuiscint ar pheirspictíochtaí difriúla a fhorbairt *(an mactíre i The Three Little Pigs, an troll i Three Billy Goat's Gruff, srl.* (Eiseamláir 19)).<br><br>Roghnaigh rudaí ó éagsúlacht cultúr chun an comhthéacs drámatúil seo a dhéanamh. Mar shampla, bréagáin ó thíortha éagsúla, scaifeanna gruaige ó chultúir dhifriúla. | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Iniúchadh agus déanamh drámaíochta; léirsmaoineamh ar dhrámaíocht; Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta:*<br>Iniúch an smaoineamh faoi chothroime i gcleachtas. Mar shampla, gach duine ag fáil deiseanna comhionanna chun an bosca le haghaidh gléasta suas a úsáid. | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Iniúchadh agus déanamh drámaíochta; léirsmaoineamh ar dhrámaíocht; Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta:*<br>Iniúchadh a dhéanamh ar chothroime na láimhseála de ghrúpaí difriúla. Mar shampla, is féidir le rang amháin dráma a dhéanamh agus níl cead ag rang eile ceann a dhéanamh.<br><br>Comhbhá a fhorbairt leo siúd ar a ndéantar leithcheal (ocras ar an áilteoir ach níl cead aige dul isteach sa bhialann de dheasca a chuid éadaí).<br><br>Tuiscint a fhorbairt ar chumas an duine aonair difríocht a dhéanamh. Mar shampla, ag tabhairt cuairte ar chara atá tinn sa leaba agus feabhas a chur ar a g(h)iúmar. | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Iniúchadh agus déanamh drámaíochta; léirsmaoineamh ar dhrámaíocht; Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta:*<br>Bunaigh dráma ar shuímh coimhlinte chun tuiscint ar phróiseas na coimhlinte a fhorbairt. Mar shampla, teastaíonn ó bheirt páiste an bosca gainimh a úsáid nó teastaíonn ó ghrúpa amháin a bheith ag súgradh sa teach súgartha agus teastaíonn ó ghrúpa eile é a úsáid mar dhún.<br><br>Déan machnamh ar conas a mhothaíonn daoine nuair a bhíonn siad bainteach i gcoimhlint.<br><br>Forbraigh tuiscint agus cumas i dtaobh cumarsáide agus comhoibrithe (Féach ar Eiseamláir 12). |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Na Snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Féin-mheas a fhorbairt trí húsáid na meán cumarsáide go léir chun tréithe pearsanta a léiriú (m.sh. dath craicinn, dath gruaige, srl.) (Eiseamláir 3).<br><br>*Breathnú agus freagairt:*<br>Féachann gach páiste ar a (h)obair agus labhrann sé/sí fúithi.<br><br>**Líníocht**<br>*Líníochtaí a dhéanamh:*<br>Déanann na páistí líníochtaí bunaithe ar mhothúcháin a tugadh chun cuimhne go bríomhar agus ar eispéiris agus scéalta réadúla agus shamhailteacha. Mar shampla, baile agus súgradh, brionglóidí agus mianta, ócáidí speisialta. | **Na Snáitheanna go léir**<br>*Breathnú agus freagairt:*<br>Féach ar agus labhair faoi obair pháistí eile agus obair ealaíontóirí ó éagsúlacht de ghrúpaí eitneacha agus de thíortha.<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Cumas a fhorbairt chun féachaint ar conas a thacaíonn na léirithe le peirspictíocht an scéil (m.sh. cuir na léirithe den mhactíre sa scéal traidisiúnta *Three Little Pigs* i gcomparáid leo siúd i *The True Story of the Three Little Pigs* le Jon Scieszka).<br>Féach ar agus tabhair freagairt do léirithe cultúrtha difriúla de théamaí cosúla. Mar shampla, pictiúir de shiopaí, d'ollmhargaí agsu de mhargaí i gcomhthéacsanna difriúla.<br>Pléigh na roghanna faoi cad a chuirtear isteach agus cad a fhágtar ar lár (an deilbhiú) in íomhá, go dtí nach ndeireann an íomhá an fhírinne iomlán, ach go n-insíonn sé rogha scéil duine faoi leith. Mar shampla, féadtar feidhm a bhaint as griangraf chun scéalta difriúla a léiriú trí chodanna difriúla de a chlúdach. | Roghnaigh samplaí d'obair ealaíontóirí, léirithe scéil nó lámhdhéantúsáin chun tuiscint a fhorbairt ar chothroime, ar choimhlint idirphearsanta agus ar mhothúcháin faoi dhaoine eile. Mar shampla, léirithe ó scéalta cosúil le Rapunzel nó Cinderella, ina gcaitear go héagothromach le daoine, léiriúcháin choimhlinte i Tom agus Gerry nó i gcartúin eile cosúil leis sin. | | |

Oideachas Idirchultúrtha : **Ranganna Naíonán: Ceol**

<table>
<tr><th>Féiniúlacht agus Muintearas</th><th>Cosúlacht agus Difríocht</th><th>Cearta agus Freagrachtaí Daonna</th><th>Leithcheal agus Comhionannas</th><th>Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint</th></tr>
<tr>
<td>Éisteacht agus freagairt<br>Iniúchadh fuaimeanna:<br>Éist le agus aithnigh fuaimeanna ón imshaol, éagsúlacht tuineacha in Éirinn san áireamh, agus éagsúlacht de chomhthéacsanna sóisialta.<br><br>Éisteacht agus freagairt, Léiriú<br>Éisteacht le ceol agus freagairt dó agus Amhránaíocht:<br>Roghnaigh ceol a mhacasamhlaíonn cultúir agus traidisiúin éagsúla na hÉireann (Rímeanna an Lucht Siúil ó Charley Barley and all his friends, ceol ó bhaile na bpáistí).</td>
<td>Éisteacht agus freagairt<br>Iniúchadh fuaimeanna:<br>Iniúch fuaimeanna a dhéanamh le huirlisí ó éagsúlacht chomhthéacsanna (croitheadóirí, bodhrán, tambóirín).<br>Cuir uirlisí cosúla ó chultúir dhifriúla i gcomparáid lena chéile (bodhrán, tambóirín).<br><br>Éisteacht le ceol agus freagairt dó:<br>Éist le agus déan cur síos ar raon leathan de stíleanna agus de thraidisiúin cheolmhara (reggae, popcheol, ceol tíre, Laidin-Mheiriceánach, Amhráin Náisiúnta).<br>Bain feidhm as amhráin i dteangacha seachas as Béarla nó in aistriúchán.<br>Bain feidhm as uirlisí ó raon de thraidisiúin chultúrtha.</td>
<td colspan="2">Roghnaigh raon amhrán nó rímeanna a tháinig as suímh leithcheala, cosúil le spioradáltaí a bhaineann le tréimhse sclábhaíochta sa SA nó a phléann le téamaí cothroime nó leithcheala.<br>Labhair faoi conas a mhacasamhlaítear na téamaí sa cheol, sna focail, agus sa mhodh, srl.</td>
<td>Roghnaigh raon amhrán a phléann le coimhlint agus le síocháin idirphearsanta, agus a phléann le hiarmhairtí na coimhlinte.<br>Iniúch conas a mhacasamhlaítear an téama sa cheol.</td>
</tr>
</table>

Oideachas Idirchultúrtha : **Ranganna Naíonán: Eolaíocht**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Dúile beo**<br>*Mise:*<br>Aithníonn agus cuireann an páiste luach ar na codanna a dhéanann suas é/í féin go fisiciúil. Aithníonn an páiste go bhfuil na codanna seo ag daoine daonna go léir, agus cé go ndifríonn siad ó dhuine go duine, tá an fheidhm chéanna acu. | **Dúile beo**<br>*An bheatha dhaonna:*<br>Aithnigh an éagsúlacht agus na cosúlachtaí i dtréithe daoine daonna, ag aithint na gcoitiantachtaí trasna grúpaí eitneacha agus cultúrtha.<br><br>Aithnigh an normáltacht a bhaineann le raon réiteach difriúil daonna ar riachtanais dhaonna cosúil le bia nó codladh (aistí bia difriúla, patrúin chodlata dhifriúla, codladh trathnóna, srl.)<br><br>**Fuinneamh agus fórsaí**<br>*Fuaim:*<br>Aithnigh difríochtaí cultúrtha in uirlisíocht (drumadóireacht, gaoth-ionstraimí, srl.) agus na feidhmeanna atá acu.<br><br>**Ábhair**<br>*Airíonna agus tréithe ábhar:*<br>Imscrúdaigh agus labhair faoi éagsúlacht na n-ábhar a úsáideann siad agus a dteaghlaigh i bhfoirgnimh, in éadaí, agus i mbia. | **Dúile beo**<br>*Mise:*<br>Aithnigh mar shaincheist chothroime conas a ardaíonn riachtanais go gcaitear a chomhlíonadh mar thoradh de phróisis bheatha dhaonna (bia, codladh, srl.)<br><br>**Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Cúram díom féin agus de mo thimpeallacht:*<br>Iniúch saincheisteanna a bhaineann le freagracht an duine aonair agus an chomhphobail i dtaobh an imshaoil mar shaincheisteanna cothroime. | **Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Cúram díom féin agus de mo thimpeallacht:*<br>Scrúdaigh raon na ngnéithe nádúrtha agus daonna atá le fáil sa cheantar áitiúil. An bhfuil rochtain chomhionann ag cách ar na gnéithe sin? Cad a bhacfadh rochtain orthu? | **Dúile beo**<br>*Plandaí agus ainmhithe:*<br>Scrúdaigh an choimhlint atá ann sa domhan nádúrtha—ainmhithe in iomaíocht lena chéile i dtaobh bia, plandaí in iomaíocht lena chéile i dtaobh solais. Cad iad na réitigh nádúrtha atá ann? Féach ar bhealaí ina gcónaíonn ainmhithe agus plandaí go socair sásta le chéile. Déan ionannú leis na bealaí ina dtagann daoine daonna i gcoimhlint le chéile agus déan iniúchadh ar réitigh indéanta.<br><br>**Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Cúram díom féin agus de mo thimpeallacht:*<br>Féach ar shaincheisteanna a bhaineann le bruscar, truailliú agus le creachadóireacht. Conas a chuireann siad le coimhlint agus conas a fhéadtar na saincheisteanna seo a réiteach? Cé atá freagrach as na fadhbanna seo? Labhair faoi réamhchlaontaí go bhféadtar teacht chun solais. |

Oideachas Idirchultúrtha : **Ranganna Naíonán: Tíreolaíocht**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Imshaoil dhaonna**<br>*Ag maireachtáil sa phobal áitiúil:*<br>Déan iniúchadh ar a ról sa teaghlach, sa scoil agus sa phobal. Féach ar na róil atá ag daoine eile sna comhphobail sin agus imscrúdaigh conas atá daoine spleách ar a chéile. | **Imshaoil dhaonna**<br>*Daoine agus áiteanna i gceantair eile:*<br>Faigh feasacht éigin ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir thréithe cheantar an pháiste agus áiteanna eile. Ag dul i bhfeasacht ar éagsúlacht daoine ar a dtagtar i scéalta, i bpictiúir nó ar an teilifís. | **Imshaoil dhaonna**<br>*Ag maireachtáil sa phobal áitiúil:*<br>Aithnigh saincheisteanna cothroime i gcomhphobal áitiúil agus cuir iad i gcomparáid le ceantair eile (rochtain ar spásanna imeartha nó ar bhréagáin, riachtanais bhia agus fhothana, cineálacha scolaíochta, srl.) (Eiseamláir 15). | **Imshaoil dhaonna**<br>*Ag maireachtáil sa phobal áitiúil:*<br>Aithnigh saincheisteanna cothroime i gcomhphobal áitiúil agus cuir iad i gcomparáid le ceantair eile (rochtain ar spásanna imeartha nó ar bhréagáin, riachtanais bhia agus fhothana, cineálacha scolaíochta, srl.) (Eiseamláir 15). | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Trí obair a dhéanamh i ngrúpaí, foghlaim faoin ngaol idir fhreagracht d'éisteacht agus an ceart a bheith cloiste (Eiseamláir 17). |
| **Imshaoil nádúrtha**<br>*An aimsir:*<br>Féach ar na bealaí ina dtéann an aimsir i bhfeidhm ar an mbealach a mhairimid. Conas a athraíonn an aimsir i gcodanna difriúla na hÉireann, in aice na farraige, ar thalamh ard, srl.? Conas a bheadh sé a bheith ag maireachtáil ann? | *Ag maireachtáil sa phobal áitiúil:*<br>Cuir meas agus luach ar éagsúlacht sa phobal trí, mar shampla, chineálacha difriúla tithe a aithint (teachíní, árasáin, leantóirí, carbháin, srl.) ag aithint go bhfuil siad ar 'chomhnormáltacht' lena chéile. | **Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Ag tabhairt aire don dúiche timpeall orm:*<br>Déan iniúchadh ar shaincheisteanna a bhaineann le freagracht an duine aonair agus an chomhphobail i dtaobh an imshaoil mar shaincheist chothroime. | | |
| | **Imshaoil nádúrtha**<br>*An aimsir:*<br>Déan iniúchadh ar an ngaol idir thosca aeráide agus slí bheatha. Déan iniúchadh ar conas atá tithe, éadaí, srl. i dtíortha difriúla curtha in oiriúint don aeráid ina maireann daoine. | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Trí obair a dhéanamh i ngrúpaí, foghlaim faoin ngaol idir fhreagracht d'éisteacht agus an ceart a bheith cloiste. (Eiseamláir 17). | | |

Oideachas Idirchultúrtha : **Ranganna Naíonán: Corpoideachas**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Tuiscint dhearfach ort féin a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí fisiciúla a dhéanamh.<br>Rólchuspaí spóirtiúla a aithint ó raon grúpaí eitneacha. | **Damhsa**<br>*An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a léiriú:*<br>Roghnaigh damhsaí a léiríonn éagsúlacht chomhthéacsanna ('Old McDonald' ag léiriú feirme, 'cothoza mfana' ag léiriú daoine ag maireachtáil i gcoinníollacha sclábhaíochta) (Eiseamláir 4).<br>Cruthaigh damhsa a áiríonn ainmhithe in éagsúlacht chomhthéacsanna (cat ina shuí ar an tolg, moncaí i bhforaois, eilifint i bhféar fada, dobhareach in uisce, srl.) | **Cluichí**<br>*Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint:*<br>Aithnigh coincheapa na cothroime i bhfeidhmiú rialacha simplí ar chluiche<br><br>**Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraíonn páistí an cumas chun déileáil lena mothúcháin chomh maith le dul i bhfeasacht ar idirspleáchas i gcluichí foirne, i ngníomhaíochtaí lasmuigh, agus i ngrúpghníomhaíochtaí eile. | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh iompraíocht oiriúnach neamh-leithchealach i ngrúpgh-níomhaíochtaí.<br>Aithnigh conas a mhothaíonn sé a bheith eisiata, agus cuir luach ar an toilteanas chun gach duine a chur san áireamh. | **Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta**<br>*Dúshláin lasmuigh:*<br>Déan gníomhaíochtaí simplí comhoibríocha (muinín).<br><br>**Na Snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraíonn páistí an cumas chun a mothúcháin a láimhseáil agus chun dul i bhfeasacht ar idirspleáchas i gcluichí foirne, i ngníomhaíochtaí lasmuigh, agus i ngníomhaíochtaí grúpa eile. |

Oideachas Idirchultúrtha : **Ranganna Naíonán: Stair**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Mise agus mo mhuintir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraigh tuiscint go bhfuil gach duine uathúil trí dhátaí agus imeachtaí pearsanta agus tábhachtacha a thaifeadadh.<br><br>Forbraigh tuiscint go bhfuil éagsúlacht reiligiúnach, chultúrtha, srl. mar ghnáth-chuid de stair an chomhphobail áitiúil (Eiseamláir 13).<br><br>**Scéal**<br>*Scéalta:*<br>Féadtar scéalta agus miotais a roghnú chun eágsúlacht na ndaoine atá ina n-Éireannaigh a léiriú (na Ceiltigh, na Lochlannaigh, chomh maith leis na hinimircigh a tháinig níos déanaí).<br>Éist le héagsúlacht daoine áitiúla ag insint a scéalta faoina saolta san am a chuaigh thart. | **Scéalaíocht**<br>*Scéalta:*<br>Téigh i bhfeasacht ar shaolta ban, páistí agus fear ó chúlraí difriúla, sóisialta, cultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha, 'gnáthdhaoine' chomh maith le daoine ar a bhfuil 'níos mó cáile'. | | **Mise agus mo mhuintir**<br>*Fianaise a úsáid:*<br>Aithnigh go bhféadtar pictiúir a ghearradh i mbealaí difriúla chun eolas difriúil a thabhairt. Tógtar tuiscint, diaidh ar ndiaidh, ar 'dheilbhiú', a chuirfidh le tuiscint ar bhuanchruthú (Eiseamláir 14). | **Scéal**<br>*Scéalta:*<br>Féadtar scéalta agus miotais a roghnú chun suímh coimhlinte a léiriú agus chun iniúchadh a dhéanamh ar iarmhairtí diúltacha an fhoiréigin. |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a hAon agus a Dó: Gaeilge**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| **Éisteacht**<br>*Ag tuiscint teanga:*<br>Éisteacht le cainteoir(í), beo agus í bhfiseáin, agus an chaint a thuiscint le cabhair. | **Éisteacht**<br>*Ag tusicint teanga:*<br>Canúint an cheantair agus guthanna difriúla a aithint (T1). | **Éisteacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar éisteachta (T1). | **Léitheoireacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Sracfhéachaint go rialta ar réimse leathan d'ábhar léitheoireachta (T1). | **Labhairt**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Rólghlacadh a chleachtadh i suíomh éagsúla (chun dearcaidh dhifriúla a phlé agus a fhorbairt). |
| *Ag cothú spéise:*<br>Eisteacht gan bhrú le hábhar tarraingteach dánta (ón gceantar áitiúil Gaeltachta) (T1). | **Labhairt**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh. | **Léitheoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Léamh i gcomhpháirt le duine eile (T1). Cineálacha éagsúla téacs a léamh go tuisceanach (T1). Léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha (T1). | **Labhairt**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Suímh shamhlaíocha a chruthú agus a fhorbairt I sceitsí agus dramaí. | **Labhairt**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Caint faoi mhothúcháin agus faoi mhianta (T1). |
| **Labhairt**<br>*Ag cothú spéise:*<br>An Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha.<br><br>*Ag úsáid teanga:*<br>Nuacht shimplí phearsanta a thabhairt labhairt faoi/fúithi féin. | **Léitheoireacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Sracfhéachaint ó am go ham ar réimse leathan d'abhar léitheoireachta. | **Scríbhneoireacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Rogha a dhéanamh faoi ábhar na scríbhneoireachta (T1).<br><br>*Ag úsáid teanga:*<br>Comhoibriú le páistí eile (T1). | **Scríbhneoireachta**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Caint faoi phictiúir. | **Léitheoireacht**<br>*Ag tuiscint teanga:*<br>Freagairt do dhánta agus do phearsana agus d'eachtraí i scéalta. |
| **Léitheoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Teanga leitheoireacht a chleachtadh trí 'leabhair mhóra' a léamh in éineacht leis an múinteoir (i gcomhthéacsanna cultúrtha). | | | | **Scríbhneoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Pictiúr a tharraingt a léiríonn mothúcháin agus lipéid a chur leo. Scríobh do léitheoirí nó d'éisteoirí éagsúla. Mothúcháin a léiriú trí mheán na scríbhneoireachta (T1). |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a hAon agus a Dó: Matamaitic**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Uimhreas**<br>*Comhaireamh agus uimhriú:*<br>Comhairigh uimhir na bpáistí sa rang, ag an mbord, sa ghrúpa, sa ghrúpa ag déanamh gníomhaíochta faoi leith. Forbraíonn na páistí go léir feasacht ar bheith mar bhall ghrúpa.<br><br>**Cruth agus spás**<br>*Cruthanna 2-T:*<br>Cruthanna 2-T ina s(h)ealúchas féin agus i sealúchas daoine eile a aithint agus a chur i gcomparáid le chéile. | **Uimhreas**<br>*Comparáid agus ordú:*<br>Aithnigh go bhféadtar rudaí a bheith difriúil i gcritéar amháin agus a bheith mar an gcéanna i gcritéar eile (féadtar cailíní agus buachaillí a bheith bán nó gorm, féadtar bróga reatha agus bróga a bheith ag daoine bána, srl.)<br><br>**Cruth agus spás**<br>*Cruthanna 3-T agus 2-T:*<br>Aithnigh agus cuir na difríochtaí idir chruthanna 3-T agus 2-T i gcomparáid lena chéile.<br><br>**Tomhais**<br>*Meáchan, Toilleadh, Am, Airgead:*<br>Aithnigh foirmeacha eile tomhais as a bhféadtar triail a bhaint (tomhais impiriúlacha agus dheachúlacha).<br>*Fad:*<br>Tomhais airde na bpáistí sa rang agus cuir i gcomparáid le chéile iad. Pléigh cosúlacht agus difríocht i dtaobh na dtorthaí.<br>*Toilleadh:*<br>Líon éagsúlacht soitheach agus imscrúdaigh líon toillte gach soithigh. Iniúch an bhuansheasmhacht a thairgíonn soithigh le cruthanna difriúla. Cuir an méid céanna uisce in dhá shoitheach dhifriúla agus breathnaigh ar an gcaoi a líonann an méid seo ceann amháin agus nach líonann sé ach leath an chinn eile. | **Uimhreas**<br>*Comparáid agus ordú:*<br>Cuir é sin i bhfeidhm ar shuímh cheart daonna (rochtain na bpáistí ar bhréagáin, ar oideachas, srl.).<br><br>**Tomhais**<br>*Airgead:*<br>Pléigh airgead i dtaobh ceart daonna agus freagrachtaí. | **Uimhreas**<br>*Codáin:*<br>Cuir i bhfeidhm ar shuímh praiticiúla a bhaineann le comhionannas agus le leithcheal (rochtain na mbuachaillí agus na gcailíní ar threalamh spóirt le linn sosa, rochtain ar bhréagáin).<br><br>**Tomhais**<br>*Airgead:*<br>Pléigh airgead i dtaobh leithcheala agus comhionannais (m.sh. ag ceannach milseán, airgead póca a bheith agat in ionad gan é a bheith agat).<br><br>**Sonraí**<br>*Ag léiriú agus ag míniú sonraí:*<br>Cuir i bhfeidhm ar shuímh praiticiúla a bhaineann le comhionannas agus le leithcheal (Eiseamláir 15). | **Cruth agus Spás**<br>*Feasacht ar spásúlacht:*<br>Comhoibríonn páistí i ngrúpaí measctha, ag cuidiú lena chéile chun foclóir a bhaineann le gaolta spáis a iniúchadh. |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Mise**<br>*Féinaithne:*<br>Dea-mheas a fhorbairt ar agus caint faoi láidreachtaí, chumais agus thréithe pearsanta.<br>Glac lena (h)íomhá choirp féin, dath craicinn, cineál gruaige, srl. san áireamh (Eiseamláir 3).<br>Forbraigh féin-mhuinín agus an cumas chun í/é féin a chur in iúl/a insint (Eiseamláir 16). | **Mise**<br>*Féinaithne:*<br>Tabhair aitheantas do agus cuir dea-mheas ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir dhaoine.<br>*Ag tabhairt aire do mo chorp:*<br>Labhair faoi chineálacha difriúla bia, mar shampla, pizza, spaigití, cillí, curaithe, srl. Cad as a thagann na bianna sin? | **Mise**<br>*Sábháilteacht agus cosaint:*<br>Forbraigh tuiscint ar fheidhmiú na rialacha mar shlí chun comhthéacs a sholáthar do láimhseáil chomhionann agus do shábháilteacht do bhaill uile an chomhphobail. | **Mise agus daoine eile**<br>*Mo chairde agus daoine eile:*<br>Bí ar an eolas faoi conas daoine a láimhseáil le meas. Cleachtaigh cúram agus tuiscint i bplé le daoine eile. Aithnigh bulaíocht agus bí a fhios agat go bhfuil sí mí-cheart. | **Mise**<br>*Féinaithne:*<br>Déan iniúchadh ar bhealaí difriúla chun déileáil le hathrú. Tabhair aitheantas do na tuairimí agus do na tosaíochtaí atá ag daoine eile.<br><br>*Ag fás agus athrú:*<br>Faigh seilbh ar an gcumas chun mothúcháin a aithint agus a ainmniú. Aithnigh go dtéann gnímh i gcion ar mhothúcháin daoine eile. |
| **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Déan iniúchadh ar na saincheisteanna go léir atá faoin snáithaonad seo. | **Mise agus daoine eile**<br>*Mise agus mo mhuintir:*<br>Aithnigh na róil dhifriúla agus na rannpháirtíochtaí ag daoine laistigh den teaghlach. Tabhair aitheantas ar éagsúlacht i mbailte agus i dteaghlaigh (Eiseamláir 13). | **Mise agus daoine eile**<br>*Caidreamh le daoine eile:*<br>Bí feasach ar fhreagracht an duine a bheith ag éisteacht le, ag cloisteáil le agus ag freagairt do pé rud a dheireann daoine eile. | **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Déan iniúchadh ar shaincheisteanna comhionannais cosúil le comhionannas eitneach agus gnéis go bhféadtar teacht chun solais le cairde agus le daoine eile (m.sh. an bhfuil greimlíní atá oiriúnach do dhath craicinn na bpáistí gorma agus bána le fáil sa cheantar, an bhfuil bianna le fáil san ollmhargadh áitiúil atá oiriúnach do dhaoine ó ghrúpaí mionlacha eitneacha). | *Sábháilteacht agus cosaint:*<br>Aithnigh agus iniúch suímh ina mothaíonn páistí go bhfuil siad sábháilte. |
| | **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Tabhair aitheantas ar cad a chiallaíonn sé a bheith mar bhall de ghrúpaí difriúla. Bí feasach ar agus cuir dea-mheas ar éagsúlacht na gcultúr agus na ndaoine sa phobal áitiúil. | **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>*Déan* grúpghníomhaíochtaí agus foghlaim conas comhroinnt, comhoibriú, éisteacht agus obair le chéile a dhéanamh (Eiseamláir 17). | | **Mise agus daoine eile**<br>*Caidreamh le daoine eile:*<br>Iniúch agus cleachtaigh conas coimhlint a láimhseáil gan a bheith ionsaitheach (Eiseamláir 12). |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a hAon agus a Dó: English**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Receptiveness to language** *Oral language; developing receptiveness to oral language:* Discuss the place of English as one of the languages of Ireland. All children learn 'hello' and 'goodbye' in the first language of all children in the class. | **Receptiveness to language** *Oral language; developing receptiveness to oral language:* Listen to and experiment with sounds from different languages. | **Receptiveness to language** *Reading; developing strategies:* Co-operate in shared reading activities (child whose first language is English along with child whose first language is not, children who have different abilities in reading working together). | **All strands** *All strand units:* Children begin to understand what stereotyping is and to recognise it in obvious picture and text examples (e.g. man reading the paper, woman working in the kitchen). | **Receptiveness to language and competence and confidence in using language** *Oral Language:* Develop skills of peaceable communication—listening, speaking calmly and clearly. Develop awareness of non-verbal behaviours that can be interpreted as aggressive or confrontational. |
| **Confidence and competence** *Oral Language:* Affirm the normality of a diversity of pronunciations of words in English. | **Receptiveness to language** *Oral Language:* Investigate non-verbal greetings used in various cultures. Experiment with non-verbal behaviour in communicating with others. | **Developing cognitive abilities through language** *Oral language and writing:* Talk about a responsibility the child has in school orat home. Write the significant details of that responsibility. | **Emotional and imaginative development through language** *All strands:* Development of empathy through exploration of responses to discrimination and equality contexts in stories and imaginative play (how the child would feel if she/he were in such a situation). | **Developing cognitive abilities through language** *Oral Language:* Explore and express conflicts of opinion through improvisational drama (Exemplar 11). |
| **All strands** *All strand units:* Use stories, examples and questions to reflect diversity of cultures in Ireland. | **Developing cognitive abilities through language** *Oral Language:* Ask questions about other cultures and their language, country, dress, etc. | **All strands** Use texts, poems, questions, etc. that deal with fairness in fictional and factual scenarios. | | **All strands** *All strand units:* Use texts, poems, questions, etc. to deal with interpersonal and wider conflict. |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Ag iniúchadh agus ag déanamh dráma, machnamh ar dhráma agus comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma:*<br>Féach ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir an duine féin agus daoine eile san imshaol áitiúil. (Déan rólghlacadh ar róil dhifriúla sa phobal, cosúil leis an oibrí poist, siúinéir, oibrí monarchan).<br>Forbraigh tuiscint dhearfach ar fhéinaithne trí obair dhrámatúil.<br>Gabh le próiseas daonlathach (na páistí ag obair leis an múinteoir chun liosta rialacha an ranga a chur le chéile). | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Ag iniúchadh agus ag déanamh dráma, machnamh ar dhráma agus comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma:*<br>Forbraigh tuiscint ar pheirspictíochtaí difriúla trí róil a ghlacadh ag dul i dtreo carachtrachta.<br><br>Iniúch agus ceistigh buanchruthanna (m.sh. an nathair chairdiúil a mheastar i gcónaí go bhfuil sí nimhneach) (Eiseamláir 18).<br><br>Roghnaigh rudaí ó éagsúlacht cultúr chun comhthéacs drámatúil a chur le chéile (suíomh stadach, cíora gruaige na hAfraice, sari Indiach). | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Ag iniúchadh agus ag déanamh dráma, machnamh ar dhráma agus comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma:*<br>Explore human rights contexts. For example, role playing the committee drawing up the Convention on the Rights of the Child (Exemplar 7).<br><br>Iniúch comhthéacsanna ceart daonna. Mar shampla, rólghlacadh a dhéanamh ar an gcoiste a chuir an Coinbhinsiún ar Chearta an Pháiste le chéile (Eiseamláir 7).<br><br>Iniúch feidhmiú na bprionsabal bunúsach cothroime trí dhráma (m.sh. dráma faoi bhanfhlaith atá i ngéibheann i gcaisleán).<br>Aithnigh agus cleachtaigh scileanna chun éagothroime a cheistiú go síochánta (easaontú, ceistiú, smaointe a chur i láthair). | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Ag iniúchadh agus ag déanamh dráma, machnamh ar dhráma agus comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma:*<br>Comhbhá a fhorbairt leo siúd ar a ndéantar leithcheal agus tosnaigh ar thuiscint a fhorbairt ar sheasamh dóibh siúd a dhéanann leithcheal. (m.sh. diúltaítear iontráil i siopa milseán do pháistí go dtí go bhfuil na daoine fásta críochnaithe agus ansin faigheann na páistí amach go bhfuil an tseacláid go léir ceannaithe ag na daoine fásta).<br><br>Tuiscint a fhorbairt ar chumas an duine aonair difríocht a dhéanamh (m.sh. páiste a thugann cuireadh do pháiste nua chun páirt a ghlacadh i gcluiche grúpa). | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Ag iniúchadh agus ag déanamh dráma, machnamh ar dhráma agus comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma:*<br>Bunaigh dráma ar shuímh coimhlinte chun tuiscint a fhorbairt ar an bpróiseas coimhlinte (Eiseamláir 12).<br><br>Forbraigh scileanna i gcomhréiteach a dhéanamh, in aontú le cinnidh ghrúpa agus i gcaibidlíocht (teastaíonn an bréagán céanna ag beirt páistí).<br><br>*Ag machnamh ar dhráma:*<br>Déan machnamh ar na próisis choimhlinte, agus ar fhéidearthachtaí eile. |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a hAon agus a Dó: Amharcealaíona**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Bain feidhm as na meáin chumarsáide go léir chun íomhánna í/é féin a chruthú a thaispeánann feasacht ar thréithe fisiciúla.<br>Iniúch agus léirigh éagsúlacht na dtréithe fisiciúla ag daoine eile.<br>Bí ag caint faoi a (h)obair (Eiseamláir 3). | **Fabraic agus snáithín agus Prionta**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Faigh spreagadh d'obair ó chultacha éadaí ó thíortha eile.<br><br>**Cré**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Scrúdaigh pictiúir de photaireacht ó chultúir eile. Faigh smaointe dá n-obair féin uathu agus bain triail as na smaointe sin.<br><br>**Tógáil**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Scrúdaigh stíleanna difriúla ailtireachta agus bain feidhm as smaointe chun struchtúir shamhlaíocha a dhéanamh.<br>Bí ag caint faoi bhunadh na smaointe a úsáidtear. | **Na snáitheanna go léir**<br>Déan colláisí agus struchtúir ina bhfuil páirt ag na daoine go léir sa rang nó ag grúpaí níos lú.<br>Forbraigh feasacht ar conas atá freagrachtaí áirithe ag gach duine agus go bhfuil an ceart ag gach duine rannpháirtíocht a dhéanamh. Forbraigh feasacht gur féidir le gach páiste ról luachmhar a imirt, cé nach bhfuil sé mar réimse láidreachta dó/di.<br><br>Forbraigh feasacht na freagrachta i dtaobh freagartha d'obair daoine eile. | **Na snáitheanna go léir**<br>*Breathnú agus freagairt:*<br>Féach ar agus tabhair freagairt do léiriúcháin dhifriúla chultúrtha ar théamaí cosúla.<br>Íomhánna buanchruthacha a iniúchadh agus a dhídhéanamh (feistis 'náisiúnta' nó eitneacha, gnáthchur síos ar Afraicigh mar dhaoine bochta, srl.) i dtéacsanna, i bhfógraí, srl. | **Na snáitheanna go léir**<br>Déan iniúchadh ar mhodhanna cothroma chun réiteach a fháil ar achrainn a tharlaíonn le linn grúpoibre.<br><br>Aithnigh go bhfuil tuairim gach duine luachmhar.<br><br>Forbraigh samhlaíocht, agus an cumas chun rudaí a shamhlú ó pheirspictíochtaí difriúla. |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Éisteacht agus freagairt**<br>*Iniúchadh fuaimeanna:*<br>Déan iniúchadh ar fhuaimeanna a bhaineann le cultúir na bpáistí go léir sa rang.<br><br>*Éisteacht le ceol agus freagairt dó:*<br>Roghnaigh ceol a léiríonn comhthéacsanna éagsúla an ionannais Éireannaigh (Traidisiúnta, Ceol Tíre, Roc-cheol, Pop-cheol, Ceol Manglaim).<br><br>Éist le ceol ó chultúir na bpáistí go léir sa rang. | **Éisteacht agus freagairt**<br>*Éisteacht le ceol agus freagairt dó:*<br>Déan iniúchadh ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir fhuaimeanna na n-uirlisí éagsúla.<br><br>Déan iniúchadh ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir fhuaimeanna traidisiúnta ó éagsúlacht tíortha. | **Na snáitheanna go léir**<br>Déan iniúchadh ar shaincheist na gceart agus na bhfreagrachtaí maidir le lánú an cheoil—ag seinm ceoil sa bhaile—conas a théann sé i bhfeidhm ar dhaoine eile sa chlann má tá sé ró-ard? | **Na snáitheanna go léir**<br>Roghnaigh raon amhrán a phléann le téama na cothroime nó an leithcheala (mar shampla, *'Colours of the Wind'* ón scannán Pocahontas). Éist leis na focail agus pléigh na saincheisteanna lena mbaineann siad.<br><br>Éist le hamhráin a d'úsáid oibrithe fadó (mar shampla, amhráin a d'úsáid na bainteoirí cadáis sa Mheiriceá). Pléigh conas a chabhraigh rithim na n-amhrán leo chun an obair a bhí i gcás a fhulaingt. | **Éisteacht agus freagairt**<br>*Éisteacht le ceol agus freagairt dó:*<br>Éist le ceol corraitheach agus déan iniúchadh ar na mothúcháin a ardaíonn gach píosa ceoil. |
| **Léiriú**<br>*Seinm uirlisí:*<br>Bain feidhm as éagsúlacht uirlisí, a léiríonn éagsúlacht na gcultúr Éireannach (Drumaí Lambeg, Bodhrán, Feadóg mhór, Feadóg stáin, srl.).<br><br>*Amhránaíocht:*<br>Cur i láthair raon amhrán a léiríonn éagsúlacht na gcúltúr Éireannach ceolmhar. | **Léiriú**<br>*Amhránaíocht agus Seinm uirlisí:*<br>Éist le, freagair do, agus cuir i láthair raon leathan stíleanna ceolmhara agus traidisiún ceolmhar (reggae, popcheol, ceol tíre, Laidin-Mheiriceánach, Amhráin Náisiúnta). Bain feidhm as amhráin i dteangacha seachas an Béarla nó in aistriúchán (Eiseamláir 5).<br>Bain triail as uirlisí ó raon traidisiún cultúrtha. | | | **Léiriú**<br>*Amhránaíocht agus Seinm uirlisí:*<br>Bain triail as fuaimeanna a fhéadann coimhlint agus síocháin a léiriú. Imir cluichí tuairimíochta chun a fháil amach cad atá le cur in iúl ag an duine ag déanamh na fuaime. |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a hAon agus a Dó: Eolaíocht**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Dúile beo**<br>*Mise:*<br>Aithnigh agus cuir luach ar na codanna a dhéanann suas é/í féin go fisiciúil. Aithnigh go bhfuil na codanna seo ag daoine daonna go léir, agus cé go ndifríonn siad ó dhuine go duine, tá an fheidhm chéanna acu. | **Dúile beo**<br>*Mise:*<br>Aithnigh an éagsúlacht agus na cosúlachtaí i dtréithe daoine daonna, ag aithint na gcoitiantachtaí trasna grúpaí eitneacha agus cultúrtha. | **Dúile beo**<br>*Mise:*<br>Aithnigh conas a mhacasamhlaítear riachtanais daoine daonna i gcoincheapa ar chearta daonna (ceart ar bhia, ar fhothain, ar chúram leighis, am fóillíochta, srl.). | **Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Cúram díom féin agus de mo thimpeallacht:*<br>Imscrúdaigh raon na ngnéithe nádúrtha agus daonna atá le fáil sa cheantar áitiúil. An bhfuil rochtain chomhionann ag cách ar na gnéithe sin? Cad a bhacfadh rochtain orthu? | **Dúile beo**<br>*Plandaí agus ainmhithe:*<br>Imscrúdaigh an choimhlint atá ann sa domhan nádúrtha—ainmhithe in iomaíocht lena chéile i dtaobh bia, plandaí in iomaíocht lena chéile i dtaobh solais. Cad iad na réitigh nádúrtha atá ann? Féach ar bhealaí ina gcónaíonn ainmhithe agus plandaí go socair sásta le chéile. Déan ionannú leis na bealaí ina dtagann daoine daonna i gcoimhlint lena chéile agus déan iniúchadh ar réitigh indéanta. |
| | **Fuinneamh agus fórsaí**<br>*Fuaim:*<br>Aithnigh difríochtaí cultúrtha in uirlisíocht (drumadóireacht, gaoth-ionstraimí, srl.) agus na feidhmeanna atá acu.<br><br>**Ábhair**<br>*Airíonna agus tréithe ábhar:*<br>Imscrúdaigh agus labhair faoi éagsúlacht na n-ábhar a úsáideann teaghlaigh trasna grúpaí eitneacha agus cultúrtha i bhfoirgnimh, in éadaí, agus i mbia. | **Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Cúram díom féin agus de mo thimpeallacht:*<br>Aithnigh saincheisteanna faoi fhreagracht imshaoil an duine aonair agus an chomhphobail i gcomhthéacs na cothroime. | | **Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Cúram díom féin agus de mo thimpeallacht:*<br>Féach ar shaincheisteanna a bhaineann le bruscar, truailliú agus le creachadóireacht. Conas a chuireann siad le coimhlint agus conas a fhéadtar na saincheisteanna seo a réiteach? Cé atá ciontach as na fadhbanna seo? Labhair faoi réamhchlaontaí a fhéadann teacht chun solais. |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Imshaoil dhaonna**<br>*Ag maireachtáil sa phobal áitiúil:*<br>Déan iniúchadh ar róil na bpáistí sa teaghlach, sa scoil agus sa phobal. Féach ar na róil atá ag daoine eile sna comhphobail sin agus imscrúdaigh conas atá daoine spleách ar a chéile.<br><br>*Daoine agus áiteanna i gceantair eile:*<br>Forbraigh tuiscint ar mhuintearas le comhphobail áitiúla, náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta. | **Imshaoil dhaonna**<br>*Ag maireachtáil sa phobal áitiúil:*<br>Cuir meas agus luach ar éagsúlacht sa phobal. Déan iniúchadh ar phríomhghnéithe an imshaoil tógtha. Aithnigh cineálacha difriúla tithe (teachíní, árasáin, leantóirí, carbháin srl.) (Eiseamláir 13).<br><br>*Daoine agus áiteanna i gceantair eile:*<br>Déan staidéar ar dhaoine i dtíortha Eorpacha eile, ag tabhairt aitheantas ar a rannpháirtíocht do chultúr agus do shlí bheatha na hÉireann, agus ar ár nascanna leo, ag dul i bhfeasacht ar éagsúlacht na ndaoine in Éirinn agus san Eoraip (Eiseamláir 2). | **Imshaoil dhaonna**<br>*Daoine agus áiteanna i gceantair eile:*<br>Déan iniúchadh ar fheidhmiú an choincheapa ar chothroime nuair a phléitear le hImshaoil Dhaonna sa bhaile agus i dtíortha eile (féadtar go n-áirítear mar shamplaí, daoine gan dídean, oideachas, ceart ar obair, an ceart páirt a ghlacadh i gcinnidh a théann i bhfeidhm orainn, srl.). | **Imshaoil dhaonna**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh téamaí Leithcheala agus Comhionannais nuair a phléitear le himshaoil dhaonna sa bhaile agus i dtíortha eile. Féadtar go gcuirtear san áireamh mar shamplaí, difríochtaí i dtithíocht, rochtain ar áiseanna, rochtain ar bhia / ar fhothain / ar uisce / ar theas. | **Imshaoil dhaonna**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh téamaí Coimhlinte agus Síochána nuair a phléitear leis an imshaol daonna áitiúil iad. Féadtar go gcuirtear san áireamh mar shamplaí, na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le coimhlintí áitiúla cosúil le coimhlintí idir chomharsana béal dorais. |
| **Imshaoil nádúrtha**<br>*An aimsir:*<br>Féach ar na bealaí ina dtéann an aimsir i bhfeidhm ar an mbealach a mhairimid. Conas a athraíonn an aimsir i gcodanna difriúla na hÉireann—in aice na farraige, ar thalamh ard, srl.? Conas a bheadh sé a bheith ag maireachtáil ann? | **Imshaoil nádúrtha**<br>*An aimsir:*<br>Déan iniúchadh ar an ngaol idir thosca aeráide agus slí bheatha. Imscrúdaigh conas a oireann tithe, éadaí, srl. i dtíortha difriúla don aeráid ina maireann na daoine. | **Na snáitheanna go léir**<br>*Scileanna in úsáid léarscáileanna, cruinneog agus pictiúr:*<br>Cuir íomhánna buanchruthacha (cultacha éadaí 'Náisiúnta' nó eitneacha, cur síos ar Afraicigh mar dhaoine bochta de ghnáth, srl.) i gcomparáid le híomhánna eile atá níos cruinne. | | **Imshaoil nádúrtha**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh téamaí Coimhlinte agus Réitigh ar Choimhlint nuair a phléitear leis an imshaol nádúrtha áitiúil iad. Féadtar go gcuirtear san áireamh mar shamplaí, na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le coimhlintí áitiúla faoi thalún, bhruascar, áiseanna, srl. |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a hAon agus a Dó: Corpoideachas**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraigh tuiscint dhearfach ar fhéinaithne trí ghabháil le gníomhaíochtaí fisiciúla.<br><br>Aithnigh rólchuspaí spóirtiúla ó raon grúpaí eitneacha. | **Damhsa**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Foghlaim raon foirmeacha damhsaí difriúla ag léiriú éagsúlachta cultúr (féach ar *Threoirlínte Corpoideachais do Mhúinteoirí, lch 62*).<br><br>Aithnigh na bealaí ina bhfaigheann foirmeacha damhsa iasachtaí óna chéile (m.sh. an meascán idir Damhsa Traidisiúnta na hÉireann agus stíleanna eile i 'Riverdance'). | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Déan iniúchadh ar an gceart atá ag gach duine a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí fisiciúla, chomh maith agus is féidir leo.<br><br>Déan iniúchadh ar shaincheist na freagrachta atá ag gach duine le cinntiú nach mothaíonn éinne eisiata le linn gníomhaíochta fisiciúla. | **Lúthchleasaíocht, Gleacaíocht agus Cluichí**<br>*Na cluichí go léir:*<br>Cuir na coincheapa cothroime i bhfeidhmiú rialacha an chluiche agus i gcúram na gcluichí in aithne do na páistí. Aithnigh iompraíocht oiriúnach neamh-leithchealach in idirghníomhaíocht. | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraigh scileanna comhoibrithe, an cumas chun dul i ngleic le mothúcháin agus feasacht ar idirspleáchas i gcluichí foirne, i ngníomhaíochtaí lasmuigh agus i ngrúpghníomhaíochtaí. |
| **Cluichí**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Daingnigh cultúr na bpáistí ó raon grúpaí eitneacha trí roghnú oiriúnach a dhéanamh de raon cluichí (m.sh., cruicéad, rugbaí, cluichí Gaelacha, cispheil, cluiche corr, sacar, srl.). | **Cluichí**<br>Imríonn na páistí cluichí ó raon comhthéacsanna cultúrtha.<br><br>Aithnigh na bealaí ina bhfaigheann cluichí ó chultúir dhifriúla eolas agus iasachtaí óna chéile (m.sh., iasachtaí chártaí dearga agus buí i CLG agus i Rugbaí ó sacar, iasacht 'araide peaca' ó spóirt na SA). | Déan iniúchadh ar shaincheist a f(h)reagrachta dó/di féin agus do dhaoine eile chun gabháil le cleachtas sábháilteachta an t-am go léir. | | |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Mise agus mo mhuintir**<br>*Na snáitheanna go léir:*<br>Tuig go bhfuil a (h)amlíne nó scéal-líne phearsanta uathúil agus forbraigh tuiscint go bhfuil scéal-líne gach duine difriúil, ach go bhfuil siad ar chomhbhailíocht.<br><br>Forbraigh tuiscint go bhfuil éagsúlacht mar ghnáth-chuid de stair an chomhphobail áitiúil (Eiseamláir 13). | **Na snáitheanna go léir**<br>Cuir saolta ban, páistí agus fear ó raon cúlraí difriúla, sóisialta, cultúrtha, eitneacha agus creidimh in Éirinn agus i dtíortha eile in aithne do na páistí. | **Scéalaíocht**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Inis scéalta faoi dhaoine ó chúlraí éagsúla a rinne rannpháirtíocht do cheartas, do chomhionnanas agus agus d'achrainn ar son ceart daonna (Eiseamláirí 7 agus 8).<br><br>Tosnaíonn páistí ag cloisteáil beagáinín faoi chearta daonna a shárú san am atá thart agus faoin gcomhthéacs ina ndearnadh iad. Cad a spreag iad siúd a rinne siad? Cad a d'athraigh ó shin i leith, má athraigh aon rud? | **Mise agus mo mhuintir**<br>*Na snáitheanna go léir:*<br>Aithnigh feidhmiú na smaointe cothroime ar shaolta na mball níos sine i dteaghlaigh na bpáistí (m.sh. leithcheal i gcoinne seandaoine).<br><br>Iniúch na bealaí go bhféadann na scéalta a insíonn teaghlaigh nó daoine áitiúla a bheith beagáinín áibhéileach. Conas a tharlaíonn sé sin? Tosnaigh ag cur an coincheapa seo ar chlaonadh i bhfeidhm ar chuntais stairiúla. | **Athrú agus leanúnachas**<br>*Leanúnachas agus athrú san imshaol áitiúil:*<br>Faigh amach faoi aon choimhlintí áitiúla san am atá thart. Cad faoin a raibh siad? Conas a tháinig ar réiteach orthu? An bhfuil aon iarmhairtí fadtéarmacha ann? |
| **Scéalaíocht**<br>Féadtar scéalta agus miotais a roghnú chun eágsúlacht na ndaoine atá ina n-Éireannaigh a léiriú (na Ceiltigh, na Lochlannaigh, chomh maith leis na hinimircigh a tháinig níos déanaí). | **Scéalaíocht**<br>Iniúch agus pléigh téamaí agus gnéithe coitianta atá le fáil i miotais agus i bhfinscéalta na hÉireann agus i dtíortha eile.<br><br>Inis scéalta faoi dhaoine ó chúlraí éagsúla a rinne rannpháirtíocht do shaol áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, trí ghníomhaíochtaí teicneolaíochta, eolaíochta, cultúrtha agus ealaíne. | | **Scéalaíocht**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Inis scéalta faoi dhaoine ó chúlraí éagsúla a rinne rannpháirtíocht do cheartas, do chomhionnanas agus agus d'achrainn ar son ceart daonna. | **Scéalaíocht**<br>Ceistigh seandaoine—nó baill teaghlaigh nó comharsana béal dorais—faoin ról buansheasmhach agus faoi rannpháirtíocht daoine fánacha an Lucht Siúil do shochaí agus do ghéilleagar na hÉireann san am a chuaigh thart. Tosnaigh ag smaoineamh ar chearta coimhlinte an daonra fhánaigh agus an daonra lonnaithe in Éirinn agus i dtíortha eile. |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Trí agus a Ceathair: Gaeilge**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Éisteacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha Eisteacht gan bhrú le hábhar tarraingteach dánta (ón gceantar áitiúil Gaeltachta) (T1). | **Éisteacht**<br>*Ag tusicint teanga:*<br>Canuintí ceantar éagsúil a aithint (T1). | **Éisteacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar éisteachta. | **Labhairt**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Comparáid a dhéanamh idir rudaí.<br><br>*Ag cothú spéise:*<br>Plé ag leibhéal simplí faoi ghnéithe d'fheasacht teanga (m.sh., staid na Gaeilge sa Ghaeltacht (T1)). | **Labhairt**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Rólghlacadh i suíomh dhifriúla (chun dearcaidh dhifriúla a phlé agus a fhorbairt). Caint faoi mhothúchain agus faoi mhianta (T1). |
| **Labhairt**<br>*Ag cothú spéise:*<br>An Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha (T1).<br><br>*Ag úsáid teanga:*<br>Labhairt faoi/fúithi féin agus faoina g(h)náthshaol laethúil. | **Labhairt**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach.<br><br>*Ag cothú spéise:*<br>Gnéithe d'fheasacht teanga a phlé. | **Léitheoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Léamh i gcomhpháirt le daoine eile. Taithí a fháil ar chineálacha éagsúla téacs. Léamh i gcomhthéacs-anna cultúrtha. | **Léitheoireacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Sracfhéachaint go minic ar réimse leathan d'ábhar léitheoireachta.<br><br>*Ag tuiscint teanga:*<br>Fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla a thabhairt faoi deara. | **Léitheoireacht**<br>*Ag tuiscint teanga:*<br>Freagairt do phearsana agus d'eachtraí i scéal nó dán. |
| **Léitheoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Teanga a léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha.<br><br>**Scríbhneoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Scríobh faoi/fúithi féin nó faoina g(h)náthshaol laethúil Scríobh i gcomhthéacs-anna cultúrtha. | | **Scríbhneoireacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Rogha a dhéanamh faoi ábhar na gceachtanna scríbhneoireachta. Comhoibriú le páistí eile (T1). | | **Scríbhneoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Scríobh do léitheoirí nó d'éisteoirí éagsúla. Mothúchain a léiriú trí mheán na scríbhneoireachta (T1). |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| | **Na snáitheanna go léir**<br>Samplaí, téacs, ceisteanna, srl. chun éagsúlacht cultúr a mhacasamhlú.<br><br>**Uimhreas**<br>*Ionadluach:*<br>Aithnigh bunaidh ársa agus forbairt an fhráma chomhairimh i mBabylon, sa tSín, sa Ghréig agus sa Róimh agus a feidhm chomhaimseartha. Aithnigh an stair a bhaineann leis an uimhir 'nialas' a tháinig go hEoraip ón Ind de réir dealraimh, ach a bhí in úsáid i gcultúir Maya agus na Síne chomh maith, roimh ghlacadh leis san Eoraip (féach ar Churaclam na Bunscoile, Matamaitic lch 66).<br>Cuir córais dhifriúla uimhris i gcomparáid lena chéile i dtéarmaí na feidhme a bhaintear as ionadluach agus as treoshuíomh ó-chlé-go-deis, ó-bharr-go-bun. (Forbraítear an smaoineamh seo i The Multicultural Maths Classroom (1996) le Claudia Zaslavsky).<br><br>**Cruth agus spás**<br>*Cruthanna 2-T:*<br>Aithnigh éagsúlacht i dteisiliú cosúil le patrúin i rangoli Indiacha nó in ealaín agus in ailtireacht Ioslamach (Eiseamláir 6 agus ar Churaclam na Bunscoile, Matamaitic lch 72).<br><br>*Cruthanna 2-T:*<br>Aithnigh úsáid na gcomharthaí 2-T éagsúla i gcultúir dhifriúla. | **Sonraí**<br>*Ag léiriú agus ag míniú sonraí:*<br>Cuir i bhfeidhm ar shuímh ceart daonna in imshaol an pháiste | **Uimhreas**<br>*Codáin agus deachúlacha:*<br>Cuir i bhfeidhm ar shuímh praiticiúla leithcheala. Mar shampla, an úsáid a bhaineann cailíní as an spás Clóis i gcomparáid le buachaillí, méid na spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas i gcomparáid le cinn eile (Eiseamláir 15).<br><br>**Sonraí**<br>*Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú:*<br>Cuir i bhfeidhm ar shuímh praiticiúla leithcheala (Eiseamláir 15).<br><br>**Sonraí**<br>*Seans:*<br>Cuir i bhfeidhm ar shuímh praiticiúla leithcheala. Mar shampla, an chuma go dtugtar cead do pháiste óg fanacht ina suí chomh déanach le páiste níos sine, an chuma go n-éistítear le tuairim pháiste sa chaoi chéanna go n-éistítear le tuairimí daoine fásta. | |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Trí agus a Ceathair:** **Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Mise**<br>*Féinaithne:*<br>Cabhraigh leis an bpáiste chun gach duine a aithint mar léiriú uathúil dá/dá m(h)eascán féin de thréithe (Eiseamláirí 13 agus 18.)<br>Forbraigh féin-mhuinín agus cumas cumarsáide / an cumas chun é/í féin a chur in iúl.<br><br>**Mise agus daoine eile**<br>*Caidreamh le daoine eile:*<br>Forbraigh an cumas chun obair a dhéanamh i ngrúpaí (Eiseamláir 17).<br><br>**Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránacha:*<br>Na saincheisteanna go léir faoin aonad seo (Eiseamláir 10). | **Mise**<br>*Féinaithne:*<br>Aithnigh gach duine mar léiriú uathúil dá mheascán féin de thréithe (Eiseamláir 3).<br><br>Forbraigh féin-mhuinín agus cumas cumarsáide / an cumas chun é/í féin a chur in iúl.<br><br>**Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránacha:*<br>Tabhair aghaidh ar na saincheisteanna go léir faoin aonad fógraíochta seo agus ar a chuspóir.<br><br>Déan iniúchadh ar chlaonadh nó ar chuspóir na dteachtaireachtaí a chuirtear i láthair (Eiseamláir 1). | **Mise agus daoine eile**<br>*Mo chairde agus daoine eile:*<br>Bí cóir agus cothrom nuair a phléann tú le daoine eile.<br><br>**Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránacha:*<br>Déan iniúchadh ar an gcoincheap nach gcuireann cearta agus freagrachtaí isteach ar chearta daoine eile.<br>Tosnaigh ag iniúchadh choincheap an daonlathais (Eiseamláir 7). | **Mise agus daoine eile**<br>*Mo chairde agus daoine eile:*<br>Aithnigh, pléigh agus tuig bulaíocht agus a hiarmhairtí. Iniúch agus pléigh conas dul i ngleic le cásanna ina ndéantar bulaíocht ort, agus ina bhfuil tú i do bhulaí.<br>Iniúch ról an fhoshuímh, na fírice, an iomrá, an chlaonta agus na tuairime nuair a phléitear le daoine eile. (Féach ar Churaclam na Bunscoile, OSPS lch 47 agus ar Eiseamláir 14 de na treoirlínte seo.)<br><br>*Caidreamh le daoine eile:*<br>Iniúch agus pléigh leithcheal éagothrom (Eiseamláir 10).<br><br>*Oideachas na meán cumarsáide:*<br>Déan iniúchadh ar ról na gcéadimprisean (Eiseamláir 9).<br>Iniúch agus pléigh peirspictíochtaí agus claonadh (Eiseamláir 18). | **Mise**<br>*Ag fás agus ag athrú:*<br>Bí ag caint faoi agus déan machnamh ar éagsúlacht mothúchán agus conas dul i ngleic le mothúcháin i mbealaí oiriúnacha.<br><br>**Mise agus daoine eile**<br>*Caidreamh le daoine eile:*<br>Aithnigh conas a thagann coimhlint suas.<br>Aithnigh straitéisí difriúla.<br>Iniúch agus cleachtaigh straitéisí oiriúnacha (Eiseamláir 12).<br><br>Forbraigh scileanna chun athrú a chruthú (Eiseamláir 15). |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Confidence and competence in using language**<br>*Oral Language:*<br>Affirm the normality of a diversity of pronunciations of words in English.<br><br>*Developing competence in using oral language:*<br>Explore the skills of group work (Exemplar 17). | **Developing cognitive abilities through language**<br>*Reading and Writing:*<br>Develop an understanding of different perspectives in print and text (Exemplar 18).<br>Explore and challenge stereotypes in print. | **All Strands**<br>*Reading and writing:*<br>Use texts, poems, questions, etc. to deal with human rights, and the application of rights to fictional and factual scenarios.<br><br>*Oral Language and writing:*<br>Learn to apply the language of human rights and responsibilities to a range of common situations. | **Developing cognitive abilities through language:**<br>*Reading, Developing interests, attitudes, information retrieval skills and the ability to think:*<br>Use texts, poems, questions, etc. to deal with discrimination and equality in fictional and factual scenarios (Exemplar 19). | **Oral language**<br>*Developing cognitive abilities through oral language:*<br>Use texts, poems, questions, etc. to deal with interpersonal and wider conflict.<br><br>Develop an understanding of the processes of conflict resolution (Exemplar 12). |
| **All Strands**<br>*All strand units:*<br>Use stories, examples and questions to accurately reflect the diversity of cultures in Ireland. | **All Strands**<br>Use stories, examples and questions to reflect the diversity of cultures in Ireland in a positive and accurate way.<br>Use stories, poems and material from other cultures, or translated from other languages (Exemplar 5 and 8).<br><br>Develop an understanding of different perspectives in print and text (Exemplar 19).<br>Explore and challenge stereotypes (Exemplar 2). | | **Oral language**<br>*Developing cognitive abilities through oral language:*<br>Explore perspectives and bias through stories (Exemplar 19). | **Developing cognitive abilities through language**<br>*Writing–clarifying thought through writing:*<br>Develop skills in creating change (Exemplar 15). |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Trí agus a Ceathair: Drámaíocht**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Pléigh le comhthéacsanna éagsúla chun iniúchadh a dhéanamh ar sheasaimh agus ar eispéiris raon iomlán na ndaoine a mhaireann in Éirinn (tuismitheoirí agus páistí ó raon grúpaí reiligiúnacha ag déanamh socruithe leis an scoil agus le hobair chun freastal ar adhradh reiligiúnach ar laethanta difriúla).<br>Tuiscint dhearfach ar fhéinaithne a fhorbairt trí obair dhramatúil.<br>Déan rólghlacadh ar ghnéithe difriúla an phróisis dhaonlathaigh, mar shampla, díospóireacht sa Dáil. | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraigh tuiscint ar pheirspictíochtaí difriúla na gcarachtar difriúil. Mar shampla, teastaíonn ó choiste na mBailte Slachtmhara go n-éireodh na siopadóirí as guma coganta a dhíol ach faigheann na siopadóirí brabús ó ghuma.<br><br>Iniúch agus ceistigh buanchruthanna, mar shampla, an tuairim nach bhfuil rudaí le rá ag páistí atá ar chomhluach le rudaí a deireann daoine fásta.<br><br>Roghnaigh rudaí ó éagsúlacht cultúr chun comhthéacsanna dramatúla a chur le chéile. Mar shampla, cíora gruaige na hAfraice, cipíní itheacháin, babhlaí ríse, srl. | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Déan iniúchadh ar choincheap bunúsach na gceart i gcleachtas. Mar shampla, an ceart ar dhóthain ama fóillíochta, an ceart chun roghnú a dhéanamh ar chineálacha oibre a theastaíonn ó dhuine a dhéanamh, an ceart ar imshaol sábháilte.<br><br>Iniúch feidhmiú phrionsabail na gceart daonna ar raon suíomh (Eiseamláir 7). | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Déan iniúchadh ar conas a chaitear le grúpaí difriúla. Mar shampla, breathnaíonn gardaí slándála go géar ar pháistí áirithe san ollmhargadh.<br>Forbraigh comhbhá leo siúd ar a ndéantar leithcheal, agus leis an seasamh atá ag daoine a dhéanann leithcheal.<br>Mar shampla, déan rólghlacadh ar róil dhifriúla a bhaineann le heachtra bulaíochta–an bulaí, a (h)íobartach, an múinteoir nach raibh a fhios aige/aici go raibh sé ag tarlú, an tuismitheoir a thagann air.<br><br>Forbraigh tuiscint ar chumas an duine aonair difríocht a dhéanamh. Mar shampla, pop-amhránaí a eagraíonn ceolchoirm do charthanacht. | **Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Bunaigh dráma ar shuímh coimhlinte chun tuiscint a fhorbairt ar phróiseas na coimhlinte. Mar shampla, teastaíonn ó dhá rang difriúil an pháirc pheile a úsáid, ceann le haghaidh sacair agus an ceann eile le haghaidh peile Gaelaí.<br><br>Déan machnamh ar na próisis choimhlinte, agus ar fhéidearthachtaí eile chun gabháil le coimhlint agus le síocháin.<br><br>Forbraigh tuiscint agus cumas i dtaobh cumarsáide agus comhoibrithe (Eiseamláir 17). |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Roghnaigh íomhánna amhairc, lamhdhéantúsáin choincréideacha agus stíleanna a léiríonn éagsúlacht stairiúil fhéiniúlacht na hÉireann (Lochlannach, Ceilteach, Sasanach, Lucht Siúil, agus tionchair eile na hEorpa agus an domhain níos leithne).<br><br>**Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraigh féin-mheas tríd na páistí ag léiriú iad féin in éagsúlacht mheán cumarsáide. | **Fabraic agus snáithín agus Priontáil**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Bain feidhm as stíleanna éagsúla cosúil le teisiliú Ioslamach in obair phriontála agus snáithín (Eiseamláir 6).<br><br>**Cré agus Tógáil**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Bain feidhm as stíleanna difriúla ailtireachta in obair chré agus tógála.<br><br>**Na snáitheanna go léir**<br>*Breathnú agus freagairt:*<br>Forbraigh samhlaíocht agus an cumas chun rudaí a fheiceáil ó pheirspictíochtaí difriúla. Aithnigh go bhfuil ealaíontóirí agus stíleanna seachas na cinn ar a bhfuil cáil san Iarthar.<br><br>Féach ar agus tabhair freagairt do léiriúcháin chultúrtha ar théamaí cosúla. Cuir íomhánna buanchruthacha (cultacha 'náisiúnta' nó eitneacha, cur síos ar Afraicigh mar dhaoine bochta de ghnáth, srl.), i gcomparáid le híomhánna atá níos cruinne. | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Roghnaigh samplaí d'ealaíontóirí, d'íomhanna, nó de lámhdhéantúsáin chun tuiscint a fhorbairt ar cearta daonna. Mar shampla, póstaeir a fhorbairt chun teachtaireacht áirithe na gcearta daonna a chur in iúl; cosúil le híomhánna de choilm le Picasso.<br>Déan colláisí agus struchtúir ina bhfuil páirt ag daoine uile sa rang nó ag grúpaí níos lú. Forbraigh feasacht ar conas atá róil agus freagrachtaí áirithe ag gach duine. agus go bhfuil an ceart ag gach duine rannpháirtíocht a dhéanamh.<br><br>Forbraigh feasacht ar an bhfreagracht chun daoine a láimhseáil sa chaoi chéanna go dteastaíonn uaim go láimhseálfaí mé. | **Na snáitheanna go léir**<br>*Breathnú agus freagairt:*<br>An fáth go mbíonn ealaíontóirí 'cáiliúla' ina bhfir bhána de ghnáth a cheistiú. Íomhánna buanchruthacha a iniúchadh agus a dhídhéanamh (cultacha 'Náisiúnta' nó eitneacha, cur síos ar Afraicigh mar dhaoine bochta de ghnáth, srl.) i dtéascleabhair, i bhfógraí, srl.<br><br>**Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Déan iniúchadh ar an laghdú i stíleanna ealaíne a bhaineann le cuid de na grúpaí eitneacha a fhulaingíonn leithcheal. Mar shampla, maisiú an Lucht Siúil ar bhairille-vaigíní, stíleanna croite na ndaoine dúchasacha sa Mheiriceá Theas. | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Déan iniúchadh ar mhodhanna cothromacha chun réiteach a fháil ar achrainn a tharlaíonn le linn grúpoibre.<br><br>Aithnigh go bhfuil tuairim gach duine luachmhar.<br><br>Forbraigh samhlaíocht, agus an cumas chun rudaí a shamhlú ó pheirspictíochtaí difriúla. |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Trí agus a Ceathair: Ceol**

<table>
<tr><th>Féiniúlacht agus Muintearas</th><th>Cosúlacht agus Difríocht</th><th>Cearta agus Freagrachtaí Daonna</th><th>Leithcheal agus Comhionannas</th><th>Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint</th></tr>
<tr>
<td>Éisteacht agus freagairt<br>Éisteacht le ceol agus freagairt dó:<br>Roghnaigh ceol a léiríonn comhthéacsanna éagsúla d'fhéiniúlacht na hÉireann (Traidisiúnta, Ceol Tíre, Roc-cheol, Pop-cheol, Ceol Manglaim).<br><br>Roghnaigh ealaíontóirí a léiríonn cultúir a fhoghlaimíonn agus a fhaigheann iasachtaí óna chéile (Eiseamláir 4).<br><br>Léiriú<br>Ag seinm uirlisí:<br>Bain feidhm as éagsúlacht uirlisí a léiríonn éagsúlacht na gcultúir Éireannach (Drumaí Lambeg, Bodhrán, Feadóg Mhór, Feadóg Stáin, srl.).<br><br>Ag canadh amhráin:<br>Cuir i láthair raon amhrán a léiríonn éagsúlacht na gcúltúr Éireannach ceolmhar.</td>
<td>Éisteacht agus freagairt agus Léiriú<br>Ag canadh amhráin agus ag seinm uirlisí:<br>Éist le, freagair do, agus cuir i láthair raon leathan stíleanna ceolmhara agus traidisiún ceolmhar (reggae, Popcheol, Ceol Tíre, Laidin-Mheiriceánach, Amhráin Náisiúnta) (Eiseamláirí 5 agus 8).<br><br>Aithnigh an fhiach ag stíleanna atá iníoctha dá chéile (Eiseamláir 4).<br><br>Bain feidhm as amhráin i dteangacha seachas an Béarla nó in aistriúchán (Eiseamláir 5).<br><br>Bain triail as uirlisí ó raon traidisiún cultúrtha.</td>
<td colspan="2">Éisteacht agus freagairt agus Léiriú<br>Ag canadh amhráin agus ag seinm uirlisí:<br>Roghnaigh raon amhrán a phléann le téamaí na gcearta daonna, cosúil le hamhráin agóide agus amhráin nó amhráin náisiúnta na bhfeachtas ar son na gcearta daonna (Eiseamláir 8).<br><br>Déan iniúchadh ar conas a mhacasamhlaítear na téamaí seo sa cheol.</td>
<td>Éisteacht agus freagairt<br>Éisteacht le ceol agus freagairt dó:<br>Roghnaigh raon amhrán a phléann le coimhlint idirphearsanta nó idirnáisiúnta agus a phléann le hiarmhairtí na coimhlinte (Don't Give Up le Peter Gabriel agus Kate Bush, The Band Played Waltzing Matilda le Eric Bogle).<br><br>Déan iniúchadh ar conas a mhacasamhlaítear an téama sa cheol.</td>
</tr>
</table>

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Trí agus a Ceathair: Eolaíocht**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh rannpháirtíochtaí dearfacha daoine Éireannacha ó chúlraí éagsúla d'fhionnachtana agus d'fhorbairtí eolaíochta. | **Dúile beo**<br>*Beatha dhaonna:*<br>Aithnigh éagsúlacht agus cosúlachtaí i dtréithe daoine daonna, ag aithint na gcoitiantachtaí trasna grúpaí eitneacha agus cultúrtha.<br>Aithnigh raon na gcineálacha difriúla d'aistí bia cothramaithe agus cothaithe a úsáideann daoine daonna trasna cultúr difriúil, agus laistigh dár gcultúr féin.<br>*Fuaim:*<br>Aithnigh difríochtaí cultúrtha in uirlisíocht (drumadóireacht, téada, srl.) agus a bhfeidhmeanna.<br><br>**Na snáitheanna go léir**<br>*Eolaíocht agus an timpeallacht:*<br>Aithnigh obair na n-eolaithe ó éagsúlacht grúpaí cultúrtha agus eitneacha san am atá thart agus sa lá atá inniu ann, agus fionnachtana eolaíochta na gcultúir éagsúla. | **Dúile beo**<br>*Beatha dhaonna:*<br>Aithnigh conas a mhacasamhlaítear riachtanais daoine daonna i gcoincheapa ceart daonna. | | **Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Eolaíocht agus an t-imshaol:*<br>In aitheantas a thabhairt ar na hiarmhairtí dearfacha agus diúltacha a bhaineann le heolaíocht i sochaí, cuir béim ar rannpháirtíocht na heolaíochta do chur chun cinn daonna agus don chaighdeán maireachtála—leigheas, teicneolaíocht, srl.<br><br>Chomh maith leis sin, pléigh ról na heolaíochta i gcruthú féidearthachtaí chun gnímh ollfhoiréigeanacha a dhéanamh.<br><br>Aithnigh agus pléigh comhthéacs morálta na feidhme a bhaintear as fionnachtana eolaíochta. |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Trí agus a Ceathair: Tíreolaíocht**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Imshaoil dhaonna**<br>*Daoine i dtíortha eile:*<br>Déan iniúchadh ar dhaoine i dtíortha eile Eorpacha agus neamh-Eorpacha, ag forbairt tuisceana ar mhuintearas le comhphobail áitiúla, náisiúnta, Eorpacha, agus idirnáisiúnta (Eiseamláir 2).<br><br>**Imshaoil nádúrtha**<br>*Gné fhisiciúil na hEorpa agus an Domhain:*<br>Forbraigh tuiscint ar mhuintearas le comhphobail áitiúla agus náisiúnta. | **Imshaoil dhaonna**<br>*Daoine ag maireachtáil agus ag obair sa cheantar áitiúil:*<br>Cuir meas agus luach ar éagsúlacht sa phobal, ag iniúchadh na bpríomhghnéithe den imshaol tógtha, cosúil le haitheantas a thabhairt ar normáltacht chineálacha difriúla tithe a bheith ann (teachíní, árasáin, leantóirí, carbháin, srl.) (Eiseamláirí 13 agus 14). | **Imshaoil dhaonna**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh téamaí na gCearta Daonna nuair a phléitear le hImshaoil Dhaonna sa bhaile agus i dtíortha eile. Féadtar go n-áirítear mar shamplaí, daoine gan dídean, oideachas, ceart ar obair, an ceart páirt a ghlacadh in institiúidí daonlathacha, srl.) (Eiseamláir 15).<br><br>**Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbairt a dhéanamh ar an gcumas chun obair a dhéanamh le daoine eile i ngrúpaí agus foghlaim faoin ngaol idir fhreagracht d'éisteacht agus an ceart a bheith cloiste. | **Imshaoil dhaonna**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh téamaí Leithcheala agus Comhionannais nuair a phléitear iad le hImshaoil Dhaonna sa bhaile agus i dtíortha eile. Féadtar go gcuirtear san áireamh mar shamplaí, difríochtaí i ngnéas agus i bpatrúin eitneacha ionadaíochta i bparlaimintí agus i seasaimh chumhachta eile, in obair, nó i rochtain ar oideachas i dtíortha difriúla (Eiseamláir 8).<br><br>*Scileanna in úsáid léarscáileanna, cruinneoga agus pictiúr:*<br>Aithnigh go ndéantar roghanna maidir le cad a chuirtear isteach nó a fhágtar ar lár (an deilbhiú) in íomha nó i léarscáil, sé sin le rá, nach ndeireann an íomhá nó an léarscáil an fhírinne iomlán, ach scéal a roghnaigh duine éigin. Cuir íomhánna buanchruthacha (cultacha 'Náisiúnta' nó eitneacha, cur síos ar Afraicigh mar dhaoine bochta, srl.) i gcomparáid le híomhánna eile atá níos cruinne. | **Imshaoil dhaonna**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh téamaí Coimhlinte agus Síochána nuair a phléitear le hImshaoil Dhaonna sa bhaile agus i dtíortha eile iad.<br>(Féadtar go gcuirtear san áireamh mar shamplaí, na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le coimhlintí náisiúnta agus idirnáisiúnta, na tosca a chothaíonn coimhlintí, agus na múnlaí chun síocháin a bhaint amach nó a chothú).<br><br>**Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Ag tabhairt aire do mo cheantar áitiúil:*<br>Féach ar shaincheisteanna a bhaineann le bruscar, truailliú, agus creachadóireacht. Conas a chuireann siad le coimhlint agus conas a fhéadtar na saincheisteanna seo a réiteach? Cé atá ciontach as na fadhbanna seo? Labhair faoi réamhchlaontaí a fhéadann teacht chun solais. |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraigh tuiscint dhearfach ar fhéiniúlacht trí ghabháil le gníomhaíochtaí fisiciúla.<br>Aithnigh rólchuspaí spóirtiúla ó raon grúpaí eitneacha.<br><br>**Cluichí**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Ba cheart do pháistí a chumasú chun cultúr na bpáistí ó raon grúpaí eitneacha a dhearbhú trí roghnú oiriúnach a dhéanamh de raon cluichí (mar.shampla., hacaí, rugbaí, cluichí Gaelacha, cispheil, cluiche corr, srl.). | **Damhsa**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Foghlaim raon foirmeacha damhsaí difriúla a léiríonn éagsúlacht cultúr (féach ar Threoirlínte Corpoideachais do Mhúinteoirí, lgh 62-65).<br><br>**Cluichí**<br>Spreag páistí chun páirt a ghlacadh i gcluichí ó raon comhthéacsanna cultúrtha. | **Luthchleasaíocht, Gleacaíocht, agus Cluichí**<br>*Na cluichí go léir:*<br>Aithnigh na coincheapa cothroime i bhfeidhmiú rialacha an chluiche. Aithnigh iompraíocht oiriúnach neamh-leithchealach in idirghníomhaíocht.<br><br>Déan iniúchadh ar shaincheist na freagrachta atá ag gach duine le cinntiú nach mothaíonn éinne eisiata le linn ghníomhaíochta fisiciúla agus an gaol leis sin don a c(h)eart féin a bheith curtha san áireamh.<br><br>Déan iniúchadh ar shaincheist a f(h)reagrachta dó/di féin agus do dhaoine eile chun gabháil le cleachtas sábháilteachta an t-am go léir agus an gaol leis seo agus a gceart ar spás sábháilte agus a c(h)eart ar am oiriúnach fóillíochta agus imeartha. | | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraigh scileanna comhoibrithe, an cumas chun dul i ngleic lena mothúcháin, agus feasacht ar idirspleáchas i gcluichí foirne, i ngníomhaíochtaí lasmuigh agus i ngrúpghníomhaíochtaí eile. |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Trí agus a Ceathair: Stair**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Pobail agus sochaithe ársa agus Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart**<br>Pléigh na rannpháirtíochtaí a rinne raon daoine éagsúla d'Éirinn, na Ceiltigh, Lochlannaigh, Normannaigh, Sasanaigh, agus na hAlbanaigh san áireamh. Aithnigh an méid go raibh Éire, ag tréimhsí éagsúla san am atá thart, ina sochaí idirchultúrtha.<br><br>*Mise agus mo mhuintir:*<br>Spreag na páistí chun ionannú a dhéanamh le héagsúlacht san imshaol áitiúil (Eiseamláir 13). | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Cuir saolta ban, páistí, agus fir ó raon cúlraí difriúla, sóisialta, cultúrtha, eitneacha, agus creidimh in Éirinn agus sa domhan mór in aithne do na páistí.<br><br>**Scéalaíocht**<br>*Scéal, miotais agus finscéalta:*<br>Aithnigh éagsúlacht na dtionchar ar scéalta, ar mhiotais agus ar fhinscéalta in Éirinn.<br>Iniúch agus pléigh téamaí agus gnéithe coitianta atá le fáil i miotais agus i bhfinscéalta na ndaoine difriúla (Eiseamláir 1).<br><br>**Pobail agus sochaithe ársa agus Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart**<br>Aithnigh na rannpháirtíochtaí a rinne raon daoine éagsúla d'Éirinn, na Ceiltigh, Lochlannaigh, Normannaigh, Sasanaigh, agus na hAlbanaigh san áireamh. Aithnigh an méid go raibh Éire, ag tréimhsí éagsúla san am atá thart, ina sochaí idirchultúrtha. | **Pobail agus sochaithe ársa**<br>Aithnigh conas a fhéadann na coincheapa ar chothroime agus ar chearta bunúsacha a bheith ábhartha maidir le láimhseáil na ndaoine i dtíortha cóilíneacha (Eiseamláir 7). | **Ag obair mar staraí**<br>*Fianaise a úsáid agus ionbhá:*<br>Forbraigh ionbhá stairiúil, an cumas chun spreagthachtaí raon na ngníomhairí difriúla ag uaireanta éagsúla san am atá thart a thuiscint chomh maith le hionannú a dhéanamh leo.<br><br>Forbraigh tuiscint ar na bealaí ina gcuirtear na cuntais i láthair mar stair mar thoradh de phróiseas roghnaithe agus ar na tosca a théann i bhfeidhm ar an roghnú (Eiseamláir 1).<br><br>**Scéalaíocht**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Inis scéalta faoi dhaoine ó chúlraí éagsúla a rinne rannpháirtíocht do cheartas, do chomhionnanas, agus agus d'achrainn ar son cearta daonna. | **Pobail agus sochaithe ársa agus Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart**<br>Aithnigh cúiseanna agus iarmhairtí na gcoimhlintí san am atá thart, agus meicníochtaí chun síocháin a chur chun cinn agus a chosaint. |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Éisteacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Eisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha.<br><br>*Ag cothú spéise:*<br>Éisteacht gan bhrú le habhar tarraingteach Dánta (ón gceantar áitiúil Gaeltachta) (T1). | **Éisteacht**<br>*Ag tusicint teanga:*<br>Na canúintí éagsúla a aithint (T1). | **Éisteacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar éisteachta. | **Labhairt**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Plé ag leibhéal simplí faoi ghnéithe d'fheasacht teanga, (m.sh., staid na Gaeilge sa Ghaeltacht). | **Labhairt**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Rólghlacadh i suíomh dhifriúla (chun dearcaidh dhifriúla a phlé agus a fhorbairt).<br><br>*Ag úsáid teanga:*<br>Caint faoi mhothúchain agus faoi mhianta (T1). |
| **Labhairt**<br>*Ag cothú spéise:*<br>An Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha.<br><br>*Ag úsáid teanga:*<br>Labhairt faoi/fúithi féin agus faoina g(h)náthshaol laethúil. | **Labhairt**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach.<br><br>*Ag cothú spéise:*<br>Aire a thabhairt ar ghnéithe den teanga chun feasacht teanga a fhorbairt. | | | |
| **Léitheoireacht**<br>*Ag usáid teanga:*<br>Léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha.<br>Scríobh faoi/fúithi féin nó faoina g(h)náthshaol laethúil. | | **Léitheoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Léamh i gcomhpháirt le daoine eile. | **Léitheoireacht**<br>*Ag cothú spéise:*<br>Sracfhéachaint ó am go ham ar réimse leathan d'ábhar léitheoireachta.<br><br>*Ag tuiscint teanga:*<br>Fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla a thabhairt faoi deara. | **Léitheoireacht**<br>*Ag tuiscint teanga:*<br>Freagairt do phearsana agus d'eachtraí i scéal nó dán. |
| **Scríbhneoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Scríobh i gcomhthéacsanna cultúrtha. | **Scríbhneoireacht**<br>*Ag cothú fonn:*<br>Tuiscint nach ionann gnasanna na cainte agus na scríbhneoireachta (T1). | **Scríbhneoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Comhoibriú le páistí eile (T1). | | **Scríbhneoireacht**<br>*Ag úsáid teanga:*<br>Scríobh do léitheoirí nó d'éisteoirí éagsúla.<br><br>Mothúcháin a léiriú trí mheán na scríbhneoireachta (T1). |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Cúig agus a Sé: Matamaitic**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| | **Uimhreas**<br>*Ionadluach:*<br>Aithnigh an fiach atá againn do chultúir dhifriúla i bhforbairt ár gcóras uimhris (forbraíodh an coincheap ar 'nialas' i gcomhaireamh Babylon, agus tá a mbonn 60 le haghaidh comhairimh mar shliocht dár gcomhairimh ama).<br><br>**Cruth agus Spás**<br>*Cruthanna déthoiseacha:*<br>Aithnigh stair na gcruthanna Tangram (an tSín) agus na gcruthanna Origami (an tSeapáin).<br>*Cruthanna tríthoiseacha:*<br>Aithnigh cruthanna éagsúla tríthoiseacha san imshaol áitiúil (tithe, díonta, srl.), agus cuir iad i gcomparáid leo siúd i gcultúir eile (díonta cothromacha, díonta stuaiceacha, díonta le fána ghéar in áiteanna a thaithíonn a lán sneachta, srl.).<br><br>**Tomhais**<br>*Meáchan, toilleadh, am, airgead:*<br>Iniúch an fheidhm a bhaintear as foirmeacha eile tomhais, (tomhais impiriúlacha, am deachúlach, srl.).<br>Aithnigh bunaidh na bhfoirmeacha difriúla tomhais. | **Sonraí**<br>*Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú:*<br>Cuir é seo i bhfeidhm ar shuímh ceart daonna (rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte, srl.). | **Uimhreas**<br>*Codáin, deachúlacha, agus céatadáin:*<br>Cuir iad siúd i bhfeidhm ar shuímh praiticiúla a bhaineann le comhionannas agus le leithcheal. Mar shampla, meán-phá na mban mar chodán de phá na bhfear, méid ama ranga tógtha suas ag buachaillí i gcomparáid leis an méid ama tógtha suas ag cailíní i scoileanna measctha.<br><br>**Sonraí**<br>*Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú:*<br>Cuir é seo i bhfeidhm ar shuímh praiticiúla a bhaineann le comhionannas agus le leithcheal (Eiseamláir 15).<br><br>*Seans:*<br>Cuir é seo i bhfeidhm ar shuímh praiticiúla a bhaineann le comhionannas agus le leithcheal. Mar shampla, an seans atá ag duine den Lucht Siúil maireachtáil go 70 i gcomparáid le duine lonnaithe. | **Cruth agus spás**<br>*Cruthanna déthoiseacha:*<br>Déan iniúchadh ar Origami, ag úsáid an leabhair Sadako and the Thousand Cranes a insíonn an scéal faoi íobartach na buamála Hiroshima, agus chreid a cairde go dtiocfadh sí slán as dá bhfillfidís míle corr mhóna Origami as páipéar. |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Mise**<br>*Féinaithne:*<br>Aithnigh gach duine mar léiriú uathúil dá mheascán féin dá thréithe agus dá chultúr (Eiseamláir 13).<br><br>Glac lena (h)íomhá choirp féin, dath craicinn, cineál gruaige agus srl. san áireamh (Eiseamláir 3).<br>Forbraigh féin–mhuinín agus cumas cumarsáide. | **Mise**<br>*Ag tabhairt aire do mo chorp:*<br>Aithnigh cineálacha difriúla bia, a mbunaidh agus an rannpháirtíocht ag cultúir dhifriúla dár nósanna itheacháin.<br><br>**Mise agus daoine eile**<br>*Mise agus mo mhuintir:*<br>Déan comparáid idir, cuir i gcodarsnacht le, agus cuir luach ar éagsúlacht na stíleanna-beatha i dteaghlaigh i gcultúir dhifriúla, in Éirinn agus thar lear araon. | **Mise**<br>*Sábháilteacht agus cosaint:*<br>Forbraigh tuiscint ar fheidhm rialacha. | **Mise agus daoine eile**<br>*Mo chairde agus daoine eile:*<br>Aithnigh, pléigh, agus tuig bulaíocht agus a hiarmhairtí. Iniúch agus pléigh na cásanna ina ndéantar bulaíocht ort, agus a bheith mar bhulaí. | **Mise**<br>*Ag fás agusag athrú:*<br>Faigh an cumas mothúcháin a aithint, a phlé, agus a iniúchadh, agus dul i ngleic le mothúcháin i mbealaí oiriúnacha.<br><br>Aithnigh suímh ina bhféadtar go bhfuil bagairt ar shábháilteacht phearsanta, agus mol bealaí chun rioscaí a sheachaint agus a laghdú. |
| **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoranachta:*<br>Tabhair faoi na saincheisteanna go léir faoin snáithaonad seo. | **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Ag dul i bhfeasacht ar eilimintí ina c(h)ultúr agus a (h)oidhreacht féin, ina n-áirítear na grúpaí éagsúla cultúrtha, eitneacha, agus reiligiúnacha, nó grúpaí eile atá ann sa phobal nó sa tsochaí agus na rannpháirtíochtaí a dhéanann gach grúpa.<br><br>*Oideachas na meán cumarsáide:*<br>Bain feidhm as samplaí chun béim a chur ar chlaonadh sna meáin chló. | **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Iniúch na cearta agus na freagrachtaí atá ag daoine fásta agus ag páistí, agus tosnaigh ar iniúchadh a dhéanamh ar choincheap an daonlathais. | **Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Iniúch conas a fhéadann neamhionannas a bheith ann sa phobal áitiúil agus conas gur féidir dul i ngleic leis (Eiseamláir 15).<br><br>Iniúch réamhchlaonadh agus leithcheal i gcoinne daoine indibhidiúla nó grúpaí (Eiseamláir 14).<br><br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Téigh i dtuiscint ar dháileadh neamhionann na n-acmhainní domhanda. | **Mise agus daoine eile**<br>*Caidreamh le daoine eile:*<br>Réitigh coimhlint, aithnigh conas gur féidir coimhlint a thosnú, aithnigh straitéisí difriúla agus iniúch agus cleachtaigh conas coimhlint a láimhseáil gan a bheith ionsaitheach (Eiseamláir 12).<br><br>**Mise agus an domhan mór**<br>*Ag forbairt saoránachta:*<br>Iniúch conas gur féidir ceartas agus síocháin a chur chun cinn idir dhaoine agus grúpaí (Eiseamláir 15). |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Cúig agus a Sé: English**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Confidence and competence**<br>*Oral Language:*<br>Affirm the normality of a diversity of pronunciations of words in English.<br><br>Identify connections between the English language and Anglo-Saxon, Greek, Latin, Norman French, Scandinavian and Irish<br>(see English Teacher Guidelines p 37). | **Receptiveness to language**<br>*Oral Language:*<br>Become aware of the importance of gesture, clarity, etc. in communicating with others.<br><br>**Developing cognitive abilities through language**<br>*Reading and writing:*<br>Develop an understanding of different perspectives in text. | **All strands**<br>*Reading and writing:*<br>Use texts, poems, questions, etc. to deal with human rights, and the application of rights to fictional and factual scenarios.<br><br>*Oral language and writing:*<br>Learn to apply the language of human rights and responsibilities to a range of common situations<br>(Exemplar 7). | **All strands**<br>*All strand units:*<br>Explore texts, poems, questions, etc. that deal with discrimination and equality in fictional and factual scenarios<br>(Exemplar 18). | **Receptiveness to language and competence and confidence in using language**<br>*Oral language:*<br>Develop skills of peaceable communication, such as listening, speaking calmly and clearly, etc. (Exemplar 17). |
| | Explore and challenge stereotypes in text<br>(Exemplar 1).<br>Support arguments and opinion with evidence from the text.<br><br>*Oral language:*<br>Develop an understanding of perspectives in speech, including one's own perspective. | | **Emotional and imaginative development through language**<br>*All strands:*<br>Development of empathy through exploring responses to discrimination and equality contexts in stories, texts, etc.<br>(Exemplar 18). | **Developing cognitive abilities through language**<br>*Oral Language:*<br>Explore and express conflicts of opinion through improvisational drama. |
| **All strands**<br>*All strand units:*<br>Use stories, examples and questions to reflect the diversity of cultures in Ireland. | **All strands**<br>*All strand units:*<br>Use stories, examples and questions to reflect the diversity of cultures in Ireland in a positive way. | | | **All strands**<br>*All strand units:*<br>Use texts, poems, questions, etc. to deal with interpersonal and wider conflict. |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Drámaíocht chun mhothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Iniúchadh agus déanamh drámaíochta, Léirsmtoineamh ar dhrámaíocht, agus Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dhrámaíochta:*<br>Imir i ról agus i gcarachtar, i mbealach neamhbhuanchruthach, éagsúlacht daoine a chónaíonn in Éirinn in éagsúlacht suímh Éireannacha. Mar shampla, aonach capaill, cluiche peile aitiúla, ag dul go dtí an phictiúrlann sa chathair, srl.<br><br>Déan rólghlacadh ar ghnéithe difriúla an phróisis dhaonlathaigh (vótáil, dul in iomaíocht i dtoghchán, comhairimh, srl.). | **Drámaíocht chun mhothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Iniúchadh agus déanamh drámaíochta, Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht, agus Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dhrámaíochta:*<br>Forbraigh tuiscint ar pheirspictíochtaí difriúla na gcarachtar difriúil. Mar shampla, mianta atá i gcoimhlint lena chéile ag gníomhaí imshaoil agus taighdeoir leighis ag lorg leighis ar ailse, feachtasóirí i gcoinne bhrú d'iarrthóirí tearmainn i gceantar áitiúil agus na hiarrthóirí tearmainn.<br><br>Iniúch agus ceistigh buanchruthanna. Mar shampla, an tuairim go dtagann racht feirge níos tapúla ar dhaoine le gruaig rua.<br><br>Roghnaigh rudaí ó éagsúlacht cultúr chun comhthéacsanna dramatúla a chur le chéile (suíomh stadach, cíora gruaige na hAfraice, scaifeanna cinn Ioslamaigh). | **Drámaíocht chun mhothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Iniúchadh agus déanamh drámaíochta, Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht, agus Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dhrámaíochta:*<br>Iniúch comhthéacsanna a bhaineann le cearta daonna (Eiseamláir 7).<br><br>Iniúch feidhmiú phrionsabail na gceart bunúsach daonna ar raon suíomh (páiste míshocair ag cur isteach ar cheart oideachais na bpáistí eile, an ceart atá ag páistí go rachfaí i gcomhairle leo maidir le rialacha nua).<br><br>Aithnigh agus cleachtaigh scileanna chun dul i ngleic le héagothroime go síochánta cosúil le neamhaontú, ceistiú, smaointe a chur i láthair, srl. (Eiseamláir 17). | **Drámaíocht chun mhothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Iniúchadh agus déanamh drámaíochta, Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht, agus Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dhrámaíochta:*<br>Forbraigh ionbhá leo siúd ar a ndéantar leithcheal, agus leis an seasamh acu siúd a dhéanann leithcheal (Eiseamláir 10).<br><br>Forbraigh tuiscint ar chumas an duine aonair chun difríocht a dhéanamh (duine a eagraíonn achainí nó duine a labhrann amach nuair a fheiceann siad bulaíocht á déanamh ar dhuine). | **Drámaíocht chun mhothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**<br>*Iniúchadh agus déanamh drámaíochta, Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht, agus Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dhrámaíochta:*<br>Bunaigh dráma ar shuímh coimhlinte chun tuiscint a fhorbairt ar phróiseas na coimhlinte agus ar na hiarmhairtí a ghabhann leis.<br><br>Forbraigh scileanna chun teacht ar chomhréitigh, chun aontú le cinntí an ghrúpa, agus chun caibidlíocht a dhéanamh (tá an leabhar céanna ag teastáil ó bheirt, teastaíonn páiste amháin síob chuig an rang snámha agus teastaíonn páiste eile síob chuig an bpictiúrlann, ach níl ann ach gluaisteán amháin).<br>*Machnamh ar Dhráma:*<br>Déan machnamh ar na próisis choimhlinte, agus ar fhéidearthachtaí eile. |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Cúig agus a Sé: Amharcealaíona**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Roghnaigh íomhánna amhairc, lamhdhéantúsáin choincréideacha, agus stíleanna a léiríonn comhthéacsanna éagsúla agus idirphollta an ionannais Éireannaigh (Lochlannach, Ceilteach, Sasanach, Lucht Siúil, agus tionchair an domhain níos leithne). | **Fabraic agus snáithín agus Prionta**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Bain feidhm as stíleanna éagsúla cosúil le teisiliú Ioslamach (Eiseamláir 6).<br><br>**Cré agus Tógáil**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Déan iniúchadh ar stíleanna difriúla ailtireachta.<br><br>**Na snáitheanna go léir**<br>*Breathnú agus freagairt:*<br>An fáth go mbíonn ealaíontóirí 'cáiliúla' ina bhfir bhána de ghnáth a cheistiú agus a dhídhéanamh.<br><br>Féach ar, agus tabhair freagairt do léiriúcháin dhifriúla chultúrtha ar théamaí cosúla.<br><br>Íomhánna buanchruthacha a iniúchadh agus a dhídhéanamh (cultacha 'náisiúnta' nó eitneacha, cur síos ar Afraicigh mar dhaoine bochta de ghnáth, srl.) i dtéascleabhair, i bhfógraí, srl.<br><br>Déan forbairt ar shamhlaíocht agus ar an gcumas chun rudaí a shamhlú ó pheirspictíochtaí difriúla. | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Roghnaigh samplaí d'ealaíontóirí, d'íomhanna, nó de lámhdhéantúsáin chun tuiscint a fhorbairt ar gach téama. Mar shampla, póstaeir a fhorbairt chun teachtaireacht ceart daonna áirithe a chur in iúl—ag freagairt do Guernica le Picasso, do leachtanna míleata, srl. | | |

<table>
<tr><th>Féiniúlacht agus Muintearas</th><th>Cosúlacht agus Difríocht</th><th>Cearta agus Freagrachtaí Daonna</th><th>Leithcheal agus Comhionannas</th><th>Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint</th></tr>
<tr>
<td>Éisteacht agus freagairt<br>Éisteacht le ceol agus freagairt dó:<br>Roghnaigh ceol a léiríonn comhthéacsanna éagsúla an ionannais Éireannaigh (Traidisiúnta, Ceol Tíre, Roc-cheol, Popcheol, Ceol Manglaim).<br><br>Roghnaigh ealaíontóirí a léiríonn cultúir a fhoghlaimíonn agus a thógann iasachtaí óna chéile (Eiseamláir 4).<br><br>Léiriú<br>Seinm uirlisí:<br>Déan agus bain úsáid as éagsúlacht uirlisí, ag léiriú éagsúlacht chultúr Éireannach. (Drumaí Lambeg, Bodhrán, srl.)<br><br>Amhránaíocht:<br>Can raon amhrán a léiríonn eágsúlacht na gcultúr ceolmhar Éireannach.</td>
<td>Éisteacht agus freagairt agus Léiriú<br>Amhránaíocht agus Seinm uirlisí:<br>Éist le, freagair do, agus léirigh raon leathan stíleanna ceolmhara agus tradisiún (Reggae, Popcheol, Ceol Tíre, Laidin-Mheiriceánach, Amhráin Náisiúnta) (Eiseamláirí 5 agus 8). Aithnigh an fiach atá ag stíleanna dá chéile (Eiseamláir 4).<br><br>Bain feidhm as amhráin i dteangacha seachas an Béarla nó in aistriúchán (Eiseamláir 5).<br><br>Bain feidhm as uirlisí ó raon traidisiún cultúrtha.</td>
<td colspan="2">Éisteacht agus freagairt agus Léiriú<br>Amhránaíocht agus Seinm uirlisí:<br>Roghnaigh raon amhrán a phléann le téamaí cearta daonna, cosúil le hamhráin agóide nó le hamhráin a bhaineann le feachtais cearta daonna (Eiseamláir 8). Iniúch conas a mhacasamhlaítear na téamaí seo sa cheol.</td>
<td>Éisteacht agus freagairt agus Léiriú<br>Amhránaíocht agus Seinm uirlisí:<br>Roghnaigh raon amhrán a phléann le coimhlint idirphearsanta nó idirnáisiúnta, agus a phléann le hiarmhairtí na coimhlinte. Iniúch conas a mhacasamhlaítear an téama sa cheol. ('Brothers in Arms' le Dire Straits, 'From a Distance' le Nancy Griffith, Réamhcheol 1812 le Tchaikovsky).</td>
</tr>
</table>

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Cúig agus a Sé: Eolaíocht**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh rannpháirtíochtaí dearfacha daoine Éireannacha ó chúlraí éagsúla d'fhionnachtana agus d'fhorbairtí eolaíochta. | **Dúile beo**<br>*An bheatha dhaonna:*<br>Aithnigh éagsúlachtaí agus cosúlachtaí i dtréithe daoine daonna, ag aithint na gcoitiantachtaí trasna grúpaí eitneacha agus cultúrtha.<br>Aithnigh raon na gcineálacha difriúla d'aistí bia cothromaithe agus cothaithe a úsáideann daoine daonna ó chultúir dhifriúla, agus laistigh dár gcultúr. Mar shampla, úsáidtear rís go forleathan san Áis, agus úsáidtear táirgí cruithneachta san Eoraip. | **Dúile beo**<br>*An bhatha dhaonna:*<br>Aithnigh conas a mhacasamhlaítear riachtanais daoine daonna i gcoincheapa ceart daonna (ceart ar fhothain, ar chúram leighis, ar am fóillíochta, srl.). | **Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Eolaíocht agus an t-imshaol:*<br>Téigh i bhfeasacht ar an tábhacht a bhaineann le hacmhainní inathnuaite agus neamh-inathnuaite an domhain.<br><br>Aithnigh neamhionannas in úsáid acmhainne idir an domhan forbartha agus an domhan neamhfhorbartha, mar mhodh chun struchtúir leithcheala a iniúchadh (nasc le Trádáil agus Forbairt i dTíreolaíocht). | **Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Eolaíocht agus an t-imshaol:*<br>In aitheantas a thabhairt ar na hiarmhairtí dearfacha agus diúltacha a bhaineann le heolaíocht i sochaí, cuir béim ar rannpháirtíocht na heolaíochta do chur chun cinn daonna agus don chaighdeán maireachtála—leigheas, teicneolaíocht, srl.<br><br>Chomh maith leis sin, pléigh ról na heolaíochta i gcruthú féidearthachtaí chun gnímh ollfhoiréigeanacha a dhéanamh. Aithnigh agus pléigh comhthéacs moráltа na feidhme a bhaintear as fionnachtana eolaíochta. |
| | **Fuinneamh agus fórsaí**<br>*Fuaim:*<br>Aithnigh difríochtaí cultúrtha in uirlisíocht (drumaí, gaothionstraimí adhmaid, srl.) agus a bhfeidhmeanna. | **Feasacht agus cúram imshaoil**<br>*Cúram imshaol:*<br>Aithnigh saincheisteanna faoi fhreagracht imshaoil agus a nascanna do chearta. | | |
| | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh obair na n-eolaithe ó éagsúlacht ghrúpaí cultúrtha agus eitneacha san am atá thart agus sa lá atá inniu ann, agus fionnachtana eolaíochta na gcultúr éagsúil. | | | |

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Imshaoil dhaonna**<br>*Daoine agus críocha eile:*<br>Déan staidéar ar dhaoine i dtíortha eile Eorpacha agus neamh-Eorpacha, ag forbairt tuisceana ar mhuintearas le comhphobail áitiúla, náisiúnta, Eorpacha, agus idirnáisiúnta.<br><br>**Imshaoil nádúrtha**<br>*Gnéithe fisiciúla na hEorpa agus an Domhain:*<br>Forbraigh tuiscint ar mhuintearas le comhphobail áitiúla, náisiúnta, Eorpacha, agus idirnáisiúnta. | **Imshaoil dhaonna**<br>*Saincheisteanna trádála agus forbartha:*<br>Iniúch rannpháirtíocht na gcultúr éagsúil do stíleanna bheatha na hÉireann trí thrádáil.<br>*Daoine agus críocha eile:*<br>Déan staidéar ar dhaoine i dtíortha eile Eorpacha agus neamh-Eorpacha, ag tabhairt aitheantais ar a rannpháirtíocht do chultúr agus do shlí bheatha na hÉireann, agus ar ár nascanna leo, ag dul i bhfeasacht ar éagsúlacht na ndaoine in Éirinn, san Eoraip, agus sa domhan níos leithne (Eiseamláir 2).<br><br>*Daoine a chónaíonnl agus a shaothraíonnr sa cheantar áitiúil:*<br>Cuir meas agus luach ar éagsúlacht sa phobal, ag iniúchadh na bpríomhghnéithe den imshaol tógtha, ag aithint chineálacha difriúla tithe (teachíní, árasáin, leantóirí, carbháin, srl.).<br>*Aimsir, aeráid agus aerbhrat:*<br>Déan iniúchadh ar an ngaol idir thosca aeráide agus gnéithe de dhéanamh foirgnimh, ag aithint gur minic a chuirtear foirgnimh in oiriúint do shuímh áitiúla (mar shampla, féadtar cineálacha áirithe de thithe Afraiceacha a bheith oiriúnach do choinníollacha áitiúla agus ní ceart iad a dhrochmheas mar 'bhotháin cré', nó mar chomhartha bochtaineachta). | **Imshaoil dhaonna**<br>*Saincheisteanna trádála agus forbartha:*<br>Déan iniúchadh ar fheidhmiú na gcoincheap ar chearta daonna in obair na ngníomhaireachtaí idirnáisiúnta, ag déanamh comparáide idir chur chuige cearta daonna agus cur chuige carthannachta.<br><br>Déan iniúchadh ar fheidhmiú an chreatlaigh ceart daonna ar chaighdeáin mhaireachtála i dtíortha an Tríú Domhain (ceart ar phost, ar chúram leighis, ar am fóillíochta, srl.), agus aithnigh coincheap na bhfreagrachtaí i dtaobh na gcearta sin (freagrachtaí i dtrádáil ionraic, i gcúnamh, i bhfiach, srl.).<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh téamaí cearta daonna nuair a phléitear le hImshaoil. Dhaonna sa bhaile agus i dtíortha eile.<br>Féadtar go n-áirítear mar shamplaí, daoine gan dídean, oideachas, cheart ar obair, an ceart páirt a ghlacadh in institiúidí daonlathacha, srl. | **Imshaoil dhaonna**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh téamaí Leithcheala agus Comhionannais nuair a phléitear le himshaoil dhaonna sa bhaile agus i dtíortha eile.<br>Féadtar go gcuirtear san áireamh mar shamplaí, difríochtaí i ngnéas agus i bpatrúin eitneacha ionadaíochta i bparlaimintí agus i seasaimh chumhachta eile, nó i rochtain ar oideachas i dtíortha difriúla. | **Imshaoil dhaonna**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh téamaí Coimhlinte agus Síochána nuair a phléitear le himshaoil dhaonna sa bhaile agus i dtíortha eile.<br>Féadtar go gcuirtear san áireamh mar shamplaí, na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le coimhlintí náisiúnta agus idirnáisiúnta, na tosca a chothaíonn coimhlintí, agus na múnlaí chun síocháin a bhaint amach nó a chothú. |

Oideachas Idirchultúrtha: **Ranganna a Cúig agus a Sé: Corpoideachas**

| Féiniúlacht agus Muintearas | Cosúlacht agus Difríocht | Cearta agus Freagrachtaí Daonna | Leithcheal agus Comhionannas | Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint |
|---|---|---|---|---|
| **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraigh tuiscint dhearfach ar fhéiniúlacht trí ghabháil le gníomhaíochtaí fisiciúla.<br><br>Aithnigh rólchuspaí spóirtiúla ó raon grúpaí eitneacha. | **Damhsa**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Foghlaim raon foirmeacha damhsaí difriúla ag léiriú éagsúlachta cultúir (féach ar *Threoirlínte Corpoideachais do Mhúinteoirí*, lch 62).<br><br>Aithnigh na bealaí ina bhfaigheann foirmeacha damhsaí iasachtaí óna chéile (mar shampla, an meascán idir Rince Traidisiúnta na hÉireann agus stíleanna eile i 'Riverdance'). | **Luthchleasaíocht agus Gleacaíocht agus Cluichí**<br>*Na cluichí go léir:*<br>Aithnigh na coincheapa cothroime i bhfeidhmiú rialacha an chluiche agus i gcúram na gcluichí.<br><br>Aithnigh iompraíocht oiriúnach neamh-leithchealach in idirghníomhaíocht. | | **Na snáitheanna go léir**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraigh scileanna comhoibrithe, an cumas chun dul i ngleic le mothúcháin agus feasacht ar idirspleáchas i gcluichí foirne, i ngníomhaíochtaí lasmuigh agus i ngrúpghníomhaíochtaí eile. |
| **Cluichí**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Daingnigh cultúr na bpáistí ó raon grúpaí eitneacha trí roghnú oiriúnach a dhéanamh de raon cluichí (mar shampla, cruicéad, rugbaí, cluichí Gaelacha, cispheil, cluiche corr, sacar, srl.). | **Cluichí**<br>Déan cluichí ó raon comhthéacsanna cultúrtha.<br>Aithnigh na bealaí ina bhfaigheann cluichí ó chultúir dhifriúla eolas agus iasachtaí óna chéile (mar shampla, iasachtaí chártaí dearga agus buí i CLG agus i Rugbaí ó shacar, iasacht 'araide peaca' ó spóirt na Stáit Aontaithe). | | | |

| **Féiniúlacht agus Muintearas** | **Cosúlacht agus Difríocht** | **Cearta agus Freagrachtaí Daonna** | **Leithcheal agus Comhionannas** | **Coimhlint agus Réiteach ar Choimhlint** |
|---|---|---|---|---|
| **Pobail agus sochaithe ársa, Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart, agus Leanúnachas agus athrú le himeacht ama**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh na rannpháirtíochtaí a rinne raon daoine éagsúla d'Éirinn, na Ceiltigh, Lochlannaigh, Normannaigh, Sasanaigh, agus na hAlbanaigh san áireamh.<br><br>Aithnigh an méid go raibh Éire, ag tréimhsí éagsúla san am atá thart, ina sochaí idirchultúrtha (Féach ar Chaibidil 01). | **Staidéir áitiúla**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Aithnigh éagsúlacht san imshaol áitiúil, i gcineálacha tithe, cluichí, féastaí, agus féilte, agus rannpháirtíocht na dtionchar éagsúil cultúrtha ar an imshaol áitiúil san am atá thart. Mar shampla, tá an práta de bhunadh Mheiriceánaigh Theas, tá a lán cluichí a imrítear i gceantar áitiúil de bhunaidh éagsúla (Eiseamláir 13). | **Polaitíocht, coimhlint agus an tsochaí**<br>*Réabhlóid agus athrú i Meiriceá, sa Fhrainc agus in Éirinn i 1916, agus bunú an Stáit:*<br>Déan iniúchadh ar fhorbairt an choincheapa ar chearta agus ar shaincheisteanna a chabhraigh níos déanaí chun an Ráiteas Uilíoch ar Chearta Daonna agus an Bhunreacht a dheilbhiú.<br><br>*Éire, an Eoraip, agus an Domhan ó 1960 i leith:*<br>Déan iniúchadh ar fhorbairt raon na gcúnantaí, na ráitis, agus na gconarthaí idirnáisiúnta ar chearta. | **Ag obair mar staraí**<br>*Fianaise a úsáid:*<br>Déan iniúchadh ar na bealaí ina gcuirtear na cuntais i láthair mar stair mar thoradh de phróiseas roghnaithe agus ar an gclaonadh atá ann i gcuid de na startha.<br><br>*Ionbhá:*<br>Forbraigh ionbhá stairiúil—an cumas chun spreagthachtaí raon na ngníomhairí difriúla a thuiscint chomh maith le hionannú a dhéanamh leo. | **Tréimhsí athraithe agus coimhlinte, Polaitíocht, coimhlint agus an tsochaí**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Ag forbairt tuisceana ar chúiseanna na coimhlinte, ar na tosca a chothaíonn coimhlint agus ar mheicníochtaí chun síocháin a chur chun cinn. |
| **Leanúnachas agus athrú le himeacht ama**<br>*Fánaíocht:*<br>Aithnigh an ról buansheasmhach agus an rannpháirtíocht a rinne an Lucht Siúil fhánaigh do shochaí na hÉireann. | **Scéalaíocht**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Féadtar scéalta agus miotais a roghnú chun éagsúlacht daoine atá ina nÉireannaigh a léiriú (Ceiltigh, Lochlannaigh, chomh maith le hinimircigh níos déanaí). | **Scéalaíocht**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Inis scéalta faoi dhaoine ó chúlraí éagsúla a rinne rannpháirtíocht do dheilbhiú an choincheapa ar chearta daonna agus d'achrainn ar son ceart daonna (Eiseamláir 8). | **Polaitíocht, coimhlint, agus an t sochaí**<br>*Na snáithaonaid go léir:*<br>Forbraigh tuiscint ar fhorbairt na smaoineamh ar chaoinfhulaingt agus ar chomhionannas láimhseála, mar a chuirtear i bhfeidhm iad ar shochaithe éagsúla comhaimseartha. | **Leanúnachas agus athrú le himeacht ama**<br>*Fánaíocht:*<br>Aithnigh ról buansheasmhach agus rannpháirtíocht daoine fánacha an Lucht Siúil do shochaí agus do ghéilleagar na hÉireann, agus an gá le déileáil le cearta coimhlinte an daonra fhánaigh agus an daonra lonnaithe in Éirinn agus i dtíortha eile. |


School
MEAS
square
circle
cuboid

CAIBIDIL

05

# Cur Chuige agus Modhanna Múinte

Education shall be directed to the full development of the human personality and to the strengthening of respect for human rights and fundamental freedoms. It shall promote understanding, tolerance and friendship among all nations, racial or religious groups, and shall further the activities of the United Nations for the maintenance of peace…

Ráiteas Uilíoch ar Chearta Daonna, Airteagal 26

Tá an t-oideachas idirchultúrtha leabaithe i, agus tagann sé ó, Churaclam na Bunscoile. Dá bhrí sin, is ionann cur chuige agus modhanna múinte an oideachais idirchultúrtha agus iad siúd atá i gCuraclam na Bunscoile. Mar a shoiléiríonn tréithe an oideachais idirchultúrtha, mar a leagadh amach i gCaibidil 02 iad, is iad an cur chuige agus na modhanna múinte is oiriúnaí ach go háirithe d'oideachas idirchultúrtha ná iad siúd a úsáideann straitéisí foghlama gníomhaí, go háirithe an fheidhm a bhaintear as díospóireacht. Aithníonn an chaibidil seo, agus na heiseamláirí a leanas, conas a fhéadtar modhanna múinte foghlama gníomhaí a chur i bhfeidhm sa seomra ranga bunscoile.



## Foghlaim ghníomhach

Tá foghlaim trí ghníomhaíocht threoraithe agus trí fhionnachtain mar phrionsabal amháin de Churaclam na Bunscoile. Pléitear foghlaim ghníomhach ar fud an churaclaim agus go háirithe i dTreoirlínte Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte do Mhúinteoirí (lch 54 ar aghaidh). Nuair atá an páiste bainteach go gníomhach lena c(h)uid foghlama, bogann an t-ionad smachta i bhfoghlaim ón múinteoir go dtí na páistí.

Tá foghlaim ghníomhach

- ag gabháil le páistí i slí fhisiciúil, chognaíoch, agus mhothúchánach
- ag cur gnímh chun cinn, mar a fhoghlaimíonn páistí conas a gcumas féin agus a bhféin-éifeacht a aithint
- ag cur páistí i lár an phróisis fhoghlama trí chinntiú go bhfuil an t-ábhar ábhartha dá saolta féin agus go bhfuil sé tarraingteach dóibh
- ag iarraidh atmaisféar muiníne agus tacaíochta a bheith ann le cinntiú go bhfuil páistí sásta, agusgo mothaíonn siad sábháilte nuair a chuireann siad a dtuairimí féin in iúl nó nuair a bhaineann siad triail as scileanna nua.

Baineann foghlaim ghníomhach le foghlaim i gcomhoibriú le daoine eile. Cuireann foghlaim i gcomhphobal foghlaimeoirí ar chumas an pháiste a c(h)uid eolais féin a chur le chéile, saincheisteanna a iniúchadh ó pheirspictíochtaí ilghnéitheacha, agus ansin athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar a d(h)íospóireachtaí le daoine ar chomhaois leis/léi. Tugann an curaclam faoi deara, tríd an bpróiseas foghlama gníomhaí seo, go bhfuil sé níos dealraithí go n-inmheánóidh páistí cad a d'fhoghlaim siad agus go mbeidh siad in ann é a chur i bhfeidhm ar a saolta laethúla agus ar ghnáthshuímh laethúla. I bhfocail eile, téann an chaoi a fhaigheann an páiste eolas i bhfeidhm ar an méid go mbeidh an t-eolas sin úsáideach nó neamh-úsáideach (neamhghníomhach) don pháiste. Ciallaíonn sé sin go bhfuil foghlaim ghníomhach ríthábhachtach chun brí na saoránachta freagraí a fhoghlaim.

Nuair a fhoghlaimítear conas coincheapa cosúil le luach éagsúlachta nó cearta agus freagrachtaí, nó nuair a fhoghlaimaítear scileanna cosúil le caibidlíocht a dhéanamh chun réitigh a fháil ar choimhlintí, tá sé áisiúil feidhm a bhaint as suímh beatha-réadúla sa phróiseas foghlama.

Léiríonn na trí eiseamláir a leanas conas a fhéadtar suímh beatha-réadúla a úsáid chun cabhrú le tuiscint a fhorbairt ar choincheapa idirchultúrtha cosúil le héagsúlacht agus claonadh.

| **Eiseamláir 13** | **Cultúr an bhaile** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| OSPS | Mise | Féiniúlacht |
| Stair | Mise agus mo mhuintir | Mo theaghlach |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a haon agus a dó |
| **Aidhm** | cabhrú le páistí chun dea-mheas a chur ar éagsúlacht chultúrtha trí rudaí óna ndomhan laethúil a iniúchadh |
| **Acmhainní** | Bailigh éagsúlacht rudaí a úsáidtear i dteaghlaigh na bpáistí.<br>• Féadann rudaí a bhaineann le gruaig cosúil le cineálacha difriúla scuabanna, cíora difriúla, ceangail, fáiscíní gruaige, bearrthóirí a áireamh.<br>• Féadann rudaí a bhaineann le bia cosúil le babhlaí anraith nó arbhair, babhlaíríse, plátaí, sceana sábháilteachta, forcanna nó spúnóga, cipíní itheacháin, pota, wok a áireamh.<br>• Féadann rudaí a bhaineann le hobair cosúil le hata oibre, lámhainní, carbhat, mála cáipéisí, culaith oibre a áireamh. |
| **Modh múinte** | **1.** Iniúch feidhm gach cinn de raon na rudaí a roghnaíodh.<br>**2.** Iarr ar pháistí an fáth a aithint go bhfuil an méid sin éagsúlachta le fáil i gcineálacha difriúla cíor nó bia, mar shampla. (Tá uirlisí difriúla oiriúnach do chineálacha difriúla gruaige agus cumasaíonn siad stíleanna difriúla, fásann bianna difriúla timpeall an domhain, srl.) Má thosaíonn na páistí ag déanamh grinn de láimhdhéantúsáin neamhaithnidiúla, spreag iad chun aitheantas a thabhairt go bhfuil feidhmeanna difriúla ag rudaí difriúla, agus go bhfuil siad go léir ar chomhbhailíocht. |
| **Gníomhaíochtaí forleathnaithe** | Cuir éagsúlacht rudaí ar fáil sa cheantar súgartha.<br>Féadtar an ceacht seo a oiriúnú chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe eile éagsúlachta sa phobal ina gcónaíonn an páiste, cosúil le<br>• héagsúlacht i gcineálacha tithe (leantóir, teach leath-scoite le trí sheomra leapa, bungaló)<br>• héagsúlacht i struchtúr teaghlaigh<br>• héagsúlacht i mbianna fábhracha agus éagsúlacht a mbunadh. |

| Eiseamláir 14 | Claonadh a iniúchadh | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| OSPS | Mise agus an domhan mór | Ag forbairt saoránachta<br>Ag maireachtáil sa phobal áitiúil<br>Oideachas na meán cumarsáide |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí go dtí a sé |
| **Aidhm** | ról an chlaonta a iniúchadh i léiriú an cheantair áitiúil |
| | Tógtar an eiseamláir seo ó Threoirlínte OSPS do Mhúinteoirí, Eiseamláir 10.<br>Téann páistí i dtuiscint ar choincheap an chlaonta nuair a thugann siad chun grinnis agus nuair a éiríonn siad breithiúnach faoi fhaisnéis a chuirtear i láthair i léirithe éagsúla. Nuair a spreagtar iad chun cruinneas na faisnéise a cheistiú agus chun machnamh a dhéanamh ar an bpeirspictíocht atá aici, tosaíonn páistí ag tuiscint go bhféadtar níos mó ná 'taobh amháin' den scéal a bheith ann. Cuireann an fheasacht mhéadaithe seo le tuiscint ar chlaonadh agus féadtar go mbeidh siad níos íogaraí dó ina saolta laethúla. |
| **Modh múinte** | **1.** Tugtar trí nó ceithre phictiúr nó cártaí poist a thaispeánann an ceantar áitiúil do pháistí. I ngrúpaí, scrúdaíonn siad na pictiúir go cúramach agus iniúchann siad na ceisteanna seo a leanas:<br>• Cé a thóg an grianghraf agus cén fáth?<br>• Cén áit óna dtógadh é?<br>• Cad iad na rudaí sa cheantar go bhféadtar a fheiceáil agus cad iad na rudaí a ligtear ar lár?<br>• Cé ar a ndírítear an grianghraf, cé hiad a lucht féachana?<br>• Cad í an teachtaireacht a thugtar faoin gceantar i ngach ceann de na pictiúir?<br>• An bhfuil an teachtaireacht seo cruinn?<br>**2.** Cuireann an grúpa a thorthaí i láthair don chuid eile den rang. Féadtar go ndíreodh an díospóireacht ar pheirspictíocht an ghrianghrafadóra, i gcomparáid le tuairimí atá ag daoine eile sa cheantar.<br>**3.** I ndiaidh na díospóireachta filleann na páistí ar ais ar a ngrúpaí, agus déanann siad cinneadh ar an léiriúchán a d'úsáidfidís chun cur síos go cruinn ar a gceantar féin.<br>**4.** Is féidir le páistí léiriú a chur i láthair don rang agus a bpeirspictíocht a mhíniú. Is féidir na pictiúir a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus cosúlachtaí agus difríochtaí idir na pictiúir a thabhairt faoi deara.<br>**5.** Nuair a dhéantar machnamh ar an ngníomhaíocht seo, féadtar na páistí a threorú chun aitheantas a thabhairt ar an bhfíric go n-athraíonn peirspictíochtaí go mór agus go dtéann roinnt tosca i dtionchar orthu. |

| **Eiseamláir 15** | **Ag obair le chéile le haghaidh athraithe** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| OSPS | Mise agus an domhan mór | Ag forbairt saoránachta |
| English | Developing cognitive abilities through language | Writing:<br>Clarifying thought through writing.<br>Oral language:<br>Developing cognitive abilities through oral language |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Bhain an Tascfhórsa Curaclaim um Fhrith-Chlaonadh feidhm as modhanna múinte cosúla le páistí chomh hóg le 3-5 bliana d'aois. |
| **Aidhm** | cabhrú le páistí chun ról an duine aonair agus ról grúpaí éagsúla sa phobal a aithint agus a thuiscint |
| **Cur chuige agus modhanna múinte** | Ag iniúchadh an chomhphobail áitiúil, ag déanamh cinnidh ar ghníomh oiriúnach, scríbhneoireacht (eagarthóireacht/athdhréachtú).<br><br>Trí ghabháil leis an gcleachtas ag iarraidh athraithe a chur i gcrích, cuirtear páistí i lár an phróisis fhoghlama. Tríd an bpróiseas seo, is féidir leo na scileanna gníomhra oiriúnaigh a fhoghlaim (ag scríobh litreach, achainí a sheoladh, ceisteanna a chur, srl.), agus is féidir leo foghlaim faoi na fadhbanna ar an mbealach (cosúil le neamhaird a thabhairt orthu ag na daoine i gcumhacht), chomh maith le tuiscint ar fhéin-éifeacht a fhoghlaim trí cad a bhaineann siad amach. |
| **Modh múinte** | Féadtar an cur chuige a thógáil thar roinnt ceachtanna.<br><br>**1.** Iarr ar na páistí rud éigin a aithint san imshaol áitiúil a theastaíonn uathu a athrú, mar shampla easpa spásanna imeartha, nó easpa spásanna páirceála do theaghlaigh ag an lárionad siopadóireachta. Pléigh a bhfreagraí leo, ag iarraidh orthu na cinn gur féidir a athrú go réadúil a aithint agus na cinn ag a bhfuil na tosaíochtaí is airde dóibh.<br><br>**2.** Pléigh leis na páistí cad atá le hathrú go cruinn agus conas a mhothaíonn siad faoin suíomh reatha. Forbraigh raon foclóra a bheidh áisiúil dóibh chun litir a scríobh.<br><br>**3.** Taispeáin eiseamláir scríbhneoireachta le haghaidh litreach foirmeáilte do na páistí (cá dtéann na seoltaí, srl.), agus lig dóibh an chéad dhréacht den litir chuig an údarás oiriúnach a scríobh. Spreag iad chun a smaointe a chur síos ar pháipéar gan a bheith ró-imníoch faoi scríbhneoireacht láimhe nó litriú. |

| | |
|---|---|
| | 4. Labhrann an múinteoir le gach páiste faoin a litir, ag tacú leo chun a smaointe a léiriú trí cheistiú agus trí mholadh.<br><br>5. Athdhréachtann gach páiste a litir, ag tabhairt aird do litriú, néatacht, shoiléireacht, chruinneas, srl.<br><br>Déantar cóipeanna de litreacha na bpáistí, bailítear iad, agus seoltar iad chuig an údarás oiriúnach (le litir clúdaigh nuair is gá). Coimeádtar cóipeanna na litreacha agus féadtar iad a thaispeáint.<br><br>6. Nuair a fhaightear freagra, féadtar é a bheith mar bhonn díospóireachta breise leis na páistí. Muna bhfaightear freagra tar éis tréimhse ama, féadtar é sin a phlé leo chomh maith, agus a bheith mar bhonn litreach breise nó litreach chuig údarás difriúil (cosúil le nuachtán). |
| **Gníomhaíochtaí forleathnaithe** | Féadtar athrú dearfach in imshaol na bpáistí, nó gá le hathrú, a thaifeadadh trí ghrianghrafanna.<br><br>Is féidir le páistí foirmeacha eile gníomhra a thriail, cosúil le póstaeirí a dhearadh in Ealaín, nó amhráin agóide a thriail i gCeol.<br><br>I Matamaitic (sraith Sonraí) is féidir le páistí léiriúcháin sonraí a úsáid cosúil le táblaí grafacha, chun a smaoineamh a shoiléiriú agus chun fíricí an scéil a léiriú, mar shampla méid na spásanna páirceála do dhaoine le míchumas i gcomparáid le spásanna páirceála do dhaoine nach bhfuil míchumas acu in imshaol na scoile. |

Tá sé tábhachtach, agus sinn ag féachaint ar na rudaí a roinnimid le daoine eile, oibriú i dtreo tuisceanna níos fearr ar chearta daonna, cad iad, agus conas gur féidir linn iad a chleachtadh go praiticiúil.

**Díospóireacht**

Nuair a bhíonn páistí bainteach le foghlaim ghníomhach trí dhíospóireacht níl siad ag éisteacht amháin, ach tá siad ag forbairt scileanna maidir le coincheapa agus smaointe a láimhseáil. Trí dhíospóireacht, foghlaimíonn páistí conas faisnéis a anailísiú, a chur le chéile, agus a mheasúnú trí cheisteanna a chur, agus trí athchuairt leanúnach a thabhairt ar a smaointe agus ar a ndearcaidh féin. Tá príomhról ag an díospóireacht san oideachas idirchultúrtha. Soláthraíonn sé bunús do pháistí chun a bheith ag caint faoina mothúcháin agus a smaointe agus féadann sé páistí a chumasú chun a smaointe nó a mothúcháin a fhorbairt nó a athrú. Chomh maith leis sin, féadann sé páistí a sholáthar le teanga a chabhraíonn leo chun tuiscint agus ciall a bhaint as a ndomhan. Féadann díospóireacht cur le forbairt raon dearcadh agus scileanna.

Áiríonn siad siúd

- scileanna comhoibrithe, cosúil le ceisteanna a chur agus éisteacht go gníomhach agus go dearfach
- ag tógáil sealanna chun rannpháirtíocht a dhéanamh
- luach na ndearcadh difriúil a aithint agus déileáil le coimhlintí dearcaidh i mbealach neamhphearsanta.

Tá atmaisféar muiníne agus tacaíochta ríthábhachtach do ghabháil le díospóireacht oscailte. Caithfidh go mothaíonn páistí go bhféadann siad a meoin a nochtadh, pé má tá said ag rá rudaí nach dteastaíonn ó dhaoine eile iad a chloisteáil. Cé go mba cheart dul i ngleic le ráitis na bpáistí atá neamhchruinn, gortach, nó naimhdeach, ba cheart é seo a dhéanamh i slí go n-athneartaítear iad cé go gceistítear a ndearcaidh. In imshaol ina mothaíonn páistí nach féidir leo a meoin a nochtadh go macánta, tá seans ann go bhfuil dearcaidh neamhchruinne nó leithchealacha acu, ach féadtar nach dtiocfadh siad faoi aird an mhúinteora go deo, agus dá bhrí sin, ní bheidh an múinteoir in ann gabháil le díospóireacht go bhféadfaí a meoin a athrú.

Áfach, féadtar atmaisféar muiníne agus tacaíochta a thógáil thar thréimhse ama agus féadtar é a shníomh trí atmaisféar iomlán an tseomra ranga. Pléitear le hatmaisféar agus aeráid dhearfach a chruthú sa seomra ranga i *dTreoirlínte Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte do Mhúinteoirí* (lth 36-37). Tá cleachtadh rialta díospóireachtaí ‘spáis shábháilte’ cosúil le hAm Ciorcail (Eiseamláir 16 agus ar *Threoirlínte Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte do Mhúinteoirí,* Eiseamláir 19) áisiúil freisin chun atmaisféar sábháilteachta agus tacaíochta a fhorbairt.

Aithníonn an curaclam go bhfuil teanga lárnach do phróiseas na foghlama. Dá bhrí sin, baintear feidhm as caint agus díospóireacht mar phríomhstraitéisí foghlama i ngach réimse curaclaim. Éascaíonn sé sin iniúchadh smaointe, mothúchán, agus freagairtí trí theanga atá ag éirí níos casta. Sa chomhthéacs seo, féadtar díospóireacht a spreagadh trí dhánta, théacs, cheol, amharcealaíona, nó trí ghníomhaíocht fhisiciúil trasna réimsí uile an churaclaim.



| **Eiseamláir 16** | **Obair chiorcail** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| OSPS | Mise | Féinaithne: ag forbairt féin-mhuiníne |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a haon agus a dó |
| **Aidhm** | scileanna cumarsáide a chleachtadh agus féin-mheas dearfach a chothú |
| **Cur chuige agus modhanna múinte** | Díospóireacht, comhrá, smaoineamh breithiúnach |

**Obair chiorcail**
Spreagann suí i gcruth ciorcail dea-chumarsáid agus macasamhlaíonn sé na prionsabail chomhroinnte, chomhionannais, chuimsitheachta, agus tuiscint ar chúram dá chéile. Tugtar deis do gach páiste rannpháirtíocht a dhéanamh don díospóireacht agus spreagtar iad a bheith ag éisteacht le tuairim na ndaoine eile. Féadtar feidhm a bhaint as obair chiorcail i snáitheanna uile an chláir um OSPS agus tá sé oiriúnach do na léibhéil ranga go léir. Tá sé is éifeachtaí nuair a dhéantar é go minic. Cuireann sé sin ar chumas na bpáistí foghlaim conas a bheith ag éisteacht i gceart, agus conas gabháil go dearfach le daoine eile.

Tá obair chiorcail oiriúnach ach go háirithe chun páistí a bheith ag gabháil le smaoineamh breithiúnach. Cuireann sé ar chumas an mhúinteora a bheith rannpháirteach i gcomhrá le páistí agus a bheith in ann iad a chabhrú chun hipitéisí éagsúla agus coincheapa a iniúchadh trí cheistiú oiriúnach. Sa chaoi seo, is féidir le páistí a gcuid smaointe a athscagadh, roghanna eile a iniúchadh, agus cinntí a bhunú ar thosca eile seachas ar mhothúchán nó ar mhian shealadach.

Féadtar roinnt de na saincheisteanna seo a leanas a iniúchadh trí obair chiorcail:

Cad is áilleacht ann?
Cén fáth go ngníomhann daoine sa chaoi seo, dar leat?
Conas a dhéanaimid leithcheal ar a chéile?
Conas a bhraitheann tú nuair...?

Tá gníomhaíochtaí mar sin idirchultúrtha sa mhéad go bhfuil siad

- ag cur le himshaol dearfach, tacaíochta ina bhféadann páistí iad féin a chur in iúl go macánta gan eagla, agus go bhféadann siad caint trína gcuid smaointe agus aireachtálacha
- ag cur chun tosaigh príomhról na teanga chun cur ar chumas na bpáistí dul i ngleic lena ndomhan, agus trí thuiscintí idirchultúrtha a fhorbairt ar a n-eispéiris
- ag dul i ngleic le saincheisteanna mothúchánacha comhionannais agus leithcheala i mbealach sábháilte agus aois-oiriúnach.
- ag cur ar a gcumas chun suímh beatha-réadúla a phlé agus ciall a bhaint astu, agus chun comhbhá le daoine eile a fhorbairt.

Tá an eiseamláir seo bunaithe ar *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte*, Eiseamláir 19.

**Modh múinte**

1. Suíonn na páistí i gciorcal agus iarrtar orthu, duine i ndiaidh duine, an abairt seo a chríochnú, 'Tá mé go maith ag ...'. Muna bhféadann páiste smaoineamh ar aon rud, féadann páiste eile moladh a thairiscint, nó féadann an múinteoir rud dearfach a rá faoin bpáiste.

2. Féadann páistí a gcuid tuairimí a thairiscint ar bhuanna eile nár luadh fós,
   mar shampla
   'Is cara an-mhaith é/í ...'
   'Tá ...........ar fheabhas ag cuimhneamh ar scór sacair.'

3. Cuirtear ainmneacha na bpáistí go léir i hata, agus mar a roghnaítear iad cuireann an páiste síos air/uirthi ag baint feidhme as ráitis dhearfacha. Ba cheart páistí eile a spreagadh chun ráitis dhearfacha a thabhairt freisin, ag déanamh deimhin de nach ndeirtear ráitis ghortacha nó dhiúltacha.

4. Filleann gach páiste ar a d(h)easc agus scríobhann sé/sí cúig rud dearfach faoi/fúithi féin. Féadtar an obair scríofa a thabhairt abhaile agus iniúchadh a dhéanamh uirthi le tuismitheoir nó le caomhnóir.



**Scileanna grúpoibre**

Baineann grúpobair le hobair a dhéanamh go Scileanna comhoibríoch chun aidhm chomhroinnte a bhaint amach. Cuireann grúpobair iachall ar an bhfoghlaimeoir comhoibriú le daoine eile, freagairtí a thabhairt do smaointe daoine eile, agus a bheith toilteanach foghlaim le daoine eile agus ó dhaoine eile. Áiríonn scileanna agus tréithe atá riachtanach do ghrúpobair éifeachtach ná tuiscint, teanntás, agus íogair do chultúir agus do luachanna daoine eile. Chun páistí a ghabháil le páistí i ngrúpobair rathúil, caitear na scileanna riachtanacha a mhúineadh dóibh. Ansin, féadtar na scileanna sin a athscagadh agus a fhorbairt thar na blianta, agus scileanna nua a chur leo mar is cuí.

Tá Eiseamláir 17 bunaithe ar an obair le C. Epstein (1972), mar a oiriúnaíodh é ag Elizabeth G. Cohen. Cuirtear i láthair anseo é don chuid is mó mar a dhealraíonn sé sa leabhar le Cohen *Designing Groupwork Second Edition* (1994), Cló Choláiste na Múinteoirí: Londain agus Nua Eabhrac.

Dearadh ceacht 'roicéad ceithre-chéim' le Epstein (foilsithe don chéad uair i 1972) chun scileanna díospóireachta a fheabhsú in aon aoisghrúpa. Tá an ceacht bunaithe ar an smaoineamh go n-éireoidh díospóireachtaí grúpa den talamh cosúil le roicéad má fhoghlaimíonn rannpháirtithe ceithre scil. Aithnítear na ceithre scil atá lárnach do ghrúpobair tháirgiúil mar leanas

- cruinneas
- éisteacht
- machnamh
- cinntiú go ndéanann gach duine rannpháirtíocht.

Féadtar athrá a dhéanamh ar ag gceacht roinnt uaireanta ag baint feidhme as ábhar difriúil díospóireachta chun na scileanna a athneartú. Nuair a fhoghlaimítear agus a chleachtaítear na ceithre scil seo ag páistí, féadtar an ceacht a leasú chun iompraíochtaí dearfacha eile a chur chun cinn, nó chun iompraíochtaí scriosúil a aithint agus a theorannú.

Molann Cohen go n-áiríonn iompraíochtaí cuiditheacha gur fiú a spreagadh

- smaointe nua a thabhairt chuig an ngrúpa
- iarraidh ar fhaisnéis
- smaointe a mhíniú
- achoimriú nó smaointe a chur le chéile
- iarraidh ar dhaoine an bhfuil siad réidh chun cinntí a dhéanamh
- iarraidh ar bhaill níos ciúine a smaointe a chur in iúl
- éisteacht go gníomhach le cad a deireann daoine eile
- dea-smaointe agus dea-mholtaí a mholadh
- a bheith réidh chun comhréiteach a dhéanamh.

D'aithnigh sí go bhféadtar go n-áiríonn iompraíochtaí scriosúla

- an-iomad cainte
- beagán éisteachta
- deimhin a dhéanamh go nglactar lena c(h)uid smaointe féin
- gan rud a dhéanamh faoi iompraíocht scriosúil duine eile
- daoine, in ionad a smaointe, a cháineadh
- ligint do dhaoine eile an obair go léir a dhéanamh.

| | | |
|---|---|---|
| English | Competence and confidence in using language | Oral language: developing competence and confidence in using oral language |
| OSPS | Mise agus daoine eile | Caidreamh le daoine eile |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí go dtí a sé<br>Trí scileanna oiriúnacha teanga labhartha a roghnú, féadtar an ceacht seo a úsáid ar fud na bunscoile. |
| **Aidhm** | cabhrú le páistí chun forbairt a dhéanamh ar scileanna éisteachta gníomhaí |
| **Cur chuige agus modhanna múinte** | Grúpobair, comhrá, smaoineamh breithiúnach |
| **Modh múinte** | **1.** Mínigh don rang go mbeidh siad ag foghlaim conas díospóireacht mhaith a bheith acu. Roinn an rang i ngrúpaí le cúigear i ngach ceann. Tabhair ábhar díospóireachta do na grúpaí a bheidh suimiúil dóibh. (Ba cheart go mbeadh liosta ábhar díospóireachta réidh ag an múinteoir, má chríochnaíonn díospóireacht grúpa amháin go tapaidh). Tabhair cúig nóiméad don díospóireacht, fad is a théann an múinteoir timpeall, ag éisteacht.<br><br>**2.** Cuir díospóireacht ar siúl leis an rang go léir faoi cad is díospóireacht mhaith ann, agus faoi na constaicí. Taispeáin pictiúir roicéid ag éirí den talamh i gceithre chéim agus mínigh dóibh go bhfuil an rang díreach chun é sin a dhéanamh–éirí den talamh i gceithre chéim. Cuir síos ar na ceithre scil a chleachtóidh siad agus an fáth go bhfuil siad tábhachtach.<br><br>I ndiaidh gach céime, tuairiscíonn na maoir ama ar ais go dtí an rang faoi conas ar éirigh leis an ngrúpa ag gach céim, agus aithníonn siad cé chomh heásca nó chomh deacair a bhí sé. I ndiaidh gach céime, abair arís an fáth go bhfuil na scileanna á gcleachtadh tábhachtach. |

**Modh múinte**

3. **Céim 1: Cruinneas–**ag díriú isteach ar an bpointe
Roghnaigh maor ama a bheidh ag faire ar an gclog agus a choimeádfaidh am don ghrúpa. Pléigh an t-ábhar ar feadh cúig nóiméid, ag cinntiú go labhrann gach duine ar feadh cúig soicind déag ar a méad.

   **Céim 2: Éisteacht–**ag cloisteáil cad a dúradh
Athraigh an maor ama. Pléigh an t-ábhar céanna arís le gach duine ag labhairt ar feadh cúig soicind déag ar a méad. An uair seo, caithfidh gach duine fanacht le trí shoicind i ndiaidh an duine a bhí ag labhairt, roimh thosnú ag labhairt é/í féin.

   **Céim 3: Macasamhlú–**ag athrá arís rud éigin a dúradh
Arís, athraigh an maor ama. Pléigh an t-ábhar céanna ar feadh cúig nóiméid eile ag leanúint an dá rialach céanna. I dteannta sin, caithfidh gach duine a labhrann tosnú ag labhairt trí athrá a dhéanamh ar rud éigin a dúirt an cainteoir roimhe sin. Claonann an duine a labhair roimhe sin a c(h)eann má cheapann sé/sí go bhfuil an macasamhlú i gceart. Ní féidir leis an gcainteoir leanúint ar aghaidh go dtí go macasamhlaíonn sé/sí i gceart cad a dúradh roimhe seo.

   **Céim 4: Cinntiú go ndéanann gach duine rannpháirtíocht**
Athraigh an maor ama arís. Pléigh an t-ábhar ar feadh cúig nóiméid, ag leanúint na trí rialach go dtí seo. Ní féidir le héinne labhairt arís go dtí go bhfuil gach duine sa ghrúpa tar éis labhartha.
Uair amháin eile, athraigh an maor ama. Cuir díospóireacht ar siúl ar feadh cúig nóiméid eile gan na rialacha a chur i bhfeidhm, ach ag iarraidh cleachtaidh a dhéanamh ar chruinneas, éisteacht, ar mhacasamhlú, agus cinntiú go ndéanann gach duine rannpháirtíocht a dhéanamh. Tugann an breathnóir faoi deara ar bhileog gach uair a fheiceann sé/sí sampla iompraíochta dearfaí.





| **Eiseamláir 18** | **Dán–All the Ones They Do Call Lowly** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| English | Developing cognitive abilities through language | Reading: Developing interests, attitudes, information retrieval skills and the ability to think |
| Tíreolaíocht | Imshaoil dhaonna | Daoine agus tíortha eile |
| OSPS | Mise | Féinaithne |

**Aidhm**

smaointe agus peirspictíochtaí a iniúchadh agus a chur in iúl trí léitheoireacht agus trí dhán a phlé

**Cur chuige agus modhanna múinte**

Ag léamh dáin, díospóireacht

**Modh múinte**

Tá filíocht chomhtháite trasna na snáithaonaid laistigh den churaclam Béarla agus trasna raon iomlán na réimsí ábhair. Aithníonn an curaclam go mba cheart go mbeadh raon forleathan ag na dánta roghnaithe i dtéarmaí bunaidh chultúrtha agus stairiúil.

Cuireann filíocht le forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga agus le cumais chognaíocha a fhorbairt tríd an teanga.

Aithníonn an curaclam go mba cheart go n-áireodh pointí coitianta díospóireachta i dtaobh filíochta

- brí ghinearálta an dáin a lorg
- brí níos doimhne a leithcheal
- dea-mheas ar conas a úsáidtear focail chun éifeachtaí áirithe a bhaint amach
- dea-mheas ar éifeachtaí rithime agus ríme
- feidhmeanna an athraithe a imscrúdú
- éifeachtaí a bhaineann le samhail agus meafar a aithint
- imscrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí uama, onomataipé, comhshondais, agus íomhánna.

David Camls scríbhneoir amhráin agus file é David Campbell ón Ghuáin sa Mheiriceá Theas. Mothaíonn an file gaol leo siúd ar a ndéantar seachaint, neamhaird, nó atá míthuigthe. Ní chreideann sé i mbuanchruthanna cosúil le ‘tugann frogaí faithní duit’, nó ‘tá péisteanna go léir contúirteach’. Mothaíonn sé dóibh siúd atá i mbaol ionsaithe nó ar a dtugtar neamhaird go simplí. B’fhéidir go bhfuil an file ag samhlú é féin mar pháiste (tá cuma ar na focail roghnaithe gurb é an cás–‘wriggly worm’, ‘buddy’, srl.). B’fhéidir go mothaíonn an páiste go bhfuil sé/sí féin, cosúil le dreoilín teaspaigh, neamhairde ag daoine móra, nó míthuigthe cosúil leis an bhfroga. B’fhéidir gurb é an fáth nach dteastaíonn uaidh an rud céanna a dhéanamh d’éinne eile.

**All the Ones They Do Call Lowly**

Garter snake, garter snake, you hurt no one;
You move on so gracefully through the grass.
Garter snake, garter snake, I'll be your friend
And not run away as you pass.

Grasshopper, grasshopper hopping so high
Away from our crazy feet close to you;
Grasshopper, grasshopper, I'll be your friend;
I wish I could hop as high as you.

Speckled frog, speckled frog, I like your pad;
I don't believe I'll catch warts from you.
Speckled frog, speckled frog, I'll be your friend;
Why should I be frightened of you?

Wriggly worm, wriggly worm, get back inside -
A robin is waiting to take you home;
Wriggly worm, wriggly worm, I'll be your friend;
|Above ground youll be not alone.

All the ones that they do call lowly,
That do no harm to you or me -
Each will be my secret buddy
On grass and water, sand and tree.

*David Campbell*

---

Bheadh ceacht mar seo idirchultúrtha sa mhéad go

- gcuireann sé béim ar an rannpháirtíocht don teanga Béarla atá déanta ag daoine éagsúla
- bhféadtar é a úsáid chun normáltacht difríochta a iniúchadh trí fhéachaint ar chineálacha difriúla ainmhithe
- bhféadtar é a úsáid chun réamhchlaonadh agus buanchruthú a iniúchadh, cosúil leis na miotais a insítear faoi fhrogaí
- bhféadtar é a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint cosúlachta le daoine éagsúla, toisc go bhféadann an páiste mothúcháin agus imeachtaí a thaithí atá cosúil leo siúd atá ag an bpáiste sa Ghuáin
- bhféadtar é a úsáid chun freagairt dhearfach mhothúchánach a fhorbairt leo siúd ar a ndéantar leithcheal.

| **Eiseamláir 19** | **Scéal an Troill** | |
|---|---|---|
| **Réimse Curaclaim** | **Snáithe** | **Snáithaonad** |
| OSPS | Mise agus an domhan mór | Oideachas na meán cumarsáide |
| English | Developing cognitive abilities through language | Oral language: Developing cognitive abilities through oral language |

| | |
|---|---|
| **Leibhéal** | Ranganna a trí go dtí a sé |
| **Aidhm** | chun cur ar chumas páistí scéal a phlé agus imeachtaí agus torthaí eile a thairngreacht ó pheirspictíocht na gcarachtar difriúil |
| **Cur chuige agus modhanna múinte** | Ag freagairt do charachtair i scéal, ag cur tuairimí coimhlinte in iúl, ag argóint cáis nó seasaimh. |
| | Tá tuiscint agus aitheantas ar, agus déileáil le peirspictíochtaí agus réamhchlaonadh mar phríomhsmaointe san oideachas idirchultúrtha. Cabhróidh siad le páistí buanchruthú a aithint agus a shárú, agus is scileanna tábhachtacha iad i ngabháil le tascanna réitigh coimhlinte cosúil le socruithe a chomhréiteach agus suímh buaite-buaite a fhorbairt. Níos ginearálta, is cuid thábhachtach iad i bhforbairt cumais le haghaidh smaoinimh bhreithiúnaigh.<br><br>Insítear an-chuid de na scéalta agus léirítear an-chuid de na híomhánna do pháistí óga ó pheirspictíocht aontaobhach. Áiríonn scéalta mar sin *'Jack and the Beanstalk', 'Little Red Riding Hood', 'The Three Billy Goats Gruff'*, agus '*The Three Little Pigs'*. Féadtar na scéalta seo a úsáid mar spreagadh chun peirspictíochtaí eile a iniúchadh óna bhféadtar an scéal a léiriú. |
| | Tá a lán leaganacha ann den chineál seo ceachta:<br><br>• Tá a lán síscéalta athscríofa ó pheirspictíochtaí eile. Féadtar teacht ar a lán leaganacha eile de *'Little Red Riding Hood'* i *The Trials and Tribulations of Little Red Riding Hood* le Jack Zipes, agus bheadh cuid díobh oiriúnach do ranganna bunscoile. Tá an cur chuige seo ag *The True Story of the Three Little Pigs* le Jon Scieszka freisin. Féadtar an ceann traidisiúnta agus an leagan eile den scéal araon a léamh agus iad a chur i gcomparáid lena chéile. (Le haghaidh sonraí breise ar an gcur chuige seo, féach ar *Celebrating Difference–an intercultural resource for senior primary classes,* foilsithe ag Ionad Múinteoirí na Carraige Duibhe agus 'Crosscare'). |

- Mar thoradh den am inar scríobhadh síos iad, tá íomhánna buanchruthacha in a lán scéalta coitianta ar ról na mban agus ar bhanúlacht. Fanann an banlaoch go géilliúil le haghaidh tarrthála i *Sleeping Beauty*, tá cuma tharraingteach ar fhoighne agus ar ghéilliúlacht Cinderella i gcomparáid lena deirfiúracha míthaitneamhacha agus treallúsacha, srl. Sna meánranganna féadann na páistí na híomhánna sin a chur i gcomparáid leis an réaltacht ar a bhfuil aithne acu. Sna ranganna sinsearacha beidh siad in ann é sin a aithint mar bhuanchruthú.

- Dealraíonn sé go raibh a lán síscéalta ina scéalta ó bhéal le mílte blianta roimh iad a scríobh síos ina bhfoirm reatha. Féadtar teacht ar leagan de Sleeping Beauty, mar shampla, i Scéalta na nOícheanta Araibeacha (*'The Thousand and One Nights'*). Scríobhadh síos an-chuid de na síscéalta coitianta san fhoirm choitianta reatha ag Charles Perrault san Fhrainc sna 1690í agus ag na Deartháireacha Grimm sa Ghearmáin sna 1800í luatha. I leagan na nOícheanta Araibeacha de 'Sleeping Beauty', is carachtar láidir í an banlaoch le draíocht ar a toil aici chun díoltas a fháil ar a suiríoch ceanndána. Is toradh de Perrault í an 'Sleeping Beauty' níos laige agus níos géilliúla, mar d'athraigh sé bancharachtair láidre go carachtair níos laige go minic ina scéalta. Sna ranganna sinsearacha, féadann páistí iniúchadh a dhéanamh ar chuid de stair Pherrault agus na nDeartháireacha Grimm, agus teacht ar thuiscint conas a mhúnlaigh a bpeirspictíochtaí agus peirspictíochtaí a dtréimhse leaganacha na scéalta a úsáidtear go coitianta.

**Modh múinte**

1. Inis an scéal faoi na *'Three Billy Goats Gruff'*, le ceist chuspóra a thabhairt do na páistí.

2. Faigh freagairtí ó na páistí, chun scileanna cuimhnimh agus smaoinimh ar leibhéal níos airde a fhorbairt.

3. Mar chuid de scileanna smaoinimh ar leibhéal níos airde a fhorbairt, abair leis na páistí gur inis na Gabhair an scéal mar atá sé ar eolas againn. Abair leo go bhfuil aithne agat ar an Troll sa scéal, gur duine deas é nach ndéanfadh iarracht go deo na Gabhair a ithe, agus go bhfuil a leagan den scéal an-difriúil ó leagan na nGabhair.

   - Féadann páistí sna ranganna go léir tosnú ag aithint leaganacha eile an scéil mar a insítear é ó thuairim an troill.

   - Féadtar iarraidh ar pháistí níos sine roinnt rudaí a aithint go n-aontaíonn an dá thaobh gur tharla agus roinnt rudaí go ndeireann taobh amháin nár tharla in aon chor. Mar shampla, b'fhéidir go ndiúltódh an Troll gur bhagair sé ar na gabhair.

   - Féadtar iarraidh ar pháistí níos sine más féidir míniúcháin dhifriúla ar an eachtra céanna a thairiscint. Mar shampla, b'fhéidir go n-aontódh an Troll gur bhagair sé iad, ach go ndéarfadh sé nár theastaigh uaidh ach eagla a chur orthu mar rinne siad an méid sin fothraime ar a dhroichead.

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíochtaí forleathnaithe** | **Stair:** Daoine a dhéanann difríocht–Perrault agus na Deartháireacha Grimm<br><br>**Dráma:** Léirigh triail na 'Three Billy Goats Gruff' ar chúisimh bhéadchainte nó ionsaithe. |
| **Léitheoireacht bhreise** | Jack Zipes, (1983) *The Trials and Tribulations of Little Red Riding Hood*<br><br>Leathanach 'The Sleeping Beauty'<br>(http://www.gwu.edu/~folktale/GERM232/sleepingb/)<br><br>*Celebrating Difference: an intercultural resource for senior primary classes*<br>Crosscare (1996) |

Tá tuiscint agus aitheantas ar, agus déiléail le peirspictíochtaí agus réamhchlaonadh mar phríomhsmaointe san oideachas idirchultúrtha. Cabhróidh siad le páistí buanchruthú a aithint agus a shárú, agus is scileanna tábhachtacha iad i ngabháil le tascanna réitigh coimhlinte cosúil le socruithe a chomhréiteach agus suímh buaite-buaite a fhorbairt.

# ÉAGSÚLACHT



CAIBIDIL

06

# Measúnú agus Éagsúlacht Chultúrtha

Is eilimint bhunriachtanach í measúnú de phróiseas na múinteoireachta agus na foghlama. Is é a príomhchuspóir ná faisnéis leanúnach agus shonraithe faoi dhul chun cinn an pháiste a sholáthar don mhúinteoir, greim an pháiste ar choincheapa agus máistreacht an pháiste ar scileanna san áireamh. Ba cheart go gcumasóidh measúnú an múinteoir agus an páiste araon. Féadann múinteoirí torthaí measúnaithe a úsáid chun a n-éifeachtacht sa seomra ranga a fheabhsú. Faigheann páistí sochar aisti mar téann siad i bhfeasacht ar a bpoitéinseal le haghaidh foghlama agus, dá bhrí sin, forbraíonn siad agus cuireann siad lena láidreachtaí agus riachtanais.

Ba cheart go mbeadh dea-scéala don pháiste i gcónaí mar thoradh de mheasúnacht. Ó luathchéimeanna de chaidreamh an pháiste leis an scoil, féadtar go mbeadh ról dearfach ag measúnú le cinntiú go bhfuil an páiste ag gabháil le himshaol foghlama agus múinteoireachta cuidithí. Mar an gcéanna le heilimintí eile de phróiseas na foghlama agus na múinteoireachta, féadann measúnú príomhról a imirt freisin i gcaidreamh a thógáil idir an múinteoir agus an páiste. Má tá an t-eispéireas measúnaithe dearfach, forbróidh an páiste tuiscint gur duine é an múinteoir ag a bhfuil suim i gcad a fhéadann sé/sí a dhéanamh agus athneartaítear an páiste ina f(h)oghlaim agus ina f(h)orbairt. Sa chaoi sin, trí mheasúnacht, féadann páistí dul i dtuiscint níos mó ar a bhfoghlaim féin.

Chun déileáil le measúnú, tá sé riachtanach go mbeadh an cumas ann chun caidreamh a thógáil a chinntíonn go bhfuil an t-eispéireas measúnaithe dearfach agus múnlaitheach do pháistí, agus go bhfuil an tuiscint theicniúil ann ar mheasúnacht atá riachtanach le cinntiú go mbaintear torthaí luachmhara as úsáid eagsúlacht uirlisí measúnaithe.

Déanann an chaibidil seo iniúchadh ar na saincheisteanna a thagann chun solais nuair a dhéantar measúnú sa bhunscoil i gcomhthéacs na héagsúlachta cultúrtha.  Áiríonn na saincheisteanna sin

- feidhmeanna an mheasúnaihte i mbunscoileanna
- foinsí claonta i measúnú
- measúnú a dhéanamh ar pháistí ar a n-iontráil isteach sa scoil.

## Feidhmeanna an mheasúnaithe sa bhunscoil

Féadann measúnú roinnt feidhmeanna difriúla a sheirbheáil sa bhunscoil. Cuireann Curaclam na Bunscoile síos ar úsáid an mheasúnaithe i ngach ábhar curaclaim i dtéarmaí a bhfeidhmeanna múnlaitheacha, diagnóiseacha, suimihteacha agus meastóireachta.

- Úsáidte i ról *múnlaitheach*, baineann measún ú le feidhmíocht nó obair na bpáistí a luacháil nó a mheasúnú agus an fhaisnéis seo a úsáid mar thaca lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt leanúnach. Baintear feidhm as an téarma *Measúnú le haghaidh Foghlama* chun cur síos ar mheasúnú mhúnlaitheach sa chiall is leithne. Baineann measúnú le haghaidh foghlama le breithiúnais a dhéanamh faoi dhul chun cinn agus éachtaí na bpáistí agus faoi na próisis trína bhfoghlaimíonn siad, agus leis na breithiúnais seo a úsáid mar bhonn an phróisis mhúinteoireachta agus fhoghlama.

- Úsáidte i ról *diagnóiseach*, cuireann measúnú ar chumas an mhúinteora agus na scoile nádúr deacrachtaí foghlama an pháiste a aithint agus chun an fhaisnéis seo a úsáid i bpleanáil fhoghlama an pháiste. Ar an gcumas sin, tá measúnú dhiagnóiseach mar fo-chatagóir sonrach de mheasúnacht mhúnlaitheach.

- Úsáidte i ról *meastóireacht*, soláthraíonn measúnú deis do mhúinteoirí cé chomh éifeachtach is atá straitéisí áirithe múinteoireachta agus ábhar curaclaim ag obair do pháistí ina rang a aithint. Dá bhrí sin, soláthraíonn sé faisnéis a fhéadtar a úsáid chun cur chuige agus modhanna múinte a oiriúnú.

- Úsáidte i ról *suimitheach*, tugann measúnú cead don mhúinteoir torthaí foghlama a aithint i ndiaidh aonaid oibre a chur i gcrích nó le linn tuarascála do mhúinteoirí, do thuismitheoirí, agus do dhaoine eile mar is cuí. Baintear feidhm as an téarma, *Measúnú Foghlama* (i dteannta le, agus i gcodarsnacht le measúnú le haghaidh foghlama) chun cur síos ar úsáid an mheasúnaithe chun cuntas carnach a sholáthar ar dhul chun cinn agus ar éacht an pháiste ag céimeanna difriúla a f(h)orbartha.

Baintear feidhm as roinnt uirlisí measúnaithe go coitianta i mbunscoileanna, ina n-áirítear

- breathnóireacht an mhúinteora
- tascanna agus tástálacha a cheapfaidh an múinteoir
- samplaí oibre, bailiúcháin d'obair na bpáistí, agus tionscadail
- próifílí curaclaim
- tástálacha diagnóiseacha
- tástálacha caighdeánaithe.

Tá an fhaisnéis chineálach (tuairisciúil) agus chainníochtúil (uimhriúil) a sholáthraíonn na huirlisí seo faoi réir ag foshuímh agus cáilíochtaí áirithe. Ní dhéanann aon uirlis measúnaithe níos mó ná faisnéis a sholáthar, go gcaitheann an múinteoir a mhíniú ansin. Toisc go bhfuil póitéinseal le haghaidh claonta ag na huirlisí measúnaithe go léir, tá tuiscint ar éagsúlacht na n-uirlisí measúnaithe atá le fáil, agus ar a láidreachtaí agus a laigí, ríthábhachtach chun cur ar chumas múinteoirí teacht ar bhreithiúnais chothromaithe agus eolacha.

Baineann measúnú le haghaidh foghlama le breithiúnais a dhéanamh faoi dhul chun cinn agus éachtaí na bpáistí agus faoi na próisis trína bhfoghlaimíonn siad, agus leis na breithiúnais seo a úsáid mar bhonn an phróisis mhúinteoireachta agus fhoghlama.





## Claonadh poitéinsiúil i measúnú

Féadann measúnú cur le breithiúnais mhíchearta faoi pháistí, faoina bhfoghlaim, agus faoina gcur chun cinn. Féadtar é sin a tharlú nuair atá uirlisí measúnaithe féin claonta, nó nuair a bhíonn breithiúnais bunaithe ar shonraí gan dóthain measúnaithe tugtha don phoitéinseal le haghaidh claonta. Féadtar dhá chineál botúin a dhéanamh le haon uirlis measúnaithe. Is iad siúd ná (a) rud a fheiceáil go bréagach cé nach bhfuil sé ann i ndáiríre agus (b) teip ar rud a fheiceáil cé go bhfuil sé ann.

Tárlaíonn toradh 'Bréag Dhearfach' nuair a aithníonn an mheasúnacht féiniméan nach bhfuil ann i ndáiríre.
Mar shampla

- Le tástálacha caighdeánaithe i mBéarla atá bunaithe ar normáltacht fhormhór an daonra labhartha Béarla, féadtar go sainnítear páiste mar dhuine le deacrachtaí teanga má tá sé/sí ó ghrúpa eitneach a úsáideann cánúint dhifriúil Bhéarla.

- Má bhaintear feidhm as sampla scríbhneoireachta láimhe chun breithiúnais a dhéanamh faoi scileanna gluaiseachta an pháiste nuair a úsáideann a c(h)éadtheanga aibítir nó carachtair eile seachas an aibítir Rómhánach (a úsáidtear go coitianta le Béarla agus Gaeilge scríofa), féadann é sin a chríochnú i mbreithiúnas mícheart go bhfuil scileanna gluaiseachta neamhfhorbartha ag an bpáiste nuair, i ndáiríre go simplí, tá deacracht ag an bpáiste carachtair neamhaithnidiúla a átáirgeadh.

Tarlaíonn toradh 'Bréag Dhiúltach' nuair a theipeann ar mheasúnacht tréithe, inniúlachtaí, nó fadhbanna an pháiste a aithint, toisc nach bhfuil na critéir a úsáidtear dóthain íogair. Mar shampla

- Féadtar go bhfuil measúnú atá deartha chun sonraí faoi inniúlacht theanga an pháiste a fháil amach deartha in aon teanga amháin, agus, dá bhrí sin, teipeann orthu cumais theanga na bpáistí ilteangnach a aithint.

- Féadann measúnú atá deartha chun méid scileanna nó foghlama an pháiste a aithint i réimse curaclaim áirithe teip orthu chun na rudaí sin a aithint i bpáiste ag a bhfuil teanga an mheasúnaithe mar dharatheanga. Féadann páistí mar sin níos mó deacrachtaí a thaithí chun smaointe casta a chur in iúl go foirmeálta ná mar atá acu siúd ag a bhfuil teanga an mheasúnaithe mar chéadtheanga, cé go ndealraítear go bhfuil an páiste líofa i dteanga an mheasúnaithe sa ghnáthshaol laethúil.

Tá trí phríomhbhealach ina gcuireann tosca cultúrtha nó teanga le cineálacha na mbotún sin i measúnú.

**Féadtar go bhfuil ábhar nó déanamh an mheasúnaithe claonta, ag tabhairt buntáiste éagothrom do ghrúpa amháin thar ghrúpa eile.**

Mar shampla

- Tá seans ann go bhfuil measúnú ar theanga labhartha an Bhéarla a ghlacann le fuaimniú áirithe nó le cánúint Angla-Éireannach faoi leith mar Bhéarla ceart claonta i gcoinne cainteoirí atá líofa sa Bhéarla ach a labhrann, mar shampla ceann de na cánúintí Angla-Afraiceacha.

- Tá seans ann go bhfuil scrúdú aitheantais ar fhocail chaighdeánaithe, atá bunaithe ar normáltacht grúpa amháin an daonra, claonta i gcoinne na mball de ghrúpaí mionlacha eitneacha.

- Féadann measúnú ar an gcaoi a ghabhann páiste le daoine eile sa rang a mheas go bhfuil páiste cúthaileach nó nach bhfuil páiste ag gabháil leis an rang toisc nach ndéanann an páiste teagmháil súile leis an múinteoir, cé go bhfuil sé mí-oiriúnach do pháistí i gcultúir áirithe teagmháil súile a dhéanamh le daoine fásta.

- Tá fianaise ann go bhfuil ráta rathúnais de ghrúpaí difriúla eitneacha i bhfreagraí a thabhairt ar fhadhbanna matamaitice ag brath i bpáirt ar conas a chuirtear an fhadhb i láthair.

**Féadann formáidiú scrúdaithe, modh riaracháin an scrúdaithe, nó pearsantacht an scrúdaitheora a bheith fábhrach do ghrúpa faoi scrúdú níos mó ná do ghrúpa eile.**

Mar shampla

- Féadann tástálacha go gcaitear a chríochnú laistigh de thrath ama teoranta píonóis a chur ar dhaoine faoi scrúdú nach bhfuil inniúil i mBéarla ach atá inniúil san ábhar á scrúdú.

- Tá seans ann go bhfuil páistí ag a bhfuil taithí ar thástálacha oibiachtúla a mhairceáltar go diúltach, tar éis straitéisí freagartha a fhoghlaim a uasmhéadaíonn torthaí na dtástálacha, agus cuireann sé sin páistí nach bhfuil cur amach acu ar thástálacha mar sin faoi mhíbhuntáiste.

**Féadtar torthaí measúnaithe, a dhéantar as feidhm a bhaint as critéir mhí-oiriúnacha, a úsáid mar bhonn cinntí.**

Mar shampla

- Féadtar páiste a chur i ngrúpa bunaithe ar chumas de réir critéar sóisialta nó critéar eile nach mbaineann le cumas.

## Uirlisí measúnaithe a mheasúnú

Aithnítear láidreachtaí agus laigí na n-uirlísí éagsúla measúnaithe a úsáidtear i mbunscoileanna sa tábla thíos.

| Cineál Measúnaithe | Cur Síos | Láidreachtaí | Teorannaithe |
|---|---|---|---|
| **Breathnóireacht an mhúinteora**<br>*Sé atá i gceist le breathnóireacht an mhúinteora ná an próiseas chun dul chun cinn an pháiste a mheasúnú trí bhreathnú, cheistiú, agus trí mhonatóireacht ar chumas an pháiste chun eolas a fháil agus chun coincheapa agus scileanna a fhorbairt.* | Baineann breathnóireacht an mhúinteora le féachaint go mion ar chéimeanna éagsúla rathúnais ar a fhaigheann páistí seilbh a bheith inniúil ar scileanna, ar choincheapa, agus ar eilimintí an eolais. Tarlaíonn an-chuid breathnóireachtaí agus breithiúnas ar ala na huaire sa rang, cé go bhfuil cuid acu pleanáilte nó struchtúrtha. Féadann breathnóireachtaí a bheith neamhfhoirmeáilte cé go dtaifeadtar iad i nóta scríofa. Áiríonn rudaí le breathnú:<br>• freagairtí a thugann na páistí don mhúinteoir<br>• rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht na bpáistí i ngíomhaíochtaí ranga-iomláin agus atá bunaithe ar ghrúpa<br>• freagairt na bpáistí d'ábhar agus do straitéisí múinteoireachta. | Cuirtear ar siúl é i raon níos leithne comhthéacsanna agus thar am níos faide ná modhanna measúnaithe eile, agus, dá bhrí sin, ceadaíonn sé pictiúr níos iomláine agus níos cuimsithí ar pháistí ná foirmeacha measúnaithe atá níos struchtúrtha.<br><br>Féadann sé sonraí cineálacha a sholáthar chun na próisis fhoghlama a aithint (an 'conas') chomh maith leis na torthaí (an 'cad').<br><br>Féadann an múinteoir na rudaí le breathnú a oiriúnú chun difríocht chultúrtha a chur san áireamh, agus sa chaoi sin claonadh a laghdú. | Féadtar go bhfuil claonadh ann a fheiceáil i bpáistí an rud a bheimid ag súil leis, toisc go bhfuil na sonraí a dhéantar claonta ag ionchais an mhúinteora.<br><br>Ciallaíonn easpa cuntais scríofa go bhféadtar breithiúnais a dhéanamh ar ala na huaire agus de réir critéar atá doiléir. Féadtar cinntí a dhéanamh freisin gan am le haghaidh athbhreithniithe nó machnaimh.<br><br>Tá riar maith scóipe ag breathnóirí chun míthuiscint nó mímhíniú a bhaint as tréithe cultúrtha. I gcoitinne, tagann deacrachtaí chun solais i dtaobh roghnú na gcritéar a úsáidtear le haghaidh breithiúnais a dhéanamh. |

| Cineál Measúnaithe | Cur Síos | Láidreachtaí | Teorannaithe |
|---|---|---|---|
| **Tascanna agus tástálacha a cheapfaidh an múinteoir**<br>*Forbraíonn múinteoirí féin tástálacha neamhfhoirmeálta chun eolas páistí a thomhas nuair a chuirtear aonad oibre i gcrích.* | Tá tascanna a cheapann an múinteoir féin á gcur i gcrích mar chuid laethúil an tseomra ranga bhunscoile trasna raon iomlán na n-ábhar curaclaim.<br>Féadann tascanna mar seo a bheith leabaithe i múinteoireacht laethúil agus i ngníomhaíochtaí foghlama sa seomra ranga nó féadann sé a bheith i bhfoirm measúnaithe teirminéala. | Féadtar na rudaí le measúnú agus le breathnú a chur in oiriúint ag an múinteoir chun saincheisteanna cultúrtha nó teanga a chur san áireamh agus sa chaoi sin, claonadh a laghdú.<br><br>Má bhaintear feidhm astu i mbealach leanúnach, féadann sé pictiúr cuimsitheach ar fheidhmíocht an pháiste a sholáthar. | Tarlaíonn botúin i mbreithiúnais mar gheall ar toscaí teanga nó cultúir. Tagann deacrachtaí coitianta chun solais maidir le<br><br>• claonadh cultúrtha i roghnú na gcritéar breithiúnais<br><br>• teanga an mheasúnaithe a chuireann le breithiúnais mhíchearta i gcás foghlaimeoirí dara-theangacha<br><br>• formáid an mheasúnaithe a chuireann le claonadh i gcoinne grúpaí áirithe.<br><br>Toisc nach ndéantar na tascanna measúnaithe go normálta de réir daonra mhóir, féadann sé a bheith deacair feidhmíocht an pháiste a chur i gcomparáid leis an daonra níos leithne.<br><br>Muna n-aithnítear go soiléir na critéir le haghaidh breithiúnais ag an measúnóir, tá baol ann go mbeidh an mheasúnacht neamhúdarásach–ag cur le torthaí difriúla do pháistí ar chomhchumas. |
| **Samplaí oibre, bailiúcháin d'obair na bpáistí, agus tionscadail**<br>*Is bailiúchán córastúil í bailiúcháin d' obair an pháiste. Cuireann tionscadail ar chumas páistí staidéar doimhin a chur i gcrích ar thopaicí atá sainmhínithe agus múnlaithe acu.* | Trí shamplaí na hoibre de pháistí indibhidiúla a thiomsú, féadtar cuntas carnach ar a bhfeidhmíocht a chruthú i gcruth bailiúcháin oibre. | Féadann sé sin níos mó ama a cheadú don mhúinteoir le haghaidh athbhreithnithe agus machnaimh ar a b(h)reithiúnas. | |

| Cineál Measúnaithe | Cur Síos | Láidreachtaí | Teorannaithe |
|---|---|---|---|
| **Tástálacha caighdeánaithe**<br>*Is tástálacha iad tástálacha caighdeánaithe éachta a riartar, a scórtar, agus a mhínítear sa bhealach céanna do na daoine go léir a dhéanann na tástálacha in ainneoin cá nó cathain a dtástáltar iad.* | Baintear feidhm as na tástalacha seo go coitianta i mbunscoileanna chun smaoineamh a thabhairt ar fheidhmíocht an pháiste i gcomparáid leis an daonra níos leithne (tástálacha norm-thagartha), nó chun sonraí a sholáthar ar mháistreacht an pháiste ar chorp ábhair (tástálacha critéir-thagartha). Forbraíodh tástálacha cosúil leo siúd ag saineolaithe ar réimse-ábhair agus forbraíodh iad go minic trí staidéir forleathan a dhéanamh ar dhaonraí. | Is cosúil go dtástáltar tástálacha caighdeánaithe ar dhaonra mór agus féadann siad, dá bhrí sin, a bheith níos bailí agus níos údarásaí ná tascanna a cheapann an múinteoir.<br><br>Ceadóidh tástálacha norm-thagartha feidhmíocht an pháiste a chur i gcomparáid le daonra níos leithne ná mar a bheidh le fáil sa rang nó sa scoil. | Féadtar go bhfuil tástálacha le fáil i roinnt srianta teangacha agus féadtar nach mbeidh siad oiriúnach do pháistí nach bhfuil Béarla mar chéadtheanga acu. (Bíonn aistriúcháin ar thástálacha an-chostasach agus féadtar go mbeadh easpa bailíochta i gceist leo).<br><br>Féadann tástálacha glacadh le leibhéal eolais nó cumais atá sonrúil go cultúrtha, agus dá bhrí sin, féadann siad bunús le haghaidh breithiúnais bhréagaigh a thabhairt ar chás dóibh siúd ag a bhfuil cultúr difriúil ón daonra a úsáideadh i ndearadh na tástála. |
| **Tástálacha diagnóiseacha**<br>*Soláthraíonn tástálacha diagnóiseacha pictiúr cuimsitheach, indibhidiúlach, agus sonrúil ar phróifíl fhoghlama an pháiste, de ghnáth ag cur síos ar láidreachtaí, ar stíleanna foghlama, agus ar riachtanais, chun deacrachtaí foghlama atá diansheasmhach agus atarlaithe a aithint.* | Nuair a chreidtear go bhfuil deacracht fhoghlama ag an bpáiste, féadtar tástálacha diagnóiseacha a úsáid chun cineál cruinn na deacrachta a aithint. Mar shampla, nuair a dhealraíonn go bhfuil deacracht foghlama ag páiste i mBéarla labhartha nó scríofa, féadtar go bhfuil deacrachtaí amhairc nó éisteachta, nó deacracht fhoghlama a bhaineann le teanga, ag an bpáiste. Teastaíonn tuiscint shoiléir ar riachtanais an pháiste chun imshaol oiriúnach foghlama a dhearadh. | Dearadh tástálacha diagnóiseacha chun cineál sonrach na faidhbe a aithint agus tá siad mar phríomheilimint an mheasúnaithe múnlaithí.<br><br>Is cosúil go bhfuil tástálacha diagnóiseacha tástálaithe ar dhaonra mór agus féadann siad, dá bhrí sin, a bheith níos bailí agus údarásaí ná tascanna a cheapann an múinteoir. | Féadtar go bhfuil tástálacha le fáil i roinnt srianta teangacha agus féadtar nach mbeidh siad oiriúnach do pháistí nach bhfuil Béarla mar chéadtheanga acu. (Bíonn aistriúcháin ar thástálacha an-chostasach agus féadtar go mbeadh easpa bailíochta i gceist leo).<br><br>Féadann tástálacha glacadh le leibhéal eolais nó cumais atá sonrúil go cultúrtha agus, dá bhrí sin, féadann siad bunús le haghaidh breithiúnais bhréagaigh a thabhairt ar chás dóibh siúd ag a bhfuil cultúr difriúil ón daonra a úsáideadh i ndearadh na tástála. |

## Measúnú ar pháistí nuair a iontrálann siad ar an scoil

Chun dóthain fhaisnéise a fháil mar thaca le foghlaim an pháiste, féadann sé a bheith oiriúnach roinnt páistí a mheasúnú ar iontráil isteach sa scoil. Mar shampla, féadann páistí a tháinig ó thír eile le déanaí, nó páistí nach bhfuil Béarla mar chéadtheanga acu, sochar a bhaint as measúnú a chuireann ar chumas an mhúinteora eispéiris oideachais a oiriúnú do riachtanais an pháiste. I gcinneadh a dhéanamh ar cé acu páistí gur cóir a mhead ar iontráil isteach sa scoil tá sé tábhachtach go mbaintear feidhm as breithiúnas an mhúinteora i gcomhairle le tuismitheoirí. Ba cheart a chur san áireamh

- an neamhoiriúnacht agus an poitéinseal chun páistí a lipéadú go bhféadtar a bheith mar thoradh de mheasúnú a dhéanamh ar na páistí go léir ó ghrúpaí mionlacha eitneacha a fhreastalaíonn ar an scoil
- sobhainistíocht a lán páistí a mheasúnú ar iontráil.

Is minic atá sé de chuspóir ag measúnú cosúil leis sin próifíl dhearfach a fhorbairt ar an bpáiste, is é sin próifíl a leagann amach raon chumais an pháiste. Mar thoradh dena nádúr folláine, féadann an próiseas chun próifíl dhearfach a dhéanamh a bheith níos sáití ná stíleanna níos teoranta de mheasúnú thosaigh. Tá sé bunriachtanach go soiléirítear an gaol idir an mheasúnú agus oideachas an pháiste don pháiste agus dona t(h)uismitheoirí nó c(h)aomhnóirí araon. Ag an am céanna, tá poitéinseal ag measúnú cosúil leis seo chun caidreamh dearfach a dhéanamh idir an páiste agus an scoil, chun féin-mheas an pháiste a fheabhsú agus chun cur ar a c(h)umas gabháil le ol na scoile i mbealach cuiditheach.

Tá sé bunriachtanach go soiléirítear an gaol idir an mheasúnú agus oideachas an pháiste don pháiste agus dona t(h)uismitheoirí nó c(h)aomhnóirí araon.





Idirdhealaítear próifílí dearfacha ó fhoirmeacha eile measúnaithe le trí ghné:

- Tá próifílí dearfacha folláin, le raon iomlán chumais agus iompraíocht an pháiste a iniúchadh. Féadann próifílí dearfacha a áireamh, i measc rudaí eile, éachtaí acadúla páistí, a stíleanna foghlama, a scileanna cumarsáide, a leasanna agus a mbuanna, a scileanna gluaiseachta agus aireachtála, a scileanna sóisialta, agus a bhfeasacht idirphearsanta agus inphearsanta.

- Cuirtear próifílí dearfacha le chéile trí raon foirmeacha difriúla sonraí a bhailiú, ina n-áirítear breathnóireacht, tástálacha caighdeánaithe, tastálacha a cheapfaidh an múinteoir, agus comhairliúchán le daoine cosúil le tuismitheoirí nó caomhnóirí, ag a bhfuil aithne ar an bpáiste.

- Tá fócas dearfach ag próifílí cosúil leis sin sa mhéad go dtaifeadann siad cad a fhéadann an páiste a dhéanamh amháin. Cumasaíonn sé sin clár foghlama a fhorbairt, a aithníonn cad a fhéadtar a mhúineadh sa chéad chéim eile. Féadtar tarraingt ar eolas, láidreachtaí, agus spéiseanna an pháiste i bhforbairt cláir cosúil leis seo.

# TAISCÉAL



CAIBIDIL

07

# Teanga agus Idirchultúrachas

Is í teanga an príomhmhodh cumarsáide daonna. Is í an fheithicil trína gcuirimid faisnéis, smaointe, dóchais, dearcaidh, agus mothúcháin in iúl, agus trína dtairngrímid féidearthachtaí samhlaíocha. Tugann Curaclam na Bunscoile faoi deara go bhfuil ról bunriachtanach ag teanga i bhforbairt na bpáistí toisc go gcabhraíonn teanga leis an bpáiste eispéireas a shoiléiriú agus a mhíniú, coincheapa a shealbhú, agus doimhneacht a chur le coincheapa atá acu cheana féin. Cuireann an curaclam caint agus díospóireacht chun cinn mar phríomhstraitéis foghlama a éascaíonn an páiste chun iniúchadh a dhéanamh ar smaointe, ar mhothúcháin, agus ar fhreagairtí trí theanga atá ag síormhéadú, agus chun a t(h)uiscint ar an domhan a dhoimhniú.



Tá Éire ina sochaí éagsúil go teangeolaíoch le fada. Tá dhá theanga oifigiúil ag Éirinn, Gaeilge agus Béarla, agus tá sé mar bhaile do roinnt teangacha dúchasacha eile, Gaeilge na hAlban, teanga Éireannach chomharthaí na mbodhar, agus 'Gammon' nó 'Cant' (teanga ar eolas agus úsáidte ag Lucht Siúil na hÉireann go stairiúil). Tá ról tábhachtach ag Béarla agus ag Gaeilge araon i bhféiniúlacht agus i sochaí na hÉireann, agus tugann Curaclam na Bunscoile faoi deara go bhfuil an ceart ag gach páiste eispéireas a bheith acu sa dá theanga seo. Go deimhin, macasamhlaíonn an dá theanga seo eispéireas stairiúil na hÉireann. Is gné áirithe é d'oideachas bunscoile na hÉireann go bhfuil eispéireas ag páistí agus ag múinteoirí i bhfoghlaim agus i múinteoireacht sa dá theanga ó thosach na scoile.

Faigheann an chuid is mó de pháistí seilbh ar theanga mar chuid a bhforbartha nádúrtha. I dteaghlaigh ina n-úsáidtear dhá theanga i gcumarsáid laethúil faigheann páistí seilbh ar an dá cheann mar chéadtheangacha de ghnáth. Nuair a fhoghlaimítear teanga i ndiaidh seilbhe a fháil ar chéadtheanga is minic gur próiseas comhfhiosach agus intinniúil é; sé sin le rá, go bhfuil foghlaimeoirí feasach ar a bhfoghlaim agus go mbíonn cuspóirí sonracha foghlama acu (nó go dtugtar dóibh iad). Is gnáthchoinníoll é seo d'fhoghlaim teangacha seachas an chéadtheanga ar scoil, cé go ndealraítear go bhfuil foghlaim daratheanga níos imfhiosaí agus níos neamhchomhfhiosaí ná anailíseach agus comhfhiosach do pháistí óga i dtumshuímh.

Is é ceann de na dúshlaín is mó os comhair múinteoirí agus scoileanna ná tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ó raon leathan de chúlraí éagsúla nach bhfuil teanga an teagaisc mar chéadtheanga acu (Gaeilge nó Béarla).

## Ag foghlaim daratheanga

Foghlaimíonn an chuid is mó de pháistí conas a chéadtheanga a labhairt, teanga a n-imshaoil, mar chuid de phróiseas nádúrtha a chomhcheanglaíonn a bhfoghlaim teanga lena bhforbairt ghinearálta chognaíoch agus lena sóisialú céimseach. Ag brath ar an imshaol ina gcónaíonn siad, difreoidh páistí óna chéile ina n-eispéiris luatha agus rachaidh sé sin i bhfeidhm ar a sealbhú teanga, i dtaobh, mar shampla, na bhfocal atá ar eolas acu, conas a chuireann siad abairtí le chéile, agus conas a úsáideann siad gramadach.

Ar an dtaobh eile, tá sealbhú ar dharatheanga an-dhifriúil:

- Muna dtosaíonn sé le linn luathóige an pháiste níl sealbhú ar dharatheanga mar chuid fhorbartha chognaí bhunúsaí an fhoghlaimeora.

- I gcuid is mó de na cásanna bíonn níos lú ama ag foghlaimeoirí chun seilbh a fháil ar dharatheanga ná mar a bhí acu chun seilbh a fháil ar chéadtheanga.

- Cé chomh déanach agus atá sé nuair a thosaíonn an sealbhú ar dharatheanga, is próiseas níos comhfhiosaí agus níos intinniúla é.

- Cé chomh déanach agus a thosaíonn sealbhú ar dharatheanga bíonn níos mó tionchair ag tosca spreagthachta comhfhiosacha air.

- Aistríonn na foghlaimeoirí daratheangacha go léir cáilíochtaí gramadúla óna gcéadtheanga go dtí a ndaratheanga go neamhcomhiosúil.

- I gcomparáid le cainteoirí dúchasacha, tá eolas gramadúil inmheánaithe na bhfoghlaimeoirí daratheanga neamhiomlán, go háirithe ag céimeanna luatha na foghlama teanga. (*Oiriúnaithe ó Chomhtháthú*, Teanga agus Oiliúint na hÉireann, Lámhleabhar Oiliúna Teanga).

Ceaptar go dtugann taithí ar dharatheanga roinnt sochar do pháistí, ina n-áirítear forbairt chognaíoch a fheabhsú, agus an cumas a mhéadú chun teangacha eile níos déanaí a fhoghlaim (Baker, C. agus Prys Jones, S. 1998).

I gCuraclam na Bunscoile, múintear Gaeilge mar chéadtheanga agus mar dharatheanga araon. Tá a lán cosúlachtaí idir theagasc an Bhéarla agus na Gaeilge mar dharatheangacha. Féadann na príomhghnéithe de theagasc na Gaeilge mar dharatheanga a chur i bhfeidhm ar theagasc an Bhéarla mar dharatheanga. Áiríonn siad:

- béim a chur ar chumarsáid agus ar úsáid na Gaeilge mar ghnáthmhodh laethúil cumarsáide
- díriú isteach ar riachtanais chumarsáideacha agus ar spéiseanna an pháiste
- béim a chur ar fheidhmeanna réadúla teanga a leathnaíonn amach inniúlacht theanga an pháiste
- an páiste a spreagadh chun a bheith in a fhoghlaimeoir gníomhach agus ina chumarsáideoir gníomhach
- éisteacht, labhairt, léitheoireacht, agus scríbhneoireacht a chomhtháthú.

(Curaclam  na Bunscoile, 1999)

**Gaeilge**

Tríd an idirghníomhaíocht idir theanga agus eispéireas foghlaimíonn páistí conas imeachtaí agus smaointe a ainmniú agus, tríd é sin a dhéanamh, foghlaimíonn siad conas ciall a bhaint as a ndomhan. Beidh an t-aitheantas ar normáltacht agus ar luach na héagsúlachta ag brath ar an teanga a fhoghlaimíonn an páiste le feidhmiú ar shuímh tríd a f(h)oghlaim ar an nGaeilge. Éiríonn sé sin níos tábhachtaí i gcomhthéacs na scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna na Gaeltachta. Forbróidh páistí i scoileanna cosúil leo siúd peirspictíochtaí agus cumais idirchultúrtha tríd a bhfoghlaim teanga agus trí ghnéithe eile an churaclaim. Sa chomhthéacs seo, féadtar aire a thógáil i roghnú na ndánta, scéalta, rímeanna, rólghlacadh, agus dtopaicí comhrá chun téamaí agus cúraimí an oideachais idirchultúrtha a mhacasamhlú.

I scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mhodh an teagaisc, foghlaimíonn páistí Gaeilge mar dharatheanga. Tá eolas agus taithí ar Ghaeilge, chomh maith le dearcadh dearfach i dtaobh na Gaeilge, tábhachtach chun cur ar chumas an pháiste a féiniúlacht chultúrtha a shainmhíniú agus a chur in iúl. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go bhfuil foghlaim na Gaeilge mar eispéireas dearfach agus torthúil do na páistí go léir i scoileanna na hÉireann. Tá forbairt ar thuiscint dhearfach ar a féiniúlacht chultúrtha mar dhlúthchuid an phróisis chun meas a chur ar chultúir eile, agus, chun gabháil go dearfach le cultúir eile, tá príomhról aici in oideachas idirchultúrtha. Tá sé, chomh maith, mar chomhpháirt lárnach i gcur ar chumas an pháiste chun gabháil go dearfach agus i mbealach idirchultúrtha le cultúir eile.

Soláthraíonn foghlaim na Gaeilge deis freisin don pháiste luach a chur ar, tuiscint a fhorbairt ar, agus gabháil le cleachtas in ilteangachas, cleachtas atá coitianta in a lán tíortha agus in a lán cultúr ar fud an domhain. Mar a oibríonn páistí chun a gcumas teanga sa Ghaeilge a fhorbairt, tugtar dóibh freisin an deis chun comhbhá agus tuiscint a dhéanamh leis na deacrachtaí agus na dúshláin atá ag daoine a bhíonn ag obair trí theanga nach bhfuil mar chéadtheanga acu. Soláthraíonn eispéireas na bpáistí ar fhoghlaim na Gaeilge bunús chun comhbhá a fhorbairt leis, agus chun dea-mheas a fhorbairt ar, na páistí a chaithfidh foghlaim trí theanga nach bhfuil mar chéadtheanga acu. Freisin, féadann foghlaim teanga eile cur le haitheantas agus le luach ar éagsúlacht.

I scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mhodh an teagaisc tá sé luachmhar do na páistí go léir an Ghaeilge a fheicéail mar mhodh nádúrtha cumarsáide i saol laethúil an ranga agus na scoile. Baintear é sin amach trí húsáid neamhfhoirmeáilte na Gaeilge le linn an lae. Féadtar tacaíocht a thabhairt do na páistí go léir, gan toradh ar a n-eitneachas ná ar a gcéadtheanga, i dtuiscint a fháil ar nathanna cainte a úsáidtear go coitianta sa rang agus sa scoil, trí úsáid na nathanna cainte mar chuid de ghnáthaimh struchtúrtha, agus trí fheidhm a bhaint as pictiúir, taispeántas, nó as gothaí eile mar thaca lena dtuiscint.

Féadann páistí áirithe a bheith saor ón nGaeilge a fhoghlaim de réir chiorclán 12/96 na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Ag an am céanna, tá ceart ag gach páiste laistigh de chóras oideachais na hÉireann Gaeilge a fhoghlaim. Toisc go bhfuil an Ghaeilge mar phríomhghné d'fhéiniúlacht agus de chultúr na hÉireann, féadann sí léargas saibhir agus peirspictíocht a sholáthar ar fhéiniúlacht na hÉireann. Comhcheangailte leis seo, féadtar go n-iarrtar ar an bpáiste, ina shaol níos déanaí, cáilíocht nó caighdeán áirithe a fháil sa Ghaeilge. Mar thoradh de sin, ba cheart tuismitheoirí nó caomhnóirí an pháiste a thacú chun measúnú iomlán agus cúramach a dhéanamh ar na saincheisteanna go léir atá i gceist roimh chinneadh a dhéanamh ar iarratas a chur isteach, nó gan iarratas a chur isteach, ar dhíolúine cosúil leis sin.

**Béarla mar dharatheanga**

Tá páistí ó cúlraí difriúla ag foghlaim an Bhéarla mar dharatheanga i scoileanna na hÉireann, ina n-áirítear

- páistí ag a bhfuil an Ghaeilge mar chéadtheanga agus a d'fhás aníos i gceantar Gaeltachta
- páistí nach bhfuil Béarla mar chéadtheanga ag a dteaghlach ach a d'fhás aníos i gceantar ina mbaintear feidhm as Béarla mar chéadtheanga
- páistí a tháinig le déanaí ó thír nach labhrann Béarla.

Féadann inniúlacht an pháiste sa Bhéarla nuair a iontrálann sé an scoil a athrú go mór, ag brath ar an gcomhthéacs. Caitear aire a thabhairt chun inniúlacht an pháiste sa Bhéarla mar dharatheanga a mheas go cruinn, ag tabhairt aitheantais ar an bhfíric nach ionann líofacht réasúnta an pháiste sa daratheanga in idirghníomhaíocht laethúil an ranga agus an cumas chun oibriú go líofa trí theanga i gcomhthéacsanna teicniúla nó chun tascanna casta a chur i gcrích, muna dtacaítear go cuí leo.

Nuair a iontrálann páistí an bhunscoil gan morán nó le ach beagán inniúlachta sa teanga Béarla tá siad faoi mhíbhuntáiste de dheascaibh roinnt cúiseanna. Féadtar go gcaitheann páistí a tháinig go dtí an scoil le déanaí aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na teanga, ach féadann struchtúir, beartais, agus cleachtais na scoile a bheith difriúil ó na cinn ar a raibh taithí acu. Chomh maith le constaicí teanga ar a gcaitheann siad aghaidh a thabhairt, tá a lán miondifríochtaí cultúrtha a sholáthraíonn dúshláin nua. Féadann an dúshlán chun teanga nua a fhoghlaim in imshaol ina bhfuil gach rud difriúil deacrachtaí i dtaobh spreagthachta a mhéadú.

Comhtharlaíonn an chéim is tábhachtaí i bhfoghlaim teanga do na páistí lena n-iontráil sa scoil. Tá tacaíocht ag teastáil uathu chun muinín in imshaol na scoile a fhorbairt, agus caithfidh an tacaíocht teanga a thugtar dóibh deiseanna a thabhairt dóibh chun a ndul chun cinn féin a mheasúnú agus chun tuiscint a fhorbairt go bhfuil éacht bainte amach acu maidir lena bhfoghlaim.

Uaireanta, cé nach mbíonn ach beagán Béarla ag páistí a tháinig le déanaí, agus cé go bhféadtar gur chuir isteach lena n-oideachas mar thoradh de thosca ag baint lena n-inimirce, tá sé tábhachtach go gcuirtear iad i ranganna le páistí ar chomhaois leo nuair a thagann siad go dtí an scoil. Spreagtar páistí chun teanga nua a fhoghlaim nuair is mian leo, agus nuair is gá leo, cumarsáid a dhéanamh, nuair a bhíonn siad ag foghlaim lena bpiaraí, nuair atá siad ag gabháil le gníomhaíochtaí aois-oiriúnacha, agus nuair atá siad ag foghlaim faisnéise nua agus scileanna nua a ghríosaíonn iad.

## Foghlaim daratheanga a thacú sa seomra ranga lárshruthach

**An páiste nua a chur in aithne don rang ar iontráil**

Tá sé tábhachtach nuair a iontrálann páiste an rang don chéad uair go ndéantar tagairt dá c(h)umas teanga i mbealach dearfach. Mar shampla, féadtar é a chur in aithne mar Thierry a labhrann Fraincís go líofa, ag a bhfuil beagáinín Béarla agus atá ag foghlaim Gaeilge, in ionad a rá gur Thierry é agus nach labhrann sé Béarla ná Gaeilge. Féadann a lán páistí nach labhrann teanga an teagaisc (sé sin, Gaeilge nó Béarla) roinnt teangacha eile a labhairt go líofa, agus tá sé tábhachtach, cé nach labhrann siad teanga an teagaisc, nach n-aireachtálann na páistí eile go bhfuil deacrachtaí teanga acu. Féadtar comhbhá le suíomh an pháiste a fhorbairt trí thagairt a dhéanamh don fhíric go bhfuil an chuid is mó de na páistí ag foghlaim Gaeilge nó Béarla mar dharatheanga agus nach bhfuil sé éasca i gcónaí a bheith rannpháirteach i rang nach bhfuil ar siúl inár gcéadtheanga. Ba cheart páistí eile a spreagadh chun tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí teanga agus am a cheadú dóibh chun scileanna ina ndaratheanga a fhorbairt, gan magadh fúthu nuair a dhéanann siad botúin.

Féadtar páistí a spreagadh chomh maith chun foghlaimeoirí teanga a thacú go gníomhach tríd iad a bheith feasach go bhfuil siad in ann cabhrú le foghlaimeoirí teanga chun teanga an tseomra ranga a thuiscint. Féadann páistí iad féin smaoineamh ar bhealaí iontacha chun tacú lena gcomhdhaltaí ag foghlaim teanga, go háirithe má chuirtear i gcomhthéacs conas a bheadh sé dóibh dá mbeadh orthu páirt a ghlacadh i rang tíreolaíochta nó matamaitice trí dharatheanga.

### An seomra ranga mar sheomra ranga teanga

Is é an rud is tábhachtaí a fhéadann an múinteoir a dhéanamh don fhoghlaimeoir daratheanga ná dearcadh dearfach a thaispeáint i dtaobh éagsúlachta teanga agus teangeolaí agus é sin a chur in a luí ar na páistí eile ina rang. Féadann múinteoirí atá i suímh mar seo don chéad uair a mhothú go bhfuil sé an-eaglach agus beagáinín treascach, ach tá roinnt céimeanna simplí go bhféadann an múinteoir a thógáil chun imshaol seomra ranga a chruthú atá tacúil don fhoghlaimeoir daratheanga.

### Clár pleanáilte tacaíochta

Teastaíonn clár pleanáilte tacaíochta ar iontráil isteach sa bhunscoil ó fhoghlaimeoirí Béarla nó Gaeilge mar dharatheanga. Bainfidh sé sin le pleanáil chomhoibríoch idir múinteoir an ranga, an múinteoir tacaíochta teanga (nuair atá ceann le fáil), agus na tuismitheoirí. Féadtar éifeacht na tacaíochta teanga seo a uasmhéadú trí thosaíocht a thabhairt don teanga a thabharfaidh cead d'fhoghlaimeoirí rochtain ar an gcuraclam. Tá sé tábhachtach freisin a thabhairt faoi deara go bhféadann páistí nach bhfuil teanga an teagaisc mar chéadtheanga acu dul trí thréimhse ciúnais nuair atá siad ag dul in oiriúint leis an imshaol nua.

### Deiseanna chun gabháil níos mó leis an gcuraclam

Toisc go bhfuil am teoranta ag múinteoirí tacaíochta teanga leis na páistí, tá sé riachtanach go bhfuil páistí ag gabháil le húsáid spontáineach a spriocteanga i suímh réadúla.

Féadtar go bhfuil foghlaimeoirí daratheanga in ann feidhmiú go han-mhaith i réimsí áirithe an churaclaim má tá múinteoirí feasach ar a riachtanais, agus má soláthraíonn siad imshaol oiriúnach foghlama ina bhféadann na páistí ábhar agus scileanna nua a fhoghlaim tríd a n-eolas a fhorbairt ar theanga an teagaisc ag an am céanna. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh múinteoirí ábhar i láthair nach bhfuil dúshlánach go cognaíoch amháin ach atá leabaithe i gcomhthéacs chomh maith. Áiríonn sé sin cinntiú go bhfuil gnímh agus cúnaimh amhairc ag dul le scéalta agus le treoracha, a sholáthraíonn comhthéacs le haghaidh tuisceana ar cad atá á mhúineadh.

### Aitheantas ar thábhacht chéadtheangacha na bpáistí

Bíonn céadtheangacha na bpáistí tábhachtach go leanúnach in a bhforbairt theangeolaíoch, shóisialta, agus chognaíoch, Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbainfeadh an scoil feidhm as gach deis chun meas a thabhairt ar theangacha dúchasacha na bpáistí agus go spreagfaí forbairt leanúnach na dteangacha sin, nuair is féidir. Féadtar é sin a dhéanamh i roinnt bealaí:

- Ba cheart tuismitheoirí a spreagadh chun leanúint ar aghaidh ag comhrá lena bpáistí ina gcéadtheanga sa bhaile. Uaireanta, féadann tuismitheoirí an teanga dhúchasach a dhiúltú toisc go bhfuil siad imníoch faoina bpáistí a bheith tumtha i dteanga an teagaisc.

- Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun teangacha an chomhphobail scoile a áireamh i gcomharthaí agus i bhfógraí timpeall na scoile. Mar shampla, féadtar comhartha fáilte agus comharthaí d'oifig na scoile/fáilte a thaispéaint i dteangacha uile an chomhphobail scoile. Féadtar iarracht speisialta a dhéanamh le linn imeachtaí móra cosúil le cruinnithe tuismitheora/múinteora, trathnóintí oscailte, bronnadh duaiseanna, srl.

- Ba cheart go gcinnteodh an scoil go bhfuil páistí, tuismitheoirí, agus baill eile den phobal bainteach i gcabhrú le haistriúcháin, nuair is cuí.

- In imeachtaí cultúrtha cosúil le ceolchoirmeacha scoile, bronnadh céime, srl. ba cheart úsáid na dteangacha go léir a ghríosú.

- Ba cheart go spreagfar na páistí a bheith bródúil in úsáid focal óna dteanga féin, mar shampla ag iarraidh ar pháiste a chomhroinnt leis an rang conas nath cainte faoi leith a rá i dteanga féin an pháiste. (Nóta: B'fhéidir nach bhfuil páistí áirithe compordach go leor chun é sin a dhéanamh. Beidh an múinteoir in ann a fháil amach má, agus cathain a, bheidh an páiste sásta a bheith páirteach sa bhealach seo.)

**Roinnt treoirlínte simplí chun síonra ilteangach a chur ar bun sa seomra ranga**

- Tá sé tábhachtach go bhfuil an múinteoir an-fheasach ar a (h)úsáid fhéin teanga:
  - Úsáid níos lú focal ná mar a úsáideann tú de ghnáth.
  - Déan athrá agus abair i slí eile é.
  - Bain feidhm as léirithe láimhe agus aghaidhe.
  - Cuir béim ar phríomhfhocail.
  - Tabhair samhail de nó taispeáin é.
- Déan deimhin de go bhfuil treoracha soiléir agus loighiciúil.
- Bain feidhm as comharthaí pictiúir nó ilteangacha (in ionad iad siúd atá scríofa i dteanga amháin) sa seomra ranga.
- Cuir dearcaidh dhearfacha in iúl i dtaobh foghlama daratheanga..
- Spreag páistí roinnt focal agus nathanna cainte a chomhroinnt óna dteanga dhúchasach, agus, más féidir, foghlaim agus úsáid roinnt nathanna cainte simplí i dteanga dhúchasach an pháiste.
- Déan tadhall leis an múinteoir tacaíochta teanga chun comhoibriú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí go bhféadann an foghlaimeoir daratheanga a dhéanamh chun rochtain ar an gcuraclam. Tá sé áisiúil freisin na rudaí a bheidh ag teacht suas i do rang a phlé leis an múinteoir tacaíochta teanga, chun go mbeidh an páiste ullamh na réimsí nua a ullmhú a láimhseáil.
- Déan deimhin de go ndéanann tú teagmháil dhíreach leis an bpáiste go rialta.
- Bí solúbtha i do shocruithe grúpa. Uaireanta féadann sé a bheith áisiúil páistí a chur i ngrúpaí measctha chun éagsúlacht an tseomra ranga a mhacasamhlú, agus uaireanta eile féadann sé a bheith níos áisiúla páistí a chur i ngrúpaí le piaraí a labhrann an teanga chéanna.
- Déan deimhin de go bhfuil an páiste gníomhach i gcónaí. Cé go bhféadtar go bhfuil sé sin deacair le linn na gcéimeanna luatha, tá sé an-thábhachtach go mothaíonn an páiste nua go bhfuil sé/sí ag glacadh páirte sa rang.
- Soláthraigh ábhair léitheoireachta ilteangaí.
- Déan deimhin de go bhfuil na páistí go léir bainteach le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim daratheanga.

**Tacaíochtaí le fáil**
Soláthraíonn an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tacaíocht teanga do pháistí i scoileanna na Gaeltachta, nach bhfuil Gaeilge mar chéadtheanga acu, trí Scéim na gCúntóirí Teanga.

Soláthraíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi láthair oiliúint do mhúinteoirí tacaíochta teanga as Béarla trí Integrate Ireland Language and Training (IILT). Is iad na tacaíochtaí atá le fáil ó IILT atá dírithe ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí tacaíochta teanga ná

- Tagarmharcanna Inniúlachta Teanga don Bhéarla–bunscoil agus iar-bhunscoil
- Punann na dTeangacha Eorpacha–bunscoil agus iar-bhunscoil
- Seimineáir insheirbhíse do mhúinteoirí tacaíochta teanga–bunscoil agus iar-bhunscoil
- Ábhair tacaíochta don mhúinteoir (idirghabháil tríd an gclár insheirbhíse), ina n-áirítear:
    - Ábhair teanga teagaisc sa Bhéarla go bhféadtar a fhótachóipeáil
    - Bileoga faisnéise ar éagsúlacht topaicí a bhaineann le Béarla a mhúineadh mar dharatheanga i scoileanna na hÉireann
    - Treoirlínte speisialta ar conas téacsanna lárshruthacha scoile a úsáid, mar shampla do thacaíocht teanga sa Bhéarla i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna
    - Uirlisí measúnaithe agus cuntais-thaifeadta.

Tá *English as an Additional Language in Irish Primary Schools–Draft Guidance for Teachers* foilsithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Tá sé le fáil ar www.ncca.ie.

Is é an rud is tábhachtaí a fhéadann an múinteoir a dhéanamh don fhoghlaimeoir daratheanga ná dearcadh dearfach a thaispeáint i dtaobh éagsúlachta teanga agus teangeolaí agus é sin a chur in a luí ar na páistí eile ina rang.



# Gluais, Leabharliosta agus Acmhainní



## Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| **Buanchruthú** | Íomhá duine, grúpa, nó cultúr a chur i láthair atá bunaithe ar raon gníomhaíochtaí, tréithe, nó iompraíochtaí atá breithnithe roimh ré |
| **Céadtheanga** | Teanga imshaoil an pháiste, a fhoghlaimíonn sé/sí mar chuid de phróiseas ginearálta an tsóisialaithe agus fáis aníos |
| **Cine** | In usáid go forleathan chun cur síos ar ghrúpaí de dhaoine a mheastar futhu go bhfuil siad scartha go bitheolaíoch, gan aon bhunús geiniteach nó bitheolaíoch |
| **Ciníochas/ Leithcheal ciníoch** | Aon difríocht, eiseamh, teorannú, nó tosaíocht bunaithe ar chine, ar dhath, ar shliocht, nó ar bhunadh náisiúnta nó eitneach, ag a bhfuil an cuspóir nó éifeacht go gcealaítear nó go lagaítear aitheantas, taitneamh, nó cleachtadh, ar bhonn comhionann, na gceart daonna agus na saoirsí bunúsacha i saol polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, nó i mbuntomhas eile den saol poiblí |
| **Ciníochas indibhidiúil** | Daoine eile a láimhseáil níos measa ar bhonn a mbunaidh chultúrtha |
| **Ciníochas indíreach** | Cleachtais agus/nó beartais nach ndealraítear ar an gcéad sracfhéachaint a bheith ag cur aon ghrúpa faoi mhíbhuntáiste níos mó ná grúpa eile ach ag a bhfuil iarmhairt leithchealach, mar shampla beartas iontrála scoile a thugann tosaíocht do dheartháireacha nó do dheirfiúracha na bpáistí sa scoil cheana féin, agus sa chaoi seo, ag cur páistí na dteaghlach fánach den Lucht Siúil faoi mhíbhuntáiste |
| **Ciníochas institiúideach** | Feidhmiú na rialacha ginearálta agus/nó na gcleachtais nach gcuireann difríochtaí cultúrtha san áireamh, ina n-áirítear leithcheal indíreach, nó easpa na mbeart gníomhach chun leithcheal a bhac, nó easpa saineolais phroifisiúnta nó oiliúna i ndéileáil le héagsúlacht, agus easpa áiseanna inoibrithe le haghaidh comhairliúcháin agus éisteachta le grúpaí mionlacha |
| **Cultúr** | Creidimh, iompraíocht, teanga, agus slí bheatha iomlán de ghrúpa áirithe daoine ag am faoi leithcha |
| **Curaclam folaigh** | In ionad an churaclaim fhoirmeáilte |
| **Daltaí nua** | Daltaí a thagann isteach i seomra ranga ó thír nó ó chúlra atá difriúil ón gceann atá ag tromlach na bpáistí sa seomra ranga |
| **Dídeanaí** | Duine a d'éalaigh óna t(h)ír bhunaidh, go minic de dheascaibh tubaistí nádúrtha, cogaidh, seilbhe míleata, nó eagla roimh ghéarleanúint reiligiúnach, chiníoch, nó pholaitiúil |
| **Gnéasachas** | Sraith dearcaidh agus/nó gnímh a chuireann daoine faoi mhíbhuntáiste ar bhonn a ngnéis |
| **Iarrthóirí tearmainn** | Daoine atá ag feitheamh le próiseáil a n-iarratais ar thearmann, a d'éalaigh ó shuíomh géarleanúna agus/nó cogaidh |
| **Leithcheal** | Breithiúnas nó rogha a chleachtadh |
| **Leithcheal míchothrom** | Duine aonair nó grúpa a láimhseáil go mífhábhrach |

| | |
|---|---|
| **Inimirce** | Imirce daoine isteach i dtír |
| **Inniúlacht idirchultúrtha** | An cumas chun luachanna an oideachais idirchultúrtha a chleachtadh inár saolta laethúla |
| **Iolrachas** | Ceiliúradh na difríochta i sochaí, ag tabhairt cead do na grúpaí eitneacha go léir agus do ghrúpaí mionlacha eile a n-ionannais a fhógairt gan teacht i gcoimhlint le tromlach an daonra |
| **Mionlach eitneach/eitneachas** | Mionlach eitneach/eitneachas Córas chun daoine a shainmhíniú mar dhaoine a mheasann, nó go meastar ag daoine eile, go bhfuil sraith tréithe coitianta acu atá difriúil ó dhaoine eile ag maireachtáil i sochaí |
| **Oibrithe imirceacha** | Daoine a thaistealann go tíortha eile chun fostaíocht a fháil |
| **Oideachas frith-chiníoch** | Oideachas a cheistíonn agus a théann in aghaidh aon tuairimí agus/nó ghnímh a chuireann grúpaí faoi mhíbhuntáiste bunaithe ar dhifríocht aireachtála, ina bhfuil foshuíomh ísleachta i gceist |
| **Oideachas idirchultúrtha** | Oideachas a chuireann meas ar, a cheiliúrann, agus a aithníonn normaltacht na héagsúlachta i ngnéithe uile na beatha daonna, a chuireann comhionannas agus cearta daonna chun cinn, a thugann aghaidh ar leithcheal éagothromach, agus a sholáthraíonn na luachanna ar a dtógtar comhionannas |
| **Oideachas ilchultúrtha** | I gcomhthéacs an doiciméid seo, oideachas a aithníonn agus a cheiliúrann éagsúlacht chultúrtha na sochaí comhaimseartha, bunaithe ar an bhfoshuíomh go mbeidh, trí nósanna sóisialta agus cultúrtha na gcomhphobal eitneach mionlach a nochtadh do na páistí go léir, tuiscint níos mó acu ar dhaoine ó chúlraí difriúla |
| **Pleanáil théamúil chomhtháite** | Comhtháthú téamaí éagsúla, téamaí idirchultúrtha i gcomhthéacs an doiciméid seo, isteach sna réimsí ábhair go léir a mhúintear ar scoil |
| **Próifíliú dearfach** | Foirm mheasúnachta a<br>• iniúchann raon iomlán chumais agus iompraíocht an pháiste<br>• áiríonn raon na bhfoirmeacha difriúla de bhailiúchán sonraí<br>• thaifeadann cad a fhéadann páiste a dhéanamh |
| **Réamhchlaonadh** | Láimhseáil neamhbhunaithe, mhífhábhrach de dhuine aonair nó de ghrúpa atá deartha chun an duine aonair nó an grúpa sin a imeallú (bunaithe go minic ar a mballraíocht de ghrúpa sóisialta nó eitneach eile ach bíonn sé bunaithe go minic freisin ar ghnéas, ar threo gnéasach, ar reiligiún, ar stádas soch-eacnamaíoch, ar aois, nó ar mhíchumas) |
| **Tástálacha caighdeánaithe** | Tástálacha (i réimsí an Bhéarla agus na Matamaitice don chuid is mó) atá de réir nórmáltachta trasna daonra áirithe, agus a úsáidtear is rialta chun éacht na bpáistí a mheasúnú i gcomhthéacs na leibhéal éachta sa daonra níos leithne |
| **Tástálacha diagnóiseacha** | Tástálacha a chuireann ar chumas an mhúinteora agus na scoile réimsí sonracha a aithint i dtaobh deacrachta foghlama atá ag an bpáiste agus chun an fhaisnéis seo a úsáid chun foghlaim an pháiste a phleanáil |

## Leabharliosta


Baker, C. and Prys Jones, S.
**Encylopedia of Bilingualism and Bilingual Education**
(Clevedon: Multilingual Matters, 1998)

An Phríomh-Oifig Staidreamh. Daonáireamh 2002
**Daonáireamh 2002, Príomh-Thoradh Déimeagrafach**
(Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 2003)

Coelho, E.
**Teaching and Learning in Multicultural Schools–An Integrated Approach**
(Philadelphia: Multicultural Matters Ltd., 1998)

Cohen, E.G.
**Designing Groupwork–Strategies for the Heterogeneous Classroom (Second Edition)**
(Nua Eabhrac: Cló Choláiste na Múinteoirí, 1994)

Coimisiún ar Thodhchaí na Breataine Il-Eitní
**The Future of Multi-Ethnic Britain: The Parekh Report**
(Londain: Profile Books, 2000)

Cremin, P., Horgan, K. and Ruane, B.
**The World in the Classroom**
(Luimneach: Aonad um Fhorbairt Curaclaim, Coláiste Mhuire Gan Smál, 1999)

Crosscare
**Celebrating Difference: An Intercultural Resource for Senior Primary Classes**
(Ionad Múinteoirí na Carraige Duibhe agus 'Crosscare', 1996)

An Roinn Oideachais
**Cairt don Oideachas sna Blianta–Romhainn Páipéar Bán ar Oideachas**
(Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1995)

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
**Treoirlínte ar Oideachas an Lucht Siúil i mBunscoileanna**
(Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 2002)

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
**Leabhrán Faisnéise do Scoileanna ar Iarrthóirí Tearmainn**
(Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta)

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta/CNCM
**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Mhúinteoirí**
(2004)

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
**Curaclam na Bunscoile (23 Imleabhar)**
(Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1999)

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
**Pleanáil Scoile: Plean Scoile a Fhorbairt—Treoirlínte don Bhunscoil**
(Bookfield Printing Company, 1999)

Derman-Sparks, L. and the A.B.C. Task Force
**Anti-Bias Curriculum Tools for Empowering Young Children**
(Washington D.C.: NAEYC, 1989)

Gannon, M.
**Changing Perspectives–Cultural Values, Diversity and Equality in Ireland and the Wider World**
(Baile Átha Cliath: Aonad um Fhorbairt Curaclaim an Choiste Ghairmoideachais, 2002)

Gannon, M., Shiner M., Moroney, A.
**Intercultural Resource File**
(Baile Átha Cliath: Access Ireland, 2002)

Gravelle, M.
**Supporting Bilingual Learners in Schools**
(Trentham Books)

Hall, D.
**Assessing the Needs of Bilingual Learners**
(Foilsitheoirí Fulton)

Haran, N. and Tormey, R.
**Celebrating Difference, Promoting Equality**
(Luimneach: an tIonad Taighde um Mhíbhuntáiste Oideachasúil, Coláiste Mhuire Gan Smál, 2002)

Integrate Ireland Language and Training
**Language Training Manual**
(Baile Átha Cliath: IILT)

Johnson, D. and Johnson, R.
**Teaching Children to Be Peacemakers**
(Minnesota: Interaction Book Company, 1995)

The Joint Committee on Standards
for Educational Evaluation
**The Student Evaluation Standards**
**How to Improve Evaluations of Students**
(Londain: Cló Corwin, Foilseacháin Sage, 2003)

Loyal, S. and Mulcahy, A.
**Racism in Ireland:**
**The Views of Black and Ethnic Minorities**
(Baile Átha Cliath: Rannóg Éireannach 'Amnesty' Idirnáisiúnta, 2001)

Mac Gréil, M.
**Prejudice in Ireland Revisited**
(Má Nuad: Aonad Taighde agus Suirbhé, Coláiste Phádraig, Má Nuad, 1996)

MacLachlan, M. and O'Connell, M.
**Cultivating Pluralism: Psychological, Social and Cultural Perspectives on a Changing Ireland**
(Baile Átha Cliath: Cló Oak Tree, 2000)

McRea, N.
**Steps Towards Inclusion–Developing Youth Work with Separated Children**
(Baile Átha Cliath: Youth Action Against Racism and Discrimination)

Murray, C. and O'Doherty, A.
**'éist' Respecting diversity in early childhood care, education and training**
(Baile Átha Cliath: Foilseacháin Pavee Point, 2001)

NCCRI
**Treoirlínte ar Oiliúint Fhrith-Chiníochais agus Idirchultúrtha**
(Baile Átha Cliath: NCCRI, 2001)

**An Plean Gnímh Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais,**
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (2005)

O'Connor, N.
**Bringing it all Back Home,**
**The Influence of Irish Music 2nd Edition**
(Baile Átha Cliath: Merlin Publishing, 2001)

Oifig an Ard-Choimisinéara do Chearta Daonna
**Ráiteas ar Réamhchlaonadh Cine agus Ciníoch**
http://www.unhchr.ch/html/menu3/b/k2crc.htm
(Rinneadh rochtain air i Lúnasa 2004)

Oifig an Ard-Choimisinéara do Chearta Daonna
**Declaration on Race and Racial Prejudice**
http://www.unhchr.ch/html/menu3/b/d_prejud.htm
(Accessed August 2004)

Oifig an Ard-Choimisinéara do Chearta Daonna
**Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Dhíbirt na bhFoirmeacha go léir den Leithcheal Ciníoch**
http://www.unhchr.ch/html/menu3/b/d_icerd.htm
(Rinneadh rochtain air i Lúnasa 2004)

Parekh, B.
**"The Concept of Multicultural Education", in Mogdil, S. et al. (eds.), Multicultural Education, the Interminable Debate.**
(Lewes agus Philadelphia: Cló Falmer, 1986)

Regan, C. and Tormey, R.
**"Migration and Development: No Papers, No Voice, No Rights" in Regan, C. (ed.), 80:20 Development in an Unequal World**
(Bré: 80:20 Educating and Acting for a Better World, 2002)

Tormey, R. (ed.)
**Teaching Social Justice**
(Luimneach: an tIonad Taighde um Mhíbhuntáiste Oideachasúil, Coláiste Mhuire Gan Smál agus Ireland Aid, 2003)

Scieszka, J. (Illustrated by Smith, L.)
**The True Story of the Three Little Pigs**
(Harmondsworth: Puffin Books, 1991)

Sizuki, L. et al. (eds.)
**Handbook of Multicultural Assessment, Second Edition. Clinical, Psychological and Educational Applications.**
(San Fransisco: Jossey-Bass, 2001)

Tascfhórsa ar Phobal an Lucht Siúil
**Tuarascáil an Tascfhórsa ar Phobal an Lucht Siúil**
(Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1995)

Na Náisiúin Aontaithe
**Universal Declaration of Human Rights.**
http://www.un.org/Overview/rights.html
(Rinneadh rochtain air i Lúnasa 2004.)

Zaslavsky, C.
**The Multicultural Math Classroom —Bringing in the World**
(New Hampshire: Heinemann, 1996)

Zipes, J.
**The Trials and Tribulations of Little Red Riding Hood**
(London: Heinemann, 1983)

# Acmhainní an tSeomra Ranga le haghaidh Oideachais Idirchultúrtha

Is é atá i gceist sa liosta seo a leanas ná roghnú beag acmhainní go bhféadann a bheith úsáideach do mhúinteoirí sa seomra ranga. Cosúil le roghnú aon acmhainne ar bith, moltar go ndéanann an múinteoir deimhin de go bhfuil na hacmhainní roghnaithe go léir oiriúnach don ghrúpa ranga áirithe. Gheobhaidh an léitheoir roinnt acmhainní breise tagartha sna hábhair eiseamláire.

## Réamh-scoil agus bunscoil luath

**Around the World**
(2002) London, Heinemann
Sraith d'ocht dteideal a iniúchann gnéithe de shaolta páistí a chomhroinneann páistí go léir go coitianta, cosúil le héadaí, féilte, bia, cluichí, scoil, spóirt, agus iompar.
Le fáil ó Oxfam tríd an ríomhphost – oxfam@bebc.co.uk

**Discovery Flap**
(1995) Oxfam UK
Scéalta ardaigh-an-liopa do pháistí réamh-scoile a thaispeánann páistí timpeall an domhain go léir
Sraith de cheithre theideal: 'Come Home with Us!', 'Come Ride with Us!', 'Come Eat with Us!', 'Come and Play with Us!'
Le fáil ó Lárionaid Acmhainne Trócaire nó tríd an ríomhphost – resources@trocaire.ie

**Early Years Pack**
(2002) Dublin, Pavee Point
Pacáiste ina bhfuil ceithre phóstaer agus sé shraith de chártaí pictiúir leanúna a léiríonn páistí ó éagsúlacht chúlraí, chultúr, agus ghrúpaí eitneacha in Éirinn.
Le fáil ó Pavee Point: Ríomhphost – pavee@iol.ie

**Watoto-Children from Around the World**
(2001) Trócaire
Pacáiste ina bhfuil téip ceoil, gníomhaíochtaí, agus sé déag ghrianghraf daite mór ag léiriú saolta páistí i Laidin-Mheiriceá, san Áis, agus san Afraic le fáil ó Lárionaid Acmhainne Trócaire nó tríd an ríomhphost resourses@trocaire.ie

## Bunscoil

**Lift Off–Introducing Human Rights Education within the Primary Curriculum**
((2003) Amnesty
Clár deich-seachtaine deartha chun páistí a mhúineadh faoi chearta agus fhreagrachtaí laistigh de chomhthéacs an churaclaim OSPS.
Le fáil ó rannóg Éireannach d'Amnesty Idirnáisiúnta:
Ríomhphost – info@amnesty.ie

**Kids Like Us–Irish and Kenyan kids together** (2003)
Amnesty
Clár deich-seachtaine deartha chun páistí a mhúineadh faoi chearta agus fhreagrachtaí laistigh de chomhthéacs an churaclaim OSPS Le fáil ó rannóg Éireannach d'Amnesty Idirnáisiúnta: Ríomhphost – info@amnesty.ie

**Let's Co-operate**
(1996) Peace Pledge Union, UK
Níos mó ná 200 cluichí agus gníomhaíochtaí do pháistí a chuireann comhoibriú agus réiteach síochánta ar choimhlint chun cinn.
Le fáil ó Lárionaid Acmhainne Trócaire nó tríd an ríomhphost – resources@trocaire.ie

**Lets Play Together**
(1989) Greenprint
Níos mó ná 300 cluichí comhoibríocha do na haoiseanna go léir. Le fáil ó Lárionaid Acmhainne Trócaire nó tríd an ríomhphost – resources@trocaire.ie

**Let's Eat - Children and their food around the world**
(2003) Oxfam
Le fáil ó Oxfam tríd an ríomhphost – oxfam@bebc.co.uk

**Local Citizen; Global Citizen**
Christian Aid
Iniúchann an pacáiste seo téamaí forbartha, idirspleáchais agus caidreamh.
Le fáil ó 'Christian Aid':
Ríomhphost–Dublin@christian-aid.org

**One day we had to run!**
(1997) UNHCR
Insíonn sé scéalta de thriúr pháiste ón Somáile, ón Súdáin, agus ón Aetóip le griangrafanna agus líníochtaí daite.
Le fáil ó Oxfam tríd an ríomhphost – oxfam@bebc.co.uk

**Partners in Rights–Creative activities for exploring rights and citizenship**
(2000) Save the Children
Úsáideann an pacáiste seo raon cur chuige chun cabhrú le páistí a fhoghlaim meas a chur ar éagsúlacht go háitiúil agus go domhanda araon, agus chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí le bheith ina ndeashaoránaigh ina gcomhphobail féin.
Le fáil ó Oxfam tríd an ríomhphost – oxfam@bebc.co.uk

**Photo Opportunities 2000–Photographs for the Primary School**
(1999) Oxfam
Soláthraíonn an pacáiste seo dhá ghriangraf is fiche atá smaoineamh-corraitheach ó áiteanna ar fud an domhain a thaispeánann daoine ag gabháil le gnáththascanna.
Le fáil ó Lárionaid Acmhainne Trócaire nó tríd an ríomhphost – resources@trocaire.ie

**Rafiki**
(1999) Trócaire
Cuireann an CDRom seo, ina bhfuil níos mó ná deich n-uair de chluichí, scéalta, dúcheisteanna, agus eachtraí, páistí timpeall an domhain in aithne do pháistí in Éirinn agus cabhraíonn sé leo a nascanna leis an domhan níos leithne a fheiceáil.
Le fáil ó Lárionaid Acmhainne Trócaire nó tríd an ríomhphost – resources@trocaire.ie

**Refugees–A resource book for Primary Schools** (1998)
Refugee Council, UK
Leabhar ina bhfuil scéalta pearsanta, cúlra faisnéise, agus gníomhaíochtaí seomra ranga.
Le fáil ó Lárionaid Acmhainne Trócaire nó tríd an ríomhphost – resources@trocaire.ie

**Rights for Young Children Posters**
(1999) Save the Children, UK
Sraith de cheithre phóstaer ar chearta na bpáistí óga: ceart ar shúgradh, ceart go n-éistítear leo, an ceart maireachtáil in áit dheas.
Le fáil ó 'Save the Children':
ríomhphost – orders@plymbridge.com

**Winners All**
(1990) Pax Christi
Leabhrán beag úsáideach le cluichí comhoibríocha agus muinín-tógála do na haoiseanna go léir.
Le fáil ó Lárionaid Acmhainne Trócaire nó tríd an ríomhphost – resources@trocaire.ie

**Your World, My World**
(2001) Oxfam UK
Pacáiste oideachasúil a iniúchann scéalta de cheathrar páiste ón Aetóip, ón Ind, ón mBraisíle, agus ón Rúis agus a phléann le téamaí ionannais, teaghlaigh, cairde, agus cúraim do dhaoine eile.
Le fáil ó Oxfam tríd an ríomhphost – oxfam@bebc.co.uk

**Infhaighteacht na nAcmhainní**
Tá cóipeanna de na hacmhainní go léir a liostáiltear thuas ar thaispeáint i The Resource Centre, Development Co-operation Ireland, Cearnóg an Easpaig, Cnoc Redmond, Baile Átha Cliath 2.

Tá an chuid is mó díobh atá thuasluaite le fáil le breathnú nó le ceannach i Lárionaid Acmhainne Trócaire:

12 Sráid na hArdEaglaise
Baile Átha Cliath 1
Teil. 01-8743875

9 Sráid Chúic
Corcaigh
Teil. 021-4275622

50 Sráid an Rí
Béal Feirste BT1 6AD
Teil. 048-90808030

Féadann Amnesty na hÉireann an tacaíocht seo a leanas a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile.

Téigh i dteagmháil le
Amnesty Ireland
48 Sráid Cabhlaigh,
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01-6776361
www.amnesty.ie

Féadann UNICEF na hÉireann na hábhair/an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile.

Féadann UNICEF na hÉireann dul ar thóir griangrafanna agus fístéipeanna freisin.

Téigh i dteagmháil le
UNICEF na hÉireann
25-26 Sráid na Trá Móire
Baile Átha Cliath 1
Ríomhphost: info@unicef.ie
Teil: 01- 878-3000

## An Coiste Stiúrtha don Idirchultúrachas agus an Curaclam

Is mian leis an CNCM buíochas a ghabháil le baill an Choiste Stiúrtha don Idirchultúrachas agus an Curaclam as an obair agus an treoir a thug siad in ullmhú na dtreoirlínte seo.

**Tá ionadaithe ó na heagrais seo a leanas ar an gCoiste Stiúrtha:**

Gréasán Mhná na hAfraice

Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha

Cumann Meánmhúinteoirí, Éire

Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Cumann na mBainisteoirí Bunscoile Caitliceacha

Aonad Oideachais Forbartha de Chomh-oibriú um Fhorbairt, Éire

Integrate Ireland Language and Training

Comdháil Cheardchumainn na hÉireann

Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile

Cumann Múinteoirí Éireann

Cumann na Múinteoirí Gairmoideachais

Comhchoiste Bainisteoireachta Aontaithe

Coiste Náisiúnta Comhairliúcháin ar Chiníochas agus Idirchultúrachas

Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí–Bunbhrainse

Comhairle Náisúnta na dTuismitheoirí–Brainse Iar-bhunscoile

Pavee Point

Gníomhaireacht don Fháiltiú agus don Chomhtháthú, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Aontas Múinteoirí Éireann

## Comhairliúchán

Chomh maith le tabhairt faoin obair seo i ndlúth-phairtnéireacht le páirtnéirí san oideachais, rinne an CNCM comhairliúchán le mórán eagraíochtaí agus daoine eile, agus an obair seo ar siúl.

## Grianghrafanna

Ba mhian leis an CNCM buíochas a ghabháil leis na scoileanna, múinteoirí agus páistí a thug caoinchead dúinn a ngriafanna a thógáil agus a úsáid sa doiciméad. Fuarthas cead scríofa ó thuismitheoirí agus caomhnóirí i gcás páistí.

www.CREATIVEINC.IE

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

CNCM
24 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

**T** + 353 1 6617177
**F** + 353 1 6617180
info@ncca.ie
www.ncca.ie
© CNCM 2005